



Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland
Eurosystem

Banc Ceannais na hÉireann **Tuarascáil Bhliantúil** **2023 &** **Ráiteas Feidhmíochta** **Bliantúil 2023-2024**



Clár Ábhar

Réamhrá ón nGobharnóir	4
Cuid 1: Tuarascáil Bhliantúil 2023 agus Ráiteas Feidhmíochta Bliantúil 2023-2024	9
Caibidil 1: Ár Straitéis 2022-2026 a chur i bhFeidhm	11
.....	11
Caibidil 2: Ár bhFreagrachtaí a Sholáthar	15
Cobhsaíocht Praghsanna	15
Cobhsaíocht Airgeadais.....	18
Réiteach	23
Córais Íocaíochta agus Airgeadra.....	26
Anailís Eacnamaíoch agus Staidreamh.....	29
Rialáil agus Maoirseacht Airgeadais.....	31
Caibidil 3: Ár nEagraíocht a Chumasú.....	59
Caibidil 4: Ár dTosaíochtaí don Bhliain 2024	74
Caibidil 5: Ráiteas Iniúchóireachta Inmheánaí.....	79
Cuid 2: Oibríochtaí Airgeadais.....	82
Clár Comhardaithe	83
Tuarascáil Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Choimisiúin	88
Ráiteas ar Rialú Inmheánach	88
Nótaí a ghabhann leis na Cuntais	112

Cé muid féin, cad a dhéanaimid, & conas a dhéanaimid é.

Is muidne **banc ceannais na hÉireann** agus táimid freagrach as **cobhsaíocht airgeadaíochta agus airgeadais a choimeád ar bun agus as a chinntiú go mbíonn an córas airgeadais ag obair ar mhaithe le leas an phobail.**

Táimid mar chuid d'aontais airgeadaíochta agus baincéireachta na hEorpa, agus den líonra domhanda rialtóirí airgeadais.

Tá **cosaint daoine** i gcroílár gach a ndéanaimid. Cuirimid anailís, staidreamh agus tráchtas eacnamaíoch ar fáil mar bhonn eolais do chinntí a bhaineann le riachtanais na tíre. Socraímid caighdeán chun tomhaltóirí a chosaint, agus déanaimid rialáil agus maoirseacht ar sholáthraithe seirbhísí airgeadais agus ar mhargaí, agus glacaimid gníomh forfheidhmiúcháin nuair is gá dúinn. Táimid freagrach as córais íocaíochta na hÉireann agus as airgeadra na tíre a sholáthar.

Is í **an fhís atá againn** go mbeidh muinín ag an bpobal asainn, go mbeidh meas ag ár bpiaraí orainn agus go mbeidh ionad oibre sásúil ann dár bhfoireann. Bímid ag obair go dlúth le daoine ar fud na hÉireann mar aon le comhghleacaithe ar fud na hEorpa, agus ar fud an domhain, chun ár misean a bhaint amach.

Creidimid go diongbháilte i bhfeidhmíocht an Bhainc agus i bhfoireann an Bhainc agus **tá an-dóchas againn astu.** Bímid ag gníomhú ar bhealach inbhuanaithe. Táimid tiomanta don éagsúlacht agus don ionchuimsiú chun muid a neartú mar dhaoine agus mar eagraíocht. Déanaimid mionanailís ar na sonraí is fearr atá ar fáil. Creidimid sa rannpháirtíocht agus i gcumarsáid oscailte, shoiléir, rialta.

Tá **ár luachanna** mar bhonn taca faoin gcaoi ina mbímid ag plé lena chéile agus léiríonn siad na spriocanna atá againn, dúinn féin agus don phobal:



Ionracas agus bá, sa chaoi go ndéanaimid an rud ceart, go ndéanaimid beart de réir ár mbriathair agus go mbeidh bá againn le daoine;



Misneach agus umhlaíocht, sa chaoi go mbeimid diongbháilte i mbun gnímh, go mbeimid ullamh chun dul i mbun nuálaíochta agus athraithe agus go mbeimid sásta i gcónaí éisteacht agus foghlaim;



Obair foirne agus sármhaitheas, sa chaoi go mbainfimid torthaí d'ardchaighdeán amach trí leas a bhaint as ár mbuanna coiteanna, trí dhearcthaí éagsúla a chur san áireamh agus trí iarracht a dhéanamh forghníomhú dea-rialaithe a bhaint amach.

Creidimid go bhfuil sé tábhachtach go mbeidh banc ceannais neamhspleách ann a bheidh trédhearcach, cuntasach agus nasctha le gach réimse beartais phoiblí, in Éirinn agus ar fud an domhain.

Ár bpríomhaidhm i gcónaí is ea **leas mhuintir na hÉireann.**

Is muidne **Banc Ceannais na hÉireann.**



Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland

Eurosystem

Ár Misean



Déanaimid freastal ar leas an phobail trí chobhsaíocht airgeadaíochta agus airgeadais a choinneáil agus trína chinntiú ag an am céanna go n-oibríonn an córas airgeadais ar mhaithe le leas na dtomhaltóirí agus an gheilleagair i gcoitinne.

Ár bhFís



Aon Bhanc Amháin: Muinín ag an bPobal asainn, Meas ag ár bPiaráí orainn, agus Ionad Oibre Sásúil dár bhFoireann

Ár bhFeidhmeanna Reachtúla



Cobhsaíocht Airgeadais

Cobhsaíocht an chórais airgeadais ina iomláine.



Rialáil Airgeadais

Rialáil chuí éifeachtach soláthraithe seirbhíse airgeadais agus margaí, á chinntiú lena linn sin go ndéantar leasanna tomhaltóirí seirbhísí airgeadais a chosaint.



Cobhsaíocht Praghsanna

Mar chuid den Chóras Eorpach Banc Ceannais, tá sé mar phríomhchuspóir ag an mBanc Ceannais cobhsaíocht praghsanna a choimeád ar bun.



Íocaíochtaí, Socraíochtaí agus Airgeadra

Oibriú éifeachtach agus éifeachtúil córas íocaíochta agus socraíochta.



Réiteach

Deacrachtaí airgeadais in institiúidí creidmheasa, i ngnólachtaí infheistíochta agus i gcomhair chreidmheasa áirithe a réiteach.



Anailís agus Staidreamh Eacnamaíoch

Anailís agus tráchttaireacht a chur ar fáil chun tacú le forbairt beartais náisiúnta eacnamaíoch.



Réamhrá ón nGobharnóir

Rinneadh comóradh anuraidh ar 50 bliain ó chuaigh Éire isteach san Aontas Eorpach agus déanadh ceiliúradh freisin ar 25 bliain ó cruthaíodh an Banc Ceannais Eorpach. Cruthaíodh go bhfuil an dá institiúid lárnach i dtaobh rath agus chlaochlú gheilleagar na hÉireann (agus bhí gliondar croí orm go ndearnadh ceiliúradh ar an gcomóradh 50 bliain le bonn a d'eisigh an Banc Ceannais thar ceann an Aire Airgeadais).

Bhí ar an ngeilleagar domhanda, geilleagair an limistéir euro agus ar gheilleagar na hÉireann dul in oiriúint do rátaí úis ní b'airde de réir mar a lean beartas airgeadaíochta ag dul i ngleic leis an mboilsciú a chonacthas in 2022 (á spreagadh ag scrogaill i slabhraí soláthair, na héifeachtaí ar phraghsanna fuinnimh de bharr ionradh na Rúise ar an Úcráin agus a muintir, agus éileamh intíre faoi chois a d'eascair as an bpaindéim). Tá Comhairle Rialaithe BCE ag díriú i gcónaí ar bhoilsciú a laghdú go dtí sprioc 2% sa mheántearma. Níl athrú tagtha ar rátaí beartais BCE, fad a scríobhaim é seo, ó Mheán Fómhair 2023 – tháinig méadú 450 bonnphointe orthu ó Iúil 2022 – agus tháinig laghdú go dtí beagán faoi bhun 3% ar bhoilsciú sa limistéar euro faoi dheireadh 2023, ó bhreis agus 8% ag tús na bliana.

Ba léir obair an Bhainc Ceannais agus a chomhpháirtithe san Eoraip (agus piaraí ar fud an domhain) in 2023 le córais airgeadais a threisiú fad a tugadh athléimneacht faoi deara i ngeilleagair na hÉireann agus sa limistéar euro i dtaobh turraingí geopholaitiúla leanúnacha (agus nua), beartas airgeadaíochta sriantach agus suaitheadh i margaí

baincéireachta domhanda. Tugadh tairbhí na hathléimneachta a cruthaíodh le deich mbliana anuas faoi deara freisin san fhíorgheilleagar, inar sheas teaghlaigh agus gnólachtaí an fód in aghaidh an tsuaite, agus inar bhain siad tairbhe as leibhéil fiachais níos ísle agus de chaighdeán iasachtaithe níos fearr.

Ina theannta sin, bhí tionchar ar chlár comhardaithe agus ar bhrabúsacht an Bhainc Ceannais ag na gníomhartha riachtanacha faoinar thug mo chomhghleacaithe agus mé féin ar Chomhairle Rialaithe BCE lena chinntiú go bhfillfeadh boilsciú ar ár sprioc de 2% ar bhealach inbhuanaithe, agus bhí an scéal amhlaidh i gcás go leor bainc cheannais ar fud an domhain. Thabhaíomar caillteanas in 2023, de réir mar a méadaíodh rátaí úis chun dul i ngleic le boilsciú ard. I ndeireadh na dála, uirlis beartais é clár comhardaithe an Bhainc Ceannais agus úsáidimid é lenár sainordú a sholáthar. Tá ullmhú ar bun againn ar feadh go leor blianta don fhéidearthacht go bhféadfadh caillteanais fhéideartha eascairt as na gníomhartha riachtanacha chun cobhsaíocht praghsanna a bhaint amach. Agus d'úsáideamar an bhrabúsacht le blianta beaga anuas le maoláin shubstainteacha a fhorbairt a neartaíonn sinn chun déileáil le caillteanais reatha agus fhéideartha amach anseo.

Taobh amuigh den rath leanúnach atá ar bheartas airgeadaíochta agus d'athléimneacht shoiléir chóras airgeadais na hÉireann, áirítear le roinnt de na buaicphointí dom féin ó 2023 pleananna a thabhairt chun cinn chun ionad nua airgid thirim a fhorbairt (a léiríonn ár dtiomantas leanúnach d'airgead tirim anuas ar níos mó tairiscintí digiteacha), ag druidim i dtreo na céime ullmhúcháin don Euro Digiteach, agus fáil réidh leis na Nótaí Ráta Chomhlúthaigh deireanacha a bhí fágtha. Leanamar de bhainistiú a dhéanamh ar an éiceachóras seirbhísí airgeadais in Éirinn a bhfuil athrú mear ag teacht air le méadú leanúnach ar an líon gnólachtaí íocaíochta agus ríomh-airgid, agus le hathstruchtúrú agus comhdhlúthú ar earnáil na gcomhar creidmheasa, agus údarú ar bhreis agus 600 ciste agus 10 soláthraí seirbhíse ciste. D'fhorbraíomar córas aonair do Chistí Eorpacha Infheistíochta Fadtéarmaí in Éirinn, d'fhoilsíomar ár gcuid smaointí ar chur chuige i leith beartas macrastuamachta do chistí infheistíochta agus rinneadh Acht an Bhainc Ceannais (Creat Cuntasachta Aonair) a achtú. Leanamar freisin lenár n-obair chun an Cód um Chosaint Tomhaltóirí a nuachóiriú (agus d'fhoilsíomar páipéar comhairliúcháin ar ár dtograí i Márta i mbliana).

Sheolamar ár Malartán Taighde nua (chun rannpháirtíocht a dhéanamh leis an lucht taighde in Éirinn agus níos faide i gcéin) le feabhas a chur ar ár léargas anailíseach agus, i ndeireadh na dála, chun tacú leis an mbeartas a sholáthar. Agus sheolamar comhairliúchán ar nuálaíocht, a fhéachann lenár rannpháirtíocht leis an éiceachóras níos fairsinge nuálaíochta a dhoimhniú trí bhosca gainimh a chruthú (agus tacú, dá bharr, leis an nuálaíocht i seirbhísí airgeadais agus torthaí á gcumasú i gcomhthráth atá comhsheasmhach lenár gcuspóir beartais poiblí chun tomhaltóirí a chosaint atá lárnach i gcónaí i ngach rud a dhéanaimid).

Léirítear sna forbairtí seo téamaí ár straitéise. Tá aistriú eagraíochta á thabhairt faoi deara agam i dtreo cur chuige níos réamhbhreathnaithí ina ndéanaimid ionchasú níos fearr agus ina bhfreagraímid ar bhealach atá níos réamhghníomhaí do na mórathruithe atá ar bun laistigh den gheilleagar agus den tionscal seirbhísí airgeadais. Tá de sprioc againn iontaoibh an phobail as ról agus cuspóir an Bhainc Ceannais, mar aon le tuiscint an phobail ar an gcéanna, a neartú, chun muinín sa chóras airgeadais a chur chun cinn, agus aistriú cultúrtha inár n-iompar agus inár meonta a chothú maidir lenár bpáirtithe leasmhara. Agus tá athruithe á ndéanamh againn lena chur ar chumas ár n-eagraíochta a bheith níos sofhreagrúla, níos athléimní, níos éagsúla agus faoi stiúir faisnéise.

I ndeireadh na dála, tá an Banc Ceannais dírithe ar a fhoireann agus ar na luachanna – ionracas agus aire, misneach agus umhlaíocht, obair foirne agus barr feabhais – a threoraíonn sinn go léir. Thar ceann an Choimisiúin, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo as a dtiomantas agus a ndúthracht i leith leas an phobail agus leas na ndaoine i gcoitinne.



Gabriel Makhlouf
Gobharnóir

Coimisiún an Bhainc Ceannais (amhail an 31 Nollaig 2023)



Gabriel Makhoulf*
Gobharnóir an Bhainc
Ceannais
(Cathaoirleach)



Patricia Byron
Athcheaptha
Eanáir 2019 ar feadh
5 bliana



Shay Cody
Ceaptha
i Nollaig 2020 ar feadh
5 bliana




Sharon Donnery*
Leas-Ghobharnóir
Rialáil Airgeadais



John Hogan*
Ard-Rúnaí
An Roinn Airgeadais



Sarah Keane
Ceaptha i Nollaig 2020
ar feadh 5 bliana



Vasileios Madouros*
Leas-Ghobharnóir
Cobhsaíocht
Airgeadaíochta agus
Airgeadais



David Miles
Ceaptha
i Nollaig 2020 ar feadh
5 bliana



Niamh Moloney
Athcheaptha
an 11 Meán Fómhair
ar feadh
5 bliana



John Trethowan
Athcheaptha
an 11 Meán Fómhair ar
feadh
5 bliana



Neil Whoriskey
Rúnaí
an Bhainc Ceannais

*Baill ex-officio

Ceapann an tAire Airgeadais gach ball eile den Choimisiún

Foireann Ceannaireachta an Bhainc Ceannais (amhail an 31 Nollaig 2023)



Gabriel Makhoulf
Gobharnóir



Sharon Donnery
Leas-Ghobharnóir
Rialáil Airgeadais



Vasileios Madouros
Leas-Ghobharnóir
Cobhsaíocht
Airgeadaíochta agus
Airgeadais



Derville Rowland
Leas-Ghobharnóir
Cosaint Tomhaltóirí
agus Infheisteoirí



Marcella Flood
Príomhoifigeach
Oibríochtaí

Cuid 1:

Tuarascáil Bhliantúil
2023


&

Ráiteas Feidhmíochta
Bliantúil 2023-2024




Cuid 1: Tuarascáil Bhliantúil 2023 agus Ráiteas Feidhmíochta Bliantúil 2023-2024


2023: Sracfhéachaint ar Gheilleagar na hÉireann




Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh




Foinse: Banc Ceannais na hÉireann. Nóta: Tá rátaí fáis bunaithe ar idirbhearta bunúsacha, i.e., tar éis coigeartú a dhéanamh do laghduithe, d'urrúsú, agus d'aistriúthe chuig NAMA, etc. Léiríonn rátaí fáis teaghlach iarmhéideanna laistigh den chlár comhardaithe agus iarmhéideanna urraithe araon.




Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh



Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh
Nóta: Ráta dífhostaíochta na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS)




Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh



Foinse: Banc Ceannais na hÉireann.
Nóta: Is ionann na sonraí do 2023 agus an meán do na céad 3 ráithe in 2023.

Caibidil 1:


Ár Straitéis 2022-2026



Caibidil 1:

Ár Straitéis 2022-2026 a chur i bhFeidhm

Ba é 2023 an dara bliain inar cuireadh ár Straitéis cúig bliana i bhfeidhm. Tríd an Straitéis seo, tá cumas nua á fhorbairt againn agus tá an bealach ina n-oibrímid á thabhairt chun cinn againn, chun gur féidir leis an mBanc Ceannais leanúint lena mhisean a chomhlíonadh, anois agus sa mheántearma araon. Cinntíonn ár Straitéis gur féidir linn freagairt do na tosca éagsúla a mhúnláíonn an timpeallacht ina n-oibrímid, lena n-áirítear borradh, nuálaíocht, agus éagsúlú leanúnach na hearnála seirbhísí airgeadais, athruithe ar iompar agus ar ionchais tomhaltóirí, impleachtaí forleathana an athraithe aeráide, caidreamh trádála domhanda agus patrúin fáis eacnamaíoch, agus teacht chun cinn coireachta airgeadais agus cibearchoireachta.



Dírítear inár Straitéis ar cheithre théama idirnasctha: **Díríthe ar an Todhchaí, Oscailte agus Rannpháirteach, Bunathrú, agus Cosaint.**

Ceithre Théama ár Straitéise

Díríthe ar an Todhchaí

Tá sé riachtanach go mbeidh an Banc Ceannais Díríthe ar an Todhchaí chun go mbeidh sé ábalta tuiscint níos fearr a fháil ar na hathruithe forleathana atá ag tarlú sa gheilleagar agus i gcórais airgeadais, na hathruithe sin a thuar agus é féin a oiriúnú dóibh.

Dhíríomar i rith 2023 ar ghníomhartha a theastaíonn le hathléimneacht gnólachtaí i leith rioscaí aeráide agus aistrithe a neartú trí bharr feabhais a chur ar an gcur chuige maoirseachta. I dtaobh íocaíochtaí, lean an tEurochóras ar aghaidh go dtí céim ullmhúcháin thionscadal an Euro Dhigitigh, tar éis gur tugadh céim imscrúdaithe dhá bhliain chun críche. Tosaíodh leis an bpleanáil freisin d'lonad Airgid Thirim nua na hÉireann. Sheolamar páipéar comhairliúcháin freisin maidir leis an nuálaíocht i seirbhísí airgeadais. I measc na ngníomhartha suntasacha eile, rinneadh dul chun cinn leanúnach chun feabhas a chur ar an tuiscint ar impleachtaí an athraithe aeráide agus an aistrithe chuig glan-astaíochtaí nialasacha do gheilleagar agus do chóras airgeadais na hÉireann.

Ceithre théama nasctha ár Straitéise:

Díríthe ar an Todhchaí, Oscailte agus Rannpháirteach, Bunathrú, agus Cosaint.

Oscailte agus Rannpháirteach

Trína bheith Oscailte agus Rannpháirteach, tá béim á leagan ag an mBanc Ceannais ar an tosaíocht a thugaimid do rannpháirtíocht lenár bpáirtithe leasmhara a dhoimhniú agus do phlé a fhorbairt, agus ar an gcaoi sin, tá feabhas á chur againn ar ár gceapadh beartais. Leis an méid sin, tá de sprioc againn iontaobh agus muinín as an gcóras airgeadais a neartú agus tuiscint níos fairsinge a chothú ar ról an Bhainc Ceannais.

I rith 2023, bhí an Banc Ceannais ag féachaint lena chur chuige i leith rannpháirteachais le páirtithe leasmhara a fhairsingiú agus a dhoimhniú, trí thionscnaimh, lena n-áirítear an Chomhdháil maidir leis an gCóras Airgeadais, Fóraim eile de chuid and Tionscail Airgeadais agus imeachtaí eile for-rochtana. Seoladh Malartán Taighde nua le feasacht agus le tuiscint ar thosaíochtaí taighde an Bhainc Ceannais a fhorbairt agus le fóram a sholáthar do rannpháirtíocht dhá bhealach le hacadóirí, mic léinn, comhghleacaithe san Eurochóras agus piareagraíochtaí ina measc.

Bunathrú

Dírímid, faoin téama Bunathrú, ar an mbealach ina n-oibrímid a fhorbairt níos mó, agus béim á leagan ar éifeachtacht, éifeachtúlacht agus ar sofhreagrúlacht mhéadaithe. Áirítear leis seo leas a bhaint as sonraí agus teicneolaíocht le feabhas a chur ar ár bpróisis agus chun tacú lenár bhfoireann, i dteannta a chéile agus ar bhonn aonair, chun aghaidh a thabhairt ar a ról.

Chuireamar uirlisí nua chun feidhme in 2023 le feabhas a chur ar ár ngníomhaíochtaí maoirseachta, lena n-áirítear an bealach ina bpleanálaimid rannpháirtíocht le gnólachtaí rialáilte, agus chun faireachán a dhéanamh ar idirghabháil cosúil le cláir mhaolaithe riosca agus treoracha maoirseachta. Bhunaíomar Samhail Oibriúcháin Sonraí nua freisin, agus thugamar tionscnaimh nua um fheabhsú próiseas agus um dhigitiú chun cinn. Lena chinntiú go bhfuil ár n-acmhainní á n-úsáid againn chomh héifeachtach agus is féidir, chuireamar feabhas freisin ar ár gcreataí inmheánacha bainistíochta riosca agus ár n-uirlisí um beartú tosaíochta agus pleanáil, ar fud na heagraíochta.

Cosaint


Léirítear i dtéama na Cosanta tiomantas diongbháilte chun dearadh, cur chun feidhme agus oibriú chroíchreataí beartas agus maoirseachta an Bhainc Ceannais a neartú.

Rinneamar dul chun cinn i rith 2023 maidir leis an obair ar neamhbainc, lena n-áirítear bearta nua Cistí Réadmhaoine agus páipéar beartais ar chur chuige i

leith Creat Macrastuamachta a chur i bhfeidhm do Chistí Infheistíochta. Anuas air sin, cuireadh feabhas ar chreataí rialála, mar shampla, tríd an gCreat Cuntasachta Aonair nua a fhorbairt agus trí athbhreithniú a dhéanamh ar an gCód um Chosaint Tomhaltóirí.

Caibidil 2:

Ár bhFreagrachtaí a Sholáthar



Caibidil 2:

Ár bhFreagrachtaí a Sholáthar

Cobhsaíocht Praghsanna

Agus sinn ag teacht as paindéim COVID, bhí ardleibhéil bhoilscithe le sonrú i measc fhormhór na dtíortha forbartha, agus baineadh amach leibhéil nach raibh feicthe le roinnt mhaith blianta agus a bhí i bhfad os cionn sprioc 2% an Eurochórais do bhoilsciú sa mheántéarma. Bhí na rátaí boilscithe níos airde á spreagadh ag tosca éagsúla, lena n-áirítear scrogaill i slabhraí soláthair, na héifeachtaí ar phraghsanna fuinnimh ag ionradh na Rúise ar an Úcráin, agus gné a bhain le héileamh intíre faoi chois a d'eascair as an bpaindéim.



Cinntí faoi Bheartas Airgeadaíochta an Eurochórais

Rannchuidíonn an Banc Ceannais le beartas airgeadaíochta an Eurochórais chun cobhsaíocht praghsanna a chinntiú. Tá an Gobharnóir ina bhall de Chomhairle Rialála BCE, a chasann ar a chéile gach sé seachtaine le hathbhreithniú a dhéanamh ar bheartas airgeadaíochta.

Nuair a tionóladh an chéad chruinniú den Chomhairle Rialaithe don bhliain 2023 (Feabhra), bhí meath ag teacht ar bhoilsciú príomha ar feadh roinnt míonna, ach bhí sé i bhfad níos airde (8.6%) ná a sprioc 2%. D'ardaigh an Chomhairle Rialaithe rátaí beartais, ar an ábhar sin, don chúigiú cruinniú i ndiaidh a chéile, agus thug siad le fios go “leanfaidís orthu”, agus go raibh súil acu iad a ardú tuilleadh. Bhain ráta na saoráide taisce leibhéal 4% amach i Meán Fómhair, a chiallaigh gur tháinig méadú 4.5 pointe céatadáin san iomlán ar rátaí beartais BCE i gcoibhneas le leibhéil roimh an bpaindéim. Bhí titim anuas go dtí leibhéal 2.9% tagtha ar bhoilsciú faoi dheireadh 2023. Cé go bhfuil cuid mhór den laghdú seo inchurtha do bhoilsciú níos ísle ar phraghas an fhuinnimh, bhí ról tábhachtach freisin ag beartais shriantacha BCE trí bhrúnna boilscithe intíre a mhaolú. Rinne an Chomhairle Rialaithe cinneadh ag cruinniú mhí na Nollag 2023 chun normalú chlár comhardaithe an Eurochórais a thabhairt chun cinn.



Glúin an Euro 2023 – Príomhdhuais buaite ag daltaí ó Choláiste Charraig an Tobair

Oibríochtaí Beartais Airgeadaíochta an Eurochórais

I gcaitheamh na bliana 2023, lean BCE den phróiseas chun beartas airgeadaíochta a normalú agus rinneamar méid foriomlán chlár comhardaithe an Eurochórais a laghdú de réir a chéile. Lean an tEurochóras leis na príomhíocaíochtaí a athinfheistiú ó urrúis a bhí i mbun aibiú agus a ceannaíodh faoin gClár Ceannaigh Sócmhainní go dtí deireadh mhí Feabhra 2023, agus rinneadh athinfheistíochtaí páirteacha go dtí Meitheamh 2023. Tháinig deireadh ina dhiaidh sin le hathinfheistíochtaí faoin gclár ceannaigh sócmhainní, agus tháinig meath ar an bpunann ar luas tomhaiste, intuatha. Rinneadh athinfheistíochtaí iomlána faoin gClár Ceannaigh le haghaidh Éigeandáil na Paidéime i rith 2023.

Tháinig laghdú €1tn ar luach foriomlán chlár comhardaithe an Eurochórais i rith 2023, agus bhain sé €6.9tn amach faoi dheireadh na bliana. Tharla formhór den mheath de bharr aibíocht agus aisíoc luath na gcistí a fuarthas ar iasacht faoin tríú sraith d'oibríochtaí athmhaoinithe spriocdhírithe fadtéarmacha (OASF III). B'ionann glanéifeacht leachtachta oibríochtaí aisíocaíochta in 2023 agus laghdú anuas ó €925bn go €392 billiún ar iasachtú spriocdhírithe fadtéarmach an Eurochórais ag deireadh mhí na Nollag 2023. Lean teorainn de bheith ar úsáid na bpríomhoibríochtaí athmhaoinithe seachtainiúla agus ar na hoibríochtaí athmhaoinithe fadtéarmacha trí mhí le linn na bliana. Anuas air sin, leanadh ag tabhairt faoi oibríocht sheasta dhollar SAM seacht lá

ar bhonn seachtainiúil, seachas idir an 20 Márta agus an 14 Aibreán 2023 nuair a méadaíodh an mhinicíocht go bonn laethúil mar fhreagairt do bhrú ardaithe ar phraghsanna cistithe domhanda. Ar deireadh, tháinig an ceathrú hoibríocht athmhaoinithe fhadtéarmach le haghaidh éigeandáil na paidéime, agus an oibríocht deiridh arna seoladh ag an Eurochóras le linn na bliana 2021, in aibíocht i rith 2023, agus laghdaíodh iasachtaí neamhíochta oibríochtaí athmhaoinithe fhadtéarmach le haghaidh éigeandáil na paidéime go náid ag deireadh mhí na Nollag 2023.

De thoradh an phróisis maidir le normalú beartais airgeadaíochta, tháinig laghdú ar an róleachtacht ar fud an Eurochórais le linn 2023 anuas ó €3,829bn an 31 Nollaig 2022 go €3,346bn ag deireadh na bliana 2023, rud a léirigh go príomha an laghdú ar shuimeanna iasachtaithe neamhíochta de chuid oibríochtaí athmhaoinithe spriocdhírthe fadtéarmacha, agus fuascailt urrús faoin gclár ceannaigh sócmhainní.¹

Oibríochtaí Beartais Airgeadaíochta na hÉireann

I ndiaidh chinntí na Comhairle Rialaithe beartas airgeadaíochta a normalú, tháinig laghdú ar shealúchais an Bhainc Ceannais faoin gclár ceannaigh sócmhainní, mar gheall nár athinfheistigh an tEurochóras na híocaíochtaí príomha go léir ó urrúis aibithe i ndiaidh dheireadh Feabhra 2023. Laistigh den chlár ceannaigh sócmhainní, bhí an Banc Ceannais i measc grúpa de bhainc cheannais náisiúnta ceannaigh faoi chlár ceannaigh na hearnála poiblí agus an tríú clár ceannaigh bannaí faoi chumhdach. Tháinig laghdú go €37.3 billiún ag deireadh 2023 ó €39.1bn ag deireadh 2022, ar shealúchais chláir ceannaigh na hearnála poiblí, a sealbhaítear an tromlach díobh ar a riosca féin. Thit sealúchais an tríú clár ceannaigh bannaí faoi chumhdach, a ndéantar comhroinnt riosca ina leith san Eurochóras, go €687m ag deireadh 2023 ó €1.5bn bliain roimhe sin.

Maidir leis an gClár Ceannaigh le haghaidh Éigeandáil na Paidéime, lean an tEurochóras leis na príomhíocaíochtaí a athinfheistiú, ina n-iomláine, ó urrúis a bhí i mbun aibiú agus a ceannaíodh i rith 2023. Dá bharr, ba bheag athrú a tháinig ar shealúchais an Bhainc Ceannais faoin

¹ Déantar figiúirí maidir le leibhéal na róleachtacha san Eurochóras a ríomh mar seo a leanas: iarmhéideanna cuntais reatha, móide iarmhéideanna na saoráide taisce, lúide ceanglais chúlchiste iomlána, lúide iarmhéideanna na saoráide iasachta imeallaí.

gclár seo, cé gur tháinig beagán de laghdú orthu ó €22.4bn ag deireadh 2022 go €22.0bn ag deireadh 2023.

Maidir le hoibríochtaí athmhaoinithe, b'ionann líon iomlán na n-iasachtaí beartais airgeadaíochta gan íoc ag contrapháirtithe na hÉireann agus €85m amhail an 31 Nollaig 2023, anuas ó €219m ag deireadh 2022, rud a bhí á spreagadh ag aisíocaíochtaí oibríochtaí athmhaoinithe spriocdhírithe fadtéarmacha. Thug an Banc Ceannais titim ar leibhéal na sealúchas cúlchistí faoi deara agus mhéadaigh an róleachtacht ar an meán ó €98.3bn ag deireadh 2022 go €90.2bn faoi dheireadh na bliana.

Cobhsaíocht Airgeadais

Déanann an Banc Ceannais measúnú ar na príomhrioscaí atá roimh an gcóras airgeadais agus ar athléimneacht an chórais airgeadais i leith na rioscaí siúd, ar mhaithe le cobhsaíocht airgeadais an Bhainc Ceannais a chosaint. Tá na gníomhartha éagsúla a dhéanann an Banc Ceannais mar chuid dá shainordú ceaptha tacú le cobhsaíocht an chórais airgeadais. Tá ár mbearta éagsúla beartais, ach go háirithe ár mbeartais mhacrastuamachta, in ainm is a chinntiú gur féidir leis an gcóras airgeadais drochshuaitheadh a mhaolú, seachas a mhéadú.



Measúnú agus Anailís ar Chobhsaíocht Airgeadais

D'fhoilsigh an Banc Ceannais dhá Athbhreithniú ar Chobhsaíocht Airgeadais in 2023, ina dtugtar cuntas ar a bhreithiúnas i leith na bpríomhrioscaí atá roimh an gcóras airgeadais agus ar athléimneacht an chórais airgeadais i leith na rioscaí siúd.² I gcaitheamh 2023, bhí an t-ionchas don chobhsaíocht airgeadais á mhúnlú i gcónaí ag coigeartú an gheilleagair dhomhanda do rátaí úis níos airde, i bhfianaise sheasmhacht an bhoilscithe. Cé go raibh geilleagar na hÉireann ag dul i bhfairsinge i gcónaí, bíodh ag ráta ní ba mhoille, ba léire go raibh rioscaí ar an taobh thíos i gceist. Cé gur tháinig sé chun solais de réir a chéile go raibh dúshlán aisíocaíochta roimh roinnt iasachtaithe, thug teaghlaigh agus gnólachtaí in Éirinn aghaidh, tríd is tríd, ar an méadú ar bhoilsciú agus ar rátaí úis níos airde, i dteannta a chéile, agus lean siad de thairbhe a bhaint as neart an mhargaidh saothair agus as leibhéal níos ísle féichiúnais ná mar a bhí ann roimhe seo.

Lean an Banc Ceannais air ag tabhairt faoi thaighde agus faoi anailís dhomhain i rith 2023 chun cur lena thuiscint ar na rioscaí agus an

² [Athbhreithniú ar Chobhsaíocht Airgeadais 2023:I](#) agus [Athbhreithniú ar Chobhsaíocht Airgeadais 2023:II](#).

leochaileacht i leith an chórais macra-airgeadais agus na n-impleachtaí i leith beartas macrastuamachta. Cuireadh an taighde seo in iúl trí réimse cainéal, lena n-áirítear foilsiú Nótaí ar Chobhsaíocht Airgeadais Nótaí agus Páipéir Thaighde Theicniúil. I measc na bpríomhréimsí ar ar díriodh, bhí:

- Tionchar an bhoilscithe agus rátaí úis níos airde ar athléimneacht airgeadais teaghlach agus gnólachtaí.
- Na rioscaí i leith cobhsaíocht airgeadais a eascraíonn as margaí eastáit réadaigh tráchtála. Forbairtí ar an margadh iasachtaithe neamhbhainc intíre.
- Earnáil na gcistí infheistíochta in Éirinn, cistí infheistíochta agus cistí réadmhaoine san áireamh.

Bosca 1: Diúscairt Deiridh na Punainne Nótaí Ráta Chomhlúthaigh

Rinne an Banc Ceannais na nótaí ráta chomhlúthaigh deireanacha a bhí ann a dhiúscairt in 2023. D'eascair na sócmhainní seo as an gcomhthaobhacht arna soláthar ag Corparáid na hÉireann um Réiteach Bainc don Bhanc Ceannais mar urrús do Chúnamh Leachtachta Éigeandála. Áiríodh leis seo Nótaí Gealltanais, Banna caighdeánach ráta sheasta Rialtas na hÉireann 2025, agus bannaí na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní. Ar leachtú Chorparáid na hÉireann um Réiteach Bainc, ghlac an Banc Ceannais le húinéireacht iomlán ar an gcomhthaobhacht a bhí faoi sheilbh aige, ag féachaint le luach na sócmhainní ina dhiaidh sin a aisghabháil.

Rinneadh na Nótaí Gealltanais, a bhí neamh-intrádála, a mhalartú ina dhiaidh sin do phunann nótaí ráta chomhlúthaigh ar luach €25.03bn, ar bannaí caighdeánacha fadreacha rialtas na hÉireann iad ag a bhfuil cúpón ráta chomhlúthaigh (is é sin, íocaíocht úis rialta a athraíonn de réir rátaí margaidh). Gheall an Banc Ceannais ag an am go ndéanfaí na nótaí ráta chomhlúthaigh seo a dhiúscairt a luaithe agus ab'fhéidir, ag brath ar dhálaí cobhsaíochta airgeadais.

Nuair a bhain Éire rochtain amach athuair ar na margaí bannaí idirnáisiúnta i ndiaidh na géarchéime, thosaigh feabhas ag teacht ar dhálaí airgeadais agus thosaigh luach margaidh bhannaí rialtas na hÉireann ag dul in airde. Dá réir sin, tháinig ardú freisin ar luach na nótaí ráta chomhlúthaigh ar chlár comhardaithe an Bhainc Ceannais. A luaithe a díoladh iad, chuir na gnóthachain réadaithe seo le brabúis an Bhainc Ceannais.

Fad a bhí siad á gcoimeád ar chlár comhardaithe an Bhainc Ceannais, bhí an t-ús a íocadh ar na nótaí ráta chomhlúthaigh ag cur le hioncam an Bhainc Ceannais freisin.

Idir ioncam ó ús agus gnóthachain ar dhíolacháin, chuir an Phunann Speisialta seo beagnach €18bn le hollbhrabúis an Bhainc Ceannais i gcaitheamh na tréimhse 2013 go 2023. Bhí an Banc Ceannais in ann a mhaoláin airgeadais a neartú mar gheall air seo trí aistrithe chuig an gcúlchiste ginearálta trí bhrabúis choinnithe, agus bhí sé in ann brabúis ní b'airde a dháileadh ag an am céanna ar an Státchiste gach bliain i gcaitheamh deich mbliana. B'ionann an Phunann Speisialta agus breis agus 90% de bhrabúis uile an Bhainc Ceannais thar an deich mbliana dar críoch 2023. I gcaitheamh na tréimhse céanna, d'íoc an Banc Ceannais ioncam barrachais €15.3bn leis an Státchiste nó 80% dá bhrabúis iomlána.

Tá deireadh tagtha leis an ré bhrabúsachta urghnáiche seo leis an díol deiridh ón bPunann Speisialta in 2023. Ba ghnéithe tábhachtacha sa bhainistiú a rinne Éire ar a géarchéim bhaincéireachta, agus ar a teacht aisti ina dhiaidh sin, iad leachtú Chorporáid na hÉireann um Réiteach Bainc agus na Nótaí Gealltanais a mhalartú do na nótaí ráta chomhlúthaigh. Le díúscairt na sócmhainní deireanacha siúd, naoi mbliana roimh an mbunsceideal, cuirtear deireadh le caibidil fhada i géarchéim baincéireachta na hÉireann.

Leis na loirg fhadtréimhseacha a fhágann géarchéimeanna ar an ngeilleagar agus ar an tsochaí, leagtar béim ar an tábhacht a bhaineann leis na hathchóirithe substainteacha rialála a tugadh isteach le deich mbliana anuas chun athléimneacht an chórais baincéireachta a neartú.

Beartas Macrastuamachta

Tá trí cholún leathana i gcreat beartais macrastuamachta an Bhainc Ceannais, ina mbaineann beartais le bainc (maoláin chaipitil macrastuamachta), le hiasachtóirí (na bearta morgáiste) agus le neamhbhainc (atá dírithe faoi láthair ar chistí infheistíochta). Déanann an Banc Ceannais faireachán agus measúnú rialta ar gach ceann dá bheartais macrastuamachta lena chinntiú go mbeidh a sheasamh beartais iomchuí i gcónaí don timpeallacht riosca shistéamaigh atá ann faoi láthair.

Lean an Banc Ceannais i gcaitheamh 2023 dá straitéis nuashonraithe a chur i bhfeidhm do mhaoláin chaipitil macrastuamachta bainc. Mhéadaigh an Banc Ceannais an maolán caipitil fritimthriallach i Meitheamh 2023 aníos go 1.5% - socrófar an ráta sin nuair nach bhfuil rioscaí intíre macra-airgeadais ardaithe, ná smachtaithe. D'fhoilsigh an Banc Ceannais aguisín leis an gCreat Caipitil Macrastuamachta, a bhfuil de chuspóir aige soiléireacht bhreise a sholáthar maidir le cur i bhfeidhm na straitéise don mhaolán caipitil fritimthriallach. Sa dara leath den bhliain, thug an Banc Ceannais chun críche a athbhreithniú bliantúil freisin ar chalabhrú na maolán caipitil d'institiúidí a bhfuil tábhacht shistéamach leo. Léiríodh leis seo struchtúr athraitheach an chórais baincéireachta intíre.

Bhí creat athnuaite na mbeart morgáiste, a tháinig i bhfeidhm in 2023, ag feidhmiú i gcomhthéacs margadh athraitheach agus dálaí maoinithe a bhí ag éirí níos déine. Ar an iomlán, bhí na hathruithe a chonacthas ar leithdháileadh iasachtú nua i gcomhréir leis an méid a raibh súil leis i rith an athbhreithnithe ar an gcreat.

Tá an Banc Ceannais ag díriú ar an bpeirspictíocht mhacrastuamachta a neartú i gcomhthéacs earnáil na gcistí infheistíochta a rialáil. D'fhoilsigh an Banc Ceannais [páipéar comhairliúcháin](#) i Samhain 2023 ina leagtar amach bearta macrastuamachta chun athléimneacht foistine cistí

infheistíochta arna n-ainmniú ag Éirinn faoi stiúir dliteanais a ainmnítear in GBP a neartú. Tugadh faoin obair seo i gcomhar le Commission de Surveillance du Secteur Financier i Lucsamburg. Tá an Banc Ceannais dírithe freisin ar fhaireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na mbeart macrastuamachta do chistí réadmhaoine na hÉireann, a fógraíodh i Samhain 2022. Seachas na bearta macrastuamachta do chistí réadmhaoine agus an obair a bhaineann le cistí infheistíochta atá faoi stiúir dliteanais a ainmnítear in GBP, d'fhoilsigh an Banc Ceannais plépháipéar ar chur chuige maidir le beartas macrastuamachta do chistí infheistíochta in Iúil 2023.

An Príomh-Chlár Creidmheasa

Is bunachar sonraí éigeantach náisiúnta um fhaisnéis phearsanta agus chreidmheasa é an Príomh-Chlár Creidmheasa a fheidhmíonn an Banc Ceannais.

611 an líon iasachtóirí a chuir faisnéis chuig an bPríomh-Chlár Creidmheasa ag deireadh 2023 (2021: 611) agus is é 5.4m an líon taifead gníomhach atá air (2021: 5.4m).

D'iarr iasachtóirí 2.56m tuairisc chreidmheasa in 2023 (2022: 2.53m) agus cuireadh 36,066 tuairisc chreidmheasa ar fáil d'iasachtaithe (2022: 31,495). Gearrtar táille ar iasachtóirí as gach fiosrú a dhéanann siad, lena bhforchúitítear costais an Phríomh-Chláir Creidmheasa.

Sainaithníodh earráid chartlannaithe an 3 Lúnasa 2023. De thoradh na hearráide sin, áiríodh faisnéis bhreise as dáta i dtuairiscí creidmheasa. Rinneadh idirchaidreamh le 270 iasachtóir, agus sainaithníodh gur imir an fhaisnéis bhreise tionchar ar naoi bhfiosrú creidmheasa. Réitíodh an earráid go hiomlán faoin 7 Lúnasa 2023, agus bhí an fhaisnéis cheart le fáil sa bhunachar sonraí ón dáta sin ar aghaidh. Cuireadh an Coimisiún Cosanta Sonraí ar an eolas faoin gceist.

Athrú Aeráide

Lean an t-athrú aeráide ar luas in 2023, rud a léiríodh leis an méadú ar mhinicíocht agus ar thromchúis na dteagmhas aimsire agus leis an ardú leanúnach ar theochtaí domhanda.³ Déanann rioscaí fisiciúla agus aistrithe, arna n-eascairt as an athrú aeráide, difear don chóras airgeadais. Nuair a chuirtear san áireamh an tábhacht straitéiseach a

³ Foinse: [Copernicus](#), Eanáir 2024.

bhaineann le dul i ngleic leis na rioscaí seo laistigh de chomhthéacs ár sainordaithe, leanamar i rith 2023 de bhreithnithe aeráide agus inbhuanaitheachta a thabhairt isteach inár ngníomhaíochtaí go léir.⁴

Pléadh réimse fairsing ábhar in obair an Bhainc Ceannais ar athrú aeráide, an méid seo a leanas ina measc: (1) naisc mhacra-airgeadais; (2) sábháilteacht agus fóntacht gnólachtaí rialáilte i leith athrú aeráide; (3) airgeadas inbhuanaithe, a thoisí cosanta tomhaltóirí agus infheisteoirí san áireamh, agus (4) bearnaí sonraí a líonadh, inar fhoilsíomar sonraí nua éagsúla agus léargas ar rioscaí aeráide san earnáil airgeadais in 2023.⁵

Lean an Fóram Riosca Aeráide agus Airgeadais Inbhuanaithe lena obair chun tuiscint chomhpháirteach agus bunachar eolais a chur le chéile ar impleachtaí an athraithe aeráide maidir le córas airgeadais na hÉireann.⁶ Rinne dhá mheitheal tionscalstiúraithe an Fhóraitim (maidir le bainistíocht riosca a bhaineann leis an aeráid agus forbairt acmhainní) a n-iarrachtaí a thabhairt chun cinn chun eolas a thiomsú agus a roinnt faoi na saincheistanna seo, ag féachaint le tuarascálacha a fhoilsiú go luath in 2024 ina dtugtar achoimre ar a n-obair.

Chun obair a thabhairt chun cinn ar oibríochtaí gnó an Bhainc Ceannais féin, d'fhoilsigh an Banc Ceannais an chéad Treochlár dá chuid um Ghníomhú ar son na hAeráide i Márta 2023, agus rinne sé an chéad nochtadh bliantúil airgeadais a bhaineann leis an aeráid ar a shócmhainní infheistíochta.⁷

Réiteach

Pleanáil Réitigh agus Inréiteacht Fheabhsaithe

Rinneadh dul chun cinn suntasach in 2023 ar inréiteacht. Trí oibriú leis an mBanc Ceannais agus leis an mBord Réitigh Aonair, rinne bainc dul chun cinn i dtaobh inréiteacht ábhartha i gcomhréir le hionchais an Bhoird Réitigh Aonair i dtaobh banc. Leanann an Banc Ceannais de bheith ag díriú go príomha ar oibríochtú uirlisí réitigh an Bhainc



⁴ Tá na rioscaí eacnamaíocha agus airgeadais arna n-eascairt as an athrú aeráide doiciméadaithe go maith. Féach, mar shampla: Donnery, Sharon (2023). "[Walking the path - the transition to Net Zero](#)", Óráid ag an tSeachtain Airgeadais Aeráide; Carroll, James (2022). "[Climate risks in the financial system: an overview of channels, impact and heterogeneity](#)", Nótaí faoi Chobhsaíocht Airgeadais, uimh. 7.

⁵ Féach centralbank.ie/climatechange chun teacht ar fhoilseacháin a bhaineann leis an aeráid.

⁶ Tá forléargas ar an bhFóram agus ar a chruinnithe ar fáil ag centralbank.ie/climatechange.

⁷ Féach [Nochtadh airgeadais a bhaineann leis an aeráid de chuid Bhanc Ceannais na hÉireann 2023](#).

Ceannais, chun feabhas a chur ar ullmhacht do ghéarchéim, trí thástáil agus trí chleachtaí trialach.

Tugadh riachtanais íosta i dtaobh cistí dílse agus dliteanais incháilithe isteach i gcreat réitigh AE agus é mar aidhm a chinntiú go bhfuil caipiteal dóthanach agus dliteanais chuí ag bainc ar féidir tarrtháil inmheánach a dhéanamh orthu, más gá. Comhlíonann bainc na hÉireann na riachtanais cheangailteacha reatha i gcás cistí féin agus dliteanais incháilithe agus leanfaidh an Banc Ceannais d'fhaireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh trí athbhreithniú agus tuairisciú a dhéanamh ar chaipiteal banc agus ar an riachtanas íosta i leith pleananna bainistíochta cistí dílse agus dliteanas incháilithe.

Gníomhartha Réitigh

Ceapadh leachtaitheoirí san Ard-Chúirt do BlackBee Investments Limited i mBealtaine 2023 tar éis don Bhanc Ceannais iarratas a dhéanamh chuige sin. In ainneoin rannpháirtíocht fhorleathan mhaoirseachta, agus iarrachtaí chun teacht ar réiteach a chosnódh leasanna na gcliant, níor thángthas ar aon roghanna inmharthana.

Ceapadh gurbh é leachtaitheoirí a cheapadh an gníomh ba chuí chun leasanna láithreacha agus leanúnacha chliaint BlackBee Investments Limited a chosaint.

Cistí Réitigh

Tá freagrachtaí reachtúla ar an mBanc Ceannais maidir le trí chiste réitigh: an Ciste Réitigh Aonair, an Ciste Réitigh do Bhainc agus do Ghnólachtaí Infheistíochta, agus an Ciste Réitigh Foras Creidmheasa.

Bhailigh an Banc Ceannais €297m in 2023 ó bhainc Éireannacha a ranníocann leis an gCiste Réitigh Aonair thar ceann an Bhoird Réitigh Aonair. Amhail ag deireadh 2023, bhí thart ar €78bn bainte amach ag an gciste dá sprioc fhoriomlán thart ar €60 billiún, agus go dtí seo níor iarradh air gníomhartha réitigh a chistiú.

Bhailigh an Banc Ceannais ranníocaíochtaí tobhaigh €15m in 2023 don Chiste Réitigh do Bhainc agus do Ghnólachtaí Infheistíochta, rud a mhéadaigh an ciste iomlán go dtí €66m amhail ag deireadh 2023. Níor iarradh ar an gciste seo cistí a chur ar fáil go dtí seo.

Bhailigh an Banc Ceannais €5m in 2023 don Chiste Réitigh Foras Creidmheasa. Leis an tsuim seo, sa mhullach ar ús a tuilleadh,

méadaíodh an ciste iomlán go dtí thart ar €67m amhail ag deireadh 2023. Níor imir aon ghníomhartha réitigh tionchar ar an gciste seo in 2023.

An Scéim Ráthaíochta Taiscí agus an Ciste Cúitimh Árachais

Is é an Banc Ceannais a riarann an Scéim Ráthaíochta Taiscí agus an Ciste Cúitimh Árachais. Ní mór don Scéim Ráthaíochta Taiscí acmhainní airgeadais ar fáil arb ionann iad agus 0.8% de na taiscí cumhdaithe a bhaint amach faoin mbliain 2024. Chun an spriocleibhéal seo a bhaint amach, ríomh an Banc Ceannais – agus modheolaíocht á cur i bhfeidhm atá deimhnithe ag an Údarás Baincíreachta Eorpach – gur cheart suim iomlán €246.9m a ghearradh ar institiúidí creidmheasa i leith ranníocaíochtaí 2023 leis an gciste.

D'íoc an Ciste Cúitimh Árachais €10.1m in 2023 leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát maidir le ceithre aonán fhéimheacha, is é sin, Enterprise Insurance Company Plc (faoi Leachtú), Gefion Finians A/S (i bhFéimheacht), Gable Insurance AG (faoi Leachtú) agus Setanta Insurance Company Limited (faoi Leachtú).

Ullmhacht le haghaidh Géarchéim Airgeadais agus Bainistiú ina leith

Le linn na bliana 2023, lean an Banc Ceannais dá acmhainn i leith ullmhacht le haghaidh géarchéim airgeadais a fhorbairt trí chleachtaí ionsamhlúcháin géarchéime a dhéanamh maidir le saincheistean athléimneachta airgeadais agus oibríochtúla araon. Tugadh faoi na cleachtaí ar bhonn inmheánach agus – maidir le hathléimneacht oibríochtúil agus i gcomhar le gníomhaireachtaí eile náisiúnta agus Eorpacha, lena n-áirítear gníomhaireachtaí an Ghrúpa Cobhsaíochta Airgeadais agus an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála. Leis na cleachtaí athléimneachta airgeadais inmheánaí, scrúdaíodh ullmhacht an Bhainc Ceannais chun cliseadh gnólachtaí a bhainistiú agus breithníodh sna cleachtaí idirghníomhaireachta conas freagairtí a chomhordú go héifeachtach do chur isteach oibríochtúil, lena n-áirítear cibearionsaithe, sa chóras airgeadais.

Córais Íocaíochta agus Airgeadra

Córais Íocaíochta

Lean an Banc Ceannais i rith 2023 de bheith ag cur le bainistiú agus feabhsú leanúnach córais íocaíochta. Cuireadh tionscadal Comhdhlúthaithe TARGET2/TARGET2 Securities (T2/T2S) chun feidhme an 20 Márta 2023. Ba é cuspóir an tionscadail seo freastal ar éilimh athraitheacha mhargaidh trí chóras nua ollsocráíochta fíor-ama ar a dtugtar T2, lena ndéantar bainistiú leachtachta a bharrfheabhsú ar fud na Seirbhísí TARGET ar fad, a chur in ionad TARGET2.

Is é T2-Ireland gné na hÉireann de T2 atá faoi úinéireacht agus atá á oibriú ag an Eurochóras. Tá 13 shealbhóir cuntais ollsocráíochta fíor-ama ag T2-Ireland faoi láthair, ar laghdú sealbhóir amháin ó 2022 é seo, agus tá córas coimhdeach amháin aige.

Cé gur tháinig laghdú 4.66% i gcomparáid le 2022 ar mhéideanna idirbheart T2-Ireland (716,356) in 2023, tháinig méadú €1.59tn ar luach iomlán na n-idirbheart bliain ar bhliain go dtí €5.22tn. Is é is cúis leis an méadú mór seo (43.71%) an timpeallacht dhearfach ráta úis agus an úsáid mhéadaithe a baineadh as an tSaoráid Taisce.

Tá an Banc Ceannais freagrach as Clár Bhannaí agus Bhillí Stáitchiste Rialtas na hÉireann a chothabháil thar ceann Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta. In 2023, d'eisigh Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta banna Rialtais nua amháin ar luach ainmniúil €3.5bn, agus dhíol sé €3.9bn eile ar bhannaí a bhí ann cheana (Taps), níor coimeádadh aon bhillí cisteáin ar an gclár in 2023. Ag deireadh na bliana 2023, b'ionann luach ainmniúil na mbannaí ar an gclár agus €143.3bn, is é sin laghdú 1.6% san iomlán bliain ar bhliain.

An Euro Digiteach

Airgeadra digiteach bainc lárnaigh beartaithe is ea an Euro Digiteach – coibhéis leictreonach airgid thirim – a mbeadh mar chuspóir aige, dá gcuirfí i bhfeidhm é, cur le nótaí bainc agus boinn euro. Bunaithe ar thorthaí chéim an imscrúdaithe, chinn Comhairle Rialaithe BCE i mí Dheireadh Fómhair 2023 go leanfaí leis an obair ar thionscadal an Euro Dhigitigh trí bhogadh ar aghaidh chuig céim an ullmhúcháin.⁸ Tionscadal ilbhlianta a bheidh i gcéim an ullmhúcháin ina dtabharfar

⁸ [Athbhreithniú ar an euro digiteach: Tuarascáil achomair ar chéim an imscrúdaithe agus ar na chéad chéimeanna eile](#)

roinnt toisí beartais agus teicniúla chun cinn a theastaíonn chun Euro Digiteach a fhorbairt. Ní hionann leanúint ar aghaidh chuig céim an ullmhúcháin agus cinneadh chun Euro Digiteach a eisiúint nó gan é a eisiúint. Ní dhéanfaí breithniú ar aon chinneadh den sórt sin go dtí go mbeidh próiseas reachtaíochta AE tugtha chun críche.

Rochtain ar Airgead Tirim

Chuir an Banc Ceannais ionchur ar fáil i rith 2023 i dtionscnaimh thábhachtacha, inar díródh ar infhaighteacht agus ar rogha, arna nglacadh de láimh ag comhlachtaí eile, lena n-áirítear Straitéis Íocaíochtaí Náisiúnta an Rialtais agus an dréachtchreat reachtaíochta um rochtain intíre ar airgead tirim a fhorbairt. Is ionann an dá chomhlacht forbartha creata beartais seo, a mbíonn an Banc Ceannais gníomhach iontu i gcónaí, agus céimeanna tábhachtacha chun cinn i dtaobh infhaighteacht agus rogha a chinntiú amach anseo do thomhaltóirí (iad siúd ina measc a bhfuil dúshlán eisiaimh airgeadais rompu) agus do ghnólachtaí beaga.

Airgeadra

Nótaí Bainc

D’eisigh an Banc Ceannais 169m nóta bainc in 2023 (luach €5,281m), arb ionann sin agus laghdú 15% ar na 198m nóta bainc (luach €6,274m) a eisíodh in 2022. D’eascair na leibhéil ní b’airde de nótaí bainc a eisíodh in 2022 as méadú gearrthéarmach ar úsáid airgid thirim i ndiaidh phaindéim Covid-19. Fuair an Banc Ceannais taiscí nótaí bainc ar luach 131m (luach €3,345m) in 2023, arb ionann é sin agus laghdú 8% ar an 142m (luach €3,838m) a fuarthas in 2022.

Tábla 1: Eisiúint Nótaí Bainc

Líon na Nótaí Bainc (m) a Eisíodh ⁹			Luach €m	
Ainmníocht	2023	2022	2023	2022
€5	22.2	24.3	111	121
€10	21.3	24.6	213	236
€20	45.1	54.0	902	1,079
€50	80.4	96.1	4,022	4,805
€100	0.3	0.3	34	33

⁹ Airgead dlíthairgthe é an nóta bainc €500; ach ní eisítear é a thuilleadh amhail ón 27 Aibreán 2019, áfach.

€200	0	0	0	0
€500	0	0	0	0
Iomlán	169	198	5,281	6,274

Nóta: Seans nach suimfidh na figiúirí toisc gur slánaíodh iad.

Boinn

Chuir an Banc Ceannais, ag gníomhú dó mar ghníomhaire don Aire Airgeadais, 47m bonn (luach €24m) i gcúrsaíocht in 2023. B'ionann é sin agus laghdú 38% ar bhoinn a eisíodh i gcomparáid leis na 76m bonn (luach €35m) a eisíodh in 2022. Fuair an Banc Ceannais taiscí 42m bonn (luach €16m), arb ionann é sin agus méadú 27% ar thaiscí bonn 2022 33m (luach €16m).

Tábla 2: Eisiúintí Bonn

Líon na mBonn (m)			Luach €m	
Ainmníocht	2023	2022	2023	2022
1c	0	1	0	0
2c	0	1	0	0
5c	18	25	1	1
10c	8	14	1	1
20c	6	13	1	3
50c	4	6	2	3
€1	3	7	3	7
€2	8	10	17	20
Iomlán	47	76	24	35

Nóta: Seans nach suimfidh na figiúirí toisc gur slánaíodh iad.

Boinn Inbhailithe

Déanann an Banc Ceannais comóradh ar chultúr agus ar oidhreacht na hÉireann trí réimse táirgí moneolaíochta, a mbeidh líon teoranta ag gabháil leo, a eisiúint thar ceann an Aire Airgeadais. I rith 2023, d'eisigh an Banc Ceannais na ceithre tháirge bonn seo a leanas atá ar díol ar

www.collectorcoins.ie:

- Foireann na Bliana 2023 – Téama na Bithéagsúlachta
- Foireann Linbh 2023
- Bonn Profa Airgid 2022 – Foireann Peile Ban na hÉireann
- Foireann Phrofa 2023 – Comóradh 50 Bliain ar chomhaltas na hÉireann san Aontas Eorpach



Bonn comórtha a bronnadh ar Fhoireann Peile Ban na hÉireann 1973

Anuas air sin, d'eisigh an Banc Ceannais 500,000 bonn cúrsaíochta speisialta €2 le comóradh a dhéanamh ar 50 Bliain de chomhaltas na hÉireann san Aontas Eorpach. Cuireadh na boinn seo i gcúrsaíocht an 22 Meitheamh 2023.

Forbairtí Timthrialla Airgid Náisiúnta

Tar éis athbhreithniú straitéiseach a dhéanamh ar ár n-oibríochtaí airgid thirim i rith 2023, chuir an Banc Ceannais pleananna chun cinn le hionad nua airgid thirim a fhorbairt i suíomh eile i mór-réigiún Bhaile Átha Cliath, agus deireadh a chur lena shuíomh reatha in Áth an Ghainimh. Síleann an Banc Ceannais go nglacfaidh sé ar a laghad seacht mbliana sula mbeidh an t-ionad nua airgid thirim go hiomlán oibríochtúil. Leanfar ag tabhairt faoinár n-oibríochtaí ar an suíomh reatha go dtí an tráth sin.

Anailís Eacnamaíoch agus Staidreamh

Anailís Eacnamaíoch

Agus an Banc Ceannais ag cur le beartas náisiúnta eacnamaíoch a chur le chéile in 2023, sholáthair sé tráchttaireacht ar fhorbairtí eacnamaíocha, comhairle faoi bheartas, agus léargas taighde reatha. Cuireadh iad sin in iúl trí [Fhaisnéis Ráithiúil](#), [Litreacha Eacnamaíocha](#), [Páipéir Thaighde Theicniúil](#), i ráitis agus in óráidí ón nGobharnóir agus ó bhaill eile den ardbhainistíocht agus in ionchur foirne i gcomhdhálacha,



i seimineáir agus i bhfoilseacháin sheachtracha. Tá cur síos mionsonraithe ar aschur taighde an Bhainc Ceannais ar fáil san Fheasachán Taighde.

Tá baint lárnach ag cleachtaí réamhaisnéise maicreacnamaíche maidir le hanailís eacnamaíoch intíre an Bhainc Ceannais. Tugadh faoi dhá cheann de na cleachtaí sin in 2023 mar chuid de Chleachtadh Réamh-Mheastacháin Mhaicreacnamaíoch Leathan an Eurochórais, agus thit siad amach i gcomhthráth le foilsiú na Faisnéise Ráithiúla i Meitheamh agus i Nollaig. Foilsíodh dhá cheann eile san Fhaisnéis Ráithiúil i Márta agus Meán Fómhair.

I measc na n-ábhar a breithníodh in [Airteagail Shínithe na Faisnéise Ráithiúla](#) agus sna [Litreacha Eacnamaíocha](#), bhí tábhacht earnáil na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide do gheilleagar na hÉireann, cinntithigh an bhoilscithe in Éirinn, éifeachtaí athruithe struchtúracha ar an margadh saothair intíre, agus an beartas cuí fioscach i ngeilleagar lánfhostaíochta.

Staidreamh

Bailíonn, tiomsaíonn agus scaipeann an Banc Ceannais réimse leathan staidrimh chun tacú leis an gCóras Eorpach Banc Ceannais (CEBC) agus le húsáideoirí seachtracha amhail institiúidí poiblí, na meáin, rannpháirtithe sa mhargadh agus an pobal i gcoitinne. Leanann an Banc Ceannais de thacair shonraí nua agus leathnaithe a fhorbairt ar ghníomhaíocht airgeadais bharrthábhachtach in Éirinn freisin.

Tugtar sa [tsraith Taobh Thiar de na Sonraí](#) léargas ar threochtaí suimiúla ábhartha airgeadais agus eacnamaíocha laistigh de na sonraí a bhailíonn an Banc Ceannais. Díríodh i bhfoilseacháin na bliana 2023 ar réimse saincheisteanna a bhaineann le creidmheas don fhíorgheilleagar, iasachtú bainc agus neamhbhainc le corparáidí neamhairgeadais, agus rátaí úis morgáiste a dháileadh san áireamh. Díríodh in dhá fhoilseachán ar ábhair a bhaineann leis an aeráid ina scrúdaítear déine carbóin earnálacha airgeadais na hÉireann, sealúchais urrús, agus ina bhfiosraítear an borradh ar leibhéal agus ar réimse an iasachtaithe ghlais le teaghlaigh agus le cuideachtaí neamhairgeadais (CNAnna). Tugadh isteach sa tsraith Taobh Thiar de na Sonraí freisin [sonraí maidir leis an airgead a chaitear le cártaí nua i measc theaghlaigh na hÉireann](#). Cuirtear léargas ar fáil sa staidreamh nuafheabhsaithe seo ar chreidmheas agus ar chaitheamh airgid ar chárta dochair de réir contae,

agus cuirtear sonraí san áireamh iontu freisin faoi íocaíochtaí gan tadhall den chéad uair.

Taobh amuigh den staidreamh nua seo faoi chaitheamh airgid ar chártaí nua, seoladh [sonraí breise a bhaineann le híocaíochtaí](#) i Nollaig 2023, tar éis Rialachán nua BCE maidir le Staidreamh Íocaíochtaí a thabhairt isteach. Leis an Rialachán seo, tugtar isteach cur chuige níos gráinní i leith tuairisciú, a sholáthraíonn peirspictíocht níos mionsonraithe i leith forbairtí ar íocaíochtaí miondíola go hintíre agus ar fud na hEorpa. Ar an staidreamh nua eile a tugadh isteach in 2023, áirítear rátaí úis morgáiste neamhbhainc, a fhoilsítear ar bhonn ráithiúil, le dearcadh níos cuimsithí a sholáthar maidir leis an margadh iomlán morgáistí.

Lean an Banc Ceannais d'fhaisnéis agus de staidreamh a leathnú tríd an mBunachar Sonraí Náisiúnta d'Fhaisnéis faoi Éilimh. Thug an Banc Ceannais faoi roinnt beart le trédhearcacht i measc sealbhóirí polasaí a mhéadú agus le feabhas a chur ar fháil ar shonraí faoin mBunachar Sonraí Náisiúnta d'Fhaisnéis faoi Éilimh, le foilseacháin ghaolmhara bhliantúla. I measc na n-éachtaí in 2023, bhí tuarascálacha lárbhlíana a foilsíodh den chéad uair ar [Mhótararachas Príobháideach](#) agus ar [Dhliteanas Fostóirí agus Árachas Dliteanais Phoiblí](#).

Rialáil agus Maoirseacht Airgeadais¹⁰

Príomhfheidhm a chomhlíonann an Banc Ceannais i gcomhar le rialálaithe eile Eorpacha agus idirnáisiúnta is ea an earnáil airgeadais a rialáil. Freastalaíonn rialáil airgeadais ar riachtanais geilleagar, tomhaltóirí agus infheisteoirí trí thimpeallacht a chruthú inar féidir le gnólachtaí agus daoine aonair páirt a ghlacadh i gcóras airgeadais atá athléimneach, éifeachtach agus a oibrítear i leith na gcaighdeán is airde.



Tírdhreach Riosca

Léiríodh le blianta beaga anuas conas is féidir le himeachtaí móra a thiteann amach gan choinne tuile rioscaí idirnasctha a spreagadh i ndiaidh a chéile, ar rioscaí iad a thagann chun cinn ar bhealaí gan choinne go minic.

Mar gheall ar an gcoigeartú do thimpeallacht ráta úis agus an bhoilscithe mhéadaithe agus ar éiginnteacht i dtaobh an bhealaigh a rachaidh siad amach anseo, bhí éiginnteacht ní b'airde mhargaidh agus rioscaí

¹⁰ Sa chuid seo den tuarascáil, pléitear leis na ceanglais tuairiscithe don Ráiteas Feidhmíochta Bliantúil faoi Alt 32L(2)(b) d'Acht an Bhainc Cheannais, 1942 (arna leasú).

méadaithe ann i leith luachálacha sócmhainní, go háirithe sócmhainní neamhleachtacha agus gan luachan, eastát réadach san áireamh. B'airde rioscaí creidmheasa agus contrapháirtí de bharr éiginnteacht ghinearálta eacnamaíoch, méaduithe ar chostais mhaireachtála agus tionchar rátaí úis ní b'airde sa limistéar euro agus ar fud an domhain.

Bhí rioscaí oibríochtúla ann i gcónaí laistigh de ghnólachtaí rialáilte ar leibhéal ní b'airde, á spreagadh ag dul chun cinn mear an digitithe agus samhlacha gnó nua agus slabhraí breisluacha athstruchtúraithe a bhunathraíonn an bealach ina mbíonn gnólachtaí seirbhísí airgeadais ag freastal ar a gcustaiméirí, ag comhoibriú le tríú páirtithe, ag baint úsáid as sineirgí idirghrúpa agus á n-éagrú féin go himmheánach. Leis an spleáchas méadaithe ar an teicneolaíocht, méadaítear an riosca a bhaineann le cibirionsaithe freisin.

Tá sé cruthaithe ag an gcóras airgeadais agus na príomhearnálacha in Éirinn agus go hidirnáisiúnta go bhfuil siad athléimneach ó thaobh airgeadais agus cúrsaí oibríochtúla de i leith an tsuaite le blianta beaga anuas, ach tá roinnt eisceachtaí suntasacha i gceist. Thaispeáin na himeachtaí a bhain le bainc áirithe réigiúnacha SAM agus le Credit Suisse níos luaithe in 2023 gur féidir le meascán imeachtaí fadhbanna a chruthú ar leibhéal aonáin agus ar leibhéal córas airgeadais. Baineann buntábhacht le hathléimneacht a chothú agus a fhorbairt i dtimpeallacht oibriúcháin atá luaineach agus éiginnte.



† Figiúirí go léir amhail an 31 Nollaig 2023 agus áirítear leo, i gcás inar cuí, brainsí d'eintitis rialáilte an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch agus tríú tíortha a sholáthraíonn seirbhísí airgeadais in Éirinn.

* Tá an gnólacht seo á rialáil mar riarthóir tagarmharcanna freisin faoin Rialachán Tagarmharcanna.

Príomhghníomhaíochtaí Rialála agus Maoirseachta Airgeadais in 2023

Cosaint Tomhaltóirí agus Infheisteoirí

Toise thábhachtach d'obair an Bhainc Ceannais is ea a chinntiú go gcosnaítear leasanna tomhaltóirí agus go mbíonn muinín agus iontaoibh sa chóras airgeadais dá bharr seo.

Tacaíocht d'Iasachtaithe Morgáiste

De réir mar a thosaigh rátaí úis méadaithe ag imirt tionchar ar iasachtaithe morgáiste, rinne an Banc Ceannais idirchaidreamh dian le gnólachtaí maidir le gnéithe sonracha an chreata cosanta tomhaltóirí a oibriú a dhíríonn ar thacaíochtaí riaráistí, ar aistriú agus ar eolas a sholáthar. D'fhreagair gnólachtaí le tacaíochtaí breise d'iasachtaithe agus le hacmhainn mhéadaithe oibríochtúil. Áiríodh leis seo, teagmháil réamhghníomhach a dhéanamh le hiasachtaithe leochaileacha agus soláthar leanúnach tacaíochtaí, socruithe malartacha aisíocaíochta d'iasachtaithe i mbaol riaráistí.

Athbhreithniú Iar-Rialacháin ar Phraghsáil Dhifreálach

Rinne an Banc Ceannais athbhreithniú iar-rialacháin in 2023 chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh agus éifeachtacht na rialachán árachais a tugadh isteach in 2022 lenar cuireadh cosc ar phraghaschéimniú sa mhótarmhargadh agus sa mhargadh árachais baile.¹¹ Deimhníodh san athbhreithniú go bhfuil na rialacháin á bhfeidhmiú go héifeachtach agus faoi mar a beartaíodh. Deimhníodh nach bhfuil pionós dílseachta á íoc a thuilleadh ag tomhaltóirí a bhfuil a dara hathnuachan nó athnuachan ina dhiaidh sin á déanamh acu, i.e. préimheanna atá níos airde ná mar a bheadh le híoc acu dá mba thomhaltóir athnuachana bliain a haon iad. Deimhníodh san athbhreithniú chomh maith gur bhunaigh soláthraithe árachais próisis mhaoirseachta, anailís agus tuairisciú níos daingne maidir lena gcleachtais agus a samhlacha praghsála. Thug soláthraithe árachais an nochtadh riachtanach isteach freisin maidir le hathnuachaintí uathoibríocha chun cabhrú le tomhaltóirí cinntí níos feasaí a dhéanamh nuair a bheidh a n-árachas á athnuachan acu.

¹¹ Cuireann sé seo cosc ar ghnólachtaí praghas athnuachana a shocrú ina dhiaidh sin atá níos airde ná an chéad praghas athnuachana comhionann. Ceanglaíodh sna Rialacháin chomh maith go ndéanfaí maoirseacht bhreise ar chleachtais praghsála agus go mbeadh trédhearcacht níos mó ann maidir leis an bpróiseas athnuachana uathoibríche.

Cosaint Infheisteoirí

Tar éis athbhreithnithe spriocdhírthe a dhéanamh ar ghnólachtaí infheistíochta agus ar ghnólachtaí árachais saoil faoin Treoir maidir le Margaí in Ionstraimí Airgeadais (MiFID), d'fhoilsigh an Banc Ceannais litreacha 'A POF, a chara', inar luadh dea-chleachtais shonracha a sainaithníodh agus easnaimh shuntasacha, agus inar iarradh ar ghnólachtaí dul i mbun gnímh chun a gcaighdeáin a ardú. Sna litreacha 'A POF, a chara', clúdaíodh príomhréimsí i ngnólachtaí, amhail:

- [Creataí Rialaithe agus Ráitis Foinn Riosca](#) (anuas ar [threoir bhreise](#) a foilsíodh do ghnólachtaí maidir le Táirgí Miondíola Struchtúrtha a dhíol agus a mhargú)
- [Oiriúnacht leanúnach táirgí infheistíochta fadtéarmaí](#) (gnólachtaí árachais saoil), agus
- [Costais agus táillí](#).

Chuir an Banc Ceannais tuarascáil faoi bhráid an Údaráis Eorpaigh um Urrúis agus Margaí freisin ina leagtar amach ár dtorthaí agus roinnt moltaí, forbairt bhreise ar threoirlínte (do ghnólachtaí MiFID) nuair a dhéantar fógraíocht nó margaíocht do thomhaltóirí.

Maoirseacht ar Ghnólachtaí Údaraithe

Déanann an Banc Ceannais maoirseacht ar ghníomhaíochtaí iliomad earnálacha ina soláthraítear seirbhísí airgeadais in Éirinn agus thar lear agus tá borradh tagtha ar go leor díobh le blianta beaga anuas i dtaobh scála agus castachta.

Is é cuspóir uileghabhálach maoirseachta an Bhainc Ceannais earnáil airgeadais atá cobhsaí, athléimneach agus iontaofa a chinntiú, a oibríonn go hinbhuanaithe chun sárleasa an phobail, tomhaltóirí agus an gheilleagair níos fairsinge. Tugtar faoi mhaoirseacht ar bhonn chur chuige riosca-bhunaithe agus cuirtear chun feidhme inti sraith fhairsing straitéisí maoirseachta chun measúnú a dhéanamh ar riosca agus ar chomhlíonadh rialála ar leibhéal earnála agus gnólachtaí.

Díríonn an Banc Ceannais go straitéiseach ar ghníomhaíochtaí nó ar chásanna a shainaithnítear a spreagfadh díobháil fhorleathan do thomhaltóirí nó d'infheisteoirí, a d'fhéadfadh baint de shábháilteacht agus d'fhóntacht ghnólachtaí, nó de chobhsaíocht airgeadais nó de shláine an chórais. I measc na ngníomhaíochtaí, tá idirchaidreamh díreach le gnólachtaí, cigireachtaí doimhne, athbhreithnithe téamacha agus anailís ar shonraí, a mbeidh fhorfheidhmiú comhréireach mar

bhonn taca acu. Socraítear tosaíochtaí maoirseachta laistigh de chomhthéacs na macraithimpeallachta domhanda agus an chúlra riosca agus ról an Bhainc Ceannais mar chuid den Chóras Eorpach um Maoirseacht Airgeadais, agus de Shásra Maoirseachta Aonair BCE.

Baincéireacht Mhiondíola

Leanadh de bhéim maoirseachta a leagann ar chomhdhlúthú na hearnála baincéireachta miondíola intíre agus bhí sé ina thosaíocht ar fud an Bhainc Ceannais in 2023. Leag an Banc Ceannais ionchais shoiléire amach go n-imeodh Banc Uladh agus Banc KBC as an margadh ar bhealach ordúil, go ndéanfaí a n-imeacht a bhainistiú go stuama, agus go gcinnteofaí go gcosnófaí tomhaltóirí, go háirithe custaiméirí a d'fhéadfadh a bheith leochaileach. Tugadh go leor de na hidirbhearta ábhartha chun críche i rith 2023, aistriú cuntais bhainc san áireamh. Tharla an t-aistriú mórscála cuntas ar scála nach bhfacthas riamh cheana agus aistríodh agus dúnadh níos mó ná 1.2m cuntas bainc custaiméirí a bhí á sealbhú ag na bainc a bhí ag imeacht.

Lean an timpeallacht athraitheach rátaí úis de thionchar a imirt chomh maith ar an earnáil baincéireachta miondíola in 2023. Tá méadú tagtha ar bhrabúsacht na mbanc intíre, rud atá á spreagadh ag ardú ar ghlanioncam úis le bliain anuas.

Príomhréimse na béime maoirseachta ab ea tionchar na rátaí ardaitheacha úis ar athléimneacht airgeadais na mbanc miondíola chomh maith leis an tionchar ar thomhaltóirí.

Baincéireacht Idirnáisiúnta

Tar éis do RA imeacht as AE, tháinig méadú ar an earnáil baincéireachta idirnáisiúnta in Éirinn i dtaobh méide agus castachta araon agus lean an treocht seo in 2023. Tá an fás seo á spreagadh i gcónaí ag sócmhainní trasteorann arna sealbhú ag fochuideachtaí tríú tíortha. Sheol BCE athbhreithniú léarscáilithe deisce le measúnú a dhéanamh ar cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil cumas cuí rialachais inmheánaigh agus bainistíochta riosca do dheasca trádála ábhartha ag fochuideachtaí tríú tír atá suite in AE.¹²

Comhair Chreidmheasa

Leanadh le hathstruchtúrú agus le comhdhlúthú earnáil na comhar creidmheasa i rith 2023 chun tacú le comhair chreidmheasa atá níos

¹² Tá eolas i dtaca leis an Athbhreithniú ar Mhapáil Deisce ar fáil ar [shuíomh gréasáin na Maoirseachta ar Bhaincéireacht de chuid BCE](#).

inbhuanaithe i dtaobh cúrsaí airgeadais agus oibríochtúla de. Tugadh dhá aistriú dhéag ceangaltais chun críche agus bhí céimeanna éagsúla de dhul chun cinn déanta ag píblíne aistrithe ag deireadh 2023¹³. Rinne an t-athstruchtúrú leanúnach seo próifíl mhéide sócmhainní na hearnála a athmhúnlú, agus thug 66 de na 191 comhar creidmheasa gníomhach le fios go raibh sócmhainní breis agus €100m (arb ionann sin agus 70% de shócmhainní na hearnála) acu ag deireadh 2023.

Lean comhair chreidmheasa in 2023 de na seirbhísí a bhí á soláthar acu a leathnú:

- Fuair dhá chomhar creidmheasa ag a raibh sócmhainní níos mó ná €100m faomhadh chun teorainneacha le haghaidh iasachtú baile agus gnó a mhéadú, sa chaoi gurbh ionann agus deich an líon iomlán comhar creidmheasa atá ceadaithe leas a bhaint as teorainn mhéadaithe iasachtaithe atá comhionann le 15% dá sócmhainní iomlána.
- Bhí an líon comhar creidmheasa a thug le fios go raibh iarmhéideanna iasachta baile acu gan athrú tar éis do 111 comhar creidmheasa iarmhéideanna iasachta baile a thabhairt le fios, i gcomparáid le 112 comhar creidmheasa ag a raibh iarmhéideanna iasachta baile ag deireadh 2022.
- Faoi dheireadh na Samhna 2023, bhí an líon comhar creidmheasa a raibh faomhadh acu chun seirbhísí cuntais reatha a chur ar fáil do bhaill méadaithe go 85 ceann (ó 77 ceann ag deireadh na bliana 2022) agus bhí iomlán carnach thart ar 157,000 cárta dochair eisithe ag na comhar creidmheasa seo amhail dheireadh na Samhna 2023.

Achtaíodh an tAcht um Chomhar Creidmheasa (Leasú), 2023 i mí na Nollag 2023 agus cuirtear deiseanna nua gnó ar fáil ann do chomhair chreidmheasa, forálacha chun comhair chreidmheasa chorparáideacha a bhunú, chomh maith le roinnt athruithe ar riachtanais rialachais.

Íocaíochtaí agus Airgead Leictreonach (Ríomhairgead)

Tá tábhacht mhéadaitheach ag baint leis an earnáil íocaíochtaí agus ríomhairgid i dtírdhreach airgeadais na hÉireann agus na hEorpa.

Tháinig méadú faoi thrí ar an líon gnólachtaí íocaíochta agus ríomhairgid a bhíonn á rialáil ag an mBanc Ceannais le sé bliana anuas (ó 15 go 51 gnólacht), agus tháinig méadú de bhreis ar dheich ar luach cistí cosanta

¹³ Is próiseas deonach é an t-aistriú ceangaltas trína ndéantar sócmhainní, dliteanais agus gníomhaíochtaí uile comhair creidmheasa amháin nó níos mó a aistriú chuig comhar creidmheasa eile.

(go dtí thart ar €8 billiún ag deireadh 2023), agus tá seirbhísí á n-aistriú ar fud AE ó Éirinn.

Tríd an maoirseacht a rinne an Banc Ceannais ar an earnáil seo, sainathnódh réimse fairsing easnamh, agus leagadh béim orthu seo i [litir 'A POF, a chara'](#) a eisíodh in Eanáir 2023. Mar chuid dár n-idirchaidreamh leanúnach le gnólachtaí san earnáil seo, lena chinntiú go dtéitear i ngleic leis na heasnamh seo, chuir an Banc Ceannais de cheangal ar ghnólachtaí san earnáil go ndéanfaí iniúchadh neamhspleách ar a gcleachtais chosanta in 2023. Léiríodh sa mhéid seo riachtanas an Bhainc Ceannais go gcinnteoidh gnólachtaí go ndéanfar cistí úsáideoirí a shainaithint, a bhainistiú agus a chosaint ar bhonn leanúnach.

Árachas/Athárachas

Dírítear i maoirseacht rioscabhunaithe 2023 go háirithe ar athléimneacht airgeadais agus oibríochtúil gnólachtaí. I measc na réimsí ar leith ar díríodh orthu, bhí:

- toimhdí a fhorchoimeád i gcomhthéacs boilsciú 'níos airde ar feadh níos faide' agus cásanna ráta úis;
- rialachas agus frithghealladh in earnálacha nó i línte gnó a bhí faoi réir borradh suntasach nó athruithe ar phróifíl riosca; agus
- maoirseacht a dhéanamh ar chaidreamh ríthábhachtach seachfhoinsithe agus ar aibíocht chreataí athléimneachta oibríochtúla.

Treocht shuntasach amháin níos fadtéarmaí is ea digitiú seirbhísí airgeadais, digitiú an árachais san áireamh. Ina thaobh seo, foilsíodh aschur shuirbhé an Bhainc Ceannais ar dhigitiú i rith 2023.

Idirghabhálaithe Miondíola

Tá breis agus 2,600 gnólacht in earnáil na n-idirghabhálaithe miondíola, agus is príomhchainéal dáileacháin atá inti le haghaidh táirgí árachais, pinsean agus infheistíochtaí, agus morgáiste. Díríodh go príomha i maoirseacht an Bhainc Ceannais in 2023 ar an gcreat rialála a fhorbairt tríd an Straitéis Infheistíochta Miondíola agus trí athbhreithniú ar an gCód um Chosaint Tomhaltóirí. De bhreis air sin, thug an Banc Ceannais faoi athbhreithniú téamach ar chaighdeán ghairmiúla san earnáil go déanach in 2023¹⁴.

¹⁴ An Cód um Inniúlacht Íosta agus forálacha 'Aithne ar an Tomhaltóir' agus Oiriúnachta an Chóid um Chosaint Tomhaltóirí a chomhlíonadh.

An Treoir um Margaí in Ionstraimí Airgeadais - Gnólachtaí Infheistíochta

Lean an Banc Ceannais i rith 2023 dá bhéim mhaoirseachta a leagan ar athléimneacht oibríochtúil agus airgeadais i measc earnáil na ngnólachtaí infheistíochta, agus leagadh béim láidir ar sheachfhoinsíú rioscaí arna n-eascairt as spleáchas suntasach gnólachtaí infheistíochta áirithe ar sholáthraithe tríú páirtí nó ar sholáthraithe grúpsheirbhísí le haghaidh príomhghníomhaíochtaí. Dhírigh an bhéim mhaoirseachta maidir le riosca agus le hathléimneacht airgeadais ar rioscaí do shócmhainneacht agus do leachtacht mar gheall ar an ionchas éiginnte eacnamaíoch agus margaidh airgeadais agus ar bhoilsciú níos airde agus an timpeallacht rátaí úis, agus ar an tionchar ar an leibhéal rioscaí sochair, margaidh, leachtachta agus dúchasacha eile.

Ceann de na príomhábhair béime i rith 2023 ab ea an creat don Phróiseas Athbhreithnithe agus Meastóireachta Maoirseachta a chur i bhfeidhm do Ghnólachtaí Infheistíochta MiFID, tar éis an Rialachán um Ghnólachtaí Infheistíochta agus an Treoir um Ghnólachtaí Infheistíochta a chur i bhfeidhm.

Urrúis agus Margaí

Tá earnáil na gcistí infheistíochta in Éirinn mar phríomhthosaíocht maoirseachta i gcónaí ag an mBanc Ceannais i bhfianaise a méide agus a castachta. Lean maoirseacht na hearnála i rith 2023 ag díriú ar phríomhrioscaí táirge, cosúil le gearáil agus leachtacht. Lean an Banc Ceannais lena chur chuige i leith maoirseacht cistí a thabhairt chun cinn i rith 2023, trí leas a bhaint as sonraí agus trí bharr feabhais a chur ar ár dtuiscint ar rioscaí. Bhí idirchaidreamh maoirseachta le soláthraithe seirbhíse dírithe ar athléimneacht oibríochtúil agus airgeadais agus béim ar leith ar riosca TF/cibearshlándála agus ar mhaoirseacht ar shocruithe criticiúla seachfhoinsithe. Leanadh ag díriú, ina theannta sin, go príomha ar an Rialachán maidir le Nochtadh Airgeadais Inbhuanaithe a chur i bhfeidhm, agus tá rannpháirtíocht i gComhghníomhaíocht Mhaoirseachta chomhordaithe an Údaráis Eorpaigh um Urrúis agus Margaí ar bun go leanúnach. Foilsíodh [Litir Tionscail](#) chomh maith i mí na Nollag 2023 inar tugadh cuntas ar na torthaí agus ar na gníomhartha ionchasacha ón gComhghníomhaíocht Mhaoirseachta i dtaobh luacháil sócmhainní; i measc na dtátal, áiríodh róspleáchas ar nósanna imeachta grúpa agus easnaimh i nósanna imeachta áitiúla. Go hachomair, lean an t-idirchaidreamh maoirseachta ag díriú i rith 2023 ar a chinntiú go raibh cosaint infheisteoirí d'ardchaighdeán á soláthar ag earnáil na gcistí do bhonn infheisteoirí domhanda.

Rinneadh dul chun cinn láidir in 2023 chun córas aonair a fhorbairt in Éirinn do Chistí Eorpacha Infheistíochta Fadtéarmaí. D'fhreagair an Banc Ceannais go foirmiúil d'athbhreithniú na Roinne Airgeadais ar chomhairliúchán maidir le hearnáil na gcistí in Éirinn in 2023 agus táthar ag tnúth le hidirchaidreamh réamhghníomhach a dhéanamh leis na moltaí a eascróidh as an athbhreithniú seo.

Chomh maith leis sin, lean an Banc Ceannais de bheith ag díriú ar rioscaí iompair sa mhargadh mórdhíola. Meastar i gcónaí go mbíonn cásanna de mhí-iompar á spreagadh ag cultúr agus tá sé mar thosaíocht mhaoirseachta ag an mBanc Ceannais a chinntiú go gcuireann boird agus ardbhainistíocht gnólachtaí cultúr éifeachtach i bhfeidhm a bheidh dírithe ar iompar, agus a mbeidh creat éifeachtach um bainistíochta riosca iompair mar bhonn taca aige. I ndiaidh idirchaidreamh maoirseachta le linn na bliana, chuir an Banc Ceannais in iúl gur gá do ghnólachtaí níos mó a dhéanamh chun a chinntiú go leabaítear an cultúr go héifeachtach isteach ina n-oibríochtaí laethúla, agus go dtacaítear le socruithe rialachais agus le creataí rialaithe. Cuireadh [tátail](#) mhionsonraithe in iúl trí chumarsáid tionscail i Meitheamh 2023.

Bhí an riosca iompair a bhaineann le húsáid neamhúdraithe gléasanna gutháin agus cumarsáide leictreonaí, go háirithe i gcomhthéacs socruithe oibre hibridí, ina phríomhábhar imní don Bhanc Ceannais freisin. San idirchaidreamh maoirseachta i rith 2023, sainithníodh easnaimh i mbeartais agus nósanna imeachta, i bhfaireachán agus i dtástáil, i rialuithe agus in oiliúint a bhain le cumarsáid ghutháin agus leictreonach. Eisíodh [Cumarsáid Tionscail](#) i nDeireadh Fómhair 2023.


Rinneadh an chéad ionchúiseamh coiriúil i leith trádáil cos istigh in Éirinn in 2023, tar éis do Bhiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíoch imscrúdú a dhéanamh le tacaíocht ón mBanc Ceannais. Mar gheall ar obair théamach a rinne an Banc Ceannais roimhe seo, tá feabhas tagtha ar cháilíocht agus ar mhéid na dTuairiscí ar Idirbhearta agus ar Orduithe Amhrasacha a fuarthas, agus fuarthas an líon ba mhó díobh dá bharr (365). Tosaíodh le bogearraí nua faireachais ar an margadh a chur i bhfeidhm in 2023, lena bhfeabhsófar an cumas chun faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí trádála ó thaobh mí-úsáid amhrasta mhargaidh.

Údarú agus Rialú Rochtana ar Speisialtóirí

Tá an Banc Ceannais tiomanta go leanúnach do phróisis shoiléire oscailte thrédhearcacha údaraithe a chur ar fáil trí rannpháirtíocht ghníomhach chuiditheach a dhéanamh leis an tionscal agus le páirtithe leasmhara eile. Is í aidhm an Bhainc Ceannais gnólachtaí iarratasóra a údarú, ar bhealach tráthúil, a léiríonn gur féidir leo a n-oibleagáidí rialála a chomhlíonadh ag tráth an údaraithe agus i ndiaidh an údaraithe. I dtéarmaí na nuálaíochta sa chóras airgeadais, lena n-áirítear iontráil gnólachtaí nua agus samhlacha nua gnó, tá sé mar aidhm ag an mBanc Ceannais a chinntiú go saothrófar tairbhí na nuálaíochta agus na rioscaí a mhaolú ag an am céanna.

Thug an Banc Ceannais cobhsú faoi deara in 2023 ar iarratais nua i gcomparáid leis na hardleibhéil a fuarthas in 2022. Tá leibhéal méadaithe castachta ann go fóill, go príomha mar gheall ar nuálaíocht teicneolaíochta i samhlacha gnó de chuid gnólachtaí iarratasóra, ach go háirithe, eolas faoin earnáil íocaíochta agus ríomhairgid, a d'fhás go substainteach le roinnt blianta anuas.

Gníomhaíocht Údaraithe Gnólachtaí Rialáilte 2020-2023¹⁵



Cé go n-oibrítear na réimsí éagsúla údaraithe sa Bhanc Ceannais i gcomhthéacs ceanglais éagsúla reachtaíochta agus rialála, déantar na próisis mheasúnaithe uile ar fud an Bhainc Ceannais a chuíchóiriú – cuimsítear iontu idirchaidreamh luath réamhiarratais le hiarratasóirí

¹⁵ Áirítear slua-chistiú sna figiúirí do 2023 mar chineál nua údaraithe.

ionchasacha, tá siad trédhearcach sa mhéid go gcuirtear iarratasóirí ionchasacha ar an eolas maidir leis na caighdeáin riachtanacha le haghaidh údarú, agus cinntíonn siad nach n-údaráítear go cuí ach na gnólachtaí siúd amháin a shásaíonn na caighdeáin siúd. Ar aon dul lenár straitéis oscailte agus rannpháirteach, tháinig méadú ar rannpháirtíocht le gach saghas gnólacht iarratasóra agus lena n-ionadaithe trí fhoilseacháin éagsúla ar shuíomh gréasáin an Bhainc Ceannais ina leagtar amach ár n-ionchais i leith gnólachtaí rialáilte nó trí sheimineáir ghréasáin agus fóraim agus cruinnithe i bpearsa a sheoladh le gach páirtí atá rannpháirteach sa phróiseas údaraithe.

Fuarthas líon mór iarratas ar údarú cistí, agus údaraíodh 620 ciste le linn na bliana. Údaraíodh deich ngnólacht soláthraithe seirbhísí ciste in 2023 freisin. Rinneadh an méid seo anuas ar líon mór iarratas eile, cosúil le fógraí brainse, athruithe ar údarú, cistí infheistíochta malartaí a chlárú agus cúlghairmeacha ar údaruithe nó ar fhaomhadh. B'ard i gcónaí don phíblíne d'iarratais MiFID sa bhliain 2023, agus faomhadh ocht n-iarratas MiFID. Tá seo á dtabhairt chun cinn go fóill ag straitéisí Ghrúpa an Bhreathnaithe agus bhí leibhéal méadaithe spéise ann freisin in údarú ionaid trádála MiFID.

Is dlínse shuntasach í Éire maidir le faomhadh na réamheolairí a bhaineann le hurrúis a thairgtear don phobal nó a nglactar leo ar mhargadh rialáilte lena dtrádáil. Faomhadh 745 réamheolaire nua sa bhliain 2023 agus próiseáladh 55,791 comhdú iar-údaraithe freisin.

Lean an Banc Ceannais de mheasúnú a dhéanamh ar iarratais a rinne soláthraithe seirbhísí sócmhainní fíorúla in 2023, agus cláraíodh seacht ngnólacht bhreise. Cláraíodh 11 sholáthraí seirbhísí sócmhainní fíorúla, ar an iomlán, leis an mBanc Ceannais ag deireadh 2023. Déanann an Banc Ceannais maoirseacht ar na gnólachtaí seo chun críocha an Sciúradh Airgid agus Maoiniú na Sceimhlitheoireachta a Chomhrac agus chun na gcríoch sin amháin.

Rinne an Banc Ceannais údarú ar ghnólachtaí san earnáil slua-chistithe den chéad uair. D'údaraigh an Banc Ceannais cúigear soláthraithe seirbhísí slua-chistithe in 2023, iontrálaí amháin nua san áireamh go margadh na hÉireann. Chun castacht agus dúshláin na hearnála seo agus a samhlacha gnó gaolmhara a bhainistiú, rinne an Banc Ceannais idirchaidreamh iomadúil in 2023 le gnólachtaí ionchasacha i rith an phróisis iarratais agus d'éascaigh sé imeacht tiomnaithe for-rochtana tionscail.

Údaráíodh dhá ghnólacht árachais agus sé ghnólacht athárachais freisin in 2023. Anuas ar an idirchaidreamh maoirseachta príomha in 2023, rinne maoirseoirí idirchaidreamh ar líon ábhartha idirbheart a bhain le comhdhlúthú, athruithe ar straitéisí agus struchtúir gnólachtaí i rith na tréimhse.

Lean an phíblíne údaráithe iarratais d'Idirghabhálaithe Miondíola de bheith cobhsaí don chuid ba mhó den bhliain 2023, agus faomhadh 174 iarratas, ar an iomlán.

Forfheidhmiú

Treoirínte Nuashonraithe agus Comhdhlúite maidir leis an Nós Imeachta i dtaobh Smachtbhannaí Riaracháin

Achtaíodh Acht an Bhainc Ceannais (Creat Cuntasachta Aonair), 2023 in 2023 agus tionscnaíodh formhór na bhforálacha a bhain le forfheidhmiú in Aibreán 2023. Leis seo, cuireadh formhór de Nós Imeachta Smachtbhannaí Riaracháin an Bhainc Ceannais ar bhonn reachtúil den chéad uair agus díríodh go príomha ar a threoir reatha maidir leis an Nós Imeachta um Smachtbhannaí Riaracháin a nuashonrú i bhfoirm na dtreoirínte nua agus comhdhlúite.



Mar chuid den athbhreithniú, lorg an Banc Ceannais dearcthaí páirtithe leasmhara ar a chur chuige beartaithe agus d'eisigh sé páipéar comhairliúcháin i Meitheamh 2023. Tar éis breithniú cúramach a dhéanamh ar aighneachtaí a fuarthas, leasaigh an Banc Ceannais na treoirínte maidir leis an Nós Imeachta Smachtbhannaí Riaracháin (NISR) faoi mar ba chuí agus d'fhoilsigh sé [na treoirínte](#), sa mhullach ar ráiteas aiseolais an 13 Nollaig 2023.

Gníomhartha Forfheidhmiúcháin an Bhainc Ceannais

Rinne an Banc Ceannais iomardú agus fíneáil €192,500 a ghearradh ar GlobalReach Multi-Strategy ICAV i ngeall ar shárú ar Airteagal 9(1) den Rialachán maidir le Bonneagar Margaidh Eorpach mar gheall gur theip orthu 200,640 de thrádálacha díorthach a bhfochiste le taisclann trádála a thuairisciú. Tugtar chun solais sa chás seo an tábhacht a bhaineann le sonraí tráthúla cruinne i reachtaíocht earnála ar mhaithe le trédhearcacht agus le próisis agus le gníomhaíochtaí faireacháin ar an margadh. Rinne an Banc Ceannais údarú do cheathrar soláthraithe seirbhísí rialáilte airgeadais a chúlghairm freisin in 2023.

Fiosrúcháin

Leanadh in 2023 le trí fhiosrúchán faoi NISR an Bhainc Ceannais. Maidir leis an bhfiosrúchán a bhaineann le Irish Nationwide Building Society agus le duine dá lucht bainistíochta, tá na héisteachtaí fianaiseacha deiridh ó fhiosrúchán Irish Nationwide Building Society críochnaithe. Táthar ag fanacht le torthaí an fhiosrúcháin maidir leis an aon duine eile atá ann a bhíodh sa lucht bainistíochta.

Tá fiosrúchán a bhaineann le Permanent TSB PLC agus leis an Uasal David Guinane ar bun, agus tionóladh trí chruinniú bainistíochta fiosrúcháin (ceann amháin go príobháideach agus dhá cheann go poiblí) agus éisteacht phoiblí ar shaincheisteanna dlíthiúla in 2023.


Tá an fiosrúchán a bhaineann le duine a bhíodh sa lucht bainistíochta roimhe seo i soláthraí seirbhísí rialáilte airgeadais a thosaigh in 2022 ar bun agus tionóladh dhá chruinniú fiosrúcháin bainistíochta go príobháideach in 2023.

Tá sonraí iomlána faoi [thorthaí forfheidhmithe](#) an Bhainc Ceannais in 2023 agus faoi chásanna atá á bhfiosrú faoi láthair ar fáil ar shuíomh gréasáin an Bhainc Ceannais.

Feidhmiúlacht agus Cuibheas

D'fhoilsigh an Banc Ceannais in Aibreán 2023 “Na Rialacháin fán Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais, 2010 (Nósanna Imeachta lena Rialaítear Seoladh Imscrúduithe), 2023” sa mhullach ar [Feidhmiúlacht agus Cuibheas: Treoir maidir le hImscrúduithe, Fionraí agus Toirmisc](#) nuashonraithe ina léirítear go ginearálta leasuithe ar chóras feidhmiúlachta agus cuibhis de chineál níos teicniúla a theastaíonn maidir leis an gCreat Cuntasachta Aonair.

Iarratais Feidhmiúlachta agus Cuibhis de réir Stádais



Soláthraithe Neamhúdaraith

D'fhoilsigh an Banc Ceannais 136 fógra rabhaidh maidir le gnólachtaí neamhúdaraith in 2023. Is ionann é seo agus méadú 23% bliain ar bhliain. Lean an Banc Ceannais chomh maith le hidirchaidreamh dlúth a dhéanamh le gníomhaireachtaí forfheidhmithe choiriúil, an Garda Síochána san áireamh, maidir le gníomhaíocht neamhúdaraith. Tá clónáil ar ghnólachtaí dlisteanacha, gnólachtaí infheistíochta ach go háirithe, agus úsáid cáipéisí bréagacha réamheolaire infheistíochta ar an gcineál calaoise is ilghníomhaí i gcónaí.

Nochtadh Cosanta

Molann an Banc Ceannais do dhaoine aonair ábhair imní nó eolas a thabhairt ar aird maidir le héagóir amhrasta rialála i seirbhísí airgeadais. Fuair an Banc Ceannais 224 nochtadh cosanta den sórt sin i rith 2023 (245 in 2022). Tá ról tábhachtach ag córas nochta cosanta i dtaobh ardchaighdeáin a chur chun cinn laistigh de ghnólachtaí rialáilte agus cabhraíonn sé le tionchar dearfach a imirt ar iompar. D'eascair maoirseacht ní b'fhearr, cláir mhaolaithe riosca, cigireachtaí, fógra rabhaidh agus gníomhaíochtaí forfheidhmithe as nochtadh cosanta in 2023. I ndiaidh thosach feidhme an Achta um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022 an 1 Eanáir 2023, ceanglaítear anois ar ghnólachtaí a fhorálacha a chomhlíonadh.

Smachtbhannaí Airgeadais

Is é an Banc Ceannais an t-údarás inniúil in Éirinn i leith smachtbhannaí spriocdhírith airgeadais a riar. Tríd an ról atá ag an mBanc Ceannais, thacaigh sé le riar smachtbhannaí AE a cuireadh i bhfeidhm de dheasca chogadh na Rúise san Úcráin. Fuair an Banc Ceannais 72 iarratas ar mhaolú i rith 2023 ar údaráid 26 ceann díobh agus a bhfuil measúnú á dhéanamh go fóill ar dheich gcinn. D'aistarraing an t-iarratasóir 32 iarratas breise tar éis idirchaidreamh a dhéanamh leis an mBanc Ceannais agus diúltaíodh nó caitheadh amach na ceithre cinn eile. De bhreis air sin, thacaigh an Banc Ceannais le daoine aonair agus le haonáin maidir le cur i bhfeidhm smachtbhannaí airgeadais AE trí fhreagra a thabhairt ar 214 iarraidh ar threoir.

Frithsciúradh Airgid agus Maoiniú na Sceimhlitheoireachta a Chomhrac (AML/CFT)

Lean an Banc Ceannais lena chur chuige i leith maoirseacht AML/CFT a fheabhsú agus a thabhairt chun cinn i rith 2023. Leis an maoirseacht ar ghnólachtaí chun cuspóirí AML/CFT, leanadh de bheith ag díriú ar a

chinntiú go raibh creataí cuí éifeachtacha rialaithe i bhfeidhm chun riosca a íoslaghdú agus chun a chinntiú go gcomhlíonfadh gnólachtaí a n-oibleagáidí reachtaíochta faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta), 2010. Ina thaobh sin, áirítear ar na réimsí a chlúdaítear creataí measúnaithe riosca, rialachas, faireachán ar idirbhearta, dícheall cuí i leith custaiméirí, agus idirbhearta amhrasacha a thuairisciú.

De bhreis air sin, d'oibrigh an Banc Ceannais go dlúth leis an nGarda Síochána, leis an Biúró um Shócmhainní Coiriúla agus le húdaráis eile inniúla ábhartha sa chomhrac intíre agus domhanda in aghaidh sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta, lena n-áirítear trína ghníomhaíochtaí mar bhall de thoscaireacht na hÉireann leis an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais (TGA).

Clár Frithsciúrtha Airgid

Clár Thaisceadáin agus Chuntais Bhainc agus Íocaíochtaí na hÉireann

Bhunaigh an Banc Ceannais Clár Thaisceadáin agus Chuntais Bhainc agus Íocaíochtaí na hÉireann i bhFeabhra 2023. Sa chlár seo, tá taifead ar an sealbhóir cuntais, ar an úinéir tairbhiúil agus ar an duine a mhaíonn go ngníomhóidh siad (mar is infheidhme) maidir le breis agus 23m cuntas IBAN agus taisceadán ó 200 institiúid chreidmheasa in Éirinn. Níl teacht díreach ar an gclár ach ag gníomhaireachtaí forordaithe forfheidhmithe dlí.

Clár Úinéireachta Tairbhiúla d'Fheithiclí Airgeadais Áirithe

Phróiseáil an Banc Ceannais 1,218 iarraidh in 2023 chun teacht ar an gClár Úinéireachta Tairbhiúla d'Fheithiclí Airgeadais Áirithe a rinne daoine ainmnithe. Tá sé i measc trí chlár úinéireachta tairbhiúla sa stát agus sainaithnítear ann úinéirí agus/nó rialaitheoirí deiridh comhfheithiclí bainistíochta sócmhainní, comhar creidmheasa, iontaobhais aonaid, comhpháirtíochtaí teoranta infheistíochta agus comhchistí conarthacha Éireannacha. Príomhathrú a d'eascair as reachtaíocht intíre a bhí i dtairseach leasa dhlisteanáigh a thabhairt isteach i dtaobh rochtain phoiblí ar an gclár agus, i gcomhthéacs Eorpach, rinne cláraitheoirí úinéireachta tairbhiúla iarrachtaí a thabhairt chun cinn go gníomhach lena chumasú na cláir siúd a idircheangal amach anseo i measc bhallstáit AE trí Chóras Idircheangail na gClár Úinéireachta Tairbhiúla.

Píblíne Bheartais agus Reachtaíochta

Creat Cuntasachta Aonair

Tar éis gur achtaíodh Bille an Bhainc Ceannais (Creat Cuntasachta Aonair), 2022 an 9 Márta 2023, sheol an Banc Ceannais comhairliúchán trí mhí ar phríomhghnéithe chur i bhfeidhm an Chreata Cuntasachta Aonair (CCA), foilsíú dréachtrialachán agus treorach san áireamh. Leagadh an bonn i bPáipéar Comhairliúcháin 153 faoi idirchaidreamh suntasach agus cuiditheach leis an tionscal ar bheartais agus ar chur i bhfeidhm beartaithe. D'fhoilsigh an Banc Ceannais [ráiteas aiseolais](#) an 16 Samhain 2023 agus d'eisigh sé rialacháin agus treoir do ghnólachtaí ar an gCreat Cuntasachta Aonair. Cuirtear soiléireacht ar fáil sa treoir i dtaca le hionchais an Bhainc Ceannais maidir le trí ghné den chreat a chur i bhfeidhm: an Creat Cuntasachta Feidhmiúcháin Shinsearaigh, na caighdeáin iompair agus gnéithe áirithe de na feabhsúcháin ar an gcóras feidhmiúlachta agus cuibhis.



Athbhreithniú ar an gCód um Chosaint Tomhaltóirí

Tar éis an Plépháipéar ar an Athbhreithniú ar an gCód um Chosaint Tomhaltóirí a fhoilsiú i nDeireadh Fómhair 2022, thug an Banc Ceannais faoi chlár forleathan rannpháirtíochta sé mhí in 2023 i measc ár bpáirtithe leasmhara go léir lenár dtuiscint a dhoimhniú ar na saincheistean tábachtacha cosanta tomhaltóirí a dtugtar cuntas orthu sa pháipéar. Foilsíodh in Iúil 2023 [Nuashonrú Rannpháirtíochta](#) ina dtugtar cuntas ar aiseolas ó pháirtithe leasmhara i rith na tréimhse rannpháirtíochta agus ar cad a bheadh sna chéad chéimeanna eile.



Is é cuspóir an athbhreithnithe Cód um Chosaint Tomhaltóirí nuashonraithe agus nuachóirithe a sholáthar ina léirítear forbairtí le blianta beaga anuas agus na seirbhísí agus na cainéil soláthair atá á rochtain sa lá atá inniu ann. Foilsíodh páipéar comhairliúcháin in 2024, a raibh dearthaí páirtithe leasmhara, agus taighde agus anailís mar bhonn eolais dó, ina leagtar amach na hathruithe a bheartaítear faoin athbhreithniú.

Maoiniú agus Soláthar Foirne: Rialáil agus Maoirseacht

Maoiniú Rialála agus Maoirseachta

Tá straitéis maoinithe an Bhainc Ceannais ag athrú agus ag forbairt i gcónaí, ar bhonn céimnithe, i dtreo costas iomlán gníomhaíochtaí rialála agus maoirseachta airgeadais a aisghabháil ón tionscal. Gach bliain, déanann an Banc Ceannais rialacháin lena gceanglaítear ar ghnólachtaí rialáilte tobhach cistithe a íoc leis an mBanc Ceannais i ndáil lena chuid gníomhaíochtaí rialála agus maoirseachta airgeadais. Sna rialacháin seo, leagtar amach an bonn ar a gcuirtear i bhfeidhm tobhaigh ar aonáin a rialaítear ar bhonn aonair laistigh de gach catagóir maoinithe, agus bíonn éifeacht leo tar éis don Aire Airgeadais iad a fhormheas.

Cuimsítear sa cheanglas bliantúil maoinithe an costas a bhaineann le rialáil agus maoirseacht airgeadais, na rátaí aisghabhála costais arna bhfaomhadh ag an Aire Airgeadais agus coigeartuithe do mhíreanna lena n-áirítear iarmhéideanna nó ioncam iarchurtha ó bhlianta roimhe sin.


Déanann an Banc Ceannais athbhreithniú leanúnach ar phróiseas na dtobhach lena chinntiú go mbíonn sé cuí de réir mar a fhorbraíonn an tionscal seirbhísí airgeadais agus go bhfuil sé chomh héifeachtach agus is féidir. Bíonn rannpháirtíocht leanúnach i gceist le comhlachtaí ionadaíocha an tionscail maidir le forbairtí a bhaineann le cúrsaí maoinithe agus tabharfar faoi chomhairliúchán i gcás ina molfar athruithe ábhartha.

Thosaigh an Banc Ceannais athbhreithniú ar a straitéis tobhach níos fadtéarmaí. Déantar seo le breithniú a dhéanamh ar cibé acu an dteastaíonn nó nach dteastaíonn, agus ar a mhéid a theastaíonn, athruithe ar mhodheolaíocht agus ar chur chuige, ag féachaint d'fhorbairt na hearnála seirbhísí airgeadais agus do chur chuige an Bhainc Ceannais i leith na rialála agus na maoirseachta. Píosa sách mór oibre é seo agus beartaíonn an Banc Ceannais idirchaidreamh poiblí a dhéanamh ar aon tograí suntasacha a eascraíonn as a obair sa réimse seo sula ndéanfar athruithe (más ann dóibh) a chur i bhfeidhm.

Soláthar Foirne i Rialáil agus Maoirseacht

Bhí coibhéis comhionann le 1,012.3 ball foirne lánaimseartha ann ag deireadh mhí na Nollag 2023 a raibh baint acu le gníomhaíochtaí rialála, aníos ó 981.4 i mí na Nollag 2022. Bhí an méadú seo inchurtha go príomha d'athrú deonach foirne agus rátaí iarratais ní b'airde iarrthóirí i gcaitheamh na tréimhse. Chobhsaigh an t-éileamh in 2023 ar thallann

riosca agus rialála i ndiaidh an Bhreathnaithe agus d'fhill soláthar acmhainní ar leibhéal 2020. Bhí tosca eile sa mhargadh saothair, lena n-áirítear iomarcaíochtaí san earnáil teicneolaíochta agus comhdhlúthú na baincéireachta miondíola, ina mbun leis an méadú ar an soláthar tallainne ríthábhachtaí. Rinne an Banc Ceannais 'Eispéireas an Bhainc Ceannais' a chur chun cinn go réamhghníomhach ar fud na gcainéal agus na bhfeachtas agus mhúscaíl sé feachtas ar ár dtogra luacha fostóra i measc iarrthóirí féideartha. Chuir seo ar chumas an Bhainc Ceannais foireann ríthábhachtach a mhealladh agus a choimeád chun tacú lenár sainordú a bhaint amach agus lenár Straitéis a chur i bhfeidhm. Ba é 3.9% an meánráta athraithe foirne dheonaigh i réimse na rialála agus na maoirseachta ag deireadh 2023 i gcomparáid le 8.9% ag deireadh 2022.



Grúpa Comhairleach Tomhaltóirí

Is painéal comhairleach reachtúil é an Grúpa Comhairleach Tomhaltóirí (GCT) a bunaíodh faoin Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais, 2010, a sholáthraíonn comhairle don Bhanc Ceannais ar fheidhmíocht a fheidhmeanna agus ar chleachtadh a chumhachtaí maidir le tomhaltóirí seirbhísí airgeadais. Chas GCT ar a chéile cúig huaire in 2023 agus lorgaíodh a ionchur maidir le roinnt saincheisteanna tábhachtacha straitéiseacha, an méid seo a leanas ina measc:

- An t-athbhreithniú ar an gCód um Chosaint Tomhaltóirí.
- An Creat Cuntasachta Aonair (CCA) agus a impleachtaí don mhargadh.
- Riaráistí morgáiste, go háirithe i gcomhthéacs rátaí úis atá ag dul in airde.

- An Straitéis Rannpháirteachais le Páirtithe Leasmhara.
- Cibir-riosca, agus neartú athléimneacht oibríochtúil gnólachtaí a phléann go díreach le custaiméirí in Éirinn.
- Oideachas agus litearthacht airgeadais.

Athbhreithnithe Piaráí Idirnáisiúnta¹⁶

Foráiltear in Alt 32M d'Acht an Bhainc Cheannais, 1942 go ndéanfaidh an Banc Ceannais socruithe cuí gach ceithre bliana do bhanc ceannais náisiúnta eile, nó do dhuine nó do chomhlacht eile a dheimhníonn an Gobharnóir, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire, chun tabhairt faoi athbhreithniú ar fheidhmiú fheidhmeanna rialála an Bhainc Ceannais.



Tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Airgeadais in 2023, faoi mar a cheanglaítear, d'iarr an Banc Ceannais ar an Lónra Idirnáisiúnta Rialtóirí Comhar Creidmheasa (ICURN) chun tabhairt faoi athbhreithniú piaraí ar fheidhmeanna rialála an Bhainc Ceannais maidir le comhair chreidmheasa. Ba iad Prionsabail Threoracha ICURN um Maoirseacht Stuaamachta Éifeachtach ar Chomharinstitiúidí Airgeadais agus um Dhea-Chleachtas Rialachas Comhair Airgeadais an bonn don athbhreithniú piaraí. Measadh san athbhreithniú piaraí gur chomhlíon an Banc Ceannais 21 de na 23 prionsabal treorach agus Dea-Chleachtas amháin (a bhaineann le rialachas) agus gur chomhlíon sé, go mór mór, an dá Phrionsabal Threoracha eile.

Rinneadh moltaí sa tuarascáil freisin ar féidir leis an mBanc Ceannais breithniú a dhéanamh orthu le feabhas a chur ar a fheidhmíocht mar rialtóir éifeachtach. Aontaíonn an Banc Ceannais tríd is tríd leis na torthaí atá i dTuarascáil an Athbhreithnithe Piaráí.

Athbhreithnithe Piaráí an Údaráis Eorpaigh um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC)

Foilsíodh athbhreithniú piaraí ar [mhaoirseacht agus rialachas táirgí \(MRT\)](#) an 20 Iúil 2023.

Rinneadh measúnú san athbhreithniú piaraí seo, an chéad cheann i réimse na maoirseachta ar sheoladh gnó, ar aibíocht fhoriomlán an chreata maoirseachta ar MRT a d'fhorbair Údaráis Inniúla Náisiúnta le

¹⁶ Pléitear sa chuid seo den tuarascáil na ceanglais tuairiscithe don Ráiteas Feidhmíochta Bliantúil faoi Alt 32L(2)(c) d'Acht an Bhainc Cheannais, 1942 (arna leasú).

maoirseacht a dhéanamh ar riachtanais MRT a chur i bhfeidhm ag déantúsóirí árachais.

Tugtar cuntas sa tuarascáil deiridh ar an athbhreithniú piaraí ar na gníomhartha molta (110 ar an iomlán) arna n-eisiúint do na 30 údarás inniúil náisiúnta rannpháirteach, a leagann béim ar na príomhthorthaí agus na príomhréimsí le haghaidh feabhsú. Bhain an Banc Ceannais an rátáil ab airde a bhí ar fáil ón ÚEÁPC amach agus bhí sé ar cheann de na sé údarás inniúla náisiúnta nach raibh ach gníomh molta amháin acu; bhain seo le maoirseacht ar tháirgí a chur in iúl agus le hionchais maoirseachta rialachais ar tháirgí infheistíochta árachasbhunaithe. Ar an iomlán, tugadh faoi deara go raibh próisis fhoirmiúla mhaoirseachta ag an mBanc Ceannais lena chinntiú gur leor an mhaoirseacht agus an rialachas táirgí agus go bhfuil réimse fairsing gníomhaíochtaí maoirseachta ar fáil lena n-úsáid acu, agus fianaise ina leith, chun na socrúithe siúd a sheiceáil agus a dheimhniú.

Feidhmiú Ordúil, Cuí na Margaí Airgeadais¹⁷

Réamhrá

I bhfeidhmiú a fheidhmeanna agus a chumhachtaí, ceanglaítear ar an mBanc Ceannais amhlaidh a dhéanamh ar bhealach atá comhsheasmhach le feidhmiú ordúil, cuí na margaí airgeadais.

I bhformhór obair laethúil an Bhainc Ceannais, cuirtear leis an gcuspóir seo, lena n-áirítear formhaoirsiú ar an gcóras airgeadais, a chuimsíonn údarú, maoirseacht, forfheidhmiú agus réiteach. Is é cuspóir na míre seo díriú ar thionscnaimh ar leith faoinar tugadh i gcaitheamh 2023 agus cuntas a thabhairt ar conas atá siad comhsheasmhach le feidhmiú ordúil cuí na margaí airgeadais.

Córas Dea-Fheidhmiúil Athléimneach

Leanann an córas airgeadais de ról lárnach a bheith aige i ngeilleagar na hÉireann. Léirítear scála na seirbhísí airgeadais le soláthar breis agus 7.9m cuntas reatha agus 8.7m polasaí árachais agus le próiseáil thart ar 3.5bn idirbheart íocaíochta gach bliain (bhí luach iomlán €10.4tn orthu in 2022). Tá an geilleagar maoinithe ag institiúidí creidmheasa, a sholáthair creidmheas €101bn do theaghlaigh agus creidmheas €18bn d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, agus measadh gurbh ionann iasachtú neamhbhainc le fiontair bheaga agus mheánmhéide agus €4bn in 2020.

Ar leibhéal ar fud an chórais, díríonn an Banc Ceannais i gcónaí ar a chinntiú gur féidir leis an gcóras airgeadais seirbhísí a sholáthar do theaghlaigh agus do ghnólachtaí, i dtréimhsí maithe agus drochthréimhsí araon.¹⁸ Go deimhin, i gcaitheamh 2023, agus in ainneoin an mhéadaithe ghéir ar rátaí úis agus impleachtaí gaolmhara do phraghsanna sócmhainne agus gníomhaíocht gheilleagrach, níor cuireadh isteach ar an soláthar seirbhísí airgeadais do theaghlaigh agus do ghnólachtaí in

¹⁷ Pléitear sa chuid seo den tuarascáil na ceanglais tuairiscithe don Ráiteas Feidhmíochta Bliantúil faoi Alt 32L(2)(b) d'Acht an Bhainc Cheannais, 1942 (arna leasú), faoi mar ar chuir Moltaí an Athbhreithnithe Baincéireachta Miondíola (2022) leis.

¹⁸ Leagtar amach i mbeartas macrastuamachta an Bhainc Ceannais an straitéis chun ionstraimí an bheartais macrastuamachta a chur i bhfeidhm chun an aidhm seo a bhaint amach. Chun teacht ar bhreis sonraí, féach anseo: <https://www.centralbank.ie/financial-system/financial-stability/macro-prudential-policy>

Éirinn, rud a léiríonn na sochair a chruthaíonn an athléimneacht atá imithe i dtreis le deich mbliana anuas.

D'fhógair an Banc Ceannais i Meitheamh 2023 go ndéanfaí an maolán caipitil fritimthriallach do bhainc a mhéadú ó 1.0% go 1.5% - le héifeacht ó Mheitheamh 2024. Thit sé seo amach tar éis don Bhanc Ceannais breithniú a dhéanamh ar an gcothromaíocht idir na tairbhí maicreacnamaíocha agus costais leibhéil éagsúla chaipitil do chóras baincéireachta na hÉireann. Ghlac an measúnú seo le cur chuige iomlánaíoch i leith caipiteal bainc, lenar áiríodh breithniú ar an idirghníomhú idir maoláin chaipitiúla mhacrastuamachta agus gnéithe eile an chreata caipitil bainc, ar nós ualaí riosca. Ní dhéantar ráta an mhaoláin fhritimthriallaigh caipitil 1.5% a chalabhrú lena chinntiú go bhfuil an earnáil baincéireachta athléimneach i leith an tsuaite uile fhéideartha. Ní bheadh cur chuige a raibh mar chuspóir aige “athléimneacht ar ais nó ar éigean” a chinntiú optamach ó thaobh peirspictíocht ar fud an gheilleagair, mar gheall nach léireofaí ann an tábhacht a bhaineann le sreabhadh inbhuanaithe d'iasachtú bainc leis an bhfíorgheilleagar.

Thug an Banc Ceannais bearta macrastuamachta do chistí réadmhaoine isteach i Samhain 2022. Tá mar chuspóir ag na bearta athléimneacht foirme mhéadaitheach d'idirghabháil airgeadais a chosaint chun gur fearr is féidir le cistí réadmhaoine aghaidh a thabhairt ar dhrochshuaitheadh amach anseo – seachas cur leo. Cuirfidh sé seo le cumas na hearnála, ar a uain sin, leanúint de bheith ag feidhmiú mar fhoinse inbhuanaithe infheistíochta i ngníomhaíocht eacnamaíoch, a sholáthróidh éagsúlacht níos fearr de mhaoiniú, anuas ar fhoinsí traidisiúnta cosúil le hiasachtú bainc.

Uirlis thábhachtach mhacrastuamachta eile a cuireadh chun feidhme chun buntacú le hathléimneacht banc agus iasachtaithe is ea bearta morgáiste an Bhainc Ceannais. Tá de chuspóir acu cobhsaíocht níos fairsinge sa chóras airgeadais agus feidhmiú ordúil cuí an mhargaidh morgáistí a chothú. Fógraíodh athchalabhrú spriocdhírithe na mbeart go déanach in 2022 i ndiaidh athbhreithniú cuimsitheach,¹⁹ agus tháinig na hathruithe seo i bhfeidhm an 1 Eanáir 2023. Bhrath an t-athbhreithniú agus an toradh ar mheasúnú a dhéanamh ar conas a tháinig na tairbhí agus na costais chun cinn ó 2015, nuair a tugadh na bearta isteach i

¹⁹ <https://www.centralbank.ie/financial-system/financial-stability/macro-prudential-policy/mortgage-measures/mortgage-measures-framework-review-public-engagement>

dtosach. Tá tairbhí eacnamaíocha na mbeart morgáiste fadtéarmach i dtaobh cineáil, agus oibríonn costais ghearrthéarmacha go príomha trí éifeachtaí sealadacha, den chuid is mó, ar ídiú agus ar ghníomhaíocht eacnamaíoch. Tugadh le fios in anailís an Bhainc Ceannais, cé go bhfuil tairbhí eacnamaíocha na mbeart substainteach i gcónaí, gur tháinig méadú de réir a chéile ar roinnt de na costais freisin ó 2015. Mheas an Banc Ceannais, ar an ábhar sin, ag deireadh 2022 gur féidir le hathchalabhrú spriocdhírith ar na bearta roinnt de chostais na mbeart a fhuascailt, gan a dtairbhí a laghdú go míchuí. Cuireadh an creat seo i bhfeidhm in 2023.

Gnólachtaí Dea-Riartha agus Margáí Ordúla

Faoi mar a leagtar amach i míreanna eile sa tuarascáil seo, oibríonn an Banc Ceannais lena chinntiú go bhfuil acmhainn leordhóthanach airgeadais ag gnólachtaí chun tacú leis an ngeilleagar ar bhealach inbhuanaithe, agus cruthaítear, leis sin, athléimneacht airgeadais ar leibhéal an ghnólachta in aghaidh suaitheadh amach anseo. Díríodh freisin i ngníomhaíochtaí rialála agus maoirseachta an Bhainc Ceannais i rith 2023 ar ardchaighdeán rialachais agus bainistíochta riosca a chinntiú laistigh de ghnólachtaí ina gcuirtear an cultúr ceart chun cinn. Gné bhunriachtanach de ghnólachtaí dea-riartha is ea rialachas fónta lena mbaineann cuntasacht agus freagrachtaí soiléire, agus ina gcomhlíonann daoine aonair atá ag obair i ngnólachtaí na caighdeán chuí iompair.

Príomhbheart rialála chun seo a bhaint amach is ea Creat Cuntasachta Aonair an Bhainc Ceannais. Tháinig Acht an Bhainc Ceannais (Creat Cuntasachta Aonair), 2023 i bhfeidhm in 2023, agus chuir an Banc Ceannais dhá phróiseas comhairliúcháin phoiblí i gcrích a bhain le cur i bhfeidhm an chreata. Aithníonn an Banc Ceannais go bhfuil dúshlán agus deiseanna ann do rialtóirí agus do ghnólachtaí araon i dtaobh an Creat Cuntasachta Aonair nua a chur i bhfeidhm, agus leanann a chur chuige ina leith de bheith bunaithe go daingean ar thiomantas an Bhainc Ceannais do rialáil ardchaighdeán. Chun go ndéanfar na tairbhí seo a fhíorú go hiomlán, tá se tábhachtach nach dtugtar faoin gCreat a chur i bhfeidhm mar chleachtadh ar mhaithe le comhlíonadh dealraitheach a bhaint amach ach, ina ionad sin, go ndéantar é a inmheánú i measc chultúr, chur chuige agus chleachtais gnólachtaí. Déanfar athbhreithniú ar an gCreat Cuntasachta Aonair trí bliana i ndiaidh an chur i bhfeidhm agus déanfar measúnú ann, i measc rudaí eile, ar conas atá na tairbhí

agus na costais á mbaint i gcleachtas, agus cibé acu ar cheart nó nár cheart aon athruithe a thabhairt isteach.

Tá baint freisin ag margaí dea-fheidhmiúla airgeadais le sreabhadh ordúil iontrálaithe agus imeachtaí nua go dtí agus ón margadh. Tugann an Banc Ceannais údaruithe nua do ghnólachtaí bunaithe ar mheasúnuithe daingne agus comhréireacha lena chinntiú go sásaíonn gnólachtaí ár n-ionchais ag tráth an údaráithe agus tar éis an údaráithe. Tá an Banc Ceannais tiomanta do phróiseas údaráithe soiléir, trédhearcach agus intuatha a sholáthar agus measúnú dian á chinntiú i gcomhthráth ar chumas iarratasóirí caighdeáin rialála infheidhme a bhaint amach. Chun tacú leis seo, ar bhonn leathbhliantúil, foilsíonn an Banc Ceannais Tuairisc Feidhmíochta Caighdeáin Seirbhíse Rialála, a dhéanfar a fhairsingiú go luath le tuairisciú níos mionsonraithe.

Is féidir le nuálaíocht ó iontrálaithe nua margaidh agus ó bhaill den mhargadh faoi láthair tairbhí a chruthú do thomhaltóirí agus don gheilleagar. Aithníonn an Banc Ceannais ról na nuálaíochta i dtaobh feabhas a chur ar fheidhmiú margaí trí éifeachtúlachtaí méadaithe a thabhairt chun cinn agus an rogha atá ag custaiméirí a fhairsingiú. Leanann Mol Nuálaíochta an Bhainc Ceannais ag glacadh le ról tábhachtach i dtaobh na tairbhí seo a chothú, fad a bhí gníomhaíochtaí rialála agus maoirseachta an Bhainc Ceannais i rith 2023 ag díriú ar a chinntiú go raibh rioscaí gaolmhara á maolú ag gnólachtaí – mar ní féidir le custaiméirí tairbhe iomlán a bhaint as na deiseanna mura mbíonn na rioscaí seo á mbainistiú.

D'fhoilsigh an Banc Ceannais páipéar comhairliúcháin in 2023 dar theideal '[Cur Chuige an Bhainc Ceannais i leith rannpháirtíocht nuálaíochta i seirbhísí airgeadais](#)', ina leagtar amach dhá phríomhthogra le feabhas a chur ar a chur chuige sa réimse seo. Beartaíodh, ar an gcéad dul síos, sa pháipéar feabhas a chur ar Mhol Nuálaíochta an Bhainc Ceannais le rannpháirtíocht níos doimhne, níos soiléire agus níos feasaí leis an éiceachóras nuálach a sholáthar. Bhain an dara togra le Clár Bosca Gainimh Nuálaíochta a bhunú, a chuirfidh eolas ar fáil, trí ghlacadh le cur chuige téamach, do thionscnaimh nuálacha áirithe a bhfuil céim luath forbartha bainte amach acu trí chomhairle agus tacaíocht rialála a sholáthar laistigh den chlár. Measann an Banc Ceannais gur féidir rannpháirtíocht nuálaithe a fheabhsú agus tairbhí na nuálaíochta a chothú do thomhaltóirí agus don gheilleagar ar bhealach a

mhaolaíonn rioscaí gaolmhara trí Chlár Bosca Gainimh Nuálaíochta a thabhairt isteach.

I dtaobh an margadh a fhágáil, bhí obair an Bhainc Ceannais ar mhaoirsiú imeacht Bhanc Uladh agus Bhanc KBC i rith 2023 dírithe ar a chinntiú gur bhainistigh an tionscal an próiseas ar bhealach ordúil ar bhonn gnólachta ar leith agus ar bhonn comhpháirteach.

Cosaint Thomhaltóirí a Fheabhsú

Tá tuiscint an-mhaith ag an mBanc Ceannais ar na dúshláin agus na brúnna atá ag bagairt ar iasachtaithe le blianta beaga anuas mar gheall ar an gcostas maireachtála atá ag dul in airde agus de bharr rátaí úis níos airde de réir mar a dhíríonn an beartas airgeadaíochta i gcónaí ar bhoilsciú a laghdú anuas go dtí spriocleibhéal 2%.

Dírítear in obair mhaoirseachta an Bhainc Ceannais sa réimse seo ar gach iasachtaí ar fud an chórais a chosaint, agus béim ar leith ar conas a thacaíonn gnólachtaí le hiasachtaithe chun na dúshláin a chruthaíonn an timpeallacht eacnamaíoch reatha (lena n-áirítear saincheisteanna a bhaineann le hinacmhainneacht i measc roinnt iasachtaithe) a shárú. D'fhoilsigh an Banc Ceannais [an toradh ar an gcéim tosaigh den obair seo](#) in Aibreán 2023, inar deimhníodh go bhfuil ar shárchumas an chreata rialála soláthar a dhéanamh do thomhaltóirí, má chuirtear i bhfeidhm i gceart é. Shainaithin an Banc Ceannais gá, trí obair a rinneadh ina dhiaidh sin, le comhordú breise tionscail agus leag sé ionchais shoiléire de chuid an Bhainc Ceannais amach don tionscal ina leith seo.

In obair an Bhainc Ceannais ar phraghsáil dhifreálach, díríodh go lárnach ar thorthaí dearfacha do thomhaltóirí a chur chun cinn. Thug an Banc Ceannais riachtanais nua isteach in 2022 do ghnólachtaí árachais agus d'idirghabhálaithe árachais, toirmeasc ar phraghaschéimniú san áireamh. Rinneadh athbhreithniú domhain ar na bearta seo ó thaobh cur i bhfeidhm de, foilsíodh [tuarascáil tionchair](#) ar an gcóras nua praghsála difreálaí ina leith sin an 20 Nollaig 2023. Deimhníodh san athbhreithniú go bhfuil rialacháin nua an Bhainc Ceannais ag oibriú mar a beartaíodh agus nár eascair iarmhairtí neamhbheartaithe astu i dtaobh fheidhmiú an mhargaidh. Níl pionós dílseachta á íoc ag formhór na gcustaiméirí a leanann de bheith ina gcustaiméirí lena soláthraí reatha árachais, faoi mar a bhíodh i gceist agus tugtar an deis dóibh go fóill préimh ar a bhfuil praghas níos fearr a fháil trí sholáthraí a aistriú.


Tosaíodh le hathbhreithniú an Bhainc Ceannais ar an gCód um Chosaint Tomhaltóirí trí [Phlépháipéar](#) a fhoilsiú i nDeireadh Fómhair 2022.

Príomhthéama sa pháipéar a bhí in “Fáil agus Rogha - Feidhmiú Éifeachtach an Mhargaidh” – inar thug an Banc Ceannais cuntas ar ról na rialála ardchaighdeáin, riachtanais um chosaint tomhaltóirí san áireamh, ar gnéithe tábhachtacha iad don iontaoibh agus don mhuinín sa chóras airgeadais agus do mhargadh dea-fheidhmiúil. Cruthaíodh ionchur agus aiseolas léargasach agus éagsúil sa phlépháipéar, a chuireann le tuiscint an Bhainc Ceannais ar na saincheistanna atá os comhair an tionscail agus na dtomhaltóirí. Príomhionchur i mbreithnithe beartais agus i dtaighde agus in anailís a bhí ann agus bhí sé mar bhonn eolais do chomhairliúchán an Bhainc Ceannais i dtaobh buntacú le feidhmiú éifeachtach an mhargaidh. Cuirtear leis seo trí bhíthin an idirchaidrimh le nuálaithe trí Mhol Nuálaíochta an Bhainc Ceannais, a bhfuil d’aidhm aige fáil agus rogha níos mó ar sholáthraithe agus ar tháirgí araon a éascú ar an mbunús go ndéantar príomhrioscaí a mhaolú. Faoi mar a luaitear thuas, tacóidh comhairliúchán an Bhainc Ceannais ar thogra bosca gainimh nuálaíochta nua le fáil agus le rogha.

Bíonn idirchaidreamh gníomhach ar siúl ag an mBanc Ceannais chun tionchar a imirt ar fhorbairt beartais idirnáisiúnta, laistigh den Aontas Eorpach agus ar leibhéal domhanda araon. I measc na samplaí suntasacha de chreataí AE atá á bhforbairt a mbíonn baint ag an mBanc Ceannais leo ó taobh beartais de agus le gcuirfear fáil agus rogha do thomhaltóirí chun cinn, áirítear tabhairt isteach ionchasach Euro Digiteach, Rialachán AE ar Airgead Dlíthairgthe agus Straitéis Infheistíochta Miondíola AE.

Caibidil 3:

Ár nEagraíocht a Chumasú



Caibidil 3:

Ár nEagraíocht a Chumasú

Ár bhFoireann

Díríonn an Banc Ceannais, i ndeireadh na dála, ar a fhoireann, agus ar a scileanna, a gcumas agus a dtiomantas do bheith ag obair ar mhaithe le leas an phobail. Agus an méid seo á chur san áireamh, leanadh in 2023 de bhéim a leagan ar chleachtais chéimnitheacha a sholáthar, ar cleachtais iad atá dírithe ar an todhchaí, chun tacú le Misean, Fís agus Straitéis an Bhainc Ceannais.

Leanadh de thús áite a thabhairt do thallann a mhealladh, a fhorbairt agus a choinneáil agus líonadh breis agus 530 ról i gcaitheamh na bliana (méadú 24% ar 2022) le líon seasmhach foirne a choimeád; agus tháinig meath ar an ráta laghdaithe anuas ó 7.4% ag deireadh 2022 go 3.8% ag deireadh 2023.

Soláthraíodh réimse fairsing deiseanna foghlama agus forbartha, forbairt ceannaireachta, cóitseáil, oiliúint ar scileanna gairmiúla, breisoideachas agus an Teastas agus an Diplóma Gairmiúil saincheaptha i mBaincéireacht Ceannais agus Rialáil Airgeadais san áireamh. Cuireadh obair ullmhúcháin chun cinn leis na príomhscileanna agus an príomhchumas a shainaithint agus a fhorbairt a theastaíonn chun tacú le rath eagraíochta amach anseo. Leanfaidh an obair seo ar aghaidh sna blianta amach romhainn.

Ar mhaithe le tábhacht agus luach aiseolais rialta a fháil ó fhostaithe, cuireadh ardán nua éisteachta digití i bhfeidhm. Seoladh an chéad Suirbhé ar Rannpháirtíocht Fostaithe agus úsáid á baint as an ardán seo ar bun i nDeireadh Fómhair. Tá ceannairí agus foirne ar fud na heagraíochta ag oibriú le chéile le dul chun cinn a dhéanamh ar na réimsí a dtugtar tús áite dóibh ag eascairt as an suirbhé.

Agus a thiomantas do shláinte agus d'fholláine á chur san áireamh, bhí an-áthas ar an mBanc Ceannais leanúint de chreidiúnú [KeepWell](#) IBEC a bhaint amach arís agus go ndearnadh é a shuíomh i measc [na 100 Cuideachta is Fearr in 2023 san Innéacs Sármhaitheasa Folláine \(Leading in Wellbeing Index\)](#). Anuas air sin, agus ár dtiomantas do mheabhairshláinte ár bhFoirne á chur san áireamh, tháinig méadú faoi

dhó, nach mór, ar an líon Seaimpíní Meabhairshláinte oilte inmheánacha aníos go 64 in 2023.

Tar éis gur seoladh in 2022 í, críochnaíodh Céim Thástála agus Foghlama samhail oibre hibridí nua sa chéad leath in 2023. Díríodh in H2 ar oibriú hibrideach a leabú agus a bharrfheabhsú chun tacú le haidhm an Bhainc Ceannais chun timpeallacht oibre sholúbtha, chomhoibritheach agus chomhtháite a chruthú.

Leagadh béim threisithe, ar deireadh, ar fheabhsú leanúnach agus ar shármhaitheas oibríochtúil. Rinne tionscnaimh iolracha dul chun cinn chun gnóthachain éifeachtúlachta agus eispéireas dearfach i measc úsáideoirí deiridh a bhaint amach trí chumasú teicneolaíochta. I measc na samplaí, tá uirlis dhigiteach Bainistithe Ceisteanna Fostaithe agus Bota Comhrá a thabhairt isteach.



Mí an Bhróid

Lean an Banc Ceannais chomh maith le hobair a thabhairt chun cinn ar a [spriocanna Éagsúlachta agus Ionchuimsithe](#). Tá tábhacht lárnach ag ár dtiomantas do thimpeallacht oibre éagsúil agus ionchuimsitheach a chothú i dtaobh aghaidh a thabhairt ar ár bhfís go ndéanfar ionad oibre sásúil dinn dár bhfoireann agus b'ábhar bróid dúinn in 2023 gur

bhaineamar amach creidiúnú [Infheisteoirí in Éagsúlacht – Cré-Umha](#) don obair seo.

I gceartlár an dul chun cinn seo, cruthaíodh feasacht agus tuiscint chomhroinnte ar an méid atá i gceist le heispéireas ionad oibre éagsúil ionchuimsitheach trí oiliúint agus trí chumarsáid, oiliúint ríomhfhoghlama (agus chríochnaigh níos mó ná 60% de chomhghleacaithe an oiliúint seo in 2023) agus oiliúint seomra ranga, seisiúin eolais agus imeachtaí agus gníomhaíochtaí faoi stiúir [Líonraí Fostaithe](#) san áireamh.

Dírítear ar a bheith oscailte agus trédhearcach agus léiríodh seo sa séú [Tuarascáil ar an mBearna Phá Inscne](#) bhliantúil de chuid an Bhainc Ceannais a foilsíodh agus i dtiomantas leanúnach don [Ghealltanas d'Ionad Oibre Ionchuimsitheach](#) de chuid Gnó sa Phobal in Éirinn.

Ár nIonaid Oibre

I measc ár n-ionad oibre, tá ár nIonad Airgeadra in Áth an Ghainimh agus ár gCampas sna Dugthailte ina bhfuil dhá fhoirgneamh nasctha, Sráid an Mhéara agus Cé an Phoirt Thuaidh. Tá an foirgneamh ar Shráid an Mhéara á áitiú go páirteach ag an mBanc Ceannais ó Iúil 2022 agus leantar leis na hurláir eile nach dteastaíonn ón mBanc Ceannais a mhargú lena léasú. Tá foirgneamh R2 an Bhainc Ceannais i nDuga Spencer ar díol faoi láthair agus rinneadh é a léasú go hiomlán i rith 2023.

Lean foirgnimh agus saoráidí an Bhainc Ceannais de bheith go hiomlán oibríochtúil i rith 2023. Leanadh de thimpeallacht oibre shábháilte, shlán a sholáthar do gach comhghleacaí a bhí ag obair i gCampas na nDugthailte, agus san Ionad Airgeadra.

Leagtar amach inár Straitéis tiomantas do bheith ag gníomhú mar eagraíocht inbhuanaithe atá freagrach i dtaobh cúrsaí sóisialta. D'fhoilsigh an Banc Ceannais a [Threochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide](#) i Márta 2023. Ar aon dul le clár inbhuanaitheachta agus le spriocanna Threochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide na heagraíochta, leanann an Banc Ceannais lena saoráidí a oibriú agus a bhainistiú go hinbhuanaithe, chun ídiú fuinnimh a laghdú ar fud Champas na nDugthailte agus san Ionad Airgeadra in Áth an Ghainimh.

Oibrítear an Banc Ceannais i leith córas bainistíochta comhtháite timpeallachta, sábháilteachta agus fuinnimh atá deimhnithe de réir ISO i

measc na láithreacha go léir. Tomhaistear réimse táscairí gaolmhara agus tá siad ar fáil ar shuíomh gréasáin an Bhainc Ceannais sa [tuarascáil feidhmíochta bhliantúil timpeallachta, sláinte agus sábháilteachta](#).

Ár Sonraí agus Anailísíocht

Ar aon dul le spriocanna ár Straitéise, tá infheistiú á dhéanamh ag an mBanc Ceannais i gcumas sonraí agus anailísíochta d'fhonn éifeachtacht a chur chun cinn mar eagraíocht faoi stiúir faisnéise. Cuireann an clár oibre ilbhlianta seo ar chumas an Bhainc Ceannais eolaíocht sonraí agus anailísíocht a leabú mar chroíchumas lena bhfoirmítear an chaoi ina mbíonn ár bhfeidhmeanna reachtúla á mbaint amach againn agus an eagraíocht á reáchtáil againn.

Cuireann sé seo leis an obair a rinne an Banc Ceannais roimhe seo i dtaobh a chur chuige i leith bailiú sonraí, bainistíochta, rochtana, agus úsáide a fheabhsú go seasta. Nuair a chuirtear luas an athraithe ar shonraí agus ar an teicneolaíocht san áireamh, tá díriú sonrach ar anailísíocht sonraí a ghíaráil i measc réimse iomlán obair an Bhainc Ceannais. Rinne an Banc Ceannais dul chun cinn ábhartha in 2023 le bealach níos inoiriúnaithe agus níos inscálaithe chun oibriú maidir le sonraí agus anailísíocht a dhearadh agus a chur i bhfeidhm. Cuimsítear sa chur chuige fairsing seo an tsaolré iomlán sonraí agus anailísíochta, idir rialachas sonraí, teicneolaíocht sonraí, innealtóireacht agus bainistíocht sonraí agus eolaíocht sonraí agus ardanailísíocht.

Sholáthair an Banc Ceannais réimse fairsing tionscadail anailísíochta sonraí in 2023 chun tacú lena fhreagrachtaí éagsúla. Áirítear leo seo, réimsí cosúil le riosca aeráide, Frithsciúradh Airgid, agus seachfhoinsiú rioscaí san earnáil airgeadais. Áiríodh leis an obair chumasaithe díriú ar an mbunchreat cáilíochta sonraí a aibiú, agus sonraí nua a fhoinsiú chun tacú leis an anailís ar aonáin sainchuspóra agus Straitéis Náisiúnta Airgid Thirim.

De réir mar a aibíonn úsáid tacar sonraí móra agus ardanailísíochta (intleacht shaorga) ag an mBanc Ceannais, rinne an Banc Ceannais ardán nua ardanailísíochta a thabhairt chun cinn leis an eolaíocht sonraí agus an taighde a bhuntacaíonn le hathrú a dhéanamh ar an mbealach ina ndéanann sé ár mbonn fianaise taighde do bheartas a mhaoirsiú agus a fhorbairt.

Ár dTeicneolaíocht

Cumasaíonn infheistíocht i dteicneolaíocht uathobriú agus digitíú méadaithe i measc na réimsí gnó uile a cheadaíonn don Bhanc Ceannais a fhís agus a chuspóirí straitéiseacha a shásamh i dtimpeallacht chasta, dhúshlánach. Buntacaíonn an teicneolaíocht le gach gné d'obair an Bhainc Ceannais, idir ríomhaireacht i measc úsáideoirí deiridh, stóráil sonraí, uirlisiú agus soláthar croíthionscadal oibleagáidí rialála agus saidrimh an Eurochórais. Rinneadh líon éachtaí suntasacha teicneolaíochta i gcaitheamh na bliana 2023, an méid seo a leanas ina measc

- Cur i bhfeidhm agus infheistíocht leanúnach i straitéis teicneolaíochta thairseach an tionscail. Rinneadh na seirbhísí a cuireadh ar fáil ar thairseach an Bhainc Ceannais a fhairsingiú le Tuairisceáin agus Ceistneoirí Feidhmiúlachta agus Cuibhis Daoine Aonair a sheoladh. Is féidir leis an tionscal anois máistirarrataí ar athrú sonraí, iarratais Feidhmiúlachta agus Cuibhis agus tuairisceáin rialála agus staidrimh go léir a sheoladh ó aon chóras amháin atá slán agus éasca le húsáid. Leis na seirbhísí fairsingithe seo, cumasaítear do >20,000 úsáideoir tionscail a n-aighneachtaí a bhainistiú agus cumarsáid níos éifeachtaí a dhéanamh leis an mBanc, sa chaoi go laghdaítear an méid ceisteanna a sheoltar isteach chuig an mBanc Ceannais. Leanaimid de sheirbhísí agus d'fheidhmiúlacht bhreise a chur leis an Tairseach chun feabhas a chur ar bhainistíocht sonraí agus ar ábhar a sheoltar ar an tairseach.
- Tá tairseach inmheánach nua le haghaidh tuairisceán agus bainistíocht máistirshonraí mar bhunchloch faoi chóras tosaigh comhtháite binse oibre ina soláthraítear seirbhísí agus uirlisí do mhaoirseoirí.
- Réitigh nua do chlár tionscail. Bhí páirt lárnach ag an mBanc Ceannais maidir le comhlíonadh threoracha Frithsciúrtha Airgid AE ag Éirinn, ar treoracha iad ina leagtar amach na ceanglais ar bhallstáit chun clár lárnach/córas aisghabhála de shonraí faoi úinéireacht thairbhiúil a choimeád.
- Mar chuid den chomhpháirtíocht san Eoraip, bhí an Banc Ceannais mar chuid de chlár ilbhlianta tras-Eorpach chun an córas reatha fíor-ama ollréitigh, TARGET2, a athsholáthar. Cuireann an córas nua, T2, seirbhísí níos fearr agus nuachóirithe ar fáil don mhargadh. Cheadaigh forbairt agus infheistíocht leanúnach i gcumas agus uirlisiú cibearshlándála an Bhainc Ceannais don

Bhanc Ceannais freagairt go cuí don tírdhreach bagairtí a bhí ag teacht chun cinn.

- Rinneadh Réiteach Bogearraí Ríomhfhollasaithe agus Fóiréinsice a chur i bhfeidhm. Soláthraíonn an réiteach roinnt forbairtí teicniúla den chéad scoth a chuireann ar ár gcumas na micrighnéithe (anailís fhóiréinseach dhigiteach) agus na macraighnéithe (anailísíocht sonraí) a thuiscint, rud a thacaíonn le cur chuige níos lúfaire imscrúdúcháin ar an gcaoi sin.

Ár gCumarsáid agus Rannpháirtíocht Sheachtrach

Lean an Banc Ceannais i rith 2023 d'aghaidh a thabhairt ar a thiomantas chun a chuid páirtithe leasmhara a choimeád ar an eolas agus chun dlúth-theagmháil a dhéanamh leo. Faoi mar a tugadh faoi deara níos luaithe, is í an aidhm mínithe soiléire a sholáthar ar obair an Bhainc Ceannais agus dul i mbun plé le páirtithe leasmhara faoi shaincheisteanna atá tábhachtach dóibh. Chun gníomhartha beartais a fhoirmiú, chaith an Banc Ceannais níos mó ama fiú in 2023 ag éisteacht le baill den phobal, le hionadaithe gnó, le grúpaí pobail, agus gnólachtaí, fud fad na tíre le tuiscint níos fearr a fháil ar a bpeirspictíocht.

Leanadh le clár forleathan idirchaidrimh le comhlachtaí ionadaíocha tionscail, páirtithe leasmhara eile agus ag fóraim ábhartha Eorpacha agus idirnáisiúnta i rith 2023. Thug sé seo deis chun idirchaidreamh a dhéanamh le páirtithe leasmhara, chun éisteacht, tuiscint agus foghlaim ó pheirspictíochtaí daoine eile, chun cuntas a thabhairt ar fhorbairtí rialála agus pleananna maoirseachta a bheidh ag teacht aníos, agus chun plé a dhéanamh ar rioscaí atá ag teacht chun cinn agus ar shaincheisteanna a tháinig chun solais mar thoradh ar obair an Bhainc Ceannais.



Cuairt ar Mhaigh Eo ag an nGobharnóir Makhlouf

Cumarsáid agus Idirchaidreamh le Páirtithe Leasmhara

Rinne an Banc Ceannais cumarsáid agus idirchaidreamh go fairsing trí chainéil éagsúla ar réimse téamaí a dtugtar tús áite dóibh. I measc na rogha gníomhaíochtaí suntasacha i gcaitheamh na tréimhse, tá an méid seo a leanas:

- Réimse imeachtaí for-rochtana a chur ar siúl fud fad na tíre inar chas baill den fhoireann feidhmiúcháin le hionadaithe an fhíorgheilleagair, líonraí áitiúla, agus le scoláirí scoile agus le mic léinn coláiste. Áiríodh leis seo, cuairteanna ar Mhaigh Eo, ar Ghaillimh agus ar Loch Garman.
- Seoladh leathanach Instagram an Bhainc Ceannais, a chabhraigh le heochairdhéimeagrafach úsáideoirí níos óige atá eolach ar an teicneolaíocht a aimsiú.
- Thángthas i láthair ag seacht gcoiste den Oireachtas, Comhchoiste an Oireachtais, an Coiste um Chuntais Phoiblí agus an Coiste Maoirseachta Buiséid ina measc.
- Tionóladh ceithre Chruinniú Comhchéime Sochaí Sibhialta, chun éisteacht le dearcthaí grúpaí neamhrialtasacha ar shaincheisteanna, gníomhú ar son na haeráide, boilsciú agus costas maireachtála san áireamh.

- Bunaíodh [an Fóram Tionscail Airgeadais](#) in 2023 le hidirchaidreamh trasearnála ar leibhéal sinsearach a chumasú idir an Banc Ceannais agus ionadaithe tionscail, agus lean forbairt ag teacht air tar éis gur bunaíodh trí fhoghrúpa thiomnaithe – foghrúpa intíre, idirnáisiúnta agus nuálaíochta – le súil níos grinne a chaitheamh ar shaincheisteanna a bhaineann leis an gcóras airgeadais. Tionóladh ocht gcruinniú de chuid an Fhóraitm Tionscail Airgeadais le linn na bliana trí na foghrúpaí.
- Seoladh [Comhdháil an Chórais Airgeadais](#), príomhimeacht pháirtithe leasmhara an Bhainc Ceannais, i Samhain 2023 agus d'fhreastail beagnach 800 toscaire air i bpearsa agus go fíorúil. Thug an t-imeacht peirspictíochtaí éagsúla le chéile ó pháirtithe leasmhara éagsúla, ceannairí tionscail, ionadaithe tomhaltóirí, agus an lucht déanta beartas idirnáisiúnta ina measc chun plé agus díospóireacht a dhéanamh ar na saincheisteanna ábhartha a bhaineann leis an gcóras airgeadais.
- Forbraíodh Straitéis nua AE agus Idirnáisiúnta i rith 2023 atá dírithe ar bharr feabhais breise a chur ar a a thugann an Banc Ceannais faoina ghníomhaíocht agus conas a thugann sé tús áite di agus conas a théann sé i gcion ar a phiaraí agus ar a pháirtithe leasmhara mar chuid dá ról a chomhlíonadh san Eoraip agus go hidirnáisiúnta.
- Spreagann an Banc Ceannais tomhaltóirí a bheith réamhchúramach, cosúil le tástáil **SAFE** (Stop, Athbhreithnigh, Fíricí a Sheiceáil, É a Nochtadh agus a Thuairisciú), sula ndéantar idirchaidreamh le gnólachtaí seirbhísí airgeadais. Chuir an Banc Ceannais feachtas cumarsáide poiblí dhá sheachtain ar siúl i Samhain 2023 lena chur ar chumas tomhaltóirí camscéimeanna agus calaois a sheachaint trí sheirbhísí airgeadais neamhúdaráithe a sholáthar.

Gearáin a Láimhseáil

Tá an Banc Ceannais tiomanta do sheirbhís ghairmiúil éifeachtach chúirtéiseach a chur ar fáil do gach custaiméir agus ball den phobal a mbíonn gnó acu leis. Foráiltear lenár gCairt Chustaiméirí gur féidir le custaiméir gearán foirmiúil a dhéanamh i gcás ina bhfuil siad míshásta leis an tseirbhís atá faighte acu agus mura féidir an fhadhb a réiteach chun sástacht an chustaiméara leis an mball foirne nó rannóg ábhartha. Tá nós imeachta sonrach leagtha amach ag an mBanc Ceannais chun amhlaidh a dhéanamh agus leasaíodh agus nuashonraíodh é seo i rith na bliana. Próiseáladh 21 gearán foirmiúil in 2023 faoin nós imeachta seo.

Bhí iad seo i measc réimse saincheisteanna, agus bhain an líon ba mhó díobh le saincheisteanna a bhain leis an bPríomh-Chlár Creidmheasa. Ní bhfuarthas aon ghearáin faoin Nós Imeachta ar leith chun Gearáin a Dhéanamh.

Saoráil Faisnéise

Phróiseáil an Banc Ceannais 76 iarraidh um Shaoráil Faisnéise le linn 2023. Ceadaíodh/ceadaíodh i bpáirt 24 iarraidh, ar an iomlán agus diúltaíodh do 35 iarraidh faoi fhorálacha éagsúla an Achta um Shaoráil Faisnéise. Ina theannta sin, tarraingíodh siar 12 iarraidh tar éis teagmháil a dhéanamh leis an iarrthóir, agus rinneadh cúig iarratas a láimhseáil, taobh amuigh den phróiseas Saorála Faisnéise, ag an réimse ábhartha sa Bhanc Ceannais.

Acht na dTeangacha Oifigiúla

Lean an Banc Ceannais i rith 2023 lena oibleagáidí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla a chomhlíonadh. Rinneadh ceanglais nua chomhlíonta a bhaineann le fógraíocht i nGaeilge, a eascraíonn as Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021, a shásamh agus tugadh sin le fios don Choimisinéir Teanga. Lean obair ar aghaidh ar cheanglais a shásamh i Scéim Teanga an Bhainc Ceannais.



Conas is féidir
cosaint níos fearr
a thabhairt do
thomhaltóirí
seirbhísí
airgeadais?

Sampla dár sraith físeán ‘Cosaint Thomhaltóirí’.

Cúrsaí DLí

Rinne an Banc Ceannais idirchaidreamh le Ranna Rialtais ar cheisteanna reachtaíochta agus thug sé tacaíocht maidir leis an mbunreachtaíocht a imríonn tionchar ar a shainordú, Acht an Bhainc Ceannais (Creat Cuntasachta Aonair), 2023, an tAcht um Chomhar Creidmheasa (Leasú), 2023 agus Scéim Ghinearálta an Bhille um Rochtain ar Airgead Tirim san

áireamh. Chabhraigh an Banc Ceannais freisin le roinnt treoracha agus rialacháin AE a thrasú agus a chur i bhfeidhm.

Lean an Banc Ceannais leis an gcreat rialála a neartú trí Rialacháin an Bhainc Ceannais in 2023, trí Dhréachtrialacháin a fhorbairt san áireamh chun críocha an Athbhreithnithe ar an gCód um Chosaint Tomhaltóirí, a bhfuil comhairliúchán poiblí ar na bacáin dóibh in 2024. Rinne an Banc Ceannais rialacháin éagsúla in 2023, na Rialacháin um Acht an Bhainc Ceannais, 2013 (Maoirsiú agus Forfheidhmiú) (Alt 48(1)) (Gnólachtaí Infheistíochta), 2023, na Rialacháin um Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmiú), 2013 (Alt 48(1)) (Inniúlacht Íosta) (Leasú), 2023 agus na Rialacháin fán Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais, 2010 (Cuideachtaí Sealúchais Ailt 20 agus 22), 2023 san áireamh. Chuaigh an Banc Ceannais i gcomhairle leis na Dréachtrialacháin fán Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais, 2010 (Alt 21 (6)) agus na Dréachtialacháin um Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmiú), 2013 (Alt 48 (1)) (Córas Cuntasachta Forfheidhmiúcháin Shinsearaigh).

Bosca 2: Banc Ceannais na hÉireann – Dúshlán roimh Bhrabúsacht

Chuir an Banc Ceannais toradh diúltach €132.1m in 2023 i gcuntas sular úsáideadh aon fhorálacha. Bhí an toradh diúltach seo mar gheall ar an nochtadh a d’eascair as clár comhardaithe an Bhainc Ceannais a úsáid mar uirlis do bheartas airgeadaíochta – a léiríonn bun-sainordú an Bhainc Ceannais chun cobhsaíocht praghsanna a chosaint.

Tugadh boilsciú faoi deara a bhí faoi bhun sprioc 2% BCE go seasta sna blianta chomh fada le paidéim Covid-19. Ghlac BCE seasamh beartas airgid réidh, ar an ábhar sin, lenar áiríodh bannaí rialtais a cheannach faoin gClár Ceannaigh Sócmhainní. I ndiaidh gur bhris paidéim Covid-19 amach, bhí an tEurochóras thíos le hachrann sna margaí airgeadais a bhagair ar chur isteach ar bheartas airgeadaíochta a aistriú chuig an bhfíorgheilleagar. Mar fhreagairt dó sin, sheol sé an Clár Ceannaigh le haghaidh Éigeandáil na Paidéime i Márta 2020, faoinar ceannaíodh bannaí ar scála níos mó, anuas ar an gClár Ceannaigh Sócmhainní.

Mar thoradh ar na cláir seo, tá an Banc Ceannais nochta don riosca neamhréire rátaí úis a chruthaítear sna sealúchais ráta sheasta ag a bhfuil dáta níos faide faoi na cláir cheannaigh beartais airgeadaíochta seo ar thaobh sócmhainní an chlár comhardaithe a fuarthas ar rátaí úis ísle nó diúltacha. Tá na rátaí úis do na dliteanais ghaolmhara ceangailte le rátaí beartais airgeadaíochta (inathraithe) an BCE. Mar gheall gur tháinig méadú ar na rátaí beartais seo i rith 2023, tháinig méadú dá réir ar chostais chistithe an Bhainc Ceannais nach ndearna ioncam ó na sócmhainní gaolmhara a sheach-chur go huathoibríoch, agus tháinig caillteanas chun cinn in 2023 dá bharr sin.

I gcaitheamh na mblianta atá amach romhainn, feidhmeoidh struchtúr seo an chláir comhardaithe, anuas ar rátaí beartais níos airde, chun ioncam an Bhainc Ceannais a laghdú i gcaitheamh roinnt blianta agus eascróidh caillteanais in 2024, agus ina dhiaidh sin, b'fhéidir, as. Cé go bhfuil coinne leis go n-íocfaidh ár maoláin airgeadais as na caillteanais seo, braithfidh méid iomlán na gcaillteanas seo, nach fios é, ar go leor tosca, go háirithe an beartas airgeadaíochta a leag Comhairle Rialaithe BCE amach le cobhsaíocht praghsanna a chinntiú.

Bhí coinne leis an neamhréir i dtaobh rátaí úis ar feadh roinnt ama agus chuaigh an Banc Ceannais i mbun roinnt gníomhartha le blianta beaga anuas mar fhreagairt don dúshlán seo. Mar chuid dá mheasúnú ar an riosca i leith neamhréir rátaí úis, cruthaíodh soláthar €3,000m le híoc as caillteanais a bhfuil coinne leo. Tháinig laghdú ar an soláthar seo in 2023 go €2,867.9m mar gheall gur úsáideadh €1,321.1m le híoc as caillteanais airgeadais ba chúis leis an neamhréir rátaí úis ar an gclár comhardaithe.

Anuas air sin, rinneadh an méid uasta 20% de bhrabús a choimeád le blianta beaga anuas, ar aon dul leis an aidhm straitéiseach chun teacht aniar airgeadais an Bhainc Ceannais a neartú. Mar gheall go bhfuil glanbhrabús náid á chur i gcuntas ag an mBanc Ceannais don bhliain 2023, níl aon choinneáil i gceist.

Rinne an Banc Ceannais a shócmhainní infheistíochta a éagsúlú freisin le blianta beaga anuas, agus rinneadh leithdháileadh do phunanna atá ainmnithe in airgeadra eachtrach, ór agus gnáthscaireanna. Tacaíonn sócmhainní éagsúlaithe a shealbhú le torthaí infheistíochta agus laghdóidh sé an luaineacht fhoriomlán ioncaim san fhadtéarma, d'ainneoin inathraitheacht éigin fhéideartha i dtaobh torthaí i rith an ghearrthéarma. Tá na punanna sócmhainní infheistíochta i bhfad níos lú, áfach, ná na sócmhainní beartais airgeadaíochta. Ar an ábhar sin, ní chúiteoidh na torthaí ó na punanna infheistíochta na héifeachtaí a chruthóidh neamhréir rátaí úis ar an gclár comhardaithe.

Is uirlis beartais é clár comhardaithe an Bhainc Ceannais. Tá sé bunriachtanach é a úsáid le sainordú an Bhainc Ceannais a sholáthar, ach cruthaíonn sin riosca airgeadais freisin. Agus é sin á chur san áireamh, tá teacht aniar airgeadais á fhorbairt ag an mBanc Ceannais le roinnt blianta anuas, trí mhaoláin shubstainteacha airgeadais a charnadh san áireamh chun cur in aghaidh caillteanais fhéideartha amach anseo.

Bainistiú Punann Infheistíochta

Ag deireadh na bliana 2023, áiríodh i gclár comhardaithe an Bhainc Ceannais punann infheistíochta ina raibh sócmhainní a raibh margadhluach €17bn orthu, lena n-áirítear leithdháileadh ar phunanna ainmnithe in airgeadra eachtrach (dollar SAM, dollar na hAstráile, dollar Shingeapór, renminbi na Síne agus won na Cóiré) chun críocha éagsúlaithe.²⁰

Ba é ba mhó a bhí mar chúis leis an ardú ar mhéid na punainne infheistíochta ó €16.7 billiún ag deireadh 2022 ná athinfheistiú i sócmhainní a bhain toradh ní ba mhó amach i measc na ndlínsí uile ba chúis le gníomhartha móra beartais airgeadaíochta bainc ceannais chun boilsciú a laghdú anuas i dtreo a spriocanna. Tháinig méadú ar ioncam infheistíochta aníos go dtí €353.9m sna punanna ioncaim (gan gnáthscaireanna agus ór a áireamh) don bhliain, i ndiaidh toradh diúltach -€32.2m in 2022. Tacaíonn sócmhainní éagsúlaithe a shealbhú le torthaí infheistíochta agus laghdóidh sé an luaineacht fhoriomlán san fhadtéarma, d'ainneoin inathraitheacht éigin fhéideartha i dtaobh torthaí i rith an ghearrthéarma.

Tar éis Cairt Infheistíochta Inbhuanaithe a bhunú in 2022, chuir an Banc Ceannais bearta breise inbhuanaithe i bhfeidhm in 2023. D'fhoilsíomar ár nochtadh airgeadais a bhaineann leis an aeráid bliantúil tionscnaimh i Márta. Bhí sé mar chuid d'iarracht chomhbheartaithe a rinne gach banc ceannais san Eurochóras le faisnéis a bhaineann le hathrú aeráide a nochtadh ar ár bpunanna beartais neamhairgeadaíochta faoi seach, ar aon dul le creat coiteann a d'fhorbair an tEurochóras.

²⁰ Sna figiúirí €17 billiún agus €16.7 billiún, áirítear sealúchais óir agus leithdháileadh gnáthscaireanna.


Tá infheistíochtaí á méadú ag an mBanc Ceannais chomh maith i mbannaí Glasa, Sóisialta agus Inbhuanaitheachta a chabhraíonn le tacú leis an aistriú glas agus le cuspóirí eile comhshaoil/sóisialta. Bhí luach ainmniúil thart ar €1.4 billiún de na bannaí siúd, infheistíochtaí san áireamh i bhfoirm dhollar na Stát Aontaithe agus cistí glasbhannaí arna n-ainmniú in euro leis an mBanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta, i bpunann infheistíochta an Bhainc Ceannais ag deireadh 2023. Ar mhaithe le méadracht charbóin ár bpunainne gnáthscaireanna a fheabhsú agus tacú le cuspóirí Chomhaontú Pháras, thosaigh an Banc Ceannais go déanach in 2023 lena ghnáth-thagarmharc gnáthscaireanna a athsholáthar le Tagarmharc AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras an AE. Leag an Banc Ceannais sprioc amach le hailíniú iomlán a bhaint amach le tagarmharc aeráide an AE dár bpunann ghnáthscaireanna ar bhealach céimnitheach agus tráth nach déanaí ná 2026.

Tá méid na punainne infheistíochta faoi réir oibleagáidí an Bhainc Ceannais freisin faoi Chomhaontú an Eurochórais maidir le Glansócmhainní Airgeadais. Níor chuir na hoibleagáidí seo srian, áfach, ar ghníomhaíochtaí infheistíochta in 2023.²¹

²¹ Chun teacht ar bhreis sonraí ar Chomhaontú an Eurochórais maidir le Glansócmhainní Airgeadais, féach suíomh gréasáin BCE ag www.ecb.europa.eu/explainers/tell-me-more/html/anfa_qa.en.html

Caibidil 4:

Ár dTosaíochtaí don Bhliain 2024



Caibidil 4:

Ár dTosaíochtaí don Bhliain 2024²²

Ag féachaint chun cinn ar an mbliain amach romhainn, is féidir tosaíochtaí an Bhainc Ceannais a ghrúpáil faoi cheithre phríomhthéama a shainaithnítear inár Straitéis:

Faoin téama **Cosaint**, léirítear tiomantas daingean d'éifeachtacht dhearadh, chur i bhfeidhm agus oibriú na bpríomhbheartas ar fud ár sainordaithe, trína bhfuil sé mar aidhm ag an mBanc Ceannais a fheidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh agus na torthaí foriomlána is fearr a bhaint amach d'úsáideoirí seirbhísí airgeadais agus don gheilleagar.

Faoin téama **Dírithe ar an Todhchaí**, tá an Banc Ceannais ag obair lena chinntiú go gcuirfear a chomhairle eacnamaíoch agus an mhaoirseacht a dhéanaimid ar an gcóras airgeadais in oiriúint don domhan seo ina mbíonn athrú sciobtha agus suaitheadh na teicneolaíochta, na socheacnamaíochta agus na geopholaitíochta i gceist, ionas go ndéanfar cúram de leasanna na saoránach agus an gheilleagair i gcás athrú, nuálaíochta agus iomaíochta sa saol.

Leanfaidh an Banc Ceannais de dhlús a chur lena chuid iarrachtaí chun a bheith **Oscailte agus Rannpháirteach** le páirtithe leasmhara sa bhaile agus go hidirnáisiúnta. Áirítear air seo rannpháirtíocht a neartú agus a leathnú le húsáideoirí agus tomhaltóirí seirbhísí airgeadais agus lena gcuid ionadaithe; leis na gnólachtaí a ndéanaimid maoirseacht orthu agus a máthairghrúpaí; mar aon lena chomhpháirtithe Eorpacha agus idirnáisiúnta.

Cuireann sainordú leathan an Bhainc Ceannais ar a chumas dearcadh cuimsitheach agus comhtháite a ghlacadh, agus úsáid á baint as an bhfairsinge saineolais atá aige ar an ngeilleagar agus ar na hearnálacha uile a ndéanann sé maoirseacht orthu chun dul i ngleic le dúshlán a bhaineann leis an gcóras idirnasctha airgeadais ar fad, lena n-áirítear mar chuid lárnach den Aontas Eorpach agus dá chuid institiúidí agus creataí. D'fhonn a bheith in ann leanúint de bheart a dhéanamh dár

²² Áirítear sa chaibidil seo sonraí maidir le gníomhaíocht rialála atá beartaithe don bhliain 2024, a thugann aghaidh ar na ceanglais tuairiscithe don Ráiteas Feidhmíochta Bliantúil faoi Alt 32L(2)(a) d'Acht an Bhainc Cheannais, 1942 (arna leasú).

sainordú sa timpeallacht seo atá ag athrú, táimid meáite ar an mBanc Ceannais a **Bhunathrú** le go mbeidh sé níos sofhreagrúla, níos athléimní, níos ilchineálaí agus níos faisnéisbhunaithe mar eagraíocht, agus leantar le tús áite ríthábhachtach a thabhairt dó seo. Leanfaimid le feabhas leanúnach a chur ar an gcaoi a n-oibríonn an Banc Ceannais chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le córas airgeadais a bhíonn ag athrú agus ag forbairt.

Tosaíochtaí don Bhliain 2024

De réir mar a fhilléann an tírdhreach macra-airgeadais ó phráinn na saincheisteanna ar an ngnáth-thírdhreach is amhlaidh freisin a fhilléann ár dtosaíochtaí. Táimid ag díriú athuair i dtreo saincheisteanna níos fadtéarmaí. Áirítear leis seo, an taighde neamhspleách, ár gcomhairle agus ár dtráchtairacht gheilleagrach a sholáthraímid ar rioscaí, dúshláin agus deiseanna níos meántéarmaí do gheilleagar na hÉireann agus ar thaighde agus ar anailís ar bheartas airgeadaíochta. Áirítear leis, chomh maith, scaipeadh agus comhoibriú éifeachtach anailíse agus taighde le páirtithe leasmhara seachtracha. Limistéir eile dá dtugtar tús áite iad neartú theacht aniar an chórais airgeadais i leith rioscaí a bhaineann leis an aeráid agus a chumas chun tacú leis an aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin.

Tá an t-éiceachóras íocaíochtaí i gceartlár ár ngeilleagair. Tá obair á déanamh againn i dtreo rogha níos fairsinge a chinntiú, á spreagadh ag nuálaíocht, comhtháthú iomlán bhonneagar na hEorpa, comhordú níos fearr i measc rannpháirtithe san éiceachóras íocaíochtaí, creat oiriúnaitheach rialála agus maoirseachta, agus airgead poiblí mar bhunchloch do chóras dea-fheidhmiúil a chur chun cinn. Sa chomhthéacs seo, tugtar tús áite do thionscadail amhail an Euro Digiteach a thabhairt chun cinn. Is léir freisin go bhfuil éileamh agus gá sochaíoch ann le hairgead tirim, agus tá an Banc Ceannais tiomanta i gcónaí d'airgead tirim a sholáthar. Tá tús áite á thabhairt againn do chreat a fhorbairt le rochtain ar sheirbhísí airgid thirim agus athléimneacht an chórais airgid thirim a chosaint. Áirítear leis seo pleananna le hionad nua airgid thirim a fhorbairt a thabhairt chun cinn.

Leagtar na tosaíochtaí rialála airgeadais amach i gcomhthéacs an tsainordaithe reachtúil, freagrachtaí intíre agus idirnáisiúnta, agus earnáil airgeadais mhór na hÉireann atá ag éirí níos casta i gcónaí. Is iad seo a leanas na príomhthosaíochtaí:

- Cód leasaithe, nuachóirithe um Chosaint Tomhaltóirí a chur i bhfeidhm lena chinntiú go gcosnaítear tomhaltóirí in earnáil seirbhísí airgeadais atá níos digitithe
- Leanúint le hobair a thabhairt chun cinn go hidirnáisiúnta agus go hintíre chun dul i ngleic le rioscaí córais ón earnáil neamhbhainc agus an anailís agus an tuiscint ar rioscaí macrastuamachta san earnáil seo a dhoimhniú
- An Creat Cuntasachta Aonair (maoirseacht laistigh de ghnólachtaí san áireamh) a chur i bhfeidhm agus tacú le páirtithe leasmhara seachtracha na caighdeáin nua a leabú
- Ullmhú do chur i bhfeidhm an Ghnímh um Athléimneacht Dhigiteach Oibríochtúil, go háirithe i gcomhthéacs earnáil mhór teicneolaíochta na hÉireann
- An Rialachán maidir le Margaí Criptea-Shócmhainní a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear caighdeáin theicniúla agus idirchaidreamh a dhéanamh le gnólachtaí a lorgaíonn údarú faoin gcóras nua
- An tAcht um Chomhar Creidmheasa (Leasú), 2023 a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear an Lámhleabhar do Chomhair Chreidmheasa a nuashonrú agus Rialacháin an Bhainc Ceannais a leasú
- Obair bheartais agus ionchais mhaoirseachta a fhorbairt i ndáil le hintleacht shaorga a úsáid i seirbhísí airgeadais, ullmhú do chur i bhfeidhm an Ghnímh um an Intleacht Shaorga de chuid AE

Is é an cuspóir uileghabhálach maoirseachta i gcónaí a chinntiú go bhfuil earnáil airgeadais atá cobhsaí, athléimneach agus iontaofa ag an mBanc Ceannais, a oibríonn go hinbhuanaithe chun sárleasa an phobail, tomhaltóirí agus an gheilleagair níos fairsinge. Leanfaidh an Banc Ceannais lena chur chuige rioscabhunaithe: ní bhíonn córas gan teipeanna á oibriú aige ach, ina ionad sin, oibríonn sé lena chinntiú gur ar bhealach ordúil a tharlóidh aon chliseadh gnólachta.

Anuas ar an obair laistigh de Mhaoirseacht BCE ar Bhaincéireacht agus de Chóras Maoirseachta Airgeadais níos fairsinge na hEorpa, tá sé mar thosaíocht maoirseachta in 2024 a chinntiú go gcosnaítear tomhaltóirí, go bhfuil gnólachtaí athléimneach agus go bhfuil an córas cobhsaí i bhfianaise tharchur rátaí úis breise. Leanfaidh an Banc Ceannais

d'fheabhas a chur ar a chuid próiseas údaraithe freisin, lena chinntiú go bhfuil soiléireacht, intuarthacht agus trédhearcacht ann do ghnólachtaí a lorgaíonn údarú, agus go bhfuil na hardchaighdeáin á mbaint amach i gcónaí ag soláthraithe seirbhísí airgeadais a mbíonn súil ag an bpobal leo.


Ar na tosaíochtaí maoirseachta earnála, áirítear aghaidh a thabhairt ar easnaimh a sainaithníodh i gcreat rialachais, bainistíochta riosca agus rialaithe de chuid institiúidí íocaíochta agus ríomhairgid ar leith agus leanúint lenár gcur chuige a fhorbairt i leith earnáil na gcistí infheistíochta, nuair a chuirtear a méid agus na leochaileachtaí a sainaithníodh le blianta beaga anuas san áireamh. Maidir le hobair leanúnach ar an athrú aeráide, leanfaidh an Banc Ceannais de bheith ag oibriú ar an mbearna chosanta ar thuilte agus é mar aidhm measúnú a dhéanamh ar ábharthacht na bearna in Éirinn (agus impleacht na dóchúlachta méadaithe i leith teagmhais adhaimsire).

Áirítear lenár dtosaíochtaí oibríochtúla:

- Obriú lena chinntiú gur eagraíocht foghlama sinn a bhfuil na scileanna agus na hinniúlachtaí againn le hoiriúnú agus le freagairt go leanúnach don athrú.
- Oibriú lena chinntiú go bhfuil ár gcumas sonraí agus anailísíochta ag cur lenár n-éifeachtacht mar eagraíocht faoi stiúir faisnéise agus go n-oibrítear é ar bhealach a chomhlíonann na hoibleagáidí.
- A chinntiú go ndéantar ár gcreat rialachais a chalabhrú i leith ár lamhátais riosca, rud a chumasaíonn cinnteoireacht, beartú tosaíochta, agus cuntasacht éifeachtúil, fhianaise-bhunaithe, lúfar.
- Feabhas a chur ar ár gcumas tríú páirtithe nó seirbhísí a sholáthar, a thabhairt ar bord agus a bhainistiú, ar tríú páirtithe nó seirbhísí iad a thacóidh lenár sainordú a bhaint amach.
- Agus Ár Straitéis á cur i bhfeidhm againn, féachfaidh an Banc Ceannais lena chinntiú go leanaimid de bhonn costais cobhsaí a bheith againn.

Caibidil 5:

Ráiteas Iniúchóireachta Inmheánaí



Caibidil 5:

Ráiteas Iniúcháireachta Inmheánaí²³

Cuireann an Rannán Iniúcháireachta Inmheánaí (an RII) dearbhú neamhspleách oibiachtúil ar fáil chun cabhrú leis an mBanc Ceannais a chuid cuspóirí a bhaint amach trí chur chuige córasach smachtaithe a ghlacadh maidir le meastóireacht a dhéanamh ar na próisis bainistithe riosca, rialaithe agus rialachais agus feabhas a chur orthu. Gníomhaíonn an Rannán Iniúcháireachta Inmheánaí sa cháil seo mar an fheidhm neamhspleách, “tríú líne cosanta” laistigh de chreat rialachais an Bhainc Ceannais.

Thug an Rannán Iniúcháireachta Inmheánaí in 2023 faoi raon athbhreithnithe ar ghníomhaíochtaí maoirseachta, feidhmeanna baincéireachta ceannais, TF agus feidhmeanna oibriúcháin eile. Áiríodh leis na hathbhreithnithe seo díriú leanúnach ar athruithe ar phróifíl riosca an Bhainc Ceannais a eascraíonn as forbairtí eacnamaíocha, tionscail agus rialála, agus as rioscaí atá ag teacht chun cinn.

Chuir an Rannán Iniúcháireachta Inmheánaí cláir eolais rialta faoi bhráid an Choiste Iniúcháireachta inar tugadh sonraí faoi thoradh athbhreithnithe agus faoin dul chun cinn a rinne an bhainistíocht chun dul i ngleic le torthaí a sainaithníodh roimhe seo. Cheadaigh an Coiste Iniúcháireachta an Plean Iniúcháireachta rollach trí bliana i nDeireadh Fómhair. De bhreis air sin, d'éirigh leis an Rannán Iniúcháireachta Inmheánaí na gníomhartha feabhsúcháin a bhí beartaithe faoina Straitéis Roinne 2021-2023 a chur i gcrích. Cuirfear Straitéis 2024-2026 faoi bhráid an Choiste Iniúcháireachta i Márta 2024.

I dteannta comhghleacaithe ó bhainc cheannais náisiúnta eile, rinne an Rannán Iniúcháireachta Inmheánaí iniúchtaí mar chuid den Choiste Iniúcháirí Inmheánacha (an CII) de chuid CEBC. Déanann an Rannán Iniúcháireachta Inmheánaí tuairisciú chomh maith do CII ar thoradh na n-iniúchtaí seo agus ar stádas torthaí oscailte. Cuireann an Rannán Iniúcháireachta Inmheánaí tuarascálacha nuashonraithe faoi bhráid Chomhairle Rialaithe BCE agus faoi bhráid choistí ábhartha CEBC. Anuas air sin, déanann foireann an Rannáin Iniúcháireachta Inmheánaí

²³ Sa chuid seo den tuarascáil, téitear i ngleic leis na ceanglais tuairiscithe don Ráiteas Feidhmíochta Bliantúil faoi Alt 32L(3)(a) d'Acht an Bhainc Cheannais, 1942 (arna leasú).

ionadaíocht don Bhanc Ceannais ar fhochoistí éagsúla CII, lena n-áirítear cathaoirleacht a dhéanamh ar an bhfochoiste Íocaíochtaí, Urrús agus Bonneagair Margaidh.

Le feasacht agus tuiscint a fhorbairt ar fhorbairtí agus ar rioscaí laistigh den eagraíocht, d'fhreastail an Rannán Iniúchóireachta Inmheánaí ar roinnt cruinnithe de chuid an choiste feidhmiúcháin shinsearaigh agus ar chruinnithe le hionadaithe ó na rannáin éagsúla ar fud an Bhainc Ceannais. Anuas air sin, tionólaíonn an Rannán Iniúchóireachta Inmheánaí cruinnithe rialta leis an nGobharnóir agus le Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta chun plé a dhéanamh ar cheisteanna a bhaineann le hiniúchóireacht.

Gabriel Makhlouf
Gobharnóir


30 Aibreán 2024

Neil Whoriskey
Rúnaí

30 Aibreán 2024

Cuid 2:

Oibríochtaí Airgeadais




Cuid 2: Oibríochtaí Airgeadais

Torthaí Airgeadais don bhliain 2023

Níl Brabús nó Caillteanas tuairiscithe ag an mBanc don bhliain dtí an 31 Nollaig 2023. Is ionann é sin agus laghdú €575.0m ar olltoradh na bliana 2022.

Brabús agus Caillteanas - Príomhghluaiseachtaí



Is iad seo a leanas príomhspreagthaí an laghdaithe ar bhrabúis:

- Laghdú ar “Glanioncam Úis” de bharr méaduithe ar eochair-rátaí úis lena n-íoctar luach saothair i leith Taiscí Institiúidí Creidmheasa, Taiscí Rialtais agus leithdháileadh Nótaí Bainc euro laistigh den Eurochóras. Dá thoradh sin, tá méadú ar an úschostas a aithnítear. Fritháiríodh na laghduithe seo go páirteach in aghaidh ioncam úis níos airde a bhaineann le córas TARGET de bharr méaduithe ar ráta úis BCE a úsáideadh. Ina theannta sin, tá méadú tagtha ar ioncam úis arna thuilleamh ar urrúis arna sealbhú i bpunanna MÓM agus CGA de thoradh athinfheistiú a dhéanamh i mbannaí ardtoraidh.
- Laghdú ar “Glantordh Chomhthiomsú Ioncaim Airgeadaíochta” mar thoradh ar mhéadú ar an nglaníocaíocht atá dlite do BCE i gcomparáid le 2022. Léiríonn sé seo an difríocht idir an t-ioncam airgeadaíochta arna chomhthiomsú ag an mBanc Ceannais agus an méid arna athleithroinnt ar an mBanc i ndiaidh dháileadh ioncam airgeadaíochta iomlán an Eurochórais.

- Laghdú ar “Glanioncam Eile”, rud atá inchurtha go príomha do Phionóis Airgeadaíochta Rialála Airgeadais níos ísle agus do mhéadú ar an ús ar Dhliteanais na Scéime Pinsin mar gheall ar ráta lascaine níos ísle in 2023.
- Méadú ar “Caiteachais Iomlána”, rud atá inchurtha go príomha don mhuirear lagaithe a bhaineann leis an bhfoirgneamh ar Shráid an Mhéara agus le caillteanas neamhréadaithe ar Réadmhaoin Infheistíochta.


Arna fhritháireamh in aghaidh:

- Méadú ar “Glantóradh Oibríochtaí Airgeadais, Díluachálacha & Soláthairtí”, rud atá inchurtha go príomha d’úsáid an tSoláthair i leith Rioscaí Ginearálta, agus do ghnóthachain réadaithe níos ísle ar dhíolachán urrús arna sealbhú i bPunann Speisialta an Bhainc Ceannais, atá díolta ina hiomláine anois.

Clár Comhardaithe

B’ionann agus €183.9bn Sócmhainní/Dliteanais iomlána an Chláir Chomhardaithe amhail ar an 31 Nollaig 2023, laghdú €11.0bn i gcomparáid leis an iarmhéid comhréireach de €194.9bn in 2022.

Sócmhainní an Chláir Chomhardaithe - Príomhghluaiseachtaí




Is iad seo a leanas príomhspreagthaí an laghdaithe ar Shócmhainní an Chláir Chomhardaithe:

- Laghdú ar “Urrús in euro de chuid Chónaitheoirí atá sa Limistéar Euro” de bharr diúscairtí sa Phunann Speisialta de Nótaí Ráta Chomhlúthaigh (FRNanna), agus aibíocht Urrús arna Sealbhú chun críocha Beartais Airgeadaíochta.

- Laghdú ar “Éilimh in-Eurochórais in euro” mar gheall ar laghdú ar iarmhéid TARGET, rud a léiríonn eis-sreabhadh euro ón Stát trí chuntas TARGET an Bhainc arna dtreorú den chuid is mó trí chuntais taisce institiúidí creidmheasa.

Dliteanais an Chláir Chomhardaithe - Príomhghluaiseachtaí



Is iad seo a leanas príomhspreagthaí an laghdaithe ar Dhliteanais an Chláir Chomhardaithe:

- Laghdú ar “Dilteanais d’Institiúidí Creidmheasa an Limistéir Euro maidir le hOibríochtaí Beartais Airgeadaíochta in Euro” de bharr laghdú ar shealúchais sa tsaoráid taisce ag deireadh na bliana.
- Laghdú ar “Dilteanais in euro do Chónaitheoirí eile atá sa Limistéir Euro” mar thoradh ar laghdú ar thaiscí rialtais ghinearálta arna sealbhú sa Bhanc Ceannais.

Arna fhritháireamh in aghaidh:

- Méadú ar “Dilteanais a bhaineann le Leithdháileadh Nótaí Bainc euro laistigh den Eurochóras” de bharr an choigeartaithe a bhaineann leis an méadú ar bharrachas nótaí bainc arna n-eisiúint ag an mBanc Ceannais, i gcoibhneas le sciar BCE de na nótaí bainc go léir atá i gcúrsaíocht.

Banc Ceannais na hÉireann - Dúshlán don bhrabúsacht

Sular mbaineadh úsáid as aon cheann de na soláthairtí, thaifead an Banc Ceannais toradh diúltach arbh ionann é agus €132.1m in 2023. Bhí an toradh diúltach seo inchurtha do na neamhchosaintí a d'eascair as úsáid chlár chomhardaithe an Bhainc Ceannais mar uirlis do bheartas airgeadaíochta - rud a léiríonn sainordú príomhúil an Bhainc Ceannais maidir le cobhsaíocht praghsanna a chosaint.

Sna blianta roimh phaindéim COVID-19, bhí boilsciú sa limistéar euro de shíor faoi bhun sprioc 2% de chuid BCE. Dá bhrí sin, lean BCE seasamh in-chomhfhoirmeach maidir le beartas airgeadaíochta lenar áiríodh bannaí rialtais a cheannach faoin gclár ceannaigh sócmhainní (APP). Nuair a tharla paindéim COVID-19, b'éigean don Eurochóras dul i ngleic le suaithheadh sna margaí airgeadais agus bhí an baol ann go gcuirfeadh an suaithheadh sin isteach ar tharchur beartais airgeadaíochta chuig an bhfíorgheilleagar. Mar fhreagairt air sin, sheol sé Clár Ceannaigh le haghaidh Éigeandáil na Paindéime (PEPP) i mí an Mhárta 2020 faoinar ceannaíodh bannaí ar scála níos mó, i dteannta APP.

De thoradh na gclár seo, tá an Banc Ceannais neamhchosanta ar riosca neamhréire ráta úis ó shealúchais fhadtréimhse ráta sheasta faoi na cláir ceannaigh beartais airgeadaíochta seo ar thaobh na sócmhainní den chlár comhardaithe, ar sealúchais iad a fuarthas ag rátaí ísle nó diúltacha úis. Tá na rátaí úis ar na dliteanais ghaolmhara nasctha le rátaí (athraitheacha) beartais airgeadaíochta BCE. De réir mar a d'ardaigh na rátaí beartais seo le linn 2023, bhí méadú comhréireach ar chostais maoiniúcháin an Bhainc Ceannais nach ndearnadh a fhritháireamh go huathoibríoch in aghaidh ioncaim ar na sócmhainní gaolmhara, agus bhí caillteanas ann in 2023 dá bharr.

Amach anseo, laghdófar ioncam an Bhainc Ceannais ar feadh roinnt blianta agus beidh caillteanais ann in 2024 agus fiú ina dhiaidh sin, de bharr struchtúr an chlár chomhardaithe i dteannta rátaí beartais níos airde. Cé go meastar go gclúdódh ár maoláin airgeadais na caillteanais sin, tá éiginnteacht ag baint le méid iomlán na gcaillteanas agus beidh sé ag brath ar go leor tosca éagsúla, go háirithe an beartas airgeadaíochta arna shocrú ag Comhairle Rialaithe BCE chun cobhsaíocht praghsanna a áirithiú.

Tuaradh an riosca a bhain le IRM tamall roimh ré agus ghlac an Banc Ceannais bearta áirithe le blianta beaga anuas mar fhreagairt ar an dúshlán seo. Mar chuid dá mheasúnú ar an riosca a bhain le IRM, cuireadh soláthar €3,000.0m ar fáil chun na caillteanais ionchasacha a chlúdach. Tháinig laghdú ar an soláthar sin in 2023 go €2,867.9m toisc gur úsáideach 132.1m chun caillteanais airgeadais á spreagadh ag IRM ar an gclár comhardaithe a chlúdach.

De bhreis air sin, coinníodh uasmhéid 20 faoin gcéad den bhrabús le blianta beaga anuas, i gcomhréir le haidhm straitéiseach chun athléimneacht airgeadais an Bhainc Ceannais a neartú. Ó tharla go bhfuil glanbhrabús de nialas á thaifeadadh ag an mBanc Ceannais do 2023, ní bheidh aon choinneáil i gceist.

Ina theannta sin, rinne an Banc Ceannais éagsúlú ar a chuid sócmhainní infheistíochta le blianta beaga anuas trí leithdháiltí a dhéanamh chuig punanna arna n-ainmniú in airgeadra

eachtrach, in ór agus i gcothromais. Trí shócmhainní éagsúlaithe a shealbhú, tacaítear le torthaí ar infheistíocht agus laghdaítear an luaineacht fhoriomlán ioncaim san fhadtéarma, d'ainneoin go bhféadfaidh inathraitheacht torthaí a bheith ann sa ghearrtéarma. Ar a shon sin, tá punanna na sócmhainní infheistíochta i bhfad níos lú ná na sócmhainní beartais airgeadaíochta. Dá bhrí sin, ní dhéanfar na héifeachtaí a bhíonn ag IRM shuntasach ar an gclár comhardaithe a chúiteamh le torthaí ar phunanna infheistíochta.

Is uirlis beartais é clár comhardaithe an Bhainc Ceannais. Tá sé riachtanach é a úsáid chun sainordú an Bhainc Ceannais a bhaint amach ach ciallaíonn sé sin go gcaithfear riosca airgeadais a ghlacadh. Á aithint an méid sin dó, tá an Banc Ceannais ag cur lena athléimneacht airgeadais le roinnt blianta anuas, lena n-áirítear trí mhaoláin shuntasacha a charnadh chun caillteanais ionchasacha a iompar amach anseo.

Ráiteas Cuntas

Bhanc Ceannais na hÉireann

don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023

Tuarascáil Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Choimisiúin

Réamhrá

Leagtar amach feidhmeanna Bhanc Ceannais na hÉireann (an Banc Ceannais) in alt 5A d'Acht an Bhainc Cheannais 1942 (mar atá arna leasú). Leagtar amach feidhmeanna Choimisiún an Bhainc Ceannais (an Coimisiún) in alt 18B den Acht lena bhforáiltear go mbainisteoidh agus go rialóidh an Coimisiún gníomhaíochtaí agus gnóthaí an Bhainc Ceannais (seachas feidhmeanna CEBC).

Ról an Choimisiúin

Tá na feidhmeanna reachtúla seo a leanas ag an gCoimisiún: gnóthaí agus gníomhaíochtaí an Bhainc Ceannais a bhainistiú agus a rialú; a áirithiú go ndéanfar na feidhmeanna rialála airgeadais agus baincéireachta ceannais de chuid an Bhainc Ceannais a chomhordú agus a chomhtháthú; agus a áirithiú go bhfeidhmeofar agus go gcomhlíonfar go cuí na cumhachtaí agus na feidhmeanna reachtúla a thugtar don Bhanc Ceannais. Tá a théarmaí tagartha féin glactha ag an gCoimisiún agus leagtar amach iontu an chaoi is fearr inar féidir leis na freagrachtaí sin a bhaint amach.

Foráiltear in alt 18F den Acht go bhféadfar aon cheann d'fheidhmeanna reachtúla arna ndílsiú don Choimisiún a tharmligean chuig an nGobharnóir, chuig Leas-Ghobharnóir nó chuig fostaí de chuid an Bhainc Ceannais. Ar mhaithe le bainistiú éifeachtach, éifeachtúil an Bhainc Ceannais agus ar mhaithe le feidhmiú a chumhachtaí agus a fheidhmeanna, déantar feidhmiú fhormhór fheidhmeanna agus chumhachtaí reachtúla an Bhainc Ceannais a tharmligean. Coimeádann an Coimisiún an chumhacht chun aon cheann d'fheidhmeanna agus de chumhachtaí an Bhainc Ceannais arna dtarmligean chuige ag an gCoimisiún a fheidhmiú i gcás ina measfaidh sé gur cuí déanamh amhlaidh. Ina theannta sin, tá Plean um Shannadh Freagrachtaí (an Plean) glactha ag an gCoimisiún i ndáil le haon tarmligean a dhéantar.

Tá formhór fheidhmeanna agus chumhachtaí an Bhainc Ceannais tarmligthe ag an gCoimisiún agus tá an Plean formheasta aige (an tráth is déanaí mí Eanáir 2023). Coimeádann an Coimisiún freagracht as maoirseacht éifeachtach ar chomhlíonadh na bhfeidhmeanna sin agus as a chinntiú go bhfuil na cumhachtaí agus na feidhmeanna a thugtar don Bhanc Ceannais (seachas na cinn sin a dtugtar freagracht don Ghobharnóir amháin ina leith) á mbainistiú agus á rialú go héifeachtach. I gcás ina mbeidh cumhacht sannta i gcomhréir leis an bPlean, beidh an duine sin cuntasach don Ghobharnóir agus d'aon duine eile a bheidh sonraithe sa sannadh maidir le feidhmiú na cumhachta sin.

Bíonn cumarsáid idir an Coimisiún agus an feidhmeannas agus comhaltaí foirne, de réir mar is cuí, maidir le saincheistean a bhfuil tábhacht straitéiseach leo i dtaca leis an mBanc Ceannais (seachas feidhmeanna CEBC) agus tugann an Coimisiún comhairle, tacaíocht agus dúshlán cuiditheach dóibh de réir mar is cuí. Ina theannta sin, formheasann sé Straitéis an Bhainc Ceannais agus athbhreithníonn sé cur chun feidhme na straitéise sin.

Freagrachtaí an Choimisiúin

Cuimsítear na príomhfhórlacha reachtúla maidir le ról agus dualgais an Choimisiúin i gCuid III den Acht. Anuas air sin, faoi Alt 32J den Acht, tá an Banc Ceannais freagrach as taifid chuí chuntasaíochta a choinneáil. Cuimsíonn an fhreagracht seo Ráiteas Cuntas a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste laistigh de shé mhí ó dheireadh gach bliana airgeadais agus iniúcháirí seachtracha a cheapadh mar a cheanglaítear le hAirteagal 27 de Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais (CEBC) agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh (BCE).

Tá freagracht fhoriomlán ar an gCoimisiún as córas na rialuithe inmheánacha sa Bhanc Ceannais, arb é is aidhm dóibh sócmhainní an Bhainc Ceannais a chosaint agus calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Tá struchtúir iomchuí bunaithe ag an gCoimisiún chun an fhreagracht seo a chomhall. Chuige seo, tagann an Coiste Iniúcháireachta agus na hIniúcháirí inmheánacha agus seachtracha agus comhaltaí de lucht bainistíochta an Bhainc Ceannais le chéile go rialta chun saincheisteanna maidir le rialú, tuairisciú airgeadais agus nithe gaolmhara a phlé. Bíonn rochtain iomlán ag na hiniúcháirí inmheánacha agus seachtracha ar an gCoiste Iniúcháireachta.

Tá an Coimisiún sásta gur cuireadh i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach Treoirlíne Cuntasaíochta CEBC, agus i gcás ina raibh sí sin tostach, na caighdeáin chuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leo in Éirinn - Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 (FRS 102), agus na fórlacha reachtúla is infheidhme maidir leis an mBanc Ceannais, agus tá an Coimisiún sásta go raibh siad seo bunaithe ar bhreithiúnais agus ar mheastacháin réasúnta, stuama²⁴.

Tá gach beart iomchuí glactha ag an gCoimisiún chun é féin a chur ar an eolas maidir le haon fhaisnéis iniúcháireachta ábhartha agus chun a shuíomh go raibh iniúcháirí reachtúla an Bhainc Ceannais ar an eolas faoin bhfaisnéis sin.

Struchtúr an Choimisiúin

Tá an Coimisiún déanta suas de na comhaltaí *ex-officio* seo a leanas:

- An Gobharnóir (Cathaoirleach)
- An Leas-Ghobharnóir (Cobhsaíocht Airgeadaíochta agus Airgeadais)
- An Leas-Ghobharnóir (Rialáil Airgeadais)
- Ard-Rúnaí na Roinne Airgeadais

De bhreis air sin, ceapann an tAire Airgeadais seisear comhaltaí eile ar a laghad, ach líon nach mó ná ochtar comhaltaí.

²⁴ Tagraíonn an Treoirlíne do Threoirlíne an Bhainc Cheannais Eorpaigh (3 Samhain 2016) ar chreat dlíthiúil do chuntasaíocht agus do thuairisciú airgeadais in CEBC (BCE /2016/34), arna leasú.

Sa tábla thíos, tá liosta de na comhaltaí a bhí ar an gCoimisiún i rith 2023 mar aon lena gcuid dátaí ceapacháin nó athcheapacháin (féadfar comhaltaí den Choimisiún a athcheapadh go ceann téarma breise amháin):

Comhaltaí den Choimisiún	Dáta Ceapacháin (nó Athcheapacháin)
Gabriel Makhlouf*	1 Meán Fómhair 2019
Patricia Byron ²⁵	1 Eanáir 2019
Shay Cody	1 Nollaig 2020
Sharon Donnery ^{*26}	1 Iúil 2022
John Hogan*	8 Meitheamh 2021
Sarah Keane	1 Nollaig 2020
Vasileios Madouros*	1 Samhain 2022
David Miles	1 Nollaig 2020
Niamh Moloney ²⁷	11 Meán Fómhair 2023
John Trethowan ²⁸	11 Meán Fómhair 2023

* *Comhaltaí ex-officio*

Tá an comhaltas seo i gcomhréir leis an gceanglas chun aird a thabhairt ar scileanna, ar éagsúlacht agus ar mheascán inscne ar Bhoird Stáit mar atá leagtha amach san Iarscríbhinn ar an gCothromaíocht Inscne, ar an Éagsúlacht agus ar an Ioncuimsiú faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Ag deireadh 2023, b'ionann an chothromaíocht inscne ar an gCoimisiún agus 60% fir agus 40% mná. I gcás na gcomhaltaí ceaptha, b'ionann an chothromaíocht inscne agus 50% fir agus 50% mná.

Athruithe ar Chomhaltas an Choimisiúin

Ceapadh Niamh Moloney mar chomhalta den Choimisiún ar dtús ar an 11 Meán Fómhair 2018, agus athcheapadh í ar an 11 Meán Fómhair 2023. Ceapadh John Trethowan ar dtús ar an 11 Meán Fómhair 2018, agus athcheapadh é ar an 11 Meán Fómhair 2023. Chríochnaigh Patricia Byron an dara téarma mar chomhalta den Choimisiún an 31 Nollaig 2023.

²⁵ Ceapadh Patricia Byron ar dtús ar an 1 Eanáir 2014, agus athcheapadh í ar an 1 Eanáir 2019. Tháinig deireadh lena téarma mar chomhalta den Choimisiún an 31 Nollaig 2023.

²⁶ Ceapadh Sharon Donnery ina Leas-Ghobharnóir, Baincéireacht Cheannais, don chéad uair an 1 Márta 2016 agus athcheapadh chuig an ról sin í an 1 Márta 2021. Ceapadh í ina Leas-Ghobharnóir, Rialáil Airgeadais, an 1 Iúil 2022.

²⁷ Ceapadh Niamh Moloney ar dtús ar an 11 Meán Fómhair 2018, agus athcheapadh í ar an 11 Meán Fómhair 2023.

²⁸ Ceapadh John Trethowan ar dtús ar an 11 Meán Fómhair 2018, agus athcheapadh é ar an 11 Meán Fómhair 2023.

Coistí an Choimisiúin

Bhunaigh an Coimisiún na coistí seo a leanas, agus bhí siad i bhfeidhm ag deireadh 2023. Déanann an Coimisiún comhaltaí na gcoistí a cheapadh.

- An Coiste Iniúchóireachta;
- An Coiste Riosca;
- An Coiste Mórtionscadal; agus
- An Coiste Luacha Saothair.

Bhunaigh an Coimisiún na coistí chun tacaíocht a thabhairt don Choimisiún chun a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh.

An Coiste Iniúchóireachta

Tá triúr comhaltaí neamhfheidhmiúcháin ar an gCoiste Iniúchóireachta. Ba é seo a leanas comhaltas an Choiste Iniúchóireachta amhail ar an 31 Nollaig 2023: Patricia Byron (Cathaoirleach), Shay Cody agus John Trethowan.

Bhunaigh an Coimisiún an coiste chun tacaíocht a thabhairt don Choimisiún agus a chuid freagrachtaí á gcomhlíonadh aige i leith saincheisteanna a bhaineann le riosca, rialú agus rialachas. Déanann an Coiste é seo trí athbhreithniú a dhéanamh ar chuimsitheacht, iontaofacht agus ionracas na ndearbhuithe a thugtar don Choimisiún. Tá de chumhacht ag an gCoiste cinntí a dhéanamh ar bhonn údarás tarmligthe ón gCoimisiún.

An Coiste Riosca

Tá seachtar comhaltaí ar an gCoiste Riosca, lena n-áirítear ceathrar comhaltaí neamhfheidhmiúcháin den Choimisiún. Ba é seo a leanas comhaltas an Choiste Riosca amhail ar an 31 Nollaig 2023: John Trethowan (Cathaoirleach), Patricia Byron, Sharon Donnery, Marcella Flood, Vasileios Madouros, David Miles agus Niamh Moloney.

Bhunaigh an Coimisiún an Coiste chun athbhreithniú a dhéanamh ar phríomhchreataí riosca lena mbainistítear príomh-neamhchosaintí an Bhainc Ceannais ar rioscaí inmheánacha, agus chun comhairle a thabhairt don Choimisiún ina leith. Tá sé mar phríomhchuspóir ag an gCoimisiún a áirithiú go ndéanfar creataí riosca a chur i bhfeidhm i gcomhréir le fonn riosca formheasta an Choimisiúin. Tá de chumhacht ag an gCoiste cinntí a dhéanamh ar bhonn údarás tarmligthe ón gCoimisiún.

An Coiste Mórtionscadal

Tá ceathrar comhaltaí ar an gCoiste Mórtionscadal, lena n-áirítear beirt chomhaltaí neamhfheidhmiúcháin den Choimisiún. Ba é seo a leanas comhaltas an Choiste Mórtionscadal amhail ar an 31 Nollaig 2023: Sarah Keane (Cathaoirleach), Shay Cody, Sharon Donnery agus Marcella Flood.

Bhunaigh an Coimisiún an Coiste chun tacaíocht a thabhairt don Choimisiún agus a chuid freagrachtaí á gcomhlíonadh aige i leith saincheisteanna a bhaineann le forghníomhú

éifeachtach Straitéis an Bhainc Ceannais. Áirítear sa mhéid sin, formhaoirsiú agus breithniú a dhéanamh ar mhórhionscadail, agus ar bhuiséad gaolmhar, lena n-áirítear clúdach infheistíochta. Féachann an Coiste le hailíniú a bhaint amach le próifíl riosca an Bhainc Ceannais trí fhormhaoirsiú a dhéanamh ar Phunann fhoriomlán Tionscadal agus Clár de chuid an Bhainc Ceannais, lena n-áirítear tairbhí a réadú. Tá de chumhacht ag an gCoiste cinntí a dhéanamh ar bhonn údarás tarmligthe ón gCoimisiún.

An Coiste Luacha Saothair

Tá triúr comhaltaí neamhfheidhmiúcháin ar an gCoiste Luacha Saothair. Ba é seo a leanas comhaltas an Choiste Luacha Saothair amhail ar an 31 Nollaig 2023: Niamh Moloney (Cathaoirleach), Sarah Keane agus David Miles.

Bhunaigh an Coimisiún an Coiste chun tacaíocht a thabhairt don Choimisiún agus a chuid freagrachtaí á gcomhlíonadh aige i leith saincheistean a bhaineann le beartas luacha saothair agus luach saothair chomhaltaí an fheidhmeannais Tá de chumhacht ag an gCoiste cinntí a dhéanamh ar bhonn údarás tarmligthe ón gCoimisiún.

Sceideal Freastail

Leagtar amach thíos an sceideal freastail do na cruinnithe den Choimisiún agus de na Coistí in 2023.

Comhalta den Choimisiún	Coimisiún	An Coiste Iniúcháireachta	An Coiste Riosca	An Coiste Mórtionscadal	An Coiste Luacha Saothair	Comhchruinnithe den Choiste Iniúcháireachta agus den Choiste Riosca
Gabriel Makhlouf	8/8	-	-	-	-	-
Patricia Byron	7/8	4/4	3/5	-	-	0/1
Shay Cody	8/8	4/4	-	5/5	-	1/1
Sharon Donnery	8/8	-	3/4 ²⁹	5/5	-	1/1
Marcella Flood	-	-	2/4 ³⁰	4/4	-	-
John Hogan	8/8	-	-	-	-	-
Sarah Keane	8/8	-	-	5/5	1/1	-
Vasileios Madouros	8/8	-	4/5	2/3 ³¹	-	1/1
David Miles	8/8	-	5/5	-	1/1	1/1
Niamh Moloney	7/8	-	4/5	-	1/1	1/1
Gerry Quinn	-	-	-	0/1 ³²	-	-
John Trethowan	8/8	4/4	5/5	-	-	1/1

Creat Rialachais

Le Creat Rialachais an Bhainc Ceannais, cuirtear san áireamh ceanglais Achtanna an Bhainc Ceannais agus Chonarthaí AE, an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, mar aon le socruithe rialachais inmheánaigh eile.

Freagrachtaí na gCeannairí Sinsearach sa Bhanc Ceannais

I ndoiciméad an Bhainc Ceannais ar Fhreagrachtaí na gCeannairí Sinsearach, tugtar forbhreathnú ar fhreagrachtaí na ndaoine sin a bhfuil poist ardcheannaireachta acu sa Bhanc Ceannais, mar aon leis na socruithe ábhartha rialachais atá i bhfeidhm chun tacú le cinnteoireacht.

Struchtúir Rialachais Inmheánaigh

Tá roinnt coistí traseagraíochtúla inmheánacha ann atá freagrach as comhordú a dhéanamh ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm beartas agus as comhairle a thabhairt ar shaincheisteanna

²⁹ D'éirigh Sharon Donnery as mar chomhalta den Choiste Riosca i mí Dheireadh Fómhair 2023.
³⁰ Ceapadh Marcella Flood an 20 Márta 2023 agus, dá bhrí sin, ní raibh sí i dteideal freastal ar chruinnithe ach ón dáta sin ar aghaidh.
³¹ D'éirigh Vasileios Madouros as mar chomhalta den Choiste Mórtionscadal an 1 Meán Fómhair 2023.
³² D'éirigh Gerry Quinn as mar chomhalta den Choiste Mórtionscadal an 18 Aibreán 2023.

móra. I struchtúr coistí an Bhainc Ceannais, cuimsítear coistí oibríochtúla agus coistí a bhaineann le sainordú araon. Cuireann na coistí sin le forbairt agus cur i bhfeidhm straitéis, fonn riosca agus chultúr eagraíochtúil an Bhainc Ceannais, i measc nithe eile.

Tuarascáil Bhliantúil agus Ráiteas Bliantúil Feidhmíochta

I gcomhréir le hAlt 32K den Acht, ullmhaíonn an Banc Ceannais tuarascáil maidir lena oibríochtaí le linn na bliana agus cuireann an tuarascáil sin faoi bhráid an Aire Airgeadais laistigh de thréimhse sé mhí tar éis dheireadh gach bliana airgeadais. Le hAlt 32J (3) den Acht, ceanglaítear ar an mBanc Ceannais Ráiteas Cuntas don bhliain airgeadais lena mbaineann a ullmhú agus a tharchur chuig an Ard-Reachtaire Cuntas & Ciste. Déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste an Ráiteas Cuntas a iniúchadh, a dheimhniú agus tuairiscíonn air agus cuireann sé a thuarascáil maille leis an Ráiteas Cuntas ar ais chuig an Aire. Chomh maith leis sin, déanann iniúcháirí seachtracha neamhspleácha iniúchadh ar chuntais airgeadais an Bhainc Ceannais, de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 27 de Reacht CEBC.

Láithreas os comhair Coistí Oireachtais

Féadfaidh go mbeidh d'oibleagáid ar an nGobharnóir, ar Leas-Ghobharnóir nó ar Chláraitheoir na gComhar Creidmheasa láithriú os comhair Comhchoiste den Oireachtas atá freagrach as nithe a bhaineann leis an mBanc Ceannais a scrúdú, lena n-áirítear nithe a bhaineann leis an Ráiteas Feidhmíochta Bliantúil, agus déanfaidh sé nó sí cibé faisnéis a iarrfar a thabhairt don Choiste sin, ach sin faoi réir an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus Reacht CEBC agus faoi réir shicréideacht ghairmiúil agus oibleagáidí rúndachta an Bhainc Ceannais.

In 2023, láithrigh an Banc Ceannais trí huaire os comhair an Chomhchoiste den Oireachtas um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú. Ina theannta sin, láithrigh an Banc Ceannais dhá uair os comhair Choiste na Dála um Fhormhaoirsiú Buiséid agus dhá uair os comhair an Choiste um Chuntais Phoiblí.

Fiosrúcháin Reachtúla

Iarrtar ar an mBanc Ceannais, ar a chuid oifigeach agus fostaithe, de réir mar is gá, fianaise a thabhairt d'fhiosrúcháin arna mbunú faoi Reacht. Ina chuid déileálacha le haon fhiosrúchán den sórt sin, ní mór don Bhanc Ceannais déanamh de réir na n-oibleagáidí rúndachta arna bhforchur faoi Alt 33AK den Acht.

Athbhreithnithe Piaráí

Gach ceithre bliana ar a laghad, ní mór don Bhanc Ceannais a shocrú go ndéanfaidh banc ceannais náisiúnta eile, nó duine nó comhlacht eile a bheidh deimhnithe ag an nGobharnóir mar dhuine nó mar chomhlacht iomchuí, tar éis dó dul i gcomhairle leis an Aire, athbhreithniú ar chomhlíonadh a chuid feidhmeanna rialála.

Dualgas Earnála Poiblí

Tá an Banc Ceannais meáite ar a bheith mar eagraíocht inbhuanaithe atá freagrach ón taobh sóisialta de maidir leis an gcaoi ina mbaineann sé amach a shainordú agus a mhisean. Mar

eagraíocht seirbhíse poiblí, tá oibleagáid an Bhainc Ceannais chun a dhualgas seirbhíse poiblí a chomhlíonadh mar ghné thábhachtach den ghealltanas níos leithne seo.

Le linn “Ár Straitéis” a fhorbairt, bhreithnigh an Banc Ceannais a ról féin faoin Dualgas Earnála Poiblí maidir le Cearta an Duine agus Comhionannas, agus rinne sé measúnú ar shaincheisteanna maidir le cearta an duine agus comhionannas atá ábhartha dá chuspóir agus dá fheidhmeanna. In “Ár Straitéis”, leagtar amach sonraí maidir leis na bearta sonracha a dtabharfar tosaíocht dóibh i gcomhthéacs a chuid oibleagáidí earnála poiblí.

In 2023, rinne an Banc Ceannais measúnú bliantúil freisin ar a dhualgas earnála poiblí. Sa mheasúnú sin, cinneadh go raibh raon beartas agus nósanna imeachta i bhfeidhm i gcónaí, thar na réimsí ábhartha a sainaithníodh, chun a chinntiú go mbíonn an Banc Ceannais ag dul i ngleic le saincheisteanna maidir le cearta an duine agus comhionannas atá ábhartha do dhualgas earnála poiblí an Bhainc Ceannais agus go bhfuil a chuid oibleagáidí á gcomhlíonadh aige faoin reachtaíocht ábhartha.

I measc na ngníomhartha atá déanta sa cháil seo, áirítear feabhsuithe ar shuíomh gréasáin an Bhainc Ceannais maidir le hinrochtaineacht, cainéil éisteachta nua d’fhostaithe, nuashonruithe ar Chairt Custaiméirí agus Nós Imeachta Gearán an Bhainc Ceannais, agus oiliúint de chuid Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas a chur ar ar bhaill foirne a bhíonn ag plé leis an bpobal maidir le Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine.

Nochtadh Faisnéise a cheanglaítear faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).

Áirítear an nochtadh faisnéise seo a leanas i Nóta 8 - “Caiteachais Iomlána”:

- Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaí;
- Costais Sainchomhairleachta;
- Costais Dhlíthiúla agus Socraíochtaí Dlíthiúla;
- Caiteachais Taistil agus Cothaithe;
- Caiteachas Fáilteachais; agus
- Luach saothair agus caiteachais arna n-íoc le comhaltaí an Choimisiúin in 2023.

Ráiteas Comhlíontachta

Ghlac an Coimisiún an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (an Cód), arna oiriúnú in imthosca áirithe chun go gcuirfí san áireamh creat rialachais an Bhainc Ceannais agus ceanglais reachtúla Achtanna an Bhainc Ceannais agus Chonarthaí CEBC, lena n-áirítear an ceanglas maidir le neamhspleáchas an Bhainc Ceannais. Tá nósanna imeachta curtha chun feidhme ag an gCoimisiún chun feidhmiú forálacha ábhartha laistigh den Chód a áirithiú. Sa chomhthéacs sin, tá measúnú déanta ar gach foráil, agus tá an fhoráil á cur i bhfeidhm, nó á glacadh, nó á hoiriúnú faoi láthair ag an mBanc Ceannais, d’fhonn ceanglais reachtúla an

Bhainc Ceannais a chur san áireamh. Measúnaíodh nach raibh forálacha áirithe infheidhme maidir leis an mBanc Ceannais.

I gcás ina ndéanfar forálacha áirithe a oiriúnú nó i gcás nach mbeidh forálacha áirithe infheidhme, beidh an cás amhlaidh d'fhonn córas reachtúil an Bhainc Ceannais a shainaitheint. In Acht 1942, foráiltear do chóras reachtúil an Bhainc Ceannais, lena n-áirítear an caidreamh a bheidh aige leis an Aire Airgeadais, agus ceanglais an Bhainc Ceannais maidir lena neamhspleáchas á gcur san áireamh.

Tá cóip de chur chun feidhme an Chóid ag an mBanc Ceannais le fáil ar shuíomh gréasáin an Bhainc Ceannais.

Gabriel Makhlouf
An Gobharnóir

Shay Cody
Comhalta den Choimisiún

23 Aibreán 2024

Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Glacann an Banc Ceannais forálacha ábhartha an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016 (an Cód). I gcásanna áirithe, oiriúnaíodh forálacha an Chóid chun go gcuirfí san áireamh creat rialachais an Bhainc Ceannais mar aon le ceanglais reachtúla Achtanna an Bhainc Ceannais agus Chonarthaí CEBC, lena n-áirítear an ceanglas maidir le neamhspleáchas an Bhainc Ceannais. Déantar athbhreithniú bliantúil ar fheidhmiú an Chóid ag an mBanc Ceannais.

I gcomhréir leis an gCód, ceanglaítear ar an gCoimisiún ráiteas a ullmhú maidir le feidhmiú Chóras Rialuithe Inmheánacha an Bhainc Ceannais do gach tréimhse tuairiscithe bhliantúil. Mar bhonn taca faoin ráiteas seo, tá athbhreithniú bliantúil a fhéachann le dearbhú réasúnach (seachas lándearbhú) a thabhairt maidir le leordhóthanacht, éifeachtacht agus iontaofacht Chóras na Rialuithe Inmheánacha.

Cuimsíonn Córas Rialuithe Inmheánacha an Bhainc Ceannais sraith fhairsing beartas, nósanna imeachta, agus gníomhaíochtaí bainistíochta agus maoirseachta. Forbraíodh Córas na Rialuithe Inmheánacha chun a áirithiú go bhfuil bearta comhréireacha i bhfeidhm chun bainistíocht a dhéanamh ar na rioscaí doscheachanta a thagann chun cinn le linn don Bhanc Ceannais a shainordú reachtúil agus na cuspóirí faoina Phlean Straitéiseach a bhaint amach. Ní dhéantar rioscaí a dhíchur leis na bearta rialaithe seo, ná ní féidir leo gach foinse féideartha saobhaidh, earráide, mainneachtana, nó caillteanais a thuar. Ina ionad sin, is é is aidhm dóibh a áirithiú go ndéanfar iarmhairtí díobhálacha nó iarmhairtí gan choinne ar ghnóthú shainordú agus chuspóirí straitéiseacha an Bhainc Ceannais a íoslaghdú, laistigh de lamháltais inghlactha atá ailínithe le fonn riosca an Choimisiúin.

Sa ráiteas seo, leagtar amach an fhaisnéis a bhaineann le Córas Rialuithe Inmheánacha an Bhainc Ceannais lena n-áirítear príomhghnéithe na timpeallachta rialaithe, sainaitheint agus measúnú riosca, príomhghníomhaíochtaí rialaithe, faireachán ar riosca agus ar rialuithe agus athbhreithniú bliantúil ar Chóras na Rialuithe Inmheánacha. Thar ceann an Choimisiúin, deimhnímid ár bhfreagracht fhoriomlán as Córas Rialuithe Inmheánacha an Bhainc Ceannais, as ailíniú ceaptha an chórais sin lenár bhfonn riosca formheasta agus leis na próisis dearbhaithe a bunaíodh chun a leordhóthanacht agus a shláine a chothabháil agus a mheasúnú don tréimhse tuairiscithe bhliantúil dar chríoch an 31 Nollaig 2023.

Príomhghníomhaíochtaí an Rialaithe Inmheánaigh

Le linn na tréimhse tuairiscithe, rinne an Coimisiún formhaoirsiú ar chur chun feidhme raon gníomhaíochtaí rialaithe chun a áirithiú go maolófaí go héifeachtach aon rioscaí do ghnóthú na gcuspoirí sin, a mhéid is indéanta sin ar bhonn oibríochtúil agus ar bhonn eacnamaíoch. Bíonn na gníomhaíochtaí rialaithe seo á bhfeidhmiú ar gach leibhéal den Bhanc Ceannais lena gcuimsítear rialú a chuid próiseas airgeadais agus oibríochtúil, agus a chomhlíontacht i ndáil le hoibleagáidí dlíthiúla agus rialála éagsúla. Cé go bhféadfaidh cineálacha éagsúla gníomhaíochtaí rialaithe a bheith ann, féachann gach ceann díobh le dearbhú réasúnach a thabhairt gur baineadh cuspóir rialaithe ar leith amach. Ar na príomhghníomhaíochtaí rialaithe, áirítear:

- **Creat Rialachais:** Tá creat Rialachais ag an mBanc Ceannais chun na socruithe rialachais sa Bhanc Ceannais a chomhdhlúthú agus a chur in iúl go soiléir, lena n-áirítear: Plean um Shannadh Freagrachtaí ina gcuirtear in iúl sannadh cumhachtaí agus feidhmeanna sonraithe de chuid an Bhainc Ceannais, lena n-áirítear a chreat tarmiligin; struchtúr eagraíochtúil agus coiste atá sainithe go foirmiúil agus ailínithe le feidhmeanna reachtúla an Bhainc Ceannais, agus ina bhfuil línte freagrachta agus leibhéil údaráis atá sainithe go soiléir; Creat Beartas Corparáideach chun a bhfuil i gceist le Beartas Corparáideach a shainiú agus chun clár Beartas Corparáideach a chur ar fáil ina sainaithnítear an t-údarás ábhartha formheasa; agus doiciméad ina sonraítear ról agus freagrachtaí na gceannairí sinsearach agus ina leagtar amach na socruithe ábhartha rialachais atá i bhfeidhm chun tacú le cinnteoireacht ar fud an Bhainc Ceannais. Ina theannta sin, formheasann an Coimisiún Straitéis an Bhainc Ceannais agus déanann sé formhaoirsiú agus faireachán ar Phleananna Gnó Bliantúla.
- **Príomhoibleagaidí Reachtúla an Bhainc Ceannais:** I gcomhréir leis an gCód, tugtar sceideal de na hoibleagaidí is tábhachtaí reachtúla agus rialachais atá ag an mBanc Ceannais, mar aon le tuairisc ina sainaithnítear, ar ardleibhéal, an reachtaíocht is infheidhme, sannadh freagrachtaí agus conas a dhéantar faireachán ar chomhlíonadh.
- **Bainistíocht Daoine** Tá creat bainistíochta daoine lena n-áirítear plean arna fhormheas ag an gCoimisiún maidir le soláthar foirne, beartas earcaíochta, cláir fhoirmiúla oiliúna don fhoireann, breithmheas bliantúil feidhmíochta agus nósanna imeachta ábhartha eile, i bhfeidhm chun a áirithiú go bhfuil an fhoireann inniúil agus oilte go leordhóthanach chun a gcuid freagrachtaí a chomhlíonadh.
- **Pleanáil agus Bainistíocht Airgeadais:** Ullmhaíonn agus formheasann an Coimisiún Plean Gnó agus Buiséad Bliantúil, le córas cuimsitheach faisnéise airgeadais agus bainistíochta buiséid, ina gcuimsítear rialuithe maidir le cuntais iníoctha, agus tuairisciú rialta ón mbainistíocht ar ghnéithe áirithe de chreat caiteachais an Bhainc Ceannais. Fuair an Coimisiún tuarascáil bhliantúil ar stádas na ngníomhartha atá leagtha amach sa Phlean Gnó Bliantúil ag deireadh na bliana, inar cuimsíodh aon eisceachtaí ó fhormheas an bhuiséid bliantúil.
- **Bainistíocht Riosca:** Creataí don bhainistíocht riosca lena n-áirítear riosca oibríochtúil agus bainistíocht teagmhas ar fud na hoibríochta, bainistíocht riosca airgeadais i ndáil le sócmhainní infheistíochta, oibríochtaí beartais airgeadaíochta an Bhainc Ceannais agus bainistíocht fhoriomlán an Chláir Chomhardaithe.
- **Bainistíocht Calaoise:** Beartas um bainistíocht riosca calaoise ina leagtar amach freagrachtaí maidir le rioscaí calaoise a shainaithint agus a mhaolú, agus an cur chuige maidir le teagmhais calaoise nó teagmhais calaoise amhrasta laistigh den Bhanc Ceannais a thuairisciú agus a imscrúdú.
- **Leanúnachas Gnó:** Beartais leanúnachais gnó agus bainistíochta teagmhas agus próisis tacaíochta chun a áirithiú go mbeidh an Banc Ceannais ullamh chun freagairt a thabhairt ar theagmhais shuaiteacha, áitribh theagmhásacha a chur ar fáil, teicneolaíochtaí a

athshlánú, leanúnachas oibríochtaí criticiúla a chothabháil a mhéid is féidir sin, agus athchromadh ar ghnáthoibríochtaí gnó ar mhodh tráthúil.

- **Bainistíocht Clár agus Tionscadal:** Gníomhaíochtaí rialaithe lena n-áirítear creat sainithe rialachais chun athrú ábhartha a bhainistiú laistigh den Bhanc Ceannais, ar creat é ina n-ionchorpraítear nósanna imeachta maidir le bainistíocht athruithe agus bainistíocht tionscadal, formheas infheistíochta agus beartú tosaíochta maidir le hinfheistíocht.
- **Cosaint Sonraí:** Bearta rialaithe atá ceaptha a chinntiú go gcosnófar cearta príobháideachta daoine aonair i gcomhréir le ceanglais rialála ábhartha.
- **Slándáil Fhisiciúil agus Faisnéise:** Gníomhaíochtaí rialaithe atá ceaptha an fhoireann, áitribh agus sócmhainní fisiceacha agus rúndacht, sláine agus inrochtaineacht sócmhainní faisnéise a chosaint ar athrú neamhúdaraíthe, ar chaillteanas nó ar chontúirt de bharr timpistí, faillí nó gníomhartha coiriúla.
- **Soláthar:** Feidhm láraithe soláthair atá freagrach as nósanna imeachta éifeachtacha a chothabháil maidir le tairiscintí soláthraithe agus formheas soláthraithe i gcomhréir leis na ceanglais um Sholáthar Poiblí, agus ina gcuimsítear tuairisciú rialta do Choiste Feidhmíochta agus Acmhainní agus do Choiste Iniúcháireachta an Choimisiúin.
- **Iniúcháireacht Inmheánach:** Feidhm neamhspleách, oibiachtúil Iniúcháireachta Inmheánaí a mbaineann úsáid as plan riosca-bhunaithe iniúcháireachta inmheánaí, arna ullmhú ar bhonn bliantúil agus arna fhorghabháil ag an gCoiste Iniúcháireachta. Déanann Feidhm na hIniúcháireachta Inmheánaí formhaoirsiú freisin ar bhainistiú nocht cosanta.

Timpeallacht Rialaithe

Is é is aidhm do na gníomhaíochtaí rialaithe inmheánaigh tacú le timpeallacht rialaithe éifeachtach a chothabháil, arb iad a phríomhghnéithe: struchtúr cuimsitheach rialachais, cód iompair eiticéil leabaithe, ról shoiléire agus freagrachtaí soiléire don lucht bainistíochta agus don fhoireann, agus córas leanúnach bainistíochta feidhmíochta atá ailínithe le gnóthú na gcuspóirí arna leagan amach i bPlan Straitéiseach an Bhainc Ceannais.

Mar a cuireadh in iúl, tá sé áitheanta ag an mBanc Ceannais go bhfuil gá, i gcásanna áirithe, an Cód a oiriúnú chun gnéithe uathúla institiúideacha agus rialála áirithe dá ról agus dá shainordú a chur san áireamh. Dá bharr seo, tá líon teoranta mínithe tugtha ag an mBanc Ceannais i gcás ina raibh air foráil ar leith den Chód a oiriúnú, mar gheall ar chreat rialachais agus ar cheanglais reachtúla Achtanna an Bhainc Ceannais agus Chonarthaí CEBC. D'ainneoin an méid sin thuasluaite, creideann an Coimisiún go bhfuil cuspóirí an Chóid bainte amach ag an mBanc Ceannais i ndáil le timpeallacht láidir rialaithe trí bhithín bearta sonracha reachtúla nó rialachais.

Rialachas

I gcomhréir leis an Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais 2010, is struchtúr aonair, comhtháite é an Banc Ceannais a bhfuil bord reachtúil aige, an Coimisiún, atá faoi

chathaoirleacht an Ghobharnóra. Foráiltear san Acht gurb iad seo a leanas feidhmeanna an Choimisiúin:

- Gnóthaí agus gníomhaíochtaí an Bhainc (seachas feidhmeanna an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais (CEBC)) a bhainistiú agus a rialú,
- A áirithiú go mbeidh feidhmeanna baincéireachta ceannais agus feidhmeanna rialála airgeadais an Bhainc Ceannais comhtháite agus comhordaithe, agus
- A áirithiú go ndéanfar na cumhachtaí agus feidhmeanna reachtúla arna dtabhairt don Bhanc a fheidhmiú agus a chomhlíonadh go cuí.

Faoi Acht, tugtar cumhacht don Choimisiún feidhmeanna agus cumhachtaí an Bhainc Ceannais a tharmligean don Ghobharnóir, do Leas-Ghobharnóir, do Choiste nó d'fhostaí de chuid an Bhainc Ceannais. Ní féidir leis an gCoimisiún aon fheidhm de chuid an Bhainc Ceannais a tharmligean do choiste más rud é go gceanglaítear le foráil den Acht go gcomhlíonfaidh an Gobharnóir an fheidhm sin. Déantar tarmligean den sórt seo ar mhaithe le bainistiú éifeachtach, éifeachtúil an Bhainc Ceannais agus chun a áirithiú go ndéanfar feidhmeanna agus cumhachtaí an Bhainc Ceannais a fheidhmiú agus a chomhall go cuí. Dá bhrí sin, tá formhór fheidhmeanna agus cumhachtaí an Bhainc Ceannais tarmligthe ag an gCoimisiún. Tá cumhacht tugtha do gach duine de na daoine thuasluaite gníomhú thar ceann an Bhainc Ceannais chun na feidhmeanna, cumhachtaí agus freagrachtaí a shanntar dóibh ó am go ham a chomhall, lena n-áirítear tuairimí a fhoirmiú, cinntí a ghlacadh, gníomh a dhéanamh, agus cumhachtaí agus feidhmeanna an Bhainc Ceannais arna dtarmligean ó am go ham a fheidhmiú. Beidh an duine dá sanntar freagracht as feidhm a chomhlíonadh freagrach don Ghobharnóir as comhlíonadh na feidhme sin. Déanann an Coimisiún, trí bhíthin a cheithre choiste (An Coiste Iniúcháireachta, an Coiste Riosca, an Coiste Mórtionscadal agus an Coiste Luacha Saothair), faireachán agus athbhreithniú ar fheidhmíocht na dtarmligean sin lena n-áirítear oibriú Chóras Rialuithe Inmheánacha an Bhainc Ceannais. Tá feidhmeanna an Choimisiúin agus a chuid coistí leagtha amach i dTearmaí Tagartha ar leithligh.

Is é cuspóir an Choiste Iniúcháireachta tacaíocht a thabhairt don Choimisiún a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh i ndáil le saincheistean a bhaineann le riosca airgeadais, rialú agus rialachas. Déanann an Coiste Iniúcháireachta é sin trí athbhreithniú a dhéanamh ar chuimsitheacht, iontaofacht agus ar ionracas na ndearbhuithe a thugtar don Choimisiún. Tá de chumhacht ag an gCoiste Iniúcháireachta cinntí a dhéanamh ar bhonn údarás tarmligthe ón gCoimisiún.

Is é cuspóir an Choiste Riosca athbhreithniú a dhéanamh ar phríomhchreataí riosca lena mbainistítear príomh-neamhchosaintí an Bhainc Ceannais ar rioscaí inmheánacha, agus chun comhairle a thabhairt don Choimisiún ina leith. Tá sé mar phríomhchuspóir ag an gCoimisiún a áirithiú go ndéanfar creataí riosca a chur i bhfeidhm i gcomhréir le fonn riosca formheasta an Choimisiúin. Tá de chumhacht ag an gCoiste Riosca cinntí a dhéanamh ar bhonn údarás tarmligthe ón gCoimisiún.

Is é cuspóir an Choiste Luacha Saothair tacaíocht a thabhairt don Choimisiún a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh i ndáil le saincheistanna a bhaineann le beartas luacha saothair agus le luach saothair.

Is é cuspóir an Choiste Mórtionscadal tacaíocht a thabhairt don Choimisiún a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh i ndáil le cur i bhfeidhm éifeachtach Straitéis an Bhainc Ceannais. Áirítear sa mhéid sin, formhaoirsiú agus breithniú a dhéanamh ar mhórtionscadail, agus ar bhuiséad gaolmhar, lena n-áirítear an Clúdach Infheistíochta gaolmhar. Féachann an Coiste Mórtionscadal le hailíniú a bhaint amach le próifíl riosca an Bhainc Ceannais trí fhormhaoirsiú a dhéanamh ar Phunann iomlán Tionscadal agus Clár de chuid an Bhainc Ceannais, lena n-áirítear tairbhí a réadú. Tá de chumhacht ag an gCoiste Mórtionscadal cinntí a dhéanamh ar bhonn údarás tarmligthe ón gCoimisiún.

Le Creat Rialachais an Bhainc Ceannais, bunaítear creat láraithe ina ina leagtar amach struchtúir eagraíochtúla rialachais. Déantar iad seo a dhoiciméadú sa Chreat Rialachais agus leagtar amach na socruithe ábhartha rialachais atá i bhfeidhm chun tacú le cinnteoireacht ar fud an Bhainc Ceannais, lena n-áirítear ról coistí traseagraíochtúla. Ina theannta sin, áirítear sa Chreat Rialachais clár de Bheartais Chorporáideacha a bhfuil teimpléid agus treoir ábhartha mar thaca leo, agus clár agus treoir do Mheabhrán Tuisceana.

Áirítear sa Chreat, Rialachais struchtúr coistí inmheánacha agus struchtúr inmheánach bainistíochta feidhmiúcháin a dhéanann formhaoirsiú ar na nithe eagraíochtúla ábhartha go léir. Tá Coiste Bainistíochta Riosca ann ar leibhéal feidhmiúcháin a gcuirtear de chúram air maoirseacht a dhéanamh agus dúshlán a thabhairt ar fud na n-aicmí riosca go léir agus nithe a bhaineann le comhlíonadh inmheánach agus iompar. Tacaíonn coistí eile ar leibhéal feidhmiúcháin le timpeallacht rialaithe an Bhainc Ceannais, mar atá leagtha amach sa Chreat Rialachais.

Leanann an Coimisiún de mhaoirseacht a dhéanamh ar nósanna imeachta maidir le freagrachtaí bainistíochta agus cuspóirí bliantúla a shannadh laistigh den Bhanc Ceannais. Sainítear freagrachtaí bainistíochta agus foirne le bunachar sonraí cuimsitheach próifílí ról agus clár bainistíochta agus forbartha feidhmíochta.

Is é an lucht bainistíochta feidhmiúcháin, i gcomhar leis an gCoimisiún, a shonraíonn cuspóirí uileghabhálacha (leibhéal eintitis) an Bhainc Ceannais laistigh de Straitéis trí bliana. Ba é an Coimisiún a d'fhormheas Straitéis reatha an Bhainc Ceannais agus cuireadh faoi bhráid an Aire Airgeadais é. Tháinig sí in éifeacht an 1 Eanáir 2022. Leantar den Straitéis seo a chur chun feidhme agus a thuairisciú, agus d'fhaireachán a dhéanamh uirthi, trí bhíthin phróiseas Pleanála Bliantúla Gnó de chuid an Bhainc Ceannais, lena n-áirítear athbhreithniú foirmiúil rialta ag an mbainistíocht shinsearach agus athbhreithniú leathbhliantúil ag an gCoimisiún.

Feabhsaíodh tuilleadh an próiseas Pleanála Bliantúla Gnó ar leibhéal eagraíochtúil in 2023. Leis an bpróiseas seo, déantar cuspóirí inláimhsithe de threo fadtéarmach straitéiseach agus de Threochlár meántéarmach an Bhainc Ceannais maidir le Gnóthú Straitéise, ar cuspóirí iad a bheidh le gnóthú thar thréimhse bliana, agus a bheidh ailínithe leis an mbuiséad bliantúil.

Cuimsíonn sé cuspoirí oibríochtúla agus straitéiseacha ábhartha ar fud na réimsí gnó go léir. I mí na Samhna 2023, d'fhormheas an Coimisiún an Plean Bliantúil Gnó do 2024.

Anuas air sin, leanann an Coimisiún d'fhormhaoirsiú a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar chomhlíonadh Chód Eitice an Bhainc Ceannais a fhéachann leis na caighdeáin is airde iompair eitice a áirithiú i measc bhaill foirne agus oifigigh an Bhainc Ceannais. Tá a Chód Iompair agus Eitice féin glactha ag an gCoimisiún. Bhunaigh an Coimisiún Beartas Inmheánach um Nochtadh agus déanann sé athbhreithniú air ar bhonn bliantúil. Leis an mBeartas seo, cuirtear sraith cainéal ar fáil d'fhostaithe chun faisnéis a nochtadh go rúnda maidir le héagóir fhéideartha sa Bhanc Ceannais gan faitíos go mbeidh drochthorthaí pearsanta air.

Bainistíocht Riosca

Bíonn bainistíocht agus measúnú neamhchosaintí ar riosca á bhfoirmiú ag Creat Fonn Riosca arna dhéanamh ag an gCoimisiún. Ó thaobh cúrsaí rialachais de, déantar Tuarascáil um Riosca Comhtháite a chur faoi bhráid an Choiste Bainistíochta Riosca agus an Choiste Riosca ar bhonn ráithiúil. Sa Tuarascáil sin, breithnítear an phróifíl riosca le hais na dtairseach atá leagtha amach sa Chreat Fonn Riosca. I dteannta an Chreata Fonn Riosca, tá ceanglas ann a áirithiú go ndéanfar rioscaí a shainaithint agus a mheasúnú go beacht, toisc go gcuireann sé seo bonn ar fáil lena féidir neamhchosaintí riosca fuílligh a mheasúnú i gcoibhneas leis an gCreat Fonn Riosca agus, ar an gcaoi sin, is féidir aon athruithe atá ina n-ábhar imní ó thaobh bainistíocht riosca de, nó aon athruithe a d'fhéadfadh a bheith ina n-ábhar imní amhlaidh, a chinneadh.

Is gné lárnach d'oibriú éifeachtach Chóras Rialuithe Inmheánacha an Bhainc Ceannais iad nósanna imeachta chun rioscaí a shainaithint agus a mheasúnú, ar rioscaí iad a bhféadfadh tionchar díobhálach a bheith acu ar ghnóthú chuspóirí an Bhainc Ceannais ar leibhéal foriomlán eagraíochtúil agus laistigh de gach ceann dá rannáin. Chun a áirithiú go bhfuil Córas na Rialuithe Inmheánacha ar comhréir leis na rioscaí a bhfuil an Banc Ceannais neamhchosanta orthu, tá Creat Bainistíochta Riosca Oibríochtúil bunaithe ag an gCoimisiún chun próiseas comhréireach um shainaithint agus measúnú riosca a áirithiú, lena mbreithnítear an dóchúlacht go dtiocfaidh rioscaí chun cinn agus na himpleachtaí ionchasacha oibriúcháin, airgeadais agus clú.

Tá an Creat Bainistíochta Riosca Oibríochtúil ceaptha a chinntiú go bhfuil rioscaí oibríochtúla á sainaithint agus á measúnú ar bhonn comhsheasmhach rialta ag na rannáin go léir sa Bhanc Ceannais. Sa Chreat Bainistíochta Riosca Oibríochtúil, cuimsítear próiseas measúnaithe riosca agus rialaithe do na rannáin lena mbunaítear agus lena gcothabháiltear cláir chaighdeánaithe rannán de neamhchosaintí agus de theagmhais riosca oibríochtúil ábhartha. Athbhreithnítear sonraí chláir riosca agus teagmhais na rannán agus tuairiscítear orthu don Choiste Bainistíochta Riosca agus don Choiste Riosca le linn na bliana, agus cinntítear go háirithe go nglactar bearta feabhais de láimh chun dul i ngleic le neamhchosaintí atá lasmuigh de lamhálaí fhorhmeasta riosca.

Áirítear freisin sa Chreat Bainistíochta Riosca Oibríochtúil dearbhú cáilíochta leanúnach riosca-bhunaithe chun rioscaí sainaitheanta agus éifeachtach rialuithe a bhailíochtú. Chun

críocha an nós imeachta seo, athbhreithnítear rioscaí agus, i gcás ina mbíonn bearta feabhais de dhíth, cuimsítear iad i bplean bainistíochta riosca gach rannáin. Ceanglaítear ar lucht bainistíochta gach rannán a dhearbhu ar bhonn ráithiúil go ndéantar a gcuid clár riosca a athbhreithniú agus a nuashonrú de réir mar is gá.

Déanann an Coiste Riosca maoirsiú freisin ar Chreat tiomanta Bainistíochta Riosca Airgeadais. Leis seo, díritear go príomha ar rioscaí airgeadais reatha agus ar rioscaí airgeadais atá ag teacht chun cinn, ar rioscaí iad a mbeadh iarmhairt acu ar Chlár Comhardaithe an Bhainc Ceannais de thoradh chur chun feidhme beartais airgeadaíochta agus gníomhaíochtaí lánroghnacha infheistíochta. Le linn na tréimhse tuairiscithe, rinne an Coimisiún athbhreithniú ar stádas na rioscaí airgeadais sin agus bhreithnigh sé moltaí maidir le rialú agus bainistiú éifeachtach na rioscaí sin i gcomhréir leis na lamháltais atá leagtha amach ina Chreat Foinn Riosca formheasta.

Le linn 2023, fuair an Coimisiún agus a chuid coistí tuarascálacha maidir le neamhchosaintí an Bhainc Ceannais ar riosca oibríochtúil agus airgeadais, agus maidir le gnéithe éagsúla de Chóras na Rialuithe Inmheánacha, agus bhreithnigh sé éifeachtacht an Chórais ina iomláine trí nós imeachta um athbhreithniú bliantúil. Ba iad an Rannán um Rialachas Inmheánach, an Rannán um Iniúchóireacht Inmheánach agus an Rannán um Riosca Eagraíochtúil a d'ullmhaigh na tuarascálacha sin. Tar éis dó na tuarascálacha sin a athbhreithniú, tá an Coimisiún sásta go dtugann an forbheathnú léiriú cruinn ar stádas Chóras na Rialuithe Inmheánacha a bhí i bhfeidhm le linn na tréimhse tuairiscithe.

Anuas air sin, agus i gcomhréir le Samhail na dTrí Líne Cosanta maidir le freagrachtaí bainistíochta riosca agus rialaithe a shannadh, tacaíonn an Rannán um Riosca Eagraíochtúil agus an Rannán um Iniúchóireacht Inmheánach le hoibriú Chóras na Rialuithe Inmheánacha chun a chinntiú go ndéantar creataí bainistíochta riosca atá formheasta ag an gCoimisiún, lena n-áirítear measúnú agus athbhreithniú ar rioscaí agus rialuithe, a chur i bhfeidhm go córasach.

Cosaint Sonraí

Próiseálann an Banc Ceannais sonraí pearsanta, le linn dó roinnt dá fheidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh, i ndáil le fostaíocht foirne agus lena rannpháirtíocht le soláthraithe seirbhíse. Sna hAchtanna um Chosaint Sonraí 1998, 2018 agus sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR), leagtar amach na hoibleagáidí éagsúla a bhaineann le sonraí pearsanta a phróiseáil. Tá Beartas um Chosaint Sonraí, Creat Oibríochtúil um Shonraí Pearsanta agus nósanna imeachta oibríochtúla gaolmhara forbartha ag an mBanc Ceannais chun na ceanglais seo a chomhlíonadh. Iontu sin, cuirtear síos ar na ról agus freagrachtaí a bhaineann le cosaint sonraí, agus leagtar amach an chaoi ina ndéantar na príomhphrionsabail maidir le cosaint sonraí a chur chun feidhme sa Bhanc Ceannais. I gcomhréir le ceanglais GDPR, tá Oifigeach um Chosaint Sonraí ceaptha ag an mBanc Ceannais, agus bíonn an méid seo a leanas i gceist leis an ról sin; comhairle a thabhairt maidir le sonraí, faireachán agus measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na reachtaíochta agus na gceanglas éagsúil um chosaint sonraí, comhordú a dhéanamh ar theagmhais a bhaineann le cosaint sonraí, freagraí a thabhairt ar iarrataí ar rochtain agus tuairisciú go rialta do choistí maoirseachta.

Sa tréimhse faoi athbhreithniú, chuir an Banc Ceannais feabhas ar a Shamhail Oibríochtúil um Chosaint Sonraí le béim ar leith ar aistriú chuig samhail oibríochtúil riosca-bhunaithe. Ceann de na comhpháirteanna den tsamhail athbhreithnithe seo is ea próiseas nua chun na rioscaí cosanta sonraí atá ag bagairt ar an mBanc Ceannais a shainaithint, a rátáil agus a bhainistiú, ar rioscaí iad a d'fhéadfadh damáiste clú agus/nó airgeadais a dhéanamh. Coinnítear an Coiste Bainistíochta Riosca ar an eolas maidir leis an dul chun cinn atá déanta i leith na ngníomhaíochtaí sin.

In 2023, d'aithin an Banc Ceannais earráid chartlannaithe a rinne difear don tréimhse choinneála a bhain le faisnéis tomhaltóirí áirithe arna sealbhú ar an bPríomh-Chlár Creidmheasa. De thoradh na harráide seo, coinníodh faisnéis tomhaltóirí áirithe ar an bPríomh-Chlár Creidmheasa go ceann tréimhse trí mhí bhreise, agus áiríodh go mícheart i dtuarascálacha creidmheasa í. B'ionann an earráid seo agus sárú ar an reachtaíocht um chosaint sonraí. I gcomhréir le hoibleagáidí an Bhainc Ceannais faoin reachtaíocht um chosaint sonraí, chuir an Banc Ceannais an Coimisiún um Chosaint Sonraí (DPC) ar an eolas faoin scéal. Tá imscrúdú á dhéanamh ag DPC air agus, ag brath ar thoradh an imscrúdaithe, féadfaidh go ndlífidh an Banc Ceannais fineáil a íoc le DPC.

Soláthar

Oibríonn an Banc Ceannais Beartas Corparáideach Soláthair atá formheasta ag an gCoimisiún. Comhlíontar ceanglais soláthair an Bhainc Ceannais i gcomhréir leis an mBeartas seo agus leis an gcreat rialaithe inmheánaigh a bhunaíonn sé.

Leis an mBeartas, féachtar leis na treoirlínte Eorpacha agus náisiúnta agus leis an dlí Eorpach agus náisiúnta a chomhlíonadh mar atá leagtha amach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais seachas maidir le foilsiú sonraí a bhaineann le dámhachtain conarthaí os cionn €25,000 ar an suíomh gréasáin um soláthar náisiúnta (eTenders). Chinn an Banc Ceannais an ceanglas trédhearcachta seo a chomhlíonadh trí leanúint d'fhógraí dámhachtana a fhoilsiú le haghaidh conarthaí arna bhfógairt ar eTenders ag pointe iontrála tairsigh um Sholáthar Náisiúnta, eadhon €50,000, agus leanúint de chonarthaí foilsithe ar mó ná €25,000 a luach a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an Bhainc Ceannais tríd an tairseach a bhaineann le Saoráil Faisnéise a leasú ó €50,000 go €25,000 ar chúiseanna éifeachtúlachta agus éifeachtachta oibríochta.

In imthosca teoranta áirithe, féadfar conarthaí a dhámhachtain gan dul ar iontaoibh próiseas iomaíoch tairiscintí:

- I gcás ina bhforáiltear sna rialacha soláthair do dhíolúine/d'eisceacht ábhartha, nó
- I gcás nach bhfuil aon oibleagáid dhlíthiúil tairiscintí a lorg (e.g. Toisc go bhfuil luach an chonartha faoi bhun Thairseach AE agus nach bhfuil aon leas trasteorann) agus ina bhfuil imthosca eisceachtúla ann.

Meastar gur 'conarthaí neamhchomhlíontacha' iad aon chonarthaí eile a dhámhtar gan dul ar iontaoibh próiseas iomaíoch tairisceana agus bíonn siad sin á bhformhaoirsiú ag an gCoiste Feidhmíochta agus Acmhainní agus ag an gCoiste Iniúchóireachta. Níor dhámh an Banc Ceannais aon 'conarthaí neamhchomhlíontacha' in 2023 agus níor tabhaíodh aon

chaiteachas ar an gconradh neamhchomhlíontach amháin a bhí ann cheana. Leanfaidh an conradh seo go dtí deireadh a théarma nuair a bheidh na seirbhísí curtha i gcrích agus tá cur síos ar an gconradh neamhchomhlíontach ar fáil sa tábla thíos.

I mí Aibreáin 2020, chinn an Banc Ceannais, bunaithe ar an tábhacht mhór a bhain le cineál na seirbhísí, go ndéanfaí an conradh le haghaidh Óstáil Lárionad Sonraí agus Seirbhísí Bainistíochta a dhámhachtain gan nós imeachta iomaíoch ar fhorais fíorphráinne (de bhun Rialachán 32(2)(c) de I.R. 284 de 2016) mar gheall ar éigeandáil COVID-19. D'fhoilsigh an Banc Ceannais Fógra Trédhearcachta Ex-Ante Saorálach (VEAT) an 3 Lúnasa 2020 inar sonraíodh go soiléir go raibh sé i gceist aige conradh nua a dhámhachtain. B'ionann an caiteachas ar an gconradh seo agus €12,456,560 (gan CBL a áireamh) in 2023 agus €12,033,914 (gan CBL a áireamh) in 2022.

Tábla 1.1 Cur síos ar Chonarthaí Neamhchomhlíontacha

An fáth le dámhachtain dhíreach	Líon na gconarthaí 2023	Caiteachas (€) 2023	Líon na gconarthaí 2022	Caiteachas (€) 2022
Cosc ar phróiseas tairiscintí iomaíocha de bharr chineál íogair nó rúnda na hoibre	1 ³³	0	1	0
Tar-rolladh conartha reatha go dtí go dtabharfar próiseas tairiscintí chun críche	0	0	0	0
Tar-rolladh conartha reatha a leanfaidh go deireadh a théarma	0	0	0	0
Iomlán	1	0	1	0

Athbhreithniú agus Faireachán ar Chóras na Rialuithe Inmheánacha

Chun a áirithiú go bhfuil Córas na Rialuithe Inmheánacha ag oibriú de réir a chuid ionchas, tá nósanna imeachta neamhspleácha um dhearbhuí bunaithe ag an gCoimisiún chun athbhreithniú agus faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht agus ar éifeachtacht ghníomhaíochtaí bainistíochta riosca an Bhainc Ceannais. Is é an Rannán um Iniúchóireacht Inmheánach go príomha a thugann faoi na nósanna imeachta athbhreithnithe agus faireacháin.

Tuairiscíonn Ceannasaí an Rannáin um Iniúchóireacht Inmheánach go díreach don Ghobharnóir, agus bíonn rochtain neamhshrianta aige ar an lucht Bainistíochta agus ar chomhaltaí an Choimsiúin. Bíonn gníomhaíochtaí an Rannáin um Iniúchóireacht Inmheánach faoi stiúir ag Cairt na hIniúchóireachta Inmheánaí agus ag an bPlean Iniúchóireachta Bliantúil arna bhformheas ag an gCoiste Iniúchóireachta. Déanann an Rannán um Iniúchóireacht Inmheánach measúnú ar chomhlíonadh bheartas agus nósanna imeachta an Bhainc Ceannais agus ar chomhlíonadh dlíthe agus rialachán infheidhme, agus cuireann sé dearbhú neamhspleách, oibiachtúil ar fáil maidir le leordhóthanacht agus éifeachtacht na bainistíochta

³³ Ag deireadh 2023, ba é seo an t-aon chonradh díir-dhámhachtana amháin a bhí fágtha (arna dhámhachtain gan dul ar iontaoibh próiseas tairisceana).

riosca, Chóras na Rialuithe Inmheánacha agus na bpróiseas rialaithe trí iniúchóireachtaí rialta a dhéanamh.

Déanann an Rannán um Iniúchóireacht Inmheánach a chuid fionnachtana a thuairisciú go díreach don Choiste Iniúchóireachta. Sna tuarascálacha sin, leagtar béim ar easnaimh, más ann dóibh, i gCóras na Rialuithe Inmheánacha agus sonraítear na bearta comhaontaithe feabhais a bheidh le glacadh ag an mbainistíocht i gcás ina meastar gur gá sin. Déanann an Rannán um Iniúchóireacht Inmheánach faireachán ar chur chun feidhme beart chun a chinntiú go leanfaidh an timpeallacht rialaithe de bheith éifeachtach. Faigheann an Coiste Iniúchóireachta tuairiscí chun dáta ar bhonn rialta maidir le stádas saincheisteanna arna n-ardú ag na hiniúcháirí inmheánacha agus seachtracha agus glacann sé bearta leantacha chun a áirithiú go ndéanfar bearta iomchuí, tráthúla i leith na saincheisteanna sin.

Athbhreithniú Bliantúil ar Chóras na Rialuithe Inmheánacha

Rinne an Coimisiun athbhreithniú ar éifeachtacht Chóras na Rialuithe Inmheánacha sa Bhanc Ceannais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023. Rinne an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú mionsonraithe ar éifeachtacht Chóras na Rialuithe Inmheánacha agus thuairiscigh a chuid fionnachtana don Choimisiún i mí Aibreáin 2024. San athbhreithniú sin ar éifeachtacht Chóras na Rialuithe Inmheánacha, áiríodh an méid seo a leanas:

- Breithniú ar thuarascálacha ón Rannán um Riosca Eagraíochtúil ina leagtar amach neamhchosaintí an Bhainc Ceannais ar rioscaí straitéiseacha, airgeadais agus oibríochtúla agus breithniú ar ghnéithe eile de Chóras na Rialuithe Inmheánacha arna gcur ar fáil ag an Rannán um Rialachas Inmheánach
- Obair an Rannáin um Iniúchóireacht Inmheánach agus a chuid tuarascálacha agus fionnachtana a bhreithniú.
- Forbhreathnú ar thuarascálacha rialta ón Rannán um Iniúchóireacht Inmheánach maidir le stádas thimpeallacht rialaithe inmheánaigh an Bhainc Ceannais agus stádas saincheisteanna arna gcur in iúl roimhe seo ina gcuid tuarascálacha féin agus nithe arna gcur in iúl ag na hiniúcháirí seachtracha
- Forbhreathnú ar athruithe suntasacha ar Chóras na Rialuithe Inmheánacha sa tréimhse tuairiscithe
- Breithniú a dhéanamh ar shaincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais arna sainaithint ag na hiniúcháirí seachtracha
- Breithniú a dhéanamh ar bheartas an Bhainc Ceannais um bainistíocht teagmhas ina leagtar amach an próiseas agus na ceanglais maidir le teagmhas a shainaithint, a mheasúnú, a thuairisciú, agus maidir le faireachán a dhéanamh ar fheabhsuithe rialaithe agus rialachais. Tá clár teagmhas ann ina dtuairiscítear teagmhais thuairiscithe; déantar measúnú ar na teagmhais seo agus sanntar grád dóibh i gcomhréir lena dtionchar.

Bunaithe ar an méid sin thuas, measann an Coimisiún go bhfuil Córas na Rialuithe Inmheánacha a bhí i bhfeidhm sa Bhanc Ceannais don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2023 éifeachtach i gcónaí.

Gabriel Makhoul
An Gobharnóir

Shay Cody
Comhalta den Choimisiún

23 Aibreán 2024

CUNTAS LEITHGHABHÁLA BRABÚIS AGUS CAILLTEANAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 Nollaig 2023

	Nóta	2023 €000	2022 €000
Ioncam Úis	2	4,323,150	1,110,015
Úschostas	2	(4,535,740)	(443,984)
Glan(chaiteachas)/ioncam úis	2	(212,590)	666,031
Glan-ghnóthachain réadaithe a eascraíonn as oibríochtaí airgeadais	3	1,043,356	1,463,678
Díluachálacha sócmhainní agus staideanna airgeadais	3	(41,393)	(115,608)
Aistriú chuig soláthairtí	3	131,934	(1,199,189)
Glantoradh oibríochtaí airgeadais, díluachálacha agus soláthairtí	3	1,133,897	148,881
Ioncam ó tháillí agus ó choimisiúin	4	4,488	3,980
Ioncam ó ghnáthscaireanna agus ó leasanna rannpháirteachais	5	2,978	3,686
Glantoradh chomhthiomsú ioncaim airgeadaíochta	6	(640,449)	(323,160)
Glanioncam eile	7	222,662	417,280
Ioncam ón tobhach maoiniúcháin		205,017	199,118
Eile		17,645	218,162
GLANIONCAM IOMLÁN		510,986	916,698
Caiteachais foirne	8	(213,809)	(244,942)
Caiteachais oibríochtúla eile	8	(96,920)	(77,807)
Caillteanas neamhréadaithe ar réadmhaoin infheistíochta	8	(18,229)	-
Muirear lagaithe ar mhaoin, gléasra, trealamh	8	(156,858)	-
Dímheas	8	(20,890)	(13,080)
Amhábhair um Tháirgeadh Airgeadra	8	(4,280)	(5,863)
CAITEACHAIS IOMLÁNA	8	(510,986)	(341,692)
BRABÚS DON BHLIAIN ROIMH GHLUAISEACHTAÍ AR GHNÓTHACHAIN NEAMHRÉADAITHE, GNÓTHACHAN ACHTÚIREACH AGUS LEITHGHABHÁIL BRABÚIS		-	575,006
Glanghluaiseacht ar ghnóthachain neamhréadaithe	33	(1,013,161)	(2,286,492)
Aistrithe ó chuntais athluachála	33	1,013,161	2,286,492
Gnóthachan/(Caillteanas) achtúireach ar an scéim pinsin	31	(13,835)	643,642
Aistriú brabús coimeádta chuig cúlchiste ginearálta	34	-	(718,527)
Aistriú ó chúlchistí	34	13,835	-
IONCAM BARRACHAIS IS INÍOCTHA LEIS AN STÁTCHISTE	9, 30	-	500,121

Tá na beartais chuntasaíochta in éineacht le Nótaí 1 go dtí 42 mar chuid de na cuntais seo.

CLÁR COMHARDAITHE AMHAIL AR AN 31 Nollaig 2023

SÓCMHAINNÍ	Nóta	2023 €000	2022 €000
Ór agus infháltais óir	10	722,100	659,566
Éilimh in airgeadra eachtrach ar chónaitheoirí nach bhfuil sa limistéar euro	11	10,603,173	11,246,329
Éilimh in airgeadra eachtrach ar chónaitheoirí atá sa limistéar euro	12	14,294	117,729
Éilimh in euro ar chónaitheoirí nach bhfuil sa limistéar euro	13	2,109,292	2,520,832
Iasachtú in euro le hinstitiúidí creidmheasa an limistéir euro i ndáil le hoibríochtaí beartais airgeadaíochta	14	84,500	219,400
Éilimh eile in euro ar institiúidí creidmheasa an limistéir euro	15	1,736,502	1,646,481
Urrúis in euro de chuid cónaitheoirí atá sa limistéar euro	16	67,946,101	73,355,689
Urrúis arna sealbhú chun críocha Beartas Airgeadaíochta		60,016,155	62,990,868
Urrúis Eile		7,929,946	10,364,821
Éilimh in-Eurochórais		97,876,094	102,572,926
Leas rannpháirteachais in BCE	17	237,271	237,271
Éilimh atá coibhéiseach le haistriú cúlchistí eachtracha	18	683,175	683,175
Éilimh eile laistigh den Eurochóras (glan)	19	96,955,648	101,652,480
Sócmhainní eile	20	2,833,653	2,511,117
Sócmhainní iomlána		183,925,709	194,850,069

Gabriel Makhoulf
An Gobharnóir

23 Aibreán 2024

Vasileios Madouros
An Leas-Ghobharnóir
Cobhsaíocht Airgeadais agus Airgeadaíochta

Tá na beartais chuntasaíochta in éineacht le Nótaí 1 go dtí 42 mar chuid de na cuntais seo.

Gabriel Makhoulf
An Gobharnóir

Vasileios Madouros
An Leas-Ghobharnóir
Cobhsaíocht Airgeadais agus Airgeadaíochta

CLÁR COMHARDAITHE AMHAIL AR AN 31 Nollaig 2023

DLITEANAIS	Nóta	2023 €000	2022 €000
Nótaí bainc i gcúrsaíocht	22	24,221,493	24,492,274
Dliteanais d'institiúidí creidmheasa an limistéir euro maidir le hoibríochtaí beartais airgeadaíochta in euro	23	94,040,334	102,450,367
Dliteanais eile in euro d'institiúidí creidmheasa an limistéir euro	24	751,848	934,174
Dliteanais in euro do chónaitheoirí eile atá sa limistéar euro	25	22,557,483	25,999,243
Dliteanais in euro do chónaitheoirí nach bhfuil sa limistéar euro	26	1,030,899	678,288
Dliteanais in airgeadra eachtrach do chónaitheoirí nach bhfuil sa limistéar euro	27	45,776	-
Contrapháirtí ceart speisialta tarraingthe arna leithdháileadh ag an CAI	28	4,962,491	5,109,457
Dliteanais a bhaineann le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras	29	24,413,094	22,218,167
Dliteanais eile	30	1,885,914	1,796,421
Sochair scoir	31	63,751	59,988
Soláthairtí	32	2,871,726	3,003,794
Cuntais athluachála	33	876,402	1,889,563
Caipiteal agus cúlchistí	34	6,204,498	6,218,333
Dliteanais iomlána		183,925,709	194,850,069

Tá na beartais chuntasaíochta in éineacht le Nótaí 1 go dtí 42 mar chuid de na cuntais seo.

Gabriel Makhoul
An Gobharnóir

Vasileios Madouros
An Leas-Ghobharnóir
Cobhsaíocht Airgeadais agus Airgeadaíochta

23 Aibreán 2024

Nótaí a ghabhann leis na Cuntais

Nóta 1: Beartais Chuntasaíochta agus Faisnéis Ghaolmhar

(a) Creat Dlíthiúil

Sa Ráiteas Cuntas, tagraíonn an téarma “an Banc Ceannais”, aon áit a n-úsáidtear é, do Bhanc Ceannais na hÉireann.

Ullmhaíodh na cuntais de bhun Alt 32J d’Acht an Bhainc Cheannais, 1942 (arna leasú) lena bhforáiltear go n-ullmhóidh an Banc Ceannais ráiteas cuntas laistigh de shé mhí ó dheireadh gach bliana airgeadais, agus go gcuirfí é sin faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste don bhliain airgeadais lena mbaineann. Tá an ráiteas san fhoirm atá formheasta ag an Aire Airgeadais. Le foirm na gcuntas, léirítear cineál sonrach na gcúraimí a dhéanann an Banc Ceannais laistigh de chreat CEBC³⁴ mar aon lena raon ilchineálach a chuid gníomhaíochtaí. Ceanglaítear faoi Airteagal 27.1 de Reacht CEBC agus BCE go gceapfar iniúcháirí neamhspleácha seachtracha.

(b) Prionsabail Chuntasaíochta

Mar bhall rannpháirteach de CEBC, comhlíonann an Banc Ceannais na beartais chuntasaíochta arna leagan síos ag an gComhairle Rialaithe³⁵ sa Treoirlíne³⁶. Ullmhaíodh Ráiteas Cuntas an Bhainc Ceannais i gcomhréir leis na forálacha a leagtar amach sa Treoirlíne, lena n-áirítear ullmhúchán ar bhonn gnóthas leantach. I gcásanna nach dtugann an Treoirlíne treoir shonrach, leantar cleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leo in Éirinn agus forálacha iomchuí reachtúla³⁷ a bhfuil feidhm acu maidir leis an mBanc Ceannais. Is ionann an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann agus an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais 102 (FRS 102) arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais.

Tá na prionsabail agus beartais a leagtar amach sa Treoirlíne i gcomhréir, a bheag nó a mhór, leis na prionsabail chuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leo in Éirinn. Is iad seo a leanas na príomhéagsúlachtaí atá ábhartha don Bhanc Ceannais idir an Treoirlíne (forálacha éigeantacha agus molta) agus FRS 102:

- a. Gnóthachain neamhréadaithe ó shócmhainní agus ó dhliteanais arna dtomhas ar mhargadhluach, tabharfar cuntas ina leith tríd an gCuntas Brabúis agus Caillteanas agus

34 An téarma Córas Eorpach Banc Ceannais (CEBC), tagraíonn sé do na 27 mBanc Cheannais Náisiúnta (BCNanna) de chuid Bhallstáit an Aontais Eorpaigh amhail ar an 31 Nollaig 2023 i dteannta an Bhainc Ceannais Eorpaigh (BCE). Tagraíonn an téarma “Eurochóras” don 20 BCN de chuid na mBallstát atá rannpháirteach san Aontas Airgeadaíochta, i dteannta BCE, amhail ar an dáta céanna.

35 Is í an Chomhairle Rialaithe príomhchomhlacht cinnteoireachta BCE. Tá an seisear comhaltai den Bhord Feidhmiúcháin uirthi móide gobharnóirí bhainc cheannais náisiúnta an 20 tír sa limistéar euro.

36 Tagraíonn an Treoirlíne do Threoirlíne an Bhainc Cheannais Eorpaigh (3 Samhain 2016) ar chreat dlíthiúil do chuntasaíocht agus do thuairisciú airgeadais in CEBC (BCE /2016/34). arna leasú.

37 Orthu sin, áirítear Achtanna an Bhainc Ceannais 1942-2023, Central Bank of Ireland (Surplus Income) Regulations 1943 Sna (The Central Bank of Ireland (Surplus Income) Regulations 1943 foráiltear do ríomh bharrachais ioncaim an Bhainc Ceannais gach bliain agus íoctar an ioncam barrachais sin leis an Státchiste i gcomhréir le halt 32H d’Acht an Bhainc Cheannais 1942. an tAcht Monaíochta 1950, na hAchtanna um Airgead Reatha Deachúil 1969-1990 agus an tAcht um Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta, 1998. Tá an Banc faoi réir an Chonartha ar an Aontas Eorpach freisin agus an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, lena gcuimsítear Reacht CEBC agus BCE, agus tá sé faoi réir aon dlíthe de chuid AE arna ndéanamh faoi na Conarthaí sin agus a bhaineann le bainc cheannais náisiúnta de chuid CEBC.

Leithghabhála agus déanfar iad a aistriú chuig an gcuntais athluachála ar an gClár Comhardaithe.

b. Ní bheidh gá le ráiteas ar shreafaí airgid.

c. Áirítear soláthar i leith rioscaí airgeadais faoin mír dliteanais “Soláthairtí”.

Ceanglaítear go mbainfear úsáid as meastacháin ríthábhachtacha chuntasaíochta áirithe chun Ráiteas Cuntas an Bhainc Ceannais a ullmhú i gcomhréir leis an Treoirlíne agus le FRS 102. Ina theannta sin, ceanglaítear ar an lucht bainistíochta breithiúnas a fheidhmiú le linn dóibh beartais chuntasaíochta an Bhainc Ceannais a chur i bhfeidhm. I gcás ina bhfuil an Treoirlíne tostach i ndáil le hionstraimí airgeadais, leanann an Banc Ceannais ceanglais alt 11 agus alt 12 ina iomláine faoi FRS 102. I Nóta 1 (n) “Meastacháin agus Breithiúnais Ríthábhachtacha Chuntasaíochta”, cuirtear in iúl na réimsí a mbaineann leibhéal níos airde breithniúnais nó measúnachta leo. Déantar sócmhainní airgeadais a fhritháireamh agus cuirtear na glanmhéideanna in iúl sa Ráiteas Cuntas nuair atá ceart is infheidhmithe le dlí ann chun na méideanna sainaitheanta a fhritháireamh agus nuair a bheartaítear réiteach a dhéanamh ar bhonn glan nó an tsócmhainn a réadú agus an dliteanas a réiteach go comhuaineach (Nóta 11(i)(a), Nóta 19(i), Nóta 19(ii), Nóta 22). Ní raibh aon athruithe ar na beartais chuntasaíochta arna gcur i bhfeidhm ag an mBanc le linn na bliana.

(c) Treoirlíne Chuntasaíochta an Eurochórais

Mar chomhalta den CEBC/Eurochóras, tá Treoirlíne Chuntasaíochta BCE glactha ag an mBanc Ceannais. Is é seo a leanas achoimre ar phríomhfhorálacha na Treoirlíne.

(i) Cuntasaíocht Dáta Trádála³⁸

Sonraítear sa Treoirlíne go bhféadfar cuntasaíocht dáta trádála a chur chun feidhme agus úsáid á baint as “gnáthchur chuige” nó as “cur chuige malartach”. Baineann an Banc Ceannais úsáid as an gcur chuige malartach agus, dá bhrí sin, déantar idirbhearta i sócmhainní agus i ndlíteannais a thaifeadadh ar an dáta socraíochta (go hiondúil an dáta trádála móide dhá lá oibre), seachas an gnáthchur chuige³⁹ trína ndéantar idirbhearta a thaifeadadh ar an dáta trádála (Nóta 1(h)).

(ii) Iarmhéideanna in-CEBC

Eascraíonn iarmhéideanna in-CEBC go príomha as íocaíochtaí trasteorann in AE a shocraítear in airgead bainc ceannais in euro. Tríd is tríd, is iad eintitis phríobháideacha a thionscnaíonn na hidirbhearta seo (i.e. institiúidí creidmheasa, corparáidí agus daoine aonair). Déantar iad shocrú go príomha i TARGET - an tUathchóras Mear-aistrithe Ollsocráíochtaí Fíor-ama Tras-Eorpach, (Nóta 19(ii)) agus éiríonn iarmhéideanna déthaobhacha i gcuntais TARGET de chuid bhainc cheannais an AE astu.

³⁸Arna sainiú i dTreoirlíne an Bhainc Cheannais Eorpaigh (3 Samhain 2016) ar chreat dlíthiúil do chuntasaíocht agus do thuairisciú airgeadais in CEBC (BCE /2016/34).

³⁹BCNanna a bhaineann úsáid as an ngnáthchur chuige, déanfaidh siad urrúis a thaifeadadh lasmuigh den Chlár Comhardaithe ar an dáta trádála. Ar an dáta socraíochta, déanfar na hiontrálacha lasmuigh den Chlár Comhardaithe a aisiompú agus taifeadfar iontrálacha laistigh den Chlár Comhardaithe.

Déanann íocaíochtaí arna seoladh ag BCE agus ag na Bainc Cheannais Náisiúnta (BCNanna) difear do na cuntais seo freisin. Déantar na socraíochtaí go léir a chomhiomlánú agus a choigeartú go huathoibríoch chun a bheith mar chuid de shuíomh aonair gach BCN i leith BCE. Déantar na gluaiseachtaí i gcuntais TARGET a léiriú i dtaifid chuntasaíochta BCE agus BCNanna ar bhonn laethúil.

Iarmhéideanna in-Eurochórais de chuid an Bhainc Ceannais i leith BCE arna n-eascairt as TARGET, mar aon le hiarmhéideanna in-Eurochórais eile arna n-ainmniú in euro (e.g. dáiltí eatramhacha brabúis chuig BCNanna, torthaí ioncaim airgeadaíochta, riaradh oibríochtaí chun iasachtaí a fháil agus a thabhairt laistigh den Eurochóras lena n-áirítear aisíocaíochtaí i dtaca le Tacaíocht chun Rioscaí Dífhostaíochta a mhaolú i gcás Éigeandála (SURE)), cuirtear iad in iúl ar Chlár Comhardaithe an Bhainc Ceannais mar shuíomh glansócmhainne aonair nó mar shuíomh glandliteanais aonair agus nochtar faoi “Éilimh eile laistigh den Eurochóras (glan)” (Nóta 19) iad.

Iarmhéideanna in-CEBC seachas BCNanna nach bhfuil sa limistéar euro nach n-eascraíonn as TARGET, déantar iad a nochtadh faoi “Éilimh in euro ar Chónaitheoirí nach bhfuil sa Limistéar Euro” (Nóta 13) agus faoi “Dliteanais in euro do Chónaitheoirí nach bhfuil sa Limistéar Euro” (Nóta 26) faoi seach.

Iarmhéideanna in-Eurochórais arna n-eascairt as dáileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras, déantar iad a áireamh mar ghlandliteanas aonair faoi “Dliteanais a bhaineann le Dáileadh Nótaí Bainc euro laistigh den Eurochóras” (Nóta 1(c)(iii), Nóta 1 (c)(iv), Nóta 22, Nóta 29).

Éilimh in-Eurochórais arna n-eascairt as leas rannpháirteachais an Bhainc Ceannais in BCE, tuairiscítear iad faoi “Leas Rannpháirteachais in BCE” (Nóta 1 (c)(iii), Nóta 1 (c)(xiv), Nóta 17).

Iarmhéideanna in-Eurochórais arna n-eascairt as aistriú cúlsócmhainní eachtracha chuig BCE ó BCNanna ag teacht isteach san Eurochóras, ainmnítear in euro iad agus tuairiscítear iad faoi “Éilimh atá Coibhéiseach le hAistriú Cúlchistí Eachtracha” (Nóta 1(c)(iii), Nóta 1 (c)(vii), Nóta 18, Nóta 38(ii)).

(iii) *Scála Caipitil*

Is ionann scála caipitil CEBC agus an céatadán de scairchaipiteal suibscríofa BCE atá a shealbhú ag gach ceann de BCNanna faoi seach de chuid CEBC. Is tomhas é ar mhéid choibhneasta náisiúnta Bhallstáit AE agus is cumasc 50:50 é den Olltáirgeacht Intíre agus de mhéid an daonra. De bhun Airteagal 28 de Reacht CEBC is iad BCNanna CEBC amháin a shuibscríobhfaidh caipiteal BCE. Braitheann suibscríbhinní ar scaireanna atá socraithe i gcomhréir le hAirteagal 29.3 de Reacht CEBC agus nach mór a choigeartú gach cúig bliana. Is gá suibscríbhinní a choigeartú freisin i gcás ina mbeidh athrú ar chomhaltas CEBC. Tharla an coigeartú deireanach an 1 Feabhra 2020 tar éis don Ríocht Aontaithe tarraingt siar as AE. Dá thoradh sin, tháinig méadú ar scair an Bhainc Ceannais de chaipiteal suibscríofa BCE ó 1.1754% go dtí 1.3772%.

An dara scála, “Scála caipitil an Eurochórais”, arna dhíorthú ó scála caipitil CEBC atá sonraithe thuas, úsáidtear é mar bhonn leithdháilte do shraith míreanna tábhachtacha lena n-áirítear ioncam airgeadaíochta, nótaí bainc i gcúrsaíocht agus brabúis/caillteanais BCE a roinnt i measc BCNanna an Eurochórais. Tháinig laghdú ar scair an Bhainc Ceannais de scála caipitil an Eurochórais ó 1.6934% go dtí 1.6798% tar éis don Chróit an t-airgeadra aonair a ghlacadh⁴⁰ (Nóta 1(c)(ii)).

(iv) Nótaí bainc i gCúrsaíocht

Bíonn nótaí bainc euro á n-eisiúint ag BCE agus BCNanna an limistéir euro, a dhéanann suas an tEurochóras⁴¹. Is ar an lá oibre deireanach de gach mí a dhéantar luach iomlán na nótaí bainc euro atá i gcúrsaíocht a leithdháileadh ar bhainc cheannais an Eurochórais i gcomhréir le scála leithdháilte nótaí bainc gach BCN⁴².

Tá scair 8% de luach iomlán nótaí bainc euro atá i gcúrsaíocht leithdháilte ar BCE fad atá 92% leithdháilte ar BCNanna i gcomhréir lena n-ualuithe i scála caipitil BCE. Déantar an scair de na nótaí bainc arna leithdháileadh ar gach BCN a chur in iúl faoin mír dliteanais “Nótaí bainc i gCúrsaíocht” (Nóta 22) ar an gClár Comhardaithe.

Eascaíonn iarmhéideanna íoctha in-Eurochórais as an difríocht idir luachanna na nótaí bainc euro arna leithdháileadh ar gach BCN i gcomhréir le scála leithdháilte nótaí bainc agus luach na nótaí bainc euro a chuireann sé i gcúrsaíocht iarbhair. I gcás easnaimh san eisiúint maidir le scála leithdháilte nótaí bainc, cuirtear na héilimh seo in iúl ar an gClár Comhardaithe faoi “Éilimh eile laistigh den Eurochóras (glan)” (Nóta 1(c)(ii), Nóta 19). I gcás ró-eisiúint maidir le scála caipitil na nótaí bainc, cuirtear na dliteanais seo in iúl ar an gClár Comhardaithe faoi “Dlíteanais laistigh den Eurochóras (glan): dliteanais a bhaineann le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras” (Nóta 1(c)(ii), Nóta 29). Faightear ús ar an easnamh agus íoctar é ar an ró-eisiúint ar bhonn ráithiúil⁴³. Déantar é seo a ghlanadh trí chuntais BCE agus cuimsítear é faoi “Glan(chaiteachas)/ioncam úis Úis” (Nóta 2(xiii)) sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála.

(v) Leithdháiltí ag BCE

Chinn an Comhairle Rialaithe go mbeadh sé seo a leanas dlite do BCNanna an limistéir euro sa bhliain chéanna airgeadais ina bhfabhraíonn sé: ioncam seigniorage BCE a eascaíonn as scair 8% de nótaí bainc euro arna leithdháileadh ar BCE agus an t-ioncam a eascaíonn as urrúis arna sealbhú faoi (a) Clár na Margaí Urrús (CMU), (b) an tríú Clár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach (CCBC3), (c) an Clár Ceannaigh d'Urrúis Sócmhainn-Bhunaithe (ABSPP), agus (d) Clár Ceannaigh na hEarnála Poiblí (PSP), agus (e) Clár Ceannaigh le haghaidh Éigeandáil na

40 Cinneadh BCE /2023/135 an 30 Nollaig 2022 ar láníoc caipitil, aistriú cúlsócmhainní eachtracha agus ranníocaíochtaí ag Hrvatska Narodna Banka chuig cúlchistí agus soláthair an Bhainc Ceannais IO L 17/94, 30 Nollaig 2022 Ich. 3; Comhaontú an 30 Nollaig 2022 idir Hrvatska Narodna Banka agus an Banc Ceannais Eorpach maidir leis an éileamh a chreidiúnaítear do Hrvatska Narodna Banka ag an mBanc Ceannais Eorpach faoi 30.3 de Reachta an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, IO L 17/96, 30 Nollaig 2022 Nollaig 2022 Ich. 4.

41 Cinneadh ó BCE an 13 Nollaig 2010 maidir le heisiúint nótaí bainc euro (athmhúnlú) (BCE/2010/29), IO L 35, 9.2.2011, Ich. 26, arna leasú.

42 Tagraíonn scála leithdháilte nótaí bainc do na céatadáin a eascaíonn as sciar BCE d'eisiúint iomlán nótaí bainc a chur san áireamh (8%) agus as scála caipitil an Eurochórais a chur i bhfeidhm maidir le scair na mbanc ceannais náisiúnta rannpháirteach (92%).

43 Cinneadh ó BCE 3 Samhain 2016 maidir le leithdháileadh ioncam airgeadaíochta de chuid BCNanna na mBallstát arb é an euro a n-airgeadra (athmhúnlú) (BCE/2016/36), IO L 347, 20.12.2016, Ich.26.

Paindéime (PEPP). Mura gcinntídh an Chomhairle Rialaithe a mhalairt, déanfaidh BCE an t-ioncam seo a dháileadh i mí Eanáir na bliana dar gcionn trí dháileadh eatramhach brabúis⁴⁴. Déanfar aon chinneadh den sórt sin a ghlacadh i gcás ina measfaidh an Chomhairle Rialaithe, ar bhonn meastachán réasúnaithe arna ullmhú ag an mBord Feidhmiúcháin, go mbeidh caillteanas foriomlán bliantúil ag BCE nó go mbeidh glanbhrabús bliantúil aige a bheidh níos lú ná an t-ioncam seo. Féadfaidh go gcinntídh an Chomhairle Rialaithe freisin go n-aistreofar an t-ioncam seo go léir nó cuid de chuig soláthar i leith rioscaí airgeadais. Féadfaidh an Chomhairle Rialaithe a chinneadh go ndéanfar costais arna dtabhú ag BCE i dtaca le heisiúint agus láimhseáil nótaí bainc euro a mhuirearú i gcoinne ioncaim arna thabhú ar nótaí bainc euro i gcursaíocht.

Cuirtear an méid arna dháileadh ar BCNanna in iúl sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála faoi “Ioncam ó Ghnáthscaireanna agus Leasa Rannpháirteachais” (Nóta 5(ii)).

(vi) Glantoradh Chomhthiomsú Ioncaim Airgeadaíochta

An méid d'ioncam airgeadaíochta gach BCN de chuid an Eurochórais, i.e. an glanioncam a thuilltear ar oibríochtaí bheartas airgeadaíochta an Eurochórais, déantar é a chinneadh tríd an ioncam bliantúil iarbhír ó na sócmhainní comharthaithe arna sealbhú in aghaidh a bhoinn dliteanas a thomhas.

Tá an bonn dliteanas déanta suas de na nithe seo a leanas: nótaí bainc i gcursaíocht; dliteanais d'institiúidí creidmheasa an limistéir euro a bhaineann le hoibríochtaí beartais airgeadaíochta arna n-ainmniú in euro; glandliteanais in-Eurochórais a thig as idirbhearta TARGET; agus glandliteanais in-Eurochórais a bhaineann le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras. Aon ús a íoctar ar dhliteanais a áirítear sa bhonn dliteanas, déantar é a asbhaint as an ioncam airgeadaíochta atá le comhthiomsú.

Tá na sócmhainní comharthaithe déanta suas de na nithe seo a leanas: iasachtú le hinstiúidí creidmheasa an limistéir euro i ndáil le hoibríochtaí beartais airgeadaíochta arna n-ainmniú in euro; urrúis arna sealbhú chun críocha beartais airgeadaíochta; éilimh in-Eurochórais atá coibhéiseach le haistriú cúlsócmhainní eactracha chuig BCE; glanéilimh in-Eurochórais a thig as idirbhearta TARGET; éilimh in-Eurochórais a bhaineann le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras; agus méid teoranta de shealúchais óir gach BCN i gcomhréir le scála caipitil gach BCN.

Meastar nach ngintear aon ioncam ó ór. Urrúis arna sealbhú chun críocha beartais airgeadaíochta faoi Chinneadh BCE/2009/16 an 2 Iúil 2009 maidir le cur chun feidhme an chéad chlár ceannaigh do bhannaí faoi chumhdach⁴⁵ agus faoi Chinneadh BCE/2011/17 an 3 Samhain 2011 maidir le cur chun feidhme an dara clár ceannaigh do bhannaí faoi chumhdach⁴⁶ agus faoi Chinneadh BCE/2015/10 an 4 Márta 2015 maidir le clár ceannaigh na hearnála poiblí do shócmhainní ar mhargaí tánaisteacha⁴⁷, meastar go ngineann siad ioncam

44 Cinneadh (AE) 2015/1195 ó BCE an 2 Iúil 2015 lena leasaítear Cinneadh (AE) 2015/298 maidir le dáileadh eatramhach ioncam BCE (BCE/2015/25).

45 Cinneadh (AE) 2009/522 ó BCE an 2 Iúil 2009 maidir le cur chun feidhme an chlár ceannaigh do bhannaí faoi chumhdach (BCE/2009/16), IO L 175, 4.7.2009.

46 Cinneadh (AE) 2011/17 ó BCE an 3 Samhain 2011 maidir le cur chun feidhme an dara clár ceannaigh do bhannaí faoi chumhdach (BCE/2011/17), IO L 297, 16.11.2011.

47 Cinneadh (AE) 2015/744 ó BCE an 4 Márta 2015 maidir le clár ceannaigh na hearnála poiblí do shócmhainní ar mhargaí tánaisteacha (BCE/2015/10), IO L 121,

14.5.2015, Ich. 20-24.

de réir an ráta úis imeallaigh is déanaí⁴⁸ arna úsáid ag an Eurochóras ina chuid tairiscintí le haghaidh oibríochtaí athmhaoinithe.

I gcás inar mó nó inar lú luach shócmhainní comharthaithe BCN ná luach a bhoinn dliteanas, déanfar an difríocht a fhritháireamh tríd an ráta imeallach is déanaí atá ar fáil do phríomhoibríochtaí athmhaoinithe an Eurochórais a fheidhmiú i leith luach na difríochta. Déantar an méid seo a shuimiú leis an ioncam airgeadaíochta atá le comhthiomsú, nó a asbhaint as, de réir mar is iomchuí.

Is i gcomhréir le scála caipitil suibscríofa an Eurochórais a dhéantar an glanioncam airgeadaíochta arna chomhthiomsú ag an Eurochóras a leithdháileadh idir BCNanna. Is é atá sa difríocht idir an t-ioncam airgeadaíochta arna chomhthiomsú ag an mBanc Ceannais agus an méid arna leithdháileadh arís ar an mBanc Ceannais "Glantóradh ar Chomhthiomsú Ioncaim Airgeadaíochta" a thaifeadtar sa chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála (Nóta 6).

I gcás ina dtabhóidh BCE caillteanas, féadfar an caillteanas a fhritháireamh in aghaidh chúlchiste ginearálta BCE agus, más gá, le cinneadh ón gComhairle Rialaithe, in aghaidh ioncam airgeadaíochta na bliana airgeadais iomchuí i gcoibhneas leis an méid a leithdháilfear ar BCNanna agus go feadh an méid sin.

(vii) Éilimh a bheidh Coibhéiseach le hAistriú Cúlchistí Eachtracha

Sa *Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh* 1992 agus in alt 5B d'*Acht an Bhainc Cheannais* 1942 (arna leasú), foráiltear go bhfuil an chumhacht ag an mBanc Ceannais "sócmhainní, ioncam nó dliteanais a aistriú chuig an mBanc Ceannais Eorpach i gcás ina gceanglaítear sin faoi Reacht CEBC". Dá réir sin, d'aistrigh an Banc Ceannais méid a bhí coibhéiseach le €424.8m chuig BCE i mí Eanáir 1999, tráth a cuireadh tús leis an Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta, agus fuair sé ar a uain éileamh comhfhreagrach ar choibhéis BCE leis an méid sin. Aistríodh €683.2m san iomlán ón 1 Eanáir 1999 i leith. An t-éileamh arna eascairt as seo ar BCE, déantar é a íoc de réir an ráta úis is déanaí atá ar fáil do phríomhoibríochtaí athmhaoinithe arna choigeartú chun toradh nialasach ar an ngné óir a léiriú (Nóta 1(c)(ii), Nóta 2(viii), Nóta 18).

(viii) Míreanna Lasmuigh den Chlár Comhardaithe

Gnóthachain agus caillteanais a eascraíonn as ionstraimí lasmuigh den Chlár Comhardaithe, déantar iad a aithint agus a láimhseáil ar an gcaoi chéanna le hionstraimí laistigh den Chlár Comhardaithe (Nóta 1 (k)). Ní aithnítear gnóthachain luachála neamhréadaithe mar ioncam ach tabharfar cuntas iontu tríd an gcuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála agus aistrítear iad chuig na cuntais athluachála. Déantar caillteanais luachála neamhréadaithe a aistriú chuig an gcuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála ag deireadh na bliana i

⁴⁸ Déantar ráta na bPríomhoibríochtaí Athmhaoinithe (PA) a fheidhmiú maidir le hiarmhéideanna laethúla bannaí rialtais láir/gníomhaireachta/corparáide neamhairgeadais arna gceannach faoin gclár, fad gurb é an toradh iarbhir arna thuilleamh ar bhannaí institiúide idirnáisiúnta agus fornáisiúnta arna gceannach faoin gclár a chomhthiomsaítear.

gcás inar mó iad ná gnóthachain athluachála roimhe seo arna gclárú sna cuntais athluachála ar bhonn gach urrúis ar leith.

Déantar gnóthachain/caillteanais neamhréadaithe dáta trádála ar réamhchonarthaí i malairt eachtrach a thaifeadadh faoi “Sócmhainní Eile” (Nóta 20) nó faoi “Dliteanais Eile” (Nóta 30) i gcomhréir leis an Treoirlíne, tar éis cuntas a thabhairt ina leith tríd an gCuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála mar a thuairiscítear thuas. Baintear úsáid as an modh seo i gcás réamhchonarthaí i malairt eachtrach agus na dteicnící a aithnítear lena n-úsáid ag CEBC mar a leagtar amach sa Treoirlíne, ar teicnící iad a chlúdaíonn na hionstraimí airgeadais is suntasaí lasmuigh den Chlár Comhardaithe, i.e. réamhchonarthaí i malairt eachtrach, babhtálacha i malairt eachtrach, babhtálacha ar bhonn rátaí malairte, comhaontuithe ar réamhráta, réamh-idirbhearta in urrúis agus roghanna.

Tá punanna an Bhainc Ceannais ainmnithe in euro don chuid is mó, i dteannta le neamhchosaint ar shócmhainní áirithe ioncaim sheasta in airgeadra eachtrach ar bhonn fálaíthe, agus neamhchosaint ar shócmhainní ioncaim sheasta in airgeadra eachtrach ar bhonn neamhfálaíthe, agus sealúchais óir. Déanann an Banc Ceannais neamhchosaint airgeadra a fhálú trí chomhaontuithe ar bhabhtálacha airgeadraí eachtracha, faoina sealbhaíonn an Banc airgeadra eachtrach agus faoina n-úsáideann sé babhtálacha airgeadraí eachtracha chun an neamhchosaint ar riosca airgeadra eachtraigh a theorannú. I gcomhréir leis an Treoirlíne, déanfar réamhghnéithe de chomhaontuithe babhtálacha airgeadraí eachtracha a bhaineann le hairgeadra amháin a mhalairt ar airgeadra eile amach anseo a áireamh sna glansuíomhanna airgeadra eachtraigh chun meánchostais agus gnóthachain agus caillteanais mhalairte eachtraí a ríomh agus, dá bhrí sin, úsáideann an Banc cuntas lasmuigh den Chlár Comhardaithe ar an spotdáta. Tá an Banc Ceannais neamhchosanta ar riosca airgeadra trí shuíomh glansócmhainne i CST CAI. Bhí an neamhchosaint seo á sealbhú ar bhonn páirt-fhálaíthe in 2023 (Nóta 2(xviii), Nóta 37(i)). Déantar neamhchosaint ar ráta úis a fhálú trí úsáid a bhaint as conarthaí todhchaíochtaí ráta úis a thaifeadtar lasmuigh den Chlár Comhardaithe (Nóta 2(xvii), Nóta 37(ii)).

Déantar conarthaí todhchaíochta arna dtrádáil ar mhargaí eagraithe a thaifeadadh lasmuigh den Chlár Comhardaithe mar an méid barúlach, fad a dhéantar glaonna ar éarlais arna n-íoc nó arna bhfáil a shainaithint mar ghlanioncam úis agus mar chaiteachais, faoi “Glan(chaiteachas)/ioncam Úis” (Nóta 2).

(ix) Urrúis arna gCoinneáil chun Críocha Beartais Airgeadaíochta

Fuair an Banc Ceannais na hurrúis sin faoi raon feidhme an chlár ceannaigh do CCBC⁴⁹, agus fuair sé urrúis fiachais faoi raon feidhme CMU⁵⁰, PSPP⁵¹, agus PEPP⁵². Déantar na hurrúis a thomhas ag costas amúchta agus bíonn siad faoi réir lagaithe (Nóta 2(ii), Nóta 16(i)).

⁴⁹ Cinneadh ó BCE an 15 Deireadh Fómhair 2014 maidir le cur chun feidhme an tríú Clár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach (BCE/2014/40), IO L 335, 22.10.2014, Ich. 22.

⁵⁰ Cinneadh ó BCE an 14 Bealtaine 2010 lena mbunaítear Clár na Margáí Urrúis (BCE/2010/5), IO L 124, 20.5.2010, Ich. 8.

⁵¹ Cinneadh ó BCE an 4 Márta 2015 lena mbunaítear clár ceannaigh na hearnála poiblí do shócmhainní ar mhargaí tánaisteacha (BCE/2015/10), IO L 121, 14.5.2015, Ich. 20.

⁵² Cinneadh ó BCE an 18 Márta 2020 lena mbunaítear clár ceannaigh le haghaidh éigeandáil na paidéime (BCE/2020/17), IO L 91, 25.03.2020, Ich. 1.

Chinn an Chomhairle Rialaithe an 15 Nollaig 2014 go dtabharfaí cuntas i leith urrús arna sealbhú chun críocha beartais airgeadaíochta ar costas amúchta (faoi réir a lagaithe), is cuma cén rún atá leis an sealbhú. Tacaíonn an Treoirlíne leis an an gcur chuige cuntasíochta seo.

(x) Cearta Speisialta Tarraingthe ('CST') agus an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta ('CAI')

Déileálar le CST mar airgeadra chun críocha cuntasíochta agus déantar iad a nochtadh faoi "Éilimh in Airgeadra Eachtrach ar Chónaitheoirí nach bhfuil sa Limistéar Euro" (Nóta 11(i)(b)).

Is cúlsócmhainní idirnáisiúnta é CST, arna chruthú ag CAI, a bhfuil Éire ina bhall de. Sainítear CST i dtéarmaí ciseán airgeadraí agus cinntear a luach trí shuim ualaithe rátaí malairte na gcúig phríomhairgeadra (Dollar SA, Euro, Renminbi na Síne, Yen na Seapáine agus Punt Steirling).

Déantar suíomh airgeadra shealúchais CST a chomhshó in euro trí úsáid a bhaint as ráta comhshó an euro i leith CST amhail ar an dáta deiridh den tréimhse tuairiscithe.

Déantar dliteanas an Bhainc Ceannais do CAI i leith leithdháileadh CST d'Éirinn a chur in iúl mar "Contrapháirtí CST arna leithdháileadh ag CAI" (Nóta 28). Féadfar go dtiocfaidh athrú ar shócmhainní CST an Bhainc Ceannais de thoradh oibríochtaí iasachtaithe CAI nó de thoradh mhalartuithe CST ar airgeadra eachtrach le CAI féin, le comhaltaí eile de CAI agus le sealbhóirí oifigiúla eile CST. Féadfaidh go dtiocfaidh athrú ar shealúchais CST freisin de thoradh íocaíochtaí úis arna ndéanamh ag CAI ar Shuíomh Cúlchiste an Bhainc Ceannais in CAI agus ar shealúchais CST an Bhainc Ceannais glan ar leithdháiltí CST.

(xi) Cistí infheistíochta inmargaidh

Maidir le cistí infheistíochta inmargaidh, i gcás nach ndéanann an Banc Ceannais idirghabháil sna cinntí a bhaineann le ceannach nó díol na sócmhainní foluiteacha, déantar iad a luacháil ar phraghsanna margaidh ar bhonn glanchiste (Nóta 1(j)(ii)). Ní cuid den suíomh airgeadra foriomlán iad na cistí seo arna n-ainmniú in airgeadraí eachtracha ach is cuid de shealúchas airgeadra ar leith iad. Nochtar iad i "Sócmhainní Eile" (Nóta 20(ii), Nóta 20(iii)). Níl glanluacháil idir torthaí athluachála na gcistí éagsúla infheistíochta inmargaidh.

(xii) Oibríochtaí athmhaoinithe spriodhíthe fadtéarmacha ('OASF')

Is ionann OASFanna agus oibríochtaí margaidh oscailte arna gcur i gcrích ag an Eurochóras. Is é is aidhm dóibh leachtacht atá níos fadtéarmaí ná oibríochtaí athmhaoinithe eile a sholáthar d'institiúidí creidmheasa (Nóta 14).

Tá airleacain uile OASF urraithe go hiomlán le comhthaobhacht arna formheas ag an Eurochóras⁵³. De réir Airteagal 32.4 de Reacht CEBC, ba cheart go ndéanfaí aon chaillteanas ó iasachtú le hinstiúidí creidmheasa de chuid an limistéir euro a roinnt go hiomlán idir BCNanna an Eurochórais, i gcomhréir leis na scaireanna scála caipitil a bheadh i réim san

⁵³ Tá na comhthaobhachtaí formheasta liostaithe ar shuíomh gréasáin BCE ar: <http://www.ecb.europa.eu/mopo/assets/html/index.en.html>

Eurochóras. I gcás comhthaobhacht shonrach a fhéadfaidh BCNanna a ghlacadh, dá rogha féin, tá comhroinnt riosca eisiata ag Comhairle Rialaithe BCE.

Ní fhéadfaidh caillteanais teacht chun cinn ach amháin i gcás ina dteipfidh ar an gcontrapháirtí agus i gcás nach leor aisghabháil na gcistí a gheofar ó réiteach na comhthaobhachta a bheidh curtha ar fáil ag an gcontrapháirtí.

Aitheantas tosaigh

Déantar OASFanna a thaifeadadh ag luach ainmniúil an idirbhirt. Tuairiscítear idirbhearta ar dháta socraíochta an idirbhirt lena mbaineann faoi “Íasachtú le hInstitiúidí Creidmheasa an Limistéir Euro i ndáil le hOibríochtaí Beartais Airgeadaíochta in Euro” (Nóta 14).

Tomhas ina dhiaidh sin

Níl na hiasachtaí sin faoi réir athluachála agus déantar iad a mheasúnú maidir le lagú nuair a aithnítear táscairí den sórt sin. I gcás ina measúnófar íasachtaí nó taiscí aonair mar íasachtaí nó taiscí lagaithe, chuirfí i gcuntas iad i gcomhréir le hAirteagal 32.4 de Reacht CEBC, mar a thuairiscítear thuas.

Ús is infhaighte agus iníoctha

Ús a fhabhraítear de réir ráta úis comhaontaithe an idirbhirt. Áirítear fabhruithe i “Sócmhainní Eile” (Nóta 20(i)) nó “Dliteanais Eile” (Nóta 30(ii)). I gcás íasachtaí comhthaobhaithe, ní fhabhraítear cúpón na comhthaobhachta foluití toisc gur le húineir an urrúis í agus déanfaidh an t-úineir sin í a thaifeadadh ar a gclár comhardaithe (d’fhéadfadh eisceacht a bheith i gceist i gcás idirbhearta athcheannaigh/idirbhearta athcheannaigh droim ar ais). Ríomhtar fabhruithe ar an mbonn a úsáidtear sa mhargadh inar seoladh an t-idirbheart. Ceadaítear modh lá tosaigh nó lá deiridh na bhfabhruithe. Baineann an Banc Ceannais úsáid as modh lá deiridh na bhfabhruithe.

(xiii) Scaireanna sa Bhanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta (an ‘BIS’)

Nochtar scaireanna sa BIS faoi “Sócmhainní Eile” (Nóta 20 (vii)) agus déantar iad a luacháil ar chostas fála trí úsáid a bhaint as rátaí malairte scoir meánmhargaidh ag deireadh na bliana (Nóta 1 (j)(i)).

Déantar díbhinn a fhaightear ar scaireanna sealbhaithe a thaifeadadh mar “Ioncam ó Scaireanna Cothromais agus ó Leasanna Rannpháirteachais” (Nóta 5(i)).

(xiv) Leas Rannpháirteachais in BCE

Is ionann é seo agus ranníocaíocht an Bhainc Ceannais le caipiteal BCE. De bhun Airteagal 28 de Reacht CEBC is iad BCNanna CEBC amháin a shuibscríobhfaidh caipiteal BCE. Braitheann leibhéal na suibscríbhinní ar scaireanna a shocraítear i gcomhréir le hAirteagal 29.3 de Reacht CEBC agus a choigeartaítear gach cúig bliana nó nuair a bhíonn athrú ar chomhdhéanamh bhainc cheannais náisiúnta CEBC (Nóta 17).

Folaítear sa leas rannpháirteachais scála an Bhainc Ceannais le haghaidh shuibscríobh chaipiteal BCE, mar aon leis na glanmhéideanna a íocann nó a fhaigheann an Banc Ceannais de

bharr méadú nó laghdú ar a sciar i luach cothromais BCE de thoradh na gcoigeartuithe go léir roimhe sin ar scála caipitil BCE,

(xv) Iarmhéideanna arna sealbhú le bainc agus iarmhéideanna arna sealbhú thar ceann páirtithe eile

Iarmhéideanna arna sealbhú le bainc agus iarmhéideanna arna sealbhú thar ceann páirtithe eile, seasann siad do shócmhainní agus dliteanais a nochtar ar luach ainmniúil arna gcomhshó de réir ráta malairte eachtraí an mhargaidh (Nóta 11(ii), Nóta 12, Nóta 13(ii), Nóta 15, Nóta 23, Nóta 25(i), Nóta 30).

(d) Ioncam agus Caiteachas a Aithint

Aithnítear ioncam agus caiteachais ar bhonn fabhráithe.

(e) Maoín, Gléasra agus Trealamh, Sócmhainní Doláimhsithe agus Sócmhainní Oidhreachta

Maoín, Gléasra, Trealamh agus Sócmhainní Doláimhsithe

(i) Tomhas

Déantar Maoín, Gléasra, Trealamh (MGT) agus Sócmhainní Doláimhsithe a lua ar costas lúide dímheas carntha, ní dhéantar athluacháil orthu agus bíonn siad faoi réir lagú.

(ii) Dímheas

Déantar dímheas ar MGT agus ar na Sócmhainní Doláimhsithe go léir (seachas MGT atá á dtógáil) ar bhonn dronlíneach thar thréimhse a saoil úsáidigh ionchais. Téann an Banc Ceannais i muinín a bhreithiúnais le linn dó na rátaí dímheasa a úsáidfear a chinneadh agus cuireann sé na rátaí sin i bhfeidhm ar an mbonn go ndéanfaidh siad measúnú cruinn ar shaol úsáideach ionchais. Le linn déanamh amhlaidh, féadfaidh gclaonfaidh an saol úsáideach measta ó na rátaí dímheasa a mholtar sa Treoirlíne. Is iad seo a leanas na rátaí dímheasa:

Maoín, Gléasra agus Trealamh

Áitreabh	- 20 - 50 bliain
Gléasra agus Innealra	- 5 - 15 bliana
Trealamh Ríomhaireachta	- 3 - 5 bliana
Trealamh Eile	- 5 bliana
Troscán, Feistis agus Daingneáin	- 5 bliana

Sócmhainní Doláimhsithe

Bogearraí Ríomhaireachta	- 3 - 5 bliana
--------------------------	----------------

(iii) Lagú

Le FRS 102, ceanglaítear go ndéanfar athbhreithniú maidir le lagú ar MGT agus ar Shócmhainní Doláimhsithe i gcás ina dtabharfaidh teagmhais nó athruithe ar imthosca le fios nach mbeidh a suim ghlánluacha inghnóthaithe. Más rud é gur lú méid in-aisghabhála

sócmhainne ná a suim ghlanluacha, laghdóidh an Banc suim ghlanluacha na sócmhainne go dtí a méid in-aisghabhála. Is ionann an laghdú sin agus caillteanas lagaithe.

Ar gach dáta tuairiscithe, déanann an Banc measúnú i dtaobh an bhfuil aon léiriú ann go bhféadfadh sócmhainn a bheith lagaithe. Má tá léiriú den sórt sin ann, déanfaidh an Banc méid in-aisghabhála na sócmhainne sin a mheas. Mura bhfuil léiriú ann maidir le lagú, ní gá an méid in-aisghabhála a mheas.

Is ionann méid in-aisghabhála sócmhainne nó aonaid giniúna airgid agus a luach cóir is airde lúide costais a bhaineann le díol agus a luach úsáide.

(iv) Dí-aithint

Déantar MGT nó Sócmhainní Doláimhsithe a dhí-aithint nuair a bheidh siad diúscartha nó tarraingthe siar go buan ó úsáid agus mura féidir aon sochar eacnamaíoch a bhaint as a ndiúscairt amach anseo. D'eascródh gnóthachain nó caillteanais as an difríocht idir na glanfháltais diúscartha agus suim ghlanluacha na sócmhainne nuair a dhéanfaí é nó í a scor nó a dhiúscairt. Déantar aon ghnóthachain nó aon chaillteanais a aithint sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála sa bhliain scoir nó sa bhliain diúscartha. Déantar gnóthachain nó caillteanais ar dhiúscairt na sócmhainne a chinneadh mar an difríocht idir glanfháltais diúscartha agus luach tugtha anonn na sócmhainne amhail ar dháta an idirbhirt.

(v) Sócmhainní á dtógáil nó á bhForbairt

Maidir le sócmhainní dochta a chomhlíonann critéir chaipitlithe ach atá fós á dtógáil nó á bhforbairt, déantar iad a thaifeadadh faoin gceannnteideal 'Sócmhainní á dtógáil' más sócmhainní inláimhsithe iad, nó faoi 'Sócmhainní á bhForbairt' más sócmhainní doláimhsithe iad. Déantar na costais ghaolmhara a aistriú chuig an gceannnteideal iomchuí le haghaidh sócmhainní dochta a luaithe a bheidh na sócmhainní ar fáil lena n-úsáid (Nóta 21(i), Nóta(ii)(a)).

Sócmhainní Oidhreacht

Tá bailiúchán ealaíne ag an mBanc Ceannais nach n-aithnítear ina chuntais bhliantúla ar bhonn ábharthachta sa bhliain reatha airgeadais nó sna blianta airgeadais roimhe seo (Nóta 21(i)(e)).

(vi) Bonn maidir le caipitliú saothair inmheánaigh

Maoín, Gléasra & Trealamh: Aon chostais atá inchurtha go díreach d'aistriú na sócmhainne chuig an suíomh agus do bhail riachtanach chun go mbeidh sí in ann oibriú ar an mbealach atá beartaithe ag an mbainistíocht, féadfar iad sin a chaipitliú. Orthu sin, áirítear costais a bhaineann le hullmhú an tsuímh, seachadadh tosaigh agus láimhseáil, suiteáil agus cóimeáil, agus tástáil feidhmiúlachta.

Sócmhainní Doláimhsithe: Costais a bhaineann le sochair fostaithe (mar a mhínítear iad in Alt 28 Sochair Fostaithe) arna n-eascairt as giniúint na sócmhainne doláimhsithe, féadfar iad sin a chaipitliú (Nóta 8).

(f) Sochair Scoir

Faoi scéim aoisliúntais an Bhainc Ceannais, faigheann comhaltaí foirne buana an Bhainc Ceannais na sochair aoisliúntais chéanna agus a fhaigheann státseirbhísigh bhunaithe. Anuas go dtí an 30 Meán Fómhair 2008, d'íoc an Banc Ceannais na sochair seo as ioncam reatha de réir mar a tháinig siad chun bheith dlíthe. An 1 Deireadh Fómhair 2008, bunaíodh scéim mhaoinithe pinsin faoi *Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann* 2003. Ar chomhairle ó achtúirí an Bhainc Ceannais an tráth sin (Willis), aistríodh €400m ó acmhainní an Bhainc Ceannais chuig an gciste chun sócmhainní ciste pinsin a cheannach. Is ar bhonn neamh-ranníocach a fheidhmítear an Scéim Pinsin do na comhaltaí foirne a fostaíodh roimh an 6 Aibreán 1995, cé is moite de na ranníocaíochtaí a dhéantar do Scéim Phinsin Ranníocaigh do Chéilí agus Leanaí agus cé is moite de na híocaíochtaí a fhaightear ó chomhaltaí foirne incháilithe maidir le seirbhís bhreise bharúlach a cheannach agus a aistriú. I gcás comhaltaí foirne a fostaíodh an 6 Aibreán 1995 nó ina dhiaidh, tá ranníocaíochtaí iníoctha freisin i leith na príomhscéime. Íocfar gach sochar pinsin as an gciste seo. I gcomhréir leis an Treoirlíne, tá an Banc Ceannais tar éis filleadh ar GAAP áitiúil agus nochtann sé an costas a bhaineann le sochair a sholáthar i gcomhréir le FRS 102.

Déantar sócmhainní scéime pinsin a mheas ar luach cóir. Déantar dliteanais scéime pinsin a thomhas trí úsáid a bhaint as modh an aonaid réamh-mheasta lena gcuirtear i gcuntas méaduithe réamh-mheasta ar thuilleamh ag úsáid toimhdí achtúireacha lena dtugtar an meastachán is fearr ar shreafaí airgid a thiocfaidh as dliteanais na scéime sa todhchaí (Nóta 31). Déantar na sreafaí airgid seo a lascainiú de réir rátaí úis a bhaineann le bannaí corparáideacha d'ardchaighdeán atá san airgeadra céanna agus a mbaineann an téarma céanna leo agus atá ag na dliteanais. An muirear a bhaineann le pinsean sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála, cuimsítear ann suim an chostais reatha seirbhíse agus an chostais seirbhíse roimhe seo (Nóta 8, Nóta 31(i)) agus an difríocht idir an toradh ionchais ar shócmhainní na scéime agus an costas úis ar dhliteanais na scéime (Nóta 7, Nóta 31(i)). An costas seirbhíse reatha, aon chostais seirbhíse roimhe seo agus costas úis a bhaineann le dliteanais na scéime don fhoireann i gcoitinne, muirearófar iad ar an gCuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála

agus ar an gCúlchiste Airgeadra i ndáil le foireann an mhionta⁵⁴. Aithnítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála (Nóta 30(ix), Nóta 31(ii)).

Chun luach dhliteanais na scéime a chinneadh, déantar toimhdí maidir le boillsíu praghaís, méaduithe pinsin, fás ar thuilleamh agus déimeagrafaic. I nóta 31, leagtar amach na toimhdí ba bhonn leis na dliteanais agus costais pinsin do 2023.

⁵⁴ Bíonn Banc Ceannais na hÉireann ag gníomhú mar ghníomhaire don Aire Airgeadais le linn dó boinn euro a tháirgeadh agus a eisiúint. Tugtar an seigniorage ar fad a fhaightear ar ais don Státchiste. Caiteachais arna dtabhú ag an Mionta, ar caiteachais iad a bhaineann le soláthar agus le heisiúint monaí, déantar iad sin a mhuirearú go díreach ar an gCúlchiste Airgeadra.

(g) Soláthar agus Eisiúint Monaí

Táirgeann agus eisíonn an Banc Ceannais monaí thar ceann an Aire Airgeadais. Déantar fáltais agus caiteachais (lena n-áirítear forchostais áitiúla) a bhaineann go díreach le soláthar agus eisiúint monaí a aistriú go díreach chuig Cúlchiste an Airgid Reatha faoi fhorálacha an Achta Monaíochta, 1950, na nAchtanna um Airgead Reatha Deachúil, 1969-1990 agus an Achta um Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta, 1998. Déantar costas táirgthe monaí a ghearradh ar an gCúlchiste Airgeadra sa bhliain ina dtabhaítear é. Déantar na fáltais ó eisiúint monaí a chur chun sochair an Chúlchiste Airgeadra sa bhliain ina bhfaightear iad (Nóta 25(ii)). In alt 14A den Acht um Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta 1998, (arna chur isteach le halt 137 den Acht Airgeadais 2002) a tháinig i bhfeidhm an 25 Márta 2002, foráiltear go ndéanfar, ón 1 Eanáir 2002, na glanfháltais ó eisiúint monaí a aistriú go díreach chuig an Stáitchiste de réir mar a ordóidh an tAire Airgeadais. I gcás ina mbeidh glanchostas ann don Bhanc Ceannais de thoradh glanfháltas ó eisiúint monaí mar aon le caiteachais, déanfaidh an tAire Airgeadais an difríocht a chúiteamh leis an mBanc Ceannais.

(h) Airgeadra Feidhme agus Tuairiscithe

Is é an euro airgeadra feidhme agus tuairiscithe an Bhainc Ceannais. Idirbhearta cuntasáíochta arna n-ainmniú in airgeadra eachtrach, déantar iad a chomhshó ina gcoibhéisí euro ag na rátaí malairte a bheidh ann ar an dáta socraíochta. Sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta arna n-ainmniú in airgeadra eachtrach, déantar iad a chomhshó de réir spotráta ar dháta an Chláir Chomhardaithe (Nóta 1(c)(i), Nóta 33).

(i) Ioncam Amúchta

Préimheanna agus/nó lascainí a thig as urrúis, déantar iad a amúchadh ar bhonn dronlíneach thar a dtréimhse aibíochta agus áirítear iad faoi “Glan(chaiteachas)/ioncam Úis (Nóta 2).

(j) Beartas Luachála

- (i) Sócmhainní agus dliteanais atá ainmnithe in airgeadra eachtrach, infheistíochtaí neamhaibithe, conarthaí airgeadra eachtraigh atá fós le híoc agus scaireanna sa Bhanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta, déantar iad a luacháil ag na rátaí malairte scoir meánmhargaidh ag deireadh na bliana (Nóta 1(c)(xiii), Nóta 33(ii)). Is ar bhonn gach airgeadra ar leith a dhéantar an luacháil ráta malairte ar shócmhainní agus ar dhliteanais.
- (ii) I gcomhréir leis an Treoirlíne, déantar urrúis a luacháil ar bhonn gach urrúis ar leith, ach amháin más infheistíochtaí, go príomha, iad na hurrúis seo i gcistí cothromais a luacháiltear ar bhonn glan. Urrúis inmhargaidh nach sealbhaítear chun críocha beartais airgeadaíochta agus a aicmítear mar urrúis marcáil ón margadh (MÓM), déantar iad a luacháil ag praghsanna meánmhargaidh scoir ag deireadh na bliana i gcás inarb ann do mhargadh gníomhach. I gcás nach mbeidh praghsanna margaidh ar fáil nó i gcás ina meastar nach bhfuil siad iontaofa, déantar luachanna córa a chinneadh trí úsáid a bhaint as teicnící luachála marcáilte de réir samhla lena n-áirítear samhlacha sreafa airgid lascainithe lena n-úsáidtear, a mheid is féidir, ionchur margaidh inbhraite i gcomhréir le

FRS 102. I gcur chuige luachála marcáilte de réir samhla, ionchorpraítear breithiúnas bainistíochta ardleibhéil in éagmais sonraí margaidh inbhraite nó nuair a mheasfar nach bhfuil sonraí margaidh inbhraite iontaofa. Folaíonn an breithiúnas sin na nithe seo a leanas ach níl sé teoranta dóibh: faisnéis margaidh a mheasúnú; na sreafaí airgid do na hionstraimí a chinneadh; ráta lascaine saor ó riosca a aithint agus raon difríochta creidmheasa iomchuí a aithint; an mhodheolaíocht a choigeartú nuair nach mbeidh ionchur margaidh inbhraite ar fáil nó nuair nach mbeidh siad iontaofa (Nóta 11(ii)(a), Nóta 12(i), Nóta 13(i), Nóta 16(ii)(b), Nóta(ii), (iii)).

I gcomhréir leis an Treoirlíne is infheidhme maidir le hionstraimí cothromais inmargaidh, déantar athluacháil infheistíochtaí i gcistí cothromais ar bhonn glan seachas ar bhonn scair leithleach. Ní aithnítear gnóthachain luachála neamhréadaithe mar ioncam ach tugtar cuntas iontu tríd an gcuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála agus aistrítear iad chuig na cuntais athluachála (Nóta 1(c)(xi), (k), Nóta 33(iii)).

Déantar caillteanais luachála neamhréadaithe a aistriú chuig an gcuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála ag deireadh na bliana i gcás inar mó iad ná gnóthachain athluachála roimhe seo sa chuntas athluachála.

- (iii) Urrúis indíolta nach sealbhaítear chun críocha beartais airgeadaíochta agus a aicmítear mar urrúis a choinnítear go dtí aibíocht (CGA), déantar iad a thabhairt ar aghaidh ar chostas amúchta agus bíonn siad faoi réir lagú. Déantar athbhreithniú um lagú ar bhonn bliantúil (Nóta 13(i), Nóta 16(ii)(a)).
- (iv) Déantar ór a luacháil ar mheánphraghas scoir margaidh (Nóta 10, Nóta 33(i)).
- (v) Déantar sócmhainní airgeadais agus dliteanais an Bhainc Ceannais a aicmiú de réir mar a fhoráiltear in FRS 102. Faoi ordlathas luacha chóir, bíonn feidhm ag Leibhéal 1 maidir le haicmiú sócmhainní agus dliteanas airgeadais i gcás ina mbeidh praghsanna luaite (neamhchoigeartaithe) ar fáil i margaí gníomhacha le haghaidh sócmhainní comhionanna agus dliteanas comhionann; bíonn feidhm ag Leibhéal 2 i gcás ina mbeidh ionchar ar fáil seachas praghsanna luaite atá ar áireamh i Leibhéal 1 agus inbhraite i leith na sócmhainne nó an dliteanais, cibé acu go díreach (i.e. mar phraghsanna) nó go hindíreach (i.e. forbartha ag úsáid sonraí margaidh) agus; bíonn feidhm ag Leibhéal 3 i gcás ina n-úsáidtear ionchur i leith na sócmhainne nó an dliteanais nach bhfuil bhfuil bunaithe ar shonraí margaidh inbhraite (ionchur neamh-inbhraite). Déantar infheistíochtaí uile marcáil ón margadh a aicmiú mar ionstraimí airgeadais Leibhéal 1 mura sonraítear a mhalairt (Nóta 11(ii)(a), Nóta 12(i), Nóta 13(i), Nóta 16(ii)(b)).

(k) Gnóthachain agus Caillteanais a Aithint

Gnóthachain agus caillteanais a eascraíonn as díolacháin airgeadra eachtraigh, óir agus urrús, tugtar cuntas ina leith tríd an gCuntas Brabúis agus Caillteanas agus Leithghabhála. Déantar na gnóthachain agus caillteanais réadaithe go léir a ríomh faoi threoir meánchostais.

An ghluaiseacht i ngnóthachain neamhréadaithe arna n-aithint ag deireadh gach bliana airgeadais i gcomhréir le beartas luachála an Bhainc Ceannais (Nóta 1 (j)), tugtar cuntas ina leith tríd an gCuntas Brabúis agus Caillteanas agus Leithghabhála agus déantar iad a aistriú chuig na cuntais athluachála.

Tugtar cuntas i gcaillteanas neamhréadaithe ag deireadh na bliana tríd an gCuntas Brabúis agus Caillteanas agus Leithghabhála a mhéid a sháraíonn siad gnóthachain athluachála roimhe sin ar bhonn urrús-ar-urrús, nó ar bhonn glan i leith cistí cothromais. I gcás na gcaillteanas neamhréadaithe a dtugtar cuntas iontu tríd an gCuntas Brabúis agus Caillteanas agus Leithghabhála ar an gcaoi seo, ní fhéadfar iad aisiompú sna blianta ina dhiaidh sin i gcoinne gnóthachain neamhréadaithe sa todhchaí.

(l) Idirbhearta Droim ar Ais

Is ionann oibríochtaí droim ar ais agus oibríochtaí trína ndéanann an Banc Ceannais sócmhainní a cheannach nó a dhíol ar airgead tirim faoi chomhaontú athcheannaigh/athcheannaigh droim ar ais.

Faoi chomhaontú athcheannaigh, díoltar urrúis ar airgead tirim le comhaontú comhuaineach chun iad a athcheannach ón gcontrapháirtí ar phraghas comhaontaithe ar dháta socraithe amach anseo, ús fabhraithe san áireamh. Déantar comhaontuithe athcheannaigh a thaifeadadh ar thaobh dliteanas an Chláir Chomhardaithe toisc go bhfuil oibleagáid chomhfhreagrach ann an chomaoín a thabhairt ar ais (Nóta 24, Nóta 27). Fanfaidh aon urrúis arna ndíol faoi chomhaontú den sórt sin ar Chlár Comhardaithe an Bhainc Ceannais, rud a léiríonn substaint eacnamaíoch an idirbhirt mar iasacht don Bhanc Ceannais. Coinníonn an Banc Ceannais formhór na rioscaí agus luaíochtaí a bhaineann le húinéireacht.

Faoi chomhaontú athcheannaigh droim ar ais, ceannaítear urrúis ar airgead tirim le comhaontú comhuaineach chun iad a dhíol leis an gcontrapháirtí ar phraghas comhaontaithe ar dháta socraithe amach anseo, ús fabhraithe san áireamh. Déantar comhaontuithe athcheannaigh droim-ar-ais a thaifeadadh ar thaobh na sócmhainní sa Chlár Comhardaithe toisc go bhfuil oibleagáid chomhfhreagrach ar an díoltóir an chomaoín a thabhairt ar ais (Nóta 11(ii)(b), Nóta 12(ii), Nóta 15(i)) ach ní áirítear iad i sealúchais urrús an Bhainc Ceannais, rud a léiríonn fiúntas eacnamaíoch an idirbhirt mar iasacht ón mBanc Ceannais.

Eascaíonn ioncam úis nó úschostas sa Chuntas Brabúis agus Caillteanas agus Leithghabhála as comhaontuithe athcheannaigh agus comhaontuithe athcheannaigh droim ar ais. Déileálar leis an difríocht idir an praghas díola agus an praghas athcheannaigh nó an praghas ceannaigh agus athdhíola mar ioncam úis nó mar úschostas a fhabhraítear thar shaolré an chomhaontaithe (Nóta 2(vi)).

(m) Soláthairtí

(i) Lagú

Déantar na soláthairtí go léir a athbhreithniú ar bhonn bliantúil (Nóta 32). I gcás ina gcruthófar liúntais le haghaidh rioscaí creidmheasa i leith sócmhainní infheistíochta, déantar

iad a thaifeadadh i gcuntais leithleacha dliteanas (i.e. ní dhéantar díluacháil dhíreach ar shuim ghlanluacha sócmhainní aonair).

I gcás soláthairtí i leith urrús, measfaidh an Banc Ceannais, ar dháta an Chláir Chomhardaithe, cibé acu an raibh fianaise oibiachtúil ann gur lagaíodh urrús nó grúpa urrús. Ní bheidh lagú urrúis nó grúpa urrús i gceist ná ní thabhfófar caillteanas lagaithe ach amháin más rud é go mbeidh fianaise oibiachtúil ann maidir le lagú de thoradh teagmhas amháin nó níos mó a tharla i ndiaidh aitheantas tosaigh an urrúis (“teagmhas caillteanas”) agus go mbeidh iarmhairt ag an teagmhas caillteanas (nó teagmhais) ar shreafaí measta airgid an urrúis nó an ghrúpa urrús amach anseo.

Folaíonn fianaise oibiachtúil maidir le lagú, sonraí inbhraite i ndáil leis na teagmhais caillteanas seo a leanas, ar teagmhais iad nach bhfuil uileghabhálach:

- (i) rédhliteacht ó thaobh íocaíochtaí conarthacha príomhshuime nó úis
- (ii) deacrachtaí maidir le sreabhadh airgid an fhéichiúnaí
- (iii) tús a chur le socrú um athstruchtúrú fiachais
- (iv) meathlú suntasach ar inbhuanaitheacht fiachais cheannasaigh
- (v) íosghrádú seachtrach rátála faoi bhun leibhéal inghlactha
- (vi) dálaí díobhálacha eacnamaíocha náisiúnta nó áitiúla nó athruithe díobhálacha ar dhalai tionscail.

Ar an gcéad dul síos, measfaidh an Banc Ceannais cibé acu an bhfuil fianaise oibiachtúil ann gur tharla lagú ar bhonn aonair ar urrúis atá suntasach ar bhonn aonair, agus gur tharla lagú ar bhonn aonair nó ar bhonn comhchoiteann ar urrúis nach bhfuil suntasach ar bhonn aonair. Má chinneann an Banc Ceannais nach bhfuil fianaise oibiachtúil ann gur tharla lagú ar urrúis arna measúnú ar bhonn aonair, cibé acu an urrúis shuntasacha iad nó nach iad, folóidh sé na hurrúis i ngrúpa urrús a bhfuil tréithe comhchosúla riosca creidmheasa acu agus déanfaidh sé iad a mheasúnú le chéile i ndáil le lagú.

Urrúis a mheasúnaítear ar bhonn aonair maidir le lagú agus ar ina leith a aithnítear caillteanas lagaithe nó a leantar de chaillteanas lagaithe a aithint, ní chuimsítear iad i gcomh-mheasúnú ar lagú.

Má tá fianaise oibiachtúil ann gur tabhaíodh caillteanas lagaithe ar urrús, déantar méid an chaillteanas a thomhas mar an difríocht idir suim ghlanluacha na sócmhainne agus luach reatha sreafaí measta sa todhchaí arna lascainiú de réir glanráta bunaidh úis de chuid an urrúis.

Sreafaí airgid sa todhchaí i ngrúpa urrús arna measúnú le chéile maidir le lagú, déantar iad a mheasúnú ar bhonn shreafaí conarthacha airgid na sócmhainní sa ghrúpa arna n-oiriúnú go cuí ar bhonn na sonraí reatha inbhraite. I gcás nach mbeidh sonraí inbhraite ar fáil, déanfar foirmlí sonracha a fheidhmiú maidir leis an ríomh agus úsáid á baint as breithiúnas saineolach an lucht bainistíochta.

Más rud é, tréimhse éigin ina dhiaidh sin, go laghdóidh méid an chaillteanais lagaithe agus go bhféadfar a chinneadh go hoibiachtúil gur bhain an laghdú sin le teagmhas a tharla tar éis an lagú a aithint, déanfar an caillteanas lagaithe a aithníodh roimhe sin a iompú droim ar ais (Nóta 3(iii), Nóta 32(iv)).

(ii) Soláthar i leith Rioscaí Airgeadais

I bhfianaise chineál oibríochtaí bainc ceannais, féadfaidh an Banc Ceannais, i gcomhréir leis an Treoirlíne, soláthar a aithint ar an gClár Comhardaithe i leith rioscaí airgeadais.

Tá an soláthar seo bunaithe ar mheasúnú cuimsitheach ar na rioscaí airgeadais atá ag bagairt ar an mBanc Ceannais, ag féachaint go cuí don iarmhairt ionchasach a bheadh ar Chlár Comhardaithe an Bhainc Ceannais. Déantar athbhreithniú bliantúil ar mhéid agus ar riachtanas leanúnach an tsoláthair seo, bunaithe ar mheasúnú an Bhainc Ceannais ar a neamhchosaint ar an riosca seo, agus raon tosa á gcur san áireamh. I gcás ina n-aithneofar scaoileadh soláthair ón measúnú cuimsitheach, déanfar é a scaoileadh sa bhliain airgeadais a aithnítear (Nóta 3(iii), Nóta 32(i)).

(iii) Soláthar um Athstruchtúrú

Is éard is athstruchtúrú ann clár arna bheartú agus arna rialú ag an mbainistíocht, ar clár é a athraíonn go bunúsach réimse an ghnó a dhéanann eintiteas nó an chaoi ina ndéantar an gnó sin.

Aithnítear soláthar i leith costais athstruchtúraithe nuair a chomhlíontar na critéir aitheantais ghinearálta do sholáthairtí.

Déanann an Banc Ceannais cuntas i leith costais athstruchtúraithe i gcomhréir le FRS 102 (Nóta 3(iii), Nóta 32(iii)).

(iv) Soláthar i leith Riosca Contrapháirtí in Oibríochtaí Beartais Airgeadaíochta de chuid an Eurochórais

I gcomhréir le cinneadh na Comhairle Rialaithe arna ghlacadh faoi Airteagal 32.4 de Reacht CEBC, déantar an soláthar i leith rioscaí creidmheasa in oibríochtaí beartais airgeadaíochta a leithdháileadh idir BCNanna na mBallstát rannpháirteach i gcomhréir lena scaireanna scála caipitil suibscríofa in BCE sa bhliain inar tharla an mhainneachtain tosaigh.

(n) Meastacháin agus Breithniúnais Ríthábhachtacha Chuntasaíochta

Ceanglaítear go mbainfear úsáid as meastacháin ríthábhachtacha chuntasaíochta áirithe chun an Ráiteas Cuntas a ullmhú i gcomhréir leis an Treoirlíne agus le FRS 102. Ina theannta sin, ceanglaítear ar an lucht bainistíochta breithiúnas a fheidhmiú le linn dóibh beartais chuntasaíochta an Bhainc Ceannais a chur i bhfeidhm. Is iad seo a leanas na réimsí a mbaineann leibhéal níos airde breithniúnais nó castachta leo nó na réimsí ina mbíonn toimhdí agus meastacháin ríthábhachtach don Ráiteas Cuntas:

- Lagú: (Nóta 1(e)(iii), (j)(iii), (m)(i), Nóta 3(i)(ii), Nóta 21(i), Nóta 32(iv))

- Soláthairtí: (Nóta 32)
- Rátaí dímheasa: (Nóta 1(e)(ii), Nóta 21)
- Luacháil ar an Scéim Pinsin le Sochar Sainithe: (Nóta 31)
- Luacháil ar an bPunann Speisialta: (Nóta 1(j)(ii)(v), Nóta 16(ii)(b)(i))
- Ioncam Tobhaigh: (Nóta 40 (iii))
- Maoin Infheistíochta a Luacháil: (Nóta 1(p), Nóta 7(iii), Nóta 20(vi))

(o) Ioncam Barrachais

Comhlíonann an Banc Ceannais Ionstraim Reachtúil 93/1943 - *Central Bank of Ireland (Surplus Income) Regulations, 1943*. Féadfaidh an Banc Ceannais suas go huasmhéid 20% den bhrabús a choinneáil gach bliain. Déantar an méid arna choinneáil a leithreasú chuig cúlchistí agus bíonn sé faoi réir fhorghéas an Choimisiúin gach bliain (Nóta 9, Nóta 30(ix)).

(p) Réadmhaoin Infheistíochta

Réadmhaoin arna sealbhú le haghaidh torthaí cíosa fhadtéarmaigh agus luachmhéadú caipitil, déantar iad a aicmiú mar réadmhaoin infheistíochta.

Tomhas Tosaigh

Déantar réadmhaoin infheistíochta a aithint ar dtús ar costas, lena n-áirítear an costas ceannaigh agus aon chaiteachas inchurtha go díreach ina leith agus déantar í a thaifeadadh i “Sócmhainní eile” (Nóta 20(vi)).

Tomhas ina dhiaidh sin

Réadmhaoin infheistíochta ar féidir a luach cóir a thomhas go hiontaofa, déantar í a thomhas ar luach cóir. I gcomhréir le beartais chuntasaíochta an Bhainc Ceannais, tugann an lucht bainistíochta faoi athbhreithniú bliantúil chun luach cóir réadmhaoin infheistíochta an Bhainc Ceannais a chinneadh.

I gcomhréir leis an Treoirlíne, déantar gnóthachain neamhréadaithe ar athluachálacha a bhreacadh sna Cuntais Athluachála agus déantar caillteanais neamhréadaithe a bhreacadh sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais ag deireadh na bliana (Nóta 8(vii)). Déantar laghdúithe ar luach cóir a fhritháireamh in aghaidh cuntas athluachála, ach sin go feadh an méid go ndéanfaidh siad gnóthachain neamhréadaithe aitheanta roimhe sin a iompú droim ar ais.

Ioncam Cíosa

Tugtar cuntas in ioncam cíosa ar bhonn dronlíneach thar théarma an léasa agus déantar é a aithint in “Glanioncam Eile” (Nóta 7(iii)).

Déantar sochar comhiomlán na ndreasachtaí léasa a aithint mar laghdú ar an gcaiteachas arna aithint thar théarma an léasa ar bhonn dronlíneach.

(q) An Príomh-Chlár Creidmheasa

Bíonn an Príomh-Chlár Creidmheasa (CCR), bunachar sonraí náisiúnta um fhaisnéis phearsanta agus chreidmheasa, á chothabháil agus á oibriú ag an mBanc Ceannais faoin Acht um Thuairisciú Chreidmheasa 2013 agus faoi rialacháin ghaolmhara. Níor cheart go mbeadh oibriú CCR ag an mBanc Ceannais ina bhun le brabús nó caillteanas agus, dá bhrí sin, déantar na costais go léir a bhaineann leis fhorchúiteamh trí tháillí a mhuirearú ar na Soláthraithe Faisnéise Creidmheasa (CIPanna). Déantar táillí a mhuirearaítear ar CIPanna i leith tuarascálacha creidmheasa a thaifeadadh in “Glanioncam Eile” (Nóta 7(ii)). Déantar costais foirne agus costais eile go léir (lena n-áirítear leithdháileadh costas neamhdhíreach) a áireamh laistigh de na haicmí costais ábhartha sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála. Chun a chinntiú nach n-éireoidh brabús nó caillteanas as oibriú CCR, bainfear úsáid as táillí arna mbailiú ó iasachtóirí de bhreis ar chostais arna dtabhú chun íoc as costais CCR amach anseo agus léireofar iad i gcuntas dliteanais CCR sna Dliteanais Eile (Nóta 7(ii), Nóta 20(ix), Nóta (viii)).

(r) Dliteanais Theagmhasacha a Aithint

Is ionann dliteanas teagmhasach agus oibleagáid atá féideartha ach éiginnte nó oibleagáid reatha nach n-aithnítear toisc nach meastar gur íocaíocht ionchasach í nó toisc nach féidir an méid a mheas go hiontaofa. Cé nach n-aithníonn an Banc Ceannais dliteanais theagmhasacha, déantar iad a nochtadh mura beag an dóchúlacht go dtarlóidh siad (Nóta 35).

Nóta 2: Glan(chaiteachas)/ioncam úis

	2023 €000	2022 €000
TARGET (i)	3,421,873	566,149
Urrúis chun Críocha Beartais Airgeadaíochta (ii)	379,036	270,801
Urrúis – MÓM (iii)	245,664	142,767
Urrúis – CGA (iv)	81,970	65,489
Taiscí (v)	52,702	20,752
Comhaontuithe Athcheannaigh Droim ar Ais (vi)	52,647	8,785
CST (vii)	47,237	13,723
Aistriú Sócmhainní Cúlchistí Eachtracha chuig BCE (viii)	22,417	3,408
Eile (ix)	15,250	4,526
Oibríochtaí Margaidh Oscailte (x)	4,354	-
Taiscí Rialtais (xi)	-	8,204
Comhaontuithe Athcheannaigh (vi)	-	5,354
An Ciste Cúitimh Árachais (xii)	-	57
Ioncam Úis	4,323,150	1,110,015
Taiscí Institiúidí Creidmheasa (xi)	(2,839,902)	(152,703)
Leithdháileadh Nótaí Bainc euro laistigh den Eurochóras (xiii)	(889,305)	(125,475)
Taiscí Rialtais (xi)	(747,947)	-
Ciste Ranníocach SRT (xiv)	(27,537)	(1,399)

Comhaontuithe Athcheannaigh Droim ar Ais (vi)	(22,798)	(10,361)
An Ciste Réitigh Foras Creidmheasa (xv)	(2,043)	(151)
Ciste Réitigh do Bhainc agus d'Infheistíochtaí (xvi)	(1,837)	(123)
An Ciste Cúitimh Árachais (xii)	(1,474)	-
Comhaontuithe Athcheannaigh (vi)	(1,188)	(359)
Eile (xvii)	(921)	(39,813)
Babhtálacha (xviii)	(788)	(5,719)
Oibríochtaí Margaidh Oscailte (x)	-	(107,445)
Taiscí (xix)	-	(436)
Úschostas	(4,535,740)	(443,984)
Iomlán	(212,590)	666,031

- (i) Baineann an mhír seo le hioncam úis arna thuilleamh de thoradh íocaíochtaí euro trasteorann arna ndéanamh trí chóras TARGET. Is ag deireadh gach lae a ríomhann BCE an t-ioncam úis ar na hiarmhéideanna seo, a n-íocfar a luach saothair de réir rátaí gearrthéarmacha athmhaoinithe de chuid an Eurochórais. Léiríonn an méadú ar ioncam úis in 2023 méadú ar mheánráta úis na bPríomhoibríochtaí Athmhaoinithe go 3.81% (2022: 0.57%) (Nóta 1(c)(ii)).
- (ii) Folaíonn an mhír seo ioncam ar urrúis arna sealbhú chun críocha beartais airgeadaíochta agus déantar é a mhiondealú mar seo a leanas (Nóta 1(c)(ix), Nóta 16(ii)):

Urrúis arna sealbhú chun críocha Beartais Airgeadaíochta

	2023 €000	2022 €000
PSPP	330,441	262,350
PEPP	38,302	(5,525)
CMU	6,347	6,365
CCBC3	3,946	7,611
Iomlán	379,036	270,801

Léiríonn an t-athrú ar leibhéal an ioncaim arna thuilleamh in 2023 leibhéil ghaolmhara na gníomhaíochta faoi gach clár agus na torthaí coibhneasta ar na sócmhainní (Nóta 16(i)).

San ioncam ar urrúis a shealbhaítear chun críocha beartais airgeadaíochta, áirítear ioncam cúpóin agus amúchadh ar aon phréimheanna/lascainí arna n-eascairt ar na hurrúis.

- (iii) Baineann an mhír seo le hioncam úis ar urrúis arna n-aicmiú mar MÓM i bpunann infheistíochta an Bhainc Ceannais.

B'ionann agus €53.3m an t-ioncam úis arna thuilleamh ar urrúis arna sealbhú sa Phunann Speisialta (2022: €106.7m Cuimsíonn an phunann urrús seo bannaí ráta chomhlúthaigh agus fuarthas í i ndiaidh leachtú Chorparáid na hÉireann um Réiteach Bainc (IBRC) i mí Feabhra 2013. Freagraíonn an laghdú ar ús arna thuilleamh ar an bPunann Speisialta do dhíolachán na nótaí ráta chomhlúthaigh le linn na tréimhse (Nóta 16(ii)(b)).

Tháinig méadú ar ioncam úis arna thuilleamh ar urrúis eile (seachas an phunann speisialta) i bpunanna MÓM go dtí €192.4m (2022: €36.1m Tá an méadú seo inchurtha do thorthaí níos airde ar infheistíochtaí euro agus airgeadra eachtraigh de chuid an Bhainc Ceannais, lena n-áirítear punann dhollar Shingeapór (SGD), punann Dhollar SA (USD), punann Dhollar na hAstráile (AUD) agus punann Renminbi na Síne (CNY).

San ioncam ar urrúis MÓM, áirítear ioncam cúpóin agus amúchadh ar aon phréimheanna/lascainí arna n-eascairt ar na hurrúis.

- (iv) Baineann sé seo le hioncam arna thuilleamh ar bhannaí atá aicmithe mar bhannaí a choinnítear go dtí aibíocht (CGA) i bpunann infheistíochta an Bhainc Ceannais. Mhéadaigh an t-ús arna thuilleamh ar na hurrúis sin go €82.0m (2022: €65.5m) de thoradh bannaí aibithe a athinfheistiú i mbannaí a mbaineann torthaí níos airde leo (Nóta 13(i), Nóta 16 (ii)(a)).

San ioncam ar urrúis CGA, áirítear ioncam cúpóin agus amúchadh ar aon phréimheanna/lascainí arna n-eascairt ar na hurrúis.

- (v) Baineann ioncam taisce go príomha le hioncam arna thuilleamh ar thaiscí airgeadra eachtraigh. Maidir leis an méadú ar ioncam go dtí €52.7m (2022: €20.8m), tá sé inchurtha go príomha do mhéadú ar rátaí úis USD in 2023 (Nóta 11(ii)).
- (vi) Baineann sé seo le hioncam arna thuilleamh nó le hús arna thabhtú ag an mBanc Ceannais mar chuid de bhainistíocht a chuid sócmhainní infheistíochta. Baineann an Banc Ceannais úsáid as idirbhearta athcheannaigh/athcheannaigh droim-ar-ais le contrapháirtithe formheasta faoi chomhaontuithe dlíthiúla an Mháistirchomhaontaithe Dhomhanda Athcheannaigh (GMRA). Seasann ioncam nó caiteachas arna ghiniúint don difríocht idir an praghas díola agus an praghas athcheannaigh/ceannaigh agus an praghas díola ina dhiaidh sin. Tá méadú tagtha ar ghlanioncam úis ar idirbhearta athcheannaigh agus ar idirbhearta athcheannaigh droim ar ais de bharr torthaí atá ag feabhsú (Nóta 1(i), Nóta 12(ii), Nóta 15(i), Nóta 24, Nóta 27).
- (vii) Baineann sé seo le hús ar Chuóta na hÉireann in CAI agus ar shealúchais CST na hÉireann (Nóta 11(i)). Íocann CAI ús gach ráithe de réir ráta úis CST. Baineann an méadú ar ioncam CST le méadú ar ráta CST, rud a léiríonn an méadú comhiomlán ar na torthaí foluiteacha ar fhorhmór chomhpháirteanna chiseán CST le linn 2023.
- (viii) Baineann sé seo le híocaíocht Sócmhainní Cúlchiste Eachtraigh arna n-aistriú chuig BCE. Freagraíonn an méadú ar ioncam do mheánráta úis PA níos airde in 2023 (Nóta 1(c)(vii), Nóta 18).
- (ix) Tá an méadú ar Ioncam Eile go €15.3m (2022: €4.5m) inchurtha go príomha do mhéadú ar ioncam úis a bhaineann le babhtálacha airgeadraí eachtracha arna seoladh mar ghnáthghníomhaíocht margaidh (Nóta 37(i)).
- (x) Cuimsíonn an mhír seo an glanioncam ar Oibríochtaí Athmhaoinithe Fadtéarmacha (OAFanna) arna sealbhú ag an mBanc Ceannais agus a bhí ina nglanchaiteachas úis in 2022. Tá an t-aistriú go glanioncam €4.4m (2022: glanchaiteachas €107.4m) inchurtha d'athruithe ar na rátaí is infheidhme agus d'aisíocaíochtaí luatha iasachtaí OASF in 2022 (Nóta 14).
- (xi) Suas go dtí an 14 Meán Fómhair 2022, bhí luach saothair i leith Taiscí Rialtais á íoc ag an Ráta Gearrthéarmach Euro (€STR) is ísle nó ag an Ráta Saoráide Taisce (DFR) ar a bhfuil teorainn 0%. Ón 14 Meán Fómhair 2022, bhí luach saothair i leith na dtaiscí seo á íoc ag an ráta is ísle den €STR agus DFR agus baineadh teorainn 0% (i gcomhréir le cinneadh na Comhairle Rialaithe an 8 Meán Fómhair 2022)⁵⁵. Sonraíodh i gcinneadh na Comhairle Rialaithe an 7 Feabhra 2023 go mbeadh teorainn nua ar an luach saothair i leith Thaiscí Rialtais an limistéir euro, a shocrófaí ag €STR lúide 20 bonnphointe⁵⁶. Dá thoradh sin, bhí méadú ar an úschostas iomlán do 2023 go €747.9m ó ioncam úis de €8.2m in 2022 de bharr €STR dearfach le linn 2023 (Nóta 25(i), Nóta 30(ii)).

⁵⁵ Cinntí na Comhairle Rialaithe an 8 Meán Fómhair 2022 <https://www.ecb.europa.eu/press/pr/date/2022/html/ecb.mp220908~c1b6839378.en.html>

⁵⁶ Cinntí na Comhairle Rialaithe an 7 Feabhra 2023 https://www.ecb.europa.eu/press/pr/date/2023/html/ecb.pr230207_2~02299a78b5.en.html

Féadfaidh Institiúidí Creidmheasa leas a bhaint as an tsaoráid taisce seo chun cistí a chur leis an mBanc Ceannais thar oíche de réir ráta na saoráide taisce (DFR). Bhog rátaí DFR ó 2.0% go 2.5% an 8 Feabhra 2023, go 3.0% an 22 Márta 2023, go 3.25% an 10 Bealtaine 2023, go 3.5% an 21 Meitheamh 2023, go 3.75% an 2 Lúnasa 2023 agus go 4.0% an 20 Meán Fómhair 2023. Cé go bhfuil laghdú tagtha ar shealúchais dheireadh na bliana in 2023 i gcomparáid le 2022, bhí na méaduithe suntasacha a chonacthas ar mheán-sealúchais na saoráid taisce le linn 2023 i gcomparáid le 2022 inchurtha d'iarmhairt na gcoigeartuithe rátaí dearfacha, rud a spreag an t-úsachostas níos airde (Nóta 23(i)).

Ceanglaítear ar Institiúidí Creidmheasa sa limistéar euro meántaiscí cúlchiste íosta a shealbhú. Bhí luach saothair i leith na dtaiscí seo á íoc ag ráta PA suas go dtí an 20 Nollaig 2022. An 27 Deireadh Fómhair 2022, chinn an Chomhairle Rialaithe⁵⁷ go ndéanfaí luach saothair i leith na dtaiscí sin a íoc ag ráta DFR ón 21 Nollaig 2022. An 27 Iúil 2023, chinn an Chomhairle Rialaithe⁵⁸ go socrófaí an luach saothair i leith na gcúlchistí íosta ag 0.00% ón 20 Meán Fómhair 2023 (Nóta 23 (ii)).

Ar an iomlán, mar gheall ar na hathruithe seo ar rátaí, thaifead an Banc Ceannais úschostas €2,839.9m ar Thaisc Institiúidí Creidmheasa (2022: €152.7m) (Nóta 30(i), Nóta 23).

Taisc Institiúidí Creidmheasa

	2023 €000	2022 €000
Saoráid taisce	(2,750,922)	(344,583)
Cuntais reatha (lena gclúdaítear córas na gcúlchistí íosta)	(88,980)	191,880
Iomlán	(2,839,902)	(152,703)

- (xii) Baineann sé seo le hioncam ar an gCiste Ciste Cúitimh Árachais a n-íoctar luach saothair ina leith ag ráta €STR lúide 20 bonnphointe. D'iompaigh ús ó ioncam go costas in 2023 mar thoradh ar athrú in €STR ó staid dhiúltach go dearfach in 2022 (Nóta 30(vii)).
- (xiii) Tá an t-úsachostas seo bunaithe ar an difríocht idir luach na nótaí bainc euro arna leithdháileadh ar gach BCN i gcomhréir lena scála leithdháilte nótaí bainc agus luach na nótaí bainc euro a chuireann an Banc Ceannais i gcúrsaíocht go hiarbhair. Tugtar luach saothair ina leith seo ag ráta PA. Léiríonn an t-úsachostas meánráta úis PA níos airde in 2023, is é sin 3.80% (2022: 0.57%) (Nóta 1 (c)(ii) (c)(iv), Nóta 29, Nóta 30(ii)).
- (xiv) Baineann sé seo le costais ar Chiste Ranníocach na Scéime Ráthaíochta Taisc (SRT) a n-íoctar luach saothair ina leith ag €STR lúide 20 bonnphointe. Bhí an t-úsachostas ar an gCiste Ranníocach SRT ní b'airde in 2023 de réir mar a d'iompaigh rátaí ó staid dhiúltach go staid dhearfach agus leanadar de bheith ag ardú le linn na bliana (Nóta 30(i)).

⁵⁷ Cinntí na Comhairle Rialaithe an 27 Deireadh Fómhair 2022

<https://www.ecb.europa.eu/press/pr/date/2022/html/ecb.mp221027~df1d778b84.en.html>.

⁵⁸ Cinntí na Comhairle Rialaithe an 27 Iúil 2023

<https://www.ecb.europa.eu/press/pr/date/2023/html/ecb.pr230727~7206e9aa48.en.html#:~:text=Credit%20institutions%20are%20required%20to%20hold%20a%20minimum%20amount%20equivalent,liabilities%2C%20mainly%20customers%27%20deposits>.

- (xv) Baineann sé seo le húsachostas ar an gCiste Réitigh Foras Creidmheasa a n-íoctar luach saothair ina leith ag €STR lúide 20 bonnphointe. Tá an méadú ar chostas in 2023 inchurtha do shealbhú iarmhéid an Chiste leis an mBanc Ceannais don bhliain iomlán ag rátaí úis níos airde. In 2022, bhí sé á shealbhú le páirtí seachtrach go dtí gur aistríodh ar ais chuig an mBanc Ceannais é go déanach sa bhliain 2022 (Nóta 30(iii)).
- (xvi) Baineann sé seo le húsachostas ar an gCiste Réitigh do Bhainc agus d'Infheistíochtaí a n-íoctar luach saothair ina leith ag €STR lúide 20 bonnphointe. Tá an méadú ar chostas in 2023 inchurtha do shealbhú iarmhéid an Chiste leis an mBanc Ceannais don bhliain iomlán ag rátaí úis níos airde. In 2022, bhí sé á shealbhú ag páirtí seachtrach go dtí gur aistríodh ar ais chuig an mBanc Ceannais é go déanach sa bhliain 2022 (Nóta 30(iv)).
- (xvii) Tá an laghdú ar Úschostas Eile inchurtha go príomha do laghdú ar úschostais a bhaineann le corrlaigh athrúcháin ar chonarthaí todhchaíochtaí arna n-úsáid chun punann euro MÓM a fhálú (Nóta 1(c)(viii), Nóta 37(ii)).
- (xviii) Tá an t-úschostas níos ísle inchurtha do ghluaiseachtaí ginearálta ar ghníomhaíocht conarthaí malairte eachtraí in 2023 (Nóta 1(c)(viii), Nóta 37(i)).
- (xix) Baineann sé seo le húsachostas is iníoctha ar iarmhéideanna cuntas bainc taisce. Tá an laghdú inchurtha don athrú ó staid dhiúltach go staid dhearfach rátaí úis in 2022, rud ba chionsiocair le hioncam arna thuilleamh ar na cuntais sin le linn 2023 (Nóta 2(v), Nóta 15).

Nóta 3: Glantoradh Oibríochtaí Airgeadais, Díluachálacha agus Soláthairtí

(i) Glanghnóthachain Réadaithe arna n-eascairt as Oibríochtaí Airgeadais

	2023 €000	2022 €000
Gnóthachain/(Caillteanais) Praghaís Réadaithe ar Urrúis	995,208	1,463,653
- Punann Speisialta (i)	1,001,054	1,470,250
- Punann CGA (ii)	(4,409)	(264)
- Punann MÓM (iii)	(1,437)	(6,333)
Caillteanais Praghaís Neamhréadaithe ar Chistí (iv)	48,145	-
Gnóthachain Réadaithe ar Rátaí Malairte (v)	3	25
Iomlán	1,043,356	1,463,678

- (i) Léiríonn sé seo na gnóthachain réadaithe ar dhíolacháin na Nótaí Ráta Comhlúthaigh (NRCanna) (Nóta 16(ii)(b)(i)). Laghdaigh gnóthachain ar dhíolacháin na punainne speisialta go €1,001.1m (2022: €1,470.3m), go príomha mar gheall ar dhíolacháin níos ísle in 2023 (€2.5bn ainmniúil) i gcomparáid le 2022 (€3.0bn ainmniúil). Díoladh an phunann ina hiomláine in 2023.
- (ii) Léiríonn sé seo na caillteanais réadaithe ar urrúis i bpunann CGA. Tá caillteanais réadaithe €4.4m (2022: €0.3m) inchurtha do na díolacháin éigeantacha ón bpunann

arna n-ordú ag BCE d'fhonn cloí le teorainneacha ar chlár ceannaigh BCE (Nóta 13(i), Nóta 16(ii)(a)).

- (iii) Léiríonn sé seo na caillteanais réadaithe ar urrúis i bpunann MÓM seachas ar urrúis sa phunann speisialta. Tá caillteanais réadaithe €1.4m (2022: €6.3m), le díolacháin bannaí arna gceannach ar thoradh diúltach (Nóta 11(ii)(a), Nóta 12(i), Nóta 13(i), Nóta 16(ii)(b)).
- (iv) D'fhonn méadracht charbóin infheistíochtaí an Bhainc a fheabhsú, thosaigh an Banc ar thargarmharc AE ailínithe le Parás (ciste Innéacs Cothromais MSCI PAB) a chur in ionad a thagarmhairc thraidisiúnta cothromais (ciste Innéacs Cothromais Domhanda MSCI PAB). Thosaigh an t-athrú seo in 2023 agus mar thoradh air bhí gnóthachan réadaithe €48.1m ar dhíolachán páirteach chiste Innéacs Cothromais Domhanda MSCI (Nóta 20(ii)).
- (v) Léiríonn sé seo gnóthachain réadaithe rátaí malairte mar thoradh ar shócmhainní a shealbhú in airgeadraí eachtracha (Nóta 11(ii), Nóta 12, Nóta 20(iii), Nóta 27, Nóta 37(i)).

(ii) Díluachálacha Sócmhainní Airgeadais agus Staideanna Airgeadais

	2023 €000	2022 €000
Caillteanais Neamhréadaithe ar Rátaí Malairte (i)	(31,631)	(211)
Caillteanais Praghais Neamhréadaithe ar Urrúis (ii)	(9,762)	(90,292)
Caillteanais Praghais Neamhréadaithe ar Chistí (iii)	-	(25,105)
Iomlán	(41,393)	(115,608)

- (i) An méadú ar an gcaillteanas ráta malairte neamhréadaithe in 2023 go €31.8m (2022: €0.2m), baineann sé le caillteanais neamhréadaithe ar chearta speisialta tarraingthe (CST) arna spreagadh ag gluaiseachtaí diúltacha ar rátaí malairte ar ghlansócmhainn CST níos airde agus le caillteanais neamhréadaithe ar chiste Won na Cóiré de chuid BIS arna spreagadh ag gluaiseachtaí diúltacha ar rátaí malairte (Nóta 11(i), Nóta 20(iii), Nóta 28).
- (ii) Maidir leis an laghdú ar chaillteanais neamhréadaithe praghais ar urrúis go €9.8m (2022: €90.3m), baineann sé le laghdú níos ísle ar mhargadhluach na n-urrús ag deireadh na bliana (Nóta 11(ii)(a), Nóta 12(i), Nóta 13(i), Nóta 16(ii)(b)).
- (iii) Mar gheall ar mhargadhluachanna níos airde infheistíochtaí an Bhainc i gcistí BIS ag deireadh na bliana, ní raibh aon chaillteanais praghais neamhréadaithe amhail ar an 31 Nollaig 2023 (Nóta 20(iii), Nóta 33(iv)).

(iii) Aistriú chuig Soláthairtí

	2023 €000	2022 €000
Soláthar i leith Rioscaí Airgeadais (Nóta 1(m)(ii), Nóta 32(i))	132,095	(1,200,000)

Soláthar um Athstruchtúrú (Nóta 1(m)(iii), Nóta 32(iii))	(161)	811
Iomlán	131,934	(1,199,189)

Nóta 4: Ioncam ó Tháillí agus ó Choimisiúin

	2023 €000	2022 €000
Iasachtú Urrús	2,465	1,927
Dáileadh Ioncam Comhthiomsaithe TARGET	1,431	1,448
Táillí agus Muirir Seirbhíse	592	605
Iomlán	4,488	3,980

Nóta 5: Ioncam ó Ghnáthscaireanna agus ó Leasanna Rannpháirteachais

	2023 €000	2022 €000
Díbhinn BIS (i)	2,978	2,980
Scair de bhrabúis BCE (ii)	-	706
Iomlán	2,978	3,686

- (i) Léiríonn an mhír seo díbhinn a fuarthas ar scaireanna a bhí ar seilbh sa Bhanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta (Nóta 1(c)(xiii), Nóta 20(vii), Nóta 35(i)).
- (ii) Léiríonn an mhír seo scair an Bhainc Ceannais de dháileadh deiridh brabús BCE do 2022, ab iníoctha i mí Feabhra 2023. Chinn an Chomhairle Rialaithe, i bhfianaise thoradh airgeadais foriomlán BCE don bhliain, nach mbeadh dáileadh brabús ann do 2023 (Nóta 1(c)(v)).

Nóta 6: Glantordh Chomhthiomsú Ioncaim Airgeadaíochta

	2023 €000	2022 €000
Glantordh Chomhthiomsú Ioncaim Airgeadaíochta (i)	(639,728)	(323,160)
Cruthú soláthair ó scair d'Urrúis lagaithe Eurochórais (ii) (Nóta 32(iv))	(721)	-
Iomlán	(640,449)	(323,160)

- (i) Léiríonn sé seo an difríocht idir an t-ioncam airgeadaíochta arna chomhthiomsú ag an mBanc Ceannais, arbh ionann é agus €1,325.3m (2022: €444.2m), agus méid €684.7m a athdháileadh ar an mBanc Ceannais (2022: €120.8m) tar éis ioncam airgeadaíochta iomlán an Eurochórais a dháileadh ar BCNanna de réir a scaireanna scála caipitil faoi seach, i dteannta úis mar atá léirithe sa tábla thíos.

San fhigiúr d'athdháileadh ioncaim airgeadaíochta, áirítear coigeartú ar na glantorthaí do na blianta roimhe sin arbh ionann é agus €1.6m (2022: €0.2m) (Nóta 1(c)(vi)).

- (ii) Cuimsíonn an mhír seo scair an Bhainc Ceannais den soláthar i leith caillteanas ar oibríochtaí beartais airgeadaíochta, ar soláthar é a bunaíodh i ndáil le hurrúis arna sealbhú ag BCN de chuid an Eurochórais ina phunann PEPP. B'ionann scair an Bhainc Ceannais sa soláthar seo agus €0.7m (Nóta 32 (iv)).

	2023 €000	2022 €000
Ioncam airgeadaíochta comhthiomsaithe	(1,325,292)	(444,241)
Ioncam airgeadaíochta athdháilte	684,661	120,840
Glaníocóir Ioncaim Airgeadaíochta	(640,631)	(323,401)
Coigeartuithe Eurochórais do na Blianta Roimhe seo	1,579	241
Íocaíocht úis a bhaineann le hIoncam Airgeadaíochta	(673)	-
Sciar an Bhainc Ceannais de chaillteanas réadaithe le Banc Indover	(3)	-
Iomlán	(639,728)	(323,160)

Nóta 7: Glanioncam Eile

	2023 €000	2022 €000
Glantobhach Maoiniúcháin Tionscail i leith Rialáil Airgeadais* (i)	199,484	193,527
Toradh Ionchasach ar Shócmhainní an Chiste Pinsin (Nóta 31 (i))	32,200	9,500
Eile (ii)	16,856	8,465
Ioncam Eile ón Rialáil Airgeadais* (Nóta 40)	5,533	5,591
Ioncam Cíosa (iii)	2,696	2,636
Pionóis Airgeadaíochta Rialála Airgeadais (iv)	193	213,661
Ús ar Dhliteanais na Scéime Pinsin (Nóta 31 (i))	(34,300)	(16,100)
Iomlán	222,662	417,280

* Baineann sé go sonrach le hioncam ón tobhach maoiniúcháin

- (i) I Nóta 40, tugtar briseadh síos ar Ghlantobhach Maoiniúcháin an Tionscail i leith Rialáil Airgeadais.
- (ii) Áirítear in Eile Ioncam an Phríomh-Chláir Creidmheasa (CCR) arb ionann é agus €9.0m (2022: €8.9m) a sheasann do tháillí arna ngearradh ar Sholáthraithe Faisnéise Creidmheasa (CIPanna) i leith tuarascálacha creidmheasa a eisíodh. Tá muirir i leith fiosruithe ar an CCR á ngearradh ar iasachtóirí ón 1 Iúil 2019 i leith (Nóta 1(q), Nóta 20 (ix)). De bhreis air sin, taifeadadh ioncam €1.2m (2022: €2.5m) in 2023 ó thobhaigh a bhain le Taisceadán na hÉireann, Clár Cuntas Banc agus Íocaíochtaí (ISBAR), le Clár na hÚinéireachta Tairbhiúla (BOR) agus leis an gCóras um Idirnascadh Chláir na hÚinéireachta Tairbhiúla (BORIS).
- (iii) Baineann ioncam cíosa le fáлтаis ó chíos a thig as an gcuid de Bhloc R, Duga Spencer atá á ligean le tríú páirtithe ar bhonn tráchtála (Nóta 1(p), Nóta 20 (vi)). Bhí dhá thionónta i mBloc R, Duga Spencer amhail ar an 31 Nollaig 2023.
- (iv) Freagraíonn pionóis airgeadaíochta do na méideanna is iníoctha leis an mBanc Ceannais ó sholáthraithe seirbhísí airgeadais maidir le sáruithe ar cheanglais rialála. Déantar iad a aithint tar éis na comhaontuithe socraíochta a bheith tugtha chun críche leis na heintitis sin, agus déantar athbhreithniú ag deireadh na bliana ar inbhailitheacht aon phionós atá fós gan íoc. Má tá amhras ann faoi inbhailitheacht na bpionós sin, déanfar soláthar a aithint. Rinneadh méid iomlán na bpionós sin arbh ionann é agus €0.2m (2022: €213.7m) a íoc ag deireadh na bliana, agus bhí an laghdú in 2023 inchurtha d'eisiúint pionós laghdaithe le linn na tréimhse.

Nóta 8: Caiteachais Iomlána

	Iomlán na Ceannoifige & na Saoráidí Priontála*		An Mionta**		Iomlán	
	2023 €000	2022 €000	2023 €000	2022 €000	2023 €000	2022 €000
Tuarastail/Liúntais (i)	180,499	166,382	1,917	2,171	182,416	168,553
Pinsin (Nóta 31(ii))	22,300	66,000	-	-	22,300	66,000
ÁSPC	18,432	17,114	197	216	18,629	17,330
Caiteachais Foirne	221,231	249,496	2,114	2,387	223,345	251,883
Caiteachais Chaipitlithe Foirne (Nóta 1(e)(vi))	(7,422)	(4,554)	(36)	-	(7,458)	(4,554)
Glancaiteachais Foirne	213,809	244,942	2,078	2,387	215,887	247,329
TF	29,070	26,718	96	169	29,166	26,887
Táillí Gairmiúla (ii)	15,057	7,740	11	5	15,068	7,745
Saothar ar Conradh	13,671	9,781	87	99	13,758	9,880
Ilghnéitheach (iii)	11,002	9,225	601	6	11,603	9,231
Íocaíochtaí agus Táillí Cumhdaigh (iv)	6,527	7,260	-	3	6,527	7,263
Cíos agus Fóntais	5,896	5,136	346	339	6,242	5,475
Saoráidí agus Cothabháil	5,481	4,279	448	459	5,929	4,738
Suibscríbhinní Corparáideacha	3,642	3,046	7	7	3,649	3,053
Oiliúint	3,029	2,188	17	8	3,046	2,196
Earcaíocht & Costais Eile Foirne (v)	2,086	1,771	2	3	2,088	1,774
Taisteal (vi)	1,459	663	16	14	1,475	677
Caiteachais Oibríochtúla Eile	96,920	77,807	1,631	1,112	98,551	78,919
Caillteanas neamhréadaithe ar Réadmhaoin Infheistíochta (vii)	18,229	-	-	-	18,229	-
Muirear lagaithe ar Mhaoin, Gléasra, Trealamh (viii)	156,858	-	-	-	156,858	-
Dímheas	20,890	13,080	143	171	21,033	13,251
Amhábhair um tháirgeadh airgeadra (ix)	4,280	5,863	225	1,802	4,505	7,665
Caiteachais Iomlána***	510,986	341,692	4,077	5,472	515,063	347,164

*I gcaiteachais na Ceannoifige agus na Saoráidí Priontála, cuimsítear gach caiteachas (lena n-áirítear caiteachais rialála airgid agus saoráidí priontála) seachas na cinn sin a bhaineann leis an Mionta.

**Caiteachais arna dtabhú ag an Mionta, ar caiteachais iad a bhaineann le soláthar agus le heisiúint monaí, déantar iad sin a mhuirearú go díreach ar an gCúlchiste Airgeadra (Nóta 1(g) agus Nóta 25(ii)).

*** Seans nach suimfidh na hiomláin sna ráitis airgeadais agus sna táblaí atá sa nóta toisc gur slánaíodh iad. Léiríonn na figiúirí 0 agus (0) méideanna dearfacha nó diúltacha arna slánú go náid, fad a léiríonn dais (-) náid.

- (i) Rinneadh íocaíochtaí in ionad fógra arbh ionann iad agus €15,081 le cúigear le linn na bliana (2022: €6,558)

Rinneadh socraíocht amháin arbh ionann í agus €52,723 in 2023 ar fhoirceannadh fostaíochta (2022: ní raibh aon socraíochtaí).

Ní dhearnadh aon íocaíochtaí i leith saoire gharraíodóireachta in 2023 (2022: €129,232)

Déantar anailís bhreise mar a leanas ar Chaiteachais Foirne:

Caiteachais Foirne (lena n-áirítear an Mionta)

	2023 €000	2022 €000
Sochair ghearrthéarmacha foirne	182,348	168,546
Pinsin (Nóta 31(i))	22,300	66,000
ÁSPC Fostóra	18,629	17,330
Sochair foirceannadh fostaíochta	68	7
Iomlán	223,345	251,883
Líon Foirne (FTE) ar an 31 Nollaig	2,234	2,103

FTE - Coibhéis Lánaímseartha lena n-áirítear clúdach máithreachais agus intéirnigh

Déantar Tuarastail agus Liúntais Foirne a anailísiú mar a leanas:

Sochair Ghearrthéarmacha (lena n-áirítear an Mionta)

	2023 €000	2022 €000
Bunphá	179,772	165,921
Liúntais	1,635	*1,837
Ragobair	941	*788
Iomlán	182,348	168,546

* Mar thoradh ar mhí-aistriúchán sa bhliain roimhe sin, rinneadh athaicmiú ar Ragobair agus Liúntais.

I mBunphá, áirítear fabhrú €11.1m i leith saoire bhliantúil nár glacadh (2022: €9.9m) (Nóta 30 (vi)).

Luach saothair le comhaltaí Feidhmiúcháin den Choimisiún in 2023

Ainm	2023	Tuarastal	2022	Tuarastal
------	------	-----------	------	-----------

Gabriel Makhlouf Gobharnóir (a)(b)	1 Eanáir - 31 Nollaig €316,794	1 Eanáir - 31 Nollaig €307,108
Sharon Donnery Leas-Ghobharnóir Rialáil Airgeadais (a)	1 Eanáir - 31 Nollaig €275,473	1 Eanáir - 31 Nollaig €267,050
Vas Madouros Cobhsaíocht Airgeadais & Airgeadaíochta (a)	1 Eanáir - 31 Nollaig €275,473	1 Samhain - 31 Nollaig €44,990

Méadaíodh tuarastail i gcomhréir le comhaontuithe pá de chuid na Seirbhíse Poiblí ó 2013 i leith.

Táillí Chomhaltaí Neamhfheidhmiúcháin an Choimisiúin

Ainm	2023	2022
David Miles	€14,936	€14,936
John Trethowan	€14,936	€14,936
Niamh Moloney	€14,936	€14,936
Patricia Byron	€14,936	€14,936
Sarah Keane	€14,936	€14,936
Shay Cody	€14,936	€14,936
John Hogan (c)	Nialas	Nialas

Caiteachais Chomhaltaí Neamhfheidhmiúcháin an Choimisiúin

Ainm	Taisteal	Cóiríocht agus Cothú	Iomlán do 2023	Iomlán do 2022
David Miles	€2,617	€1,235	€3,852	€3,571
John Trethowan	€3,465	€1,379	€4,844	€2,210
Niamh Moloney	€408	Nialas	€408	Nialas
Patricia Byron	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas
Sarah Keane	€67	Nialas	€67	Nialas
Shay Cody	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas
John Hogan (c)	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas

- (a) Maidir le teidlíochtaí pinsin an Ghobharnóra Gabriel Makhlouf, an Leas-Ghobharnóra Sharon Donnery, agus an Leas-Ghobharnóra Vas Madouros, ní théann siad thar ghnáth-theidlíochtaí na scéime aoisliúntais le sochar sainithe de chuid an Bhainc Ceannais (Nóta 31).

- (b) Tá pinsean á fháil ag Gabriel Makhoul ó sheirbhís phoiblí na Ríochta Aontaithe freisin.
- (c) I gcomhréir leis an bprionsabal ‘Duine amháin, Tuarastal amháin’, níor íocadh táillí le comhalta neamhfheidhmiúcháin amháin den Choimisiún (2022: comhalta amháin).

Luach Saothair Príomhphearsanra Bainistíochta⁵⁹

	2023 €000	2022 €000
Oiltuarastal	€13,529	€12,133
Iomlán	€13,529	€12,133

Oibríonn an Banc Ceannais scéim iasachta saoire don fhoireann go léir, ar scéim í atá formheasta ag na Coimisinéirí Ioncaim. Ar áireamh sa mhéid seo, tá airleacain €58,875 (2022: €45,700) le 12 Phríomhphearsanra Bainistíochta (2022: 14 Phríomhphearsanra Bainistíochta). Amhail ar an 31 Nollaig 2023, bhí na hairleacain go léir faoin scéim seo aisíochta ina n-iomláine (2022: aisíochta ina n-iomláine).

Sochair Ghearrthéarmacha Fostaithe de bhreis ar €60,000⁶⁰

Bandáí Pá	2023 Líon Daoine	2022 Líon Daoine
60,000-70,000	283	313
70,000-80,000	434	380
80,000-90,000	160	166
90,000-100,000	115	110
100,000-110,000	305	281
110,000-120,000	48	109
120,000-130,000	101	24
130,000-140,000	33	41
140,000-150,000	68	49
150,000-160,000	14	19
160,000-170,000	18	22
170,000-180,000	21	1
180,000-190,000	-	3
190,000+	19	17
Iomlán	1,619	1,535

- (ii) Sna Táillí Gairmiúla, áirítear táillí Iniúcháirí is iníochta le Grant Thornton (2022: Mazars) agus leis an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste arb ionann iad agus:

Táillí Iniúcháirí ⁶¹	2023 €000	2022 €000
Iniúcháireacht ar Chuntais Aonair	536	339

⁵⁹ Tagraíonn Príomhphearsanra Bainistíochta do chomhaltaí foirne ar leibhéal Ceannasaí Rannán nó níos airde agus áirítear comhaltaí feidhmiúcháin an Choimisiúin arna nochtadh ar leithligh i Nóta 8, mar a fhorordaítear sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016. Seachas na cinn sin a nochtar sa nóta seo, ní bhfuair Príomhphearsanra Bainistíochta aon sochair bhreise.

⁶⁰ Ar na socair ghearrthéarmacha, áirítear Bunphá, Liúntais agus Íocaíochtaí le comhaltaí foirne i leith Ragoibre.

⁶¹ Léirítear Táillí Iniúcháirí ar leith ó CBL sa chaoi go nochtar an glanmhéid a fhaigheann an soláthraí.

Grant Thornton	363	-
Mazars	-	171
Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	173	168
Seirbhísí Ráthaíochta Eile	104	54
Grant Thornton	104	-
Mazars	-	54
Seirbhísí Neamhiniúcháireachta Eile	241	147
Grant Thornton	241	-
Mazars	-	147
Iomlán	881	540

Sna Táillí Gairmiúla, áirítear costais Chomhairleachta €10.6m arna muirearú i leith ioncaim agus caiteachais agus déantar anailísiú orthu sa tábla seo a leanas (2022: €4.6m) mar aon le costais chaipitlithe Chomhairleachta €4.0m (2022: €4.8m) in MGT agus Sócmhainní Doláimhsithe (Nóta 21).

Comhairleacht

	2023 €000	2022 €000
TF	4,478	3,805
Áitribh	1,968	1,349
Comhairle Dlí	808	1,137
Eile	79	120
Airgeadas	1,639	1,079
Pinsin & AD	348	127
Feabhsú Gnó	5,273	1,743
Iomlán	14,593	9,360
Costais Chomhairleachta arna muirearú i leith Ioncaim agus Caiteachais	10,605	4,796
Costais Chaipitlithe Sainchomhairleoireachta	3,988	4,564
Iomlán	14,593	9,360

Sna Táillí Gairmiúla, áirítear costais dlí i ndáil le himeachtaí dlí agus arbh ionann san iomlán iad agus €1.9m (2022: €1.0m).

Táillí Dlí

	2023 €000	2022 €000
Táillí dlíthiúla - imeachtaí dlí	1,854	1,031
Iomlán	1,854	1,031

Ar na himeachtaí dlí sin a luaitear thuas, áirítear na costais dlí go léir arna dtabhú i ndáil le himeachtaí dlí arna dtionscnamh ag an mBanc Ceannais nó i gcoinne an Bhainc

Ceannais. An costas sin thuas i ndáil le himeachtaí dlí, baineann sé le 24 gcás dlí ar leith (2022: 16).

D'íoc cuideachta árachais an Bhainc Ceannais €70,246 (2022: €6,550) i ndáil le costais agus socraíochtaí dlí.

- (iii) In Ilghnéitheach, áirítear €7.4m de chostais ghaolmhara CCR, (mar a bhain €3.3m le seirbhísí seachfhoinisithe agus €4.1m le scaoileadh chostais in-aisghabhála CCR (Nóta 20(ix)), díscríobh sócmhainní dochta arb ionann iad agus €2.6m agus costais an Bhinse Achomhairc Seirbhísí Airgeadais arb ionann iad agus €0.2m (2022: €0.2m) a íocann an Banc Ceannais i gcomhréir le forálacha Alt 57AX(4) d'Acht an Bhainc Cheannais 1942 (arna leasú).
- (iv) Ar áireamh i dTáillí Íocaíochta agus Cumhdaigh, tá muirir a bhaineann le híoc Pras. Tá oibleagáid ar an mBanc Ceannais déanamh de réir fhorálacha Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála), 2012 (I.R. Uimh. 580 de 2002), lena bhforáiltear go mbeidh ús pionóis le híoc mura bhfreastalófar ar íocaíochtaí le haghaidh idirbhearta tráchtála laistigh de 30 lá, mura sonrófar a mhalairt i gconradh nó i gcomhaontú. Is í seo a leanas achoimre ar íocaíochtaí úis phionósaigh arna ndéanamh le soláthraithe le linn 2023, mar aon leis na figiúirí comhfhreagracha don bhliain 2022.

Íocaíochtaí Déanacha

	2023	2022
Líon iomlán na nÍocaíochtaí Déanacha	13	63
Luach iomlán na nÍocaíochtaí Déanacha go léir (A)	€76,266	€692,400
Luach iomlán na nÍocaíochtaí go léir (B)	€129,863,062	€128,144,822
A mar % de B	0.06%	0.54%
Luach iomlán an Úis a Íocadh ar Íocaíochtaí Déanacha	€904	€5,809

- (v) In Earcaíocht & Costais Foirne Eile thuas, áirítear Caiteachas Fáilteachais €0.3m (2022: €0.2m), arna anailísiú mar a leanas:

Caiteachas Fáilteachais

	2023	2022
	€000	€000
Fáilteachas Foirne	250	153
Iomlán	250	153

Déantar an caiteachas fáilteachais arna nochtadh thuas a aicmiú i gcomhréir leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).

Ní bhíonn an Banc Ceannais ag gabháil d'Fháilteachais Cliant. Ní áirítear sna méideanna thuas caiteachas ar shólaistí/ar fháilteachas a bhaineann le hoibríochtaí gnó amhail óstáil comhdhálacha, imeachtaí nó cruinnithe.

(vi) Déantar an caiteachas ar Thaisteal a anailísiú mar a leanas:

Taisteal (lena n-áirítear an Mionta)

	2023 €000	2022 €000
Intíre		
Coimisiún*	13	17
Foireann	123	81
Idirnáisiúnta		
Coimisiún*	81	52
Foireann	1,258	527
Iomlán	1,475	677

*Folaíonn an Coimisiún comhaltaí feidhmiúcháin agus neamhfheidhmiúcháin araon.

- (vii) Aithníodh caillteanas neamhréadaithe €18.2m sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála i leith na réadmhaoine infheistíochta arna sealbhú ar an 31 Nollaig 2023, i gcomhréir leis an mbeartas cuntasíochta le haghaidh réadmhaoine Infheistíochta (Nóta 1(p)). Luach €31.0m a bhí ar an réadmhaoine Infheistíochta, Bloc R, Duga Spencer, Sciathán Thoir, amhail ar an 31 Nollaig 2023 (2022: €46.2m) (Nóta 20(vi)). Sa chaillteanas neamhréadaithe €18.2m, áirítear caillteanas neamhréadaithe in 2023 i dteannta caillteanas neamhréadaithe €3.0m ón mbliain roimhe sin arna aistriú ó chúlchiste athluachála réadmhaoine infheistíochta (Nóta 33).
- (viii) Baineann an muirear lagaithe leis an bhfoirgneamh ar Shráid an Mhéara. Fuarthas an foirgneamh seo roimh an bpaindéim mar chuid de straitéis fhadtéarmach an Bhainc maidir le spás oifige lenar cuireadh san áireamh riachtanais reatha agus riachtanais ionchasacha amach anseo. Áiríodh sa mhéid sin inscálaitheacht agus solúbthacht araon. Ó thráth na paindéime i leith, tá athrú suntasach tagtha ar mhargadh na réadmhaoine tráchtála, sa mhéid go bhfuil aistriú i dtreo samhlacha hibrídeacha oibre. Dá bhrí sin, tá a lorg oifige laghdaithe ag cuideachtaí, rud a fhágann go bhfuil rósholáthar spáis oifige i mBaile Átha Cliath. Mar thoradh air sin, tá margadh an fhoirgnimh ar Shráid an Mhéara níos lú ná an luach tugtha anonn. Agus an méid sin thuas á chur san áireamh agus ag féachaint do luach úsáid an fhoirgnimh, tá muirear lagaithe €156.9m ag an mBanc (Nóta 21(d)).
- (ix) An caiteachas i ndáil le hAmhábhair do Tháirgeadh Airgeadra, baineann sé le táirgeadh nótaí bainc €4.3m (2022: €5.9m) agus monaí €0.2m (2022: €1.8m). Bhí an laghdú ar chostais nótaí bainc in 2023 inchurtha do leithdháileadh laghdaithe nótaí bainc agus costas ceannaigh aonaid níos ísle i leith gach nóta bainc ná mar a bhí ann in 2022. Tháinig laghdú ar ábhair bonn toisc nár ceannaíodh crotáin bonn in 2023 agus toisc nár áiríodh táirge boinn óir i gclár na mBonn Inbhailithe do 2023.

Nóta 9: Ioncam Barrachais is iníoctha leis an Státchiste

Níl aon Ioncam Barrachais iníoctha leis an Státchiste i leith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2023 (2022: €500.1m) (Nóta 1(o), Nóta 30(ix)).

Nóta 10: Ór agus Infhaighteachtaí Óir

	2023 €000	2023 Unsaí Míne d'Ór	2022 €000	2022 Unsaí Míne d'Ór
Ór agus Infhaighteachtaí Óir	722,100	386,598	659,566	386,598
Iomlán	722,100	386,598	659,566	386,598

Cuimsíonn ór agus infhaighteachtaí óir stoic monaí atá á sealbhú sa Bhanc Ceannais, mar aon le barraí óir atá á sealbhú i mBanc Shasana agus i Banque de France. Tá an méadú ar an iarmhéid ag deireadh 2023 inchurtha do mhéadú ar mhargadhluach shealúchais óir ó dheireadh na bliana 2022 go dtí deireadh na bliana 2023 (Nóta 1 j(iv), Nóta 33(i)).

Nóta 11: Éilimh in Airgeadra Eachtrach ar Chónaitheoirí nach bhfuil sa Limistéar Euro

	2023 €000	2022 €000
Infhaighteachtaí ó CAI (i)	6,230,592	6,381,290
Iarmhéideanna le Baint agus Infheistíochtaí Urrús, Iasachtaí Seachtracha agus Sócmhainní Seachtracha eile (ii)	4,372,581	4,865,039
Iomlán	10,603,173	11,246,329

(i) Infhaighteachtaí ón gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI)

	2023 €000	2022 €000
Cuóta	4,198,648	4,321,311
Lúide Sealúchais CAI arna gcothabháil ag an mBanc	(3,069,723)	(3,167,716)
Suíomh Cúlchiste in CAI (a)	1,128,925	1,153,595
Sealúchais CST (b)	5,101,667	5,227,695
Iomlán	6,230,592	6,381,290

(a) Suíomh Cúlchiste i CAI:

Seasann an tsócmhainn seo don difríocht idir Cuóta na hÉireann in CAI agus sealúchais euro de chuid CAI arna gcothabháil ag an mBanc Ceannais. Is ionann Cuóta na hÉireann agus a suibscríbhinn ballraíochta. An 15 Nollaig 2010, chuir Bord Gobharnóirí CAI pacáiste d'athchóirithe i gcrích maidir le cuótaí agus rialachas an Chiste. An 26 Eanáir 2016, comhlíonadh na coinníollacha maidir le cur chun feidhme na méaduithe comhaontaithe ar

chuótaí⁶². Ag an tús, b'ionann sealúchais euro CAI arna gcothabháil leis an mBanc Ceannais agus 75% den Chuóta, ach tá athrú tagtha orthu ó am go ham de thoradh treoracha a fuarthas ó CAI maidir lena iasachtaí le Ballstáit. Is ionann an sealúchas reatha céatadánach agus 73% (2022: 73%) (Nóta 1(c)(x), Nóta 35(v)).

(b) Sealúchais Ceart Speisialta Tarraingthe (CST):

Is cúlsócmhainn idirnáisiúnta í CST arna cruthú ag CAI agus arna leithdháileadh ar bhallstáit sna 1970idí/80idí d'fhonn leachtacht idirnáisiúnta a mhéadú. Sainítear CST i dtéarmaí ciseáin d'airgeadraí. Cinntear a luach mar shuim ualaithe rátaí malairte na gcúig airgeadra (Dollar Mheiriceá, an euro, Renminbi na Síne, Yen na Seapáine, agus Punt Steirling) (Nóta 1(c)(x), (Nóta 28)).

(ii) Iarmhéideanna le Bainc agus Infheistíochtaí Urrús, Iasachtaí Seachtracha agus Sócmhainní Seachtracha eile

	2023 €000	2022 €000
Infheistíochtaí Urrúis – MÓM (a)	3,096,046	3,226,048
Iarmhéid le Bainc	1,230,759	1,638,991
Comhaontuithe Athcheannaigh Droim ar Ais (b)	45,776	-
Iomlán	4,372,581	4,865,039

- (a) Cuimsíonn na hurrúis seo fiachas arna eisiúint ag eistheoirí nach bhfuil sa limistéar euro (Nóta 1(b)(j)(ii)).
- (b) Mar chuid de bhainistíocht a chuid sócmhainní infheistíochta, baineann an Banc Ceannais úsáid as idirbhearta athcheannaigh le contrapháirtithe formheasta faoi chomhaontuithe dlíthiúla GMRA. An méadú ar chomhaontuithe athcheannaigh droim ar ais in airgeadra eachtrach le cónaitheoirí nach bhfuil sa limistéar euro, arb ionann é agus €45.8m (2022: €0.0m), baineann sé le méadú ginearálta ar dheiseanna athcheannaigh droim ar ais in airgeadra eachtrach lasmuigh den limistéar euro de bharr dinimic margaidh (Nóta 1(l), Nóta 27).

Miondealú de réir airgeadra eachtrach

	2023 €000	2022 €000
USD	2,790,554	2,656,306
AUD	548,786	514,541
CNY	488,657	510,686
SGD	444,444	438,539
JPY	96,112	744,232

⁶²Mar thoradh air sin, méadaíodh cuóta CAI na hÉireann faoi CST 2,192.3m ó CST 1,257.6m go dtí CST 3,449.9m an 19 Feabhra 2016.

Eile	4,028	735
Iomlán	4,372,581	4,865,039

Próifíl Aibíochta

	2023 €000	2022 €000
0 - 3 mhí	1,423,733	1,944,979
3 mhí - 1 bhliain	860,539	791,487
1 bhliain - 5 bliana	2,088,309	2,128,573
Iomlán	4,372,581	4,865,039

Nóta 12: Éilimh in airgeadra eachtrach ar chónaitheoirí atá sa limistéar euro

	2023 €000	2022 €000
Infheistíochtaí Slándála - MÓM (i)	10,757	21,892
Iarmhéideanna le Baint	3,537	3,435
Comhaontuithe Athcheannaigh Droim ar Ais (ii)	-	92,402
Iomlán	14,294	117,729

- (i) Cuimsíonn na hurrúis seo fiachas arna eisiúint ag eistitheoirí de chuid an limistéir euro in airgeadra eachtrach (Nóta 1 (j)(ii)). Baineann iarmhéid dheireadh na bliana 2023 le bannaí USD agus AUD arna n-eisiúint ag cónaitheoirí AE. Bhí an laghdú ar shealúchais na n-urrús seo inchurtha do laghdú ar dheiseanna chun athinfheistiú a dhéanamh in urrúis chomhchosúla.
- (ii) Mar chuid de bhainistíocht a chuid sócmhainní infheistíochta, baineann an Banc Ceannais úsáid as idirbhearta athcheannaigh le contrapháirtithe formheasta faoi chomhaontuithe dlíthiúla GMRA. Maidir leis an laghdú ar chomhaontuithe athcheannaigh droim ar ais in airgeadra eachtrach le cónaitheoirí atá sa limistéar euro go €0.0m (2022: €92.4m), tá sé inchurtha do laghdú ginearálta ar ghníomhaíocht athcheannaigh droim ar ais in airgeadra eachtrach sa limistéar euro de bharr dinimic margaidh agus malartaigh níos fearr in áiteanna eile (Nóta 1(l)).

Miondealú de réir airgeadra eachtrach

	2023 €000	2022 €000
AUD	11,144	3,365
USD	3,113	114,167
SGD	36	196
Eile	1	1

Iomlán	14,294	117,729
---------------	---------------	----------------

Próifíl Aibíochta

	2023 €000	2022 €000
0 - 3 mhí	3,537	114,495
3 mhí - 1 bhliain	4,810	-
1 bhliain - 5 bliana	5,947	3,234
Iomlán	14,294	117,729

Nóta 13: Éilimh in Euro ar Chónaitheoirí nach bhfuil sa Limistéar Euro

	2023 €000	2022 €000
Infheistíochtaí Slándála - CGA (i)	1,882,791	1,952,934
Iarmhéideanna le Baint (ii)	122,224	379,356
Infheistíochtaí Slándála - MÓM (i)	104,277	188,542
Iomlán	2,109,292	2,520,832

- (i) Cuimsíonn na hurrúis seo fiachas arna eisiúint ag eistitheoirí nach eistitheoirí de chuid an limistéir euro iad. Bhain an laghdú ar shealúchais na n-urrús seo le gníomhaíochtaí margaidh rialta (Nóta 1(j)(ii), Nóta 1(j)(iii)).
- (ii) Bhí an laghdú ar iarmhéideanna le baint, arbh ionann é agus €122.2m (2022: €379.4m) inchurtha do ghníomhaíochtaí margaidh rialta.

Próifíl Aibíochta

	2023 €000	2022 €000
0 - 3 mhí	362,239	554,675
3 mhí - 1 bhliain	310,409	406,589
1 bhliain - 5 bliana	978,861	1,296,176
5 bliana - 10 mbliana	457,783	263,392
Iomlán	2,109,292	2,520,832

Nóta 14: Iasachtaí le hInstitiúidí Creidmheasa an Limistéir Euro maidir le hOibríochtaí Beartais Airgeadaíochta in Euro

	2023 €000	2022 €000
Oibríochtaí Athmhaoinithe Fadtéarmacha <i>mar atá OASFanna</i>	84,500	219,400
Iomlán	84,500	219,400

Próifil Aibíochta

	2023 €000	2022 €000
0 - 3 mhí	57,500	-
3 mhí - 1 bhliain	27,000	134,900
1 bhliain - 5 bliana	-	84,500
Iomlán	84,500	219,400

Tá na hiarmhéideanna sin déanta suas d'airleacain chuig institiúidí creidmheasa agus léiríonn siad rannpháirtíocht an Bhainc Ceannais in oibríochtaí beartais airgeadaíochta de chuid an Eurochórais. Amhail ar an 31 Nollaig 2023, bhí iasachtú iomlán an Eurochórais le hinstitiúidí creidmheasa an limistéir euro maidir le hoibríochtaí beartais airgeadaíochta arna n-ainmniú in euro, lena n-áirítear príomhoibríochtaí athmhaoinithe agus oibríochtaí athmhaoinithe fadtéarmacha araon, comhionann le €410.3bn (2022: €2,201.9bn), agus bhí €0.1bn den mhéid sin ar seilbh ag an mBanc Ceannais (2022: €0.2bn) (Nóta 1 (c)(xii)).

Leis na hoibríochtaí seo, féachtar le hathmhaoiniú breise fadtéarmach a sholáthar do chontrapháirithe. Seoladh na hoibríochtaí sin ar ráta socraithe agus cionroinneadh méid iomlán na tairisceana. Sa bhreis ar an tsraith de sheacht n-oibríocht athmhaoinithe fhadtéarmacha ráithiúla (OASF-III) a tugadh isteach in 2019, chuir an Chomhairle Rialaithe trí oibríocht bhreise leo i mí na Nollag 2020, agus seoladh iad sin idir mí an Mheithimh agus mí na Nollag 2021. Tá tréimhse aibíochta trí bliana ag na hoibríochtaí sin. I gcás OASF-III go léir, 12 mhí tar éis gach oibríocht a shocrú, bíonn an rogha ag na rannpháirtithe ar bhonn ráithiúil méid OASF-III lena mbaineann a fhoirceannadh nó a laghdú sula dtagann sí in aibíocht. Féadfaidh rátaí iasachtaithe sna hoibríochtaí seo a bheith chomh híseal le 50 bonnphointe faoi bhun an mheánráta úis ar an tsaoráid taisce thar an tréimhse ón 24 Meitheamh 2020 go dtí an 23 Meitheamh 2022, ach gach a bheith níos díúltaí ná -1.0%, agus chomh híseal leis an meánráta úis - don tréimhse ábhartha - ar an tsaoráid taisce thar an tréimhse atá fágtha den oibríocht chéanna⁶³.

Ní bhíonn rátaí úis iarbhír ar eolas go dtí tráth aibíochta nó luath-aisíocaíochta gach oibríochta agus úsáidtear meastachán iontaofa roimhe sin chun fabhruithe úis OASF-III a ríomh. I gcás chuntais bhliantúla 2023, ciallaíonn sé sin go raibh na rátaí úis thar thréimhse bhreise an úis speisialta do na fabhruithe innéacsaithe leis an meán-phríomhráta úis ab infheidhme de chuid BCE ó thús na tréimhse úis deireanaí do na hoibríochtaí sin, a thosaigh ar an 23 Samhain 2022.

Tá an laghdú ar na hiarmhéideanna go €84.5m (2022: €219.4m) inchurtha do luath-aisíocaíochtaí iasachtaí OASF in 2023, agus tá na hionstraimí atá fágtha ceaptha teacht in aibíocht in 2024 (Nóta 2(x)).

⁶³ Chinn an Chomhairle an 27 Deireadh Fómhair 2022 go ndéanfaí, ón 23 Samhain 2022 go dtí dáta aibíochta nó dáta luath-aisíocaíochta gach oibríocht OASF-III atá gan íoc faoi seach, an ráta úis ar oibríochtaí OASF-III a innéacsú le meán-phríomhrátaí úis is infheidhme de chuid BCE le linn na tréimhse sin.

Nóta 15: Éilimh eile in euro ar Institiúidí Creidmheasa de chuid an Limistéir euro

	2023 €000	2022 €000
Comhaontuithe Athcheannaigh Droim ar Ais (i)	1,576,848	1,489,174
Iarmhéideanna le Baint	159,654	157,307
Iomlán	1,736,502	1,646,481

Tá tréimhse aibíochta níos giorra ná aon bhliain amháin ag na míreanna seo.

- (i) Mar chuid de bhainistíocht a chuid sócmhainní infheistíochta, baineann an Banc Ceannais úsáid as idirbhearta athcheannaigh le contrapháirtithe formheasta faoi chomhaontuithe dlíthiúla GMRA. Maidir leis an laghdú ar chomhaontuithe athcheannaigh droim ar ais in euro le cónaitheoirí sa limistéir euro go €1,576.9m (2022: €1,489.2m), baineann sé le méadú ginearálta ar dheiseanna athcheannaigh droim ar ais in euro sa limistéir euro de bharr dinimic margaidh (Nóta 1(l)).

Nóta 16: Urrúis in euro de chuid Cónaitheoirí atá sa Limistéir Euro

	2023 €000	2022 €000
Urrúis arna Sealbhú chun Críocha Beartais Airgeadaíochta (i)	60,016,155	62,990,868
Urrúis Eile (ii)	7,929,946	10,364,821
Iomlán	67,946,101	73,355,689

(i) Urrúis arna sealbhú chun críocha Beartais Airgeadaíochta

“Urrúis arna sealbhú chun críocha Beartais Airgeadaíochta”, a tugadh isteach chun go léireofaí punann CBPP3 arna hainmniú in euro agus ar cuireadh tús léi i mí Dheireadh Fómhair 2014, an CMU ar cuireadh tús leis i mí Bealtaine 2010, agus an PEPP ar cuireadh tús leis i mí an Mhárta -19.

Amhail ar an 31 Nollaig 2023, cuimsíodh sa mhír seo urrúis a fuair an Banc Ceannais faoi raon feidhme CBPP3, SMP, PSPP agus PEPP.

Déantar urrúis arna gceannach faoi na cláir sin go léir a thomhas ar bhonn costas amúchta faoi réir lagaithe (Nóta 1(c)(ix)).

Is iad seo a leanas costas amúchta na n-urrús arna sealbhú ag an mBanc Ceannais, mar aon lena margadhluachanna (nach dtaifeadtar ar an gClár Comhardaithe nó sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais ach a chuirtear in iúl chun críocha comparáideacha amháin):

	2023 €000	2023 €000	2022 €000	2022 €000
	Costas Amúchta	Margadhluach	Costas Amúchta	Margadhluach
CCBC3	686,932	659,418	1,455,089	1,404,570
CMU	102,572	106,446	101,802	109,162

PSPP mar atá	37,274,916	33,888,794	39,082,179	33,712,471
Urrúis Rialtais/Gníomhaireachta (Riosca Dílse)	34,456,087	31,316,355	35,995,430	31,000,546
Urrúis Fhornaísiúnta (Riosca Comhroinnte)	2,818,829	2,572,439	3,086,749	2,711,925
PEPP mar atá	21,951,735	19,010,346	22,351,798	18,116,046
Urrúis Rialtais/Gníomhaireachta (Riosca Dílse)	21,951,735	19,010,346	22,351,798	18,116,046
Bannaí Cumhdaithe (Riosca Comhroinnte)	-	-	-	-
Iomlán	60,016,155	53,665,004	62,990,868	53,342,249

Próifíl Aibíochta

	2023 €000 Costas Amúchta	2022 €000 Costas Amúchta
0 - 3 mhí	3,615,467	3,889,112
3 mhí - 1 bhliain	549,011	314,416
1 bhliain - 5 bliana	17,718,774	18,158,435
5 bliana - 10 mbliana	23,044,188	24,306,776
10 mbliana - 15 bliana	5,064,682	7,201,517
> 15 bliana	10,024,033	9,120,612
Iomlán	60,016,155	62,990,868

Cuireadh deireadh le ceannacháin faoin CMU ar an 6 Meán Fómhair 2012.

Go dtí deireadh mhí Feabhra 2023⁶⁴, lean an tEurochóras d'athinfheistiú a dhéanamh ar na híocaíochtaí príomhshuime ó urrúis a bhí ag teacht in aibíocht agus a ceannaíodh faoin gclár ceannaigh sócmhainní (APP)⁶⁵. Ina dhiaidh sin, laghdaigh punann APP ar luas tomhaiste intuartha. Go dtí deireadh mhí an Mheithimh 2023, b'ionann an laghdú agus €15.0bn in aghaidh na míosa ar an meán toisc nach ndearna an tEurochóras athinfheistiú ar na híocaíochtaí príomhshuime go léir ó urrúis a bhí ag teacht in aibíocht. I Meitheamh 2023, chinn an Chomhairle Rialaithe⁶⁶ go scoirfí de na hinfeistíochtaí faoi APP amhail ó mhí Iúil 2023. Ina dhiaidh sin, bhí punann APP ag laghdú de bharr aibíochtaí.

I gcás PEPP⁶⁷, lean an tEurochóras d'athinfheistiú iomlán a dhéanamh ar na híocaíochtaí príomhshuime ó urrúis a bhí ag teacht in aibíocht agus a ceannaíodh le linn na bliana. Tá sé i gceist ag an gComhairle Rialaithe⁶⁸ leanúint d'athinfheistiú a dhéanamh ar na híocaíochtaí príomhshuime go léir ó urrúis atá ag teacht in aibíocht agus a ceannaíodh faoi PEPP sa chéad leath de 2024. Tá sé i gceist aici freisin punann PEPP a laghdú faoi €7.5bn in aghaidh na míosa ar an meán thar an dara leath de 2024 agus go scoirfí d'athinfheistíochtaí faoi PEPP ag deireadh na bliana céanna. De bhreis air sin, leanfaidh an Chomhairle Rialaithe de

64 Féach preaseisiúint an 15 Nollaig 2022 maidir le cinntí na Comhairle Rialaithe.

65 Féadfar tuilleadh sonraí a fháil maidir le APP ar shuíomh gréasáin BCE.

66 Féach preaseisiúint an 15 Nollaig 2022 maidir le cinntí na Comhairle Rialaithe..

67 Féadfar tuilleadh sonraí a fháil maidir le PEPP ar shuíomh gréasáin BCE.

68 Féach preaseisiúint an 14 Nollaig 2023 maidir le cinntí na Comhairle Rialaithe.

sholúbthacht a fheidhmiú ó thaobh athinfheistiú a dhéanamh ar fhuascailtí a thiocthadh chun bheith dlite i bpunann PEPP d'fhonn cur i gcoinne rioscaí arna n-eascairt as an bpaindéim don sásra tarchuir beartais airgeadaíochta.

Déanann an Chomhairle Rialaithe measúnú ar bhonn rialta ar na rioscaí airgeadais a bhaineann leis na hurrúis atá á sealbhú faoi na cláir sin. Déantar tástálacha lagaithe bliantúla ar bhonn na méideanna inghnóthaithe measta amhail ag deireadh na bliana agus formheasann an Chomhairle Rialaithe iad. Ní raibh aon lagú ar urrúis arna sealbhú faoi chlár CMU, CBPP3 agus PSPP agus CSPP amhail ar an 31 Nollaig 2023 (2022: Nialas).

I gcomhtéacs na tástála lagaithe arna déanamh ag deireadh 2023 ar urrúis arna gceannach ar fud an Eurochórais faoi chlár PEPP-CORP, d'aithin an Chomhairle Rialaithe táscaire lagaithe amháin a bhain le sealúchais urrúis, agus a tháinig chun cinn le linn 2023.

De réir Airteagal 32.4 den Reacht, ba cheart go ndéanfaí aon chaillteanas ó shealúchais urrús arna gceannach faoi chlár PEPP-CORP, dá dtiocfaidís chun cinn, a roinnt go hiomlán idir BCNanna an Eurochórais, i gcomhréir lena scaireanna scála caipitil in BCE ag an am. Mar thoradh ar an tástáil lagaithe arna déanamh ar an urrús thuasluaite, mheas an Chomhairle Rialaithe go raibh sé cuí maolán a bhunú in aghaidh rioscaí creidmheasa in oibríochtaí beartais airgeadaíochta le linn 2023 (Nóta 32 (iv)).

B'ionann sealúchais chomhiomlána BCNanna an Eurochórais d'urrúis beartais airgeadaíochta ag deireadh mhí na Nollag 2023 agus €4,269.0bn, as a raibh bhí €60.0bn ar seilbh ag an mBanc Ceannais (2022: €4,479.9bn, as a raibh €63.0bn ar seilbh ag an mBanc Ceannais) (féach an tábla thíos) (Nóta 1(c)(ix), Nóta 2(ii)):

Costas Amúchta	Bliain	CMU €m	CCBC3 €m	PSPP €m	CSPP €m	PEPP €m	Iomlán €m
BCNanna an Eurochórais	2023	1,901	262,090	2,178,168	323,921	1,502,916	4,268,996
	2022	2,143	276,857	2,341,809	344,119	1,514,981	4,479,909
Banc	2023	102	687	37,275	-	21,952	60,016
	2022	102	1,455	39,082	-	22,352	62,991

(ii) Urrúis Eile

Folaíonn “Urrúis Eile” urrúis inmhargaidh nach sealbhaítear chun críocha oibríochtaí beartais airgeadaíochta de chuid an Eurochórais.

	2023 €000	2022 €000
Infheistíochtaí Urrúis – CGA (a)	5,292,862	5,121,091
Infheistíochtaí Slándála (MÓM) (b)	2,637,084	5,243,730
Iomlán	7,929,946	10,364,821

Próifil Aibíochta

	2023 €000	2022 €000
--	--------------	--------------

0 - 3 mhí	746,965	786,004
3 mhí - 1 bhliain	2,080,814	1,697,778
1 bhliain - 5 bliana	3,516,498	3,416,881
5 bliana - 10 mbliana	1,585,669	967,873
> 15 bliana	-	3,496,285
Iomlán	7,929,946	10,364,821

(a) Infheistíochtaí Urrúis – CGA

Is ionann urrúis coinnithe go dtí aibíocht agus urrúis lena ngabhann íocaíochtaí socraithe nó inchinntithe agus tréimhse shocraithe aibíochta agus a bhfuil sé ar intinn ag an mBanc Ceannais iad a choinneáil go dtí aibíocht (Nóta 1(j)(iii)). Baineann an laghdú ar phunann CGA go €5.3bn (2022: (€5.1bn) le hathinfheistíochtaí i bpunann CGA.

Déantar urrúis arna gceannach faoi phunann CGA a thomhas ar bhonn costas amúchta faoi réir a lagaithe (Nóta 1(j)(iii)). Ní raibh aon lagú ar na hurrúis seo a bhí a sealbhú amhail ar an 31 Nollaig 2023 (2022: Nialas).

(b) Infheistíochtaí Urrúis – MÓM

	Margadhluach Deiridh 2023 €000	Margadhluach Deiridh 2022 €000
Bannaí Eisithe ag an Rialtas	2,124,521	1,587,493
Billí Stáitchiste	512,563	159,950
Punann Speisialta (i)	-	3,496,287
Iomlán	2,637,084	5,243,730

(i) Punann Speisialta - Sócmhainní a fuarthas tar éis leachtú IBRC

Nótaí Ráta Chomhlúthaigh (NRCanna)

In 2013, fuair an Banc Ceannais ocht NRC arbh ionann iad agus €25.0bn mar chuid de mhalartú sócmhainní tar éis leachtú IBRC. Tá raon aibíochta ó 2038 go dtí 2053 ag na hocht NRC. Aicmítear iad seo mar urrúis Leibhéal 3 (Nóta 1(j)(v)). Le linn 2023, dhíol an Banc Ceannais an t-iarmhéid a bhí fágtha de NRCanna 2053 arbh ionann é agus €2.5bn agus réadaíodh gnóthachain arbh ionann iad agus €1.0bn (2022: díoladh méid ainmniúil €0.5bn de NRCanna 2051 agus méid ainmniúil €2.5bn de NRCanna 2053, agus réadaíodh gnóthachain €1.5bn) (Nóta 3(i)).

Ó tharla nach bhfuil margadh gníomhach de NRCanna ann, rinne an Banc Ceannais luach cóir NRCanna a thomhas trí shamhail inmheánach a úsáid lena bhfeidhmítear modhanna agus teicnící luachála a aithnítear mar mhodhanna agus mar theicnící caighdeánacha laistigh den

tionscal. Rinneadh luach cóir na n-urrús sin a mheas trí úsáid a bhaint as teicníc luachála sreafa airgid lascainithe lena n-ionchorpraítear:

- (a) Cuar Euribor measta "6 mhí ar aghaidh" a athraíonn le himeacht ama mar fhreagairt ar thosca éagsúla, lena n-áirítear soláthar agus éileamh i ndáil le leachtacht sna bainc mar aon le fás eacnamaíoch agus ionchais maidir le boillsciú.
- (b) Cuar toraidh gan chúpón arna thiomsú ón gcuar toraidh Éireannach gan chúpón don tréimhse ar ina leith atá praghsanna margaidh inbhraite ar fáil, agus ina dhiaidh sin trí úsáid a bhaint as torthaí inbhraite ar chuair toraidh Eorpacha ábhartha a bhíonn á dtrádáil ar mhargaí gníomhacha.

Is gá breithiúnas a fheidhmiú i leith tosca samhla chun a áirithiú go ndéantar iad a mheas mar is iomchuí le himeacht aimsire. Rinne an Banc Ceannais measúnú go tráthrialta ar an tsamhail chun a áirithiú go raibh sí i gcomhréir leis an gcleachtas is fearr.

€000	LUACHANNA DE RÉIR NA LEABHAR				GLUAISEACHTAÍ ÁTHLUACHÁLA			MARGADHLUACHANNA		
	Iarmhéid Deiridh 2022	Ceannacháin	Díolacháin/ Fuascailtí	2023 Iarmhéid Deiridh	Iarmhéid Deiridh 2022	Athluacháil Tosaigh ar Dhiúscairt	Gluaiseacht ar Phunann Choinnithe	Iarmhéid Deiridh 2023	Margadhluach Deiridh 2022	Margadhluach Deiridh 2023
Nótaí Ráta Chomhlúthaigh	2,534,000	-	(2,534,000)	-	962,287	(962,287)	-	-	3,496,287	-
Iomlán	2,534,000	-	(2,534,000)	-	962,287	(962,287)	-	-	3,496,287	-

Sa tábla thuas, léirítear an ghluaiseacht ar luachanna leabhar agus ar luacháil urrús a fuarthas i ndiaidh leachtú IBRC le linn 2013. Dhíol an Banc Ceannais punann NRCanna ina hiomláine in 2023.

Nóta 17: Leas rannpháirteachais in BCE

	2023 €000	2022 €000
Leas rannpháirteachais in BCE	237,271	237,271
Iomlán	237,271	237,271

Is ionann é seo agus ranníocaíocht an Bhainc Ceannais le caipiteal BCE (Nóta 1(c)(ii),(xiv)). Déantar é a choigeartú gach cúig bliana nuair a bhíonn athrú ar chomhdhéanamh bhainc cheannais náisiúnta CEBC. Tháinig an coigeartú is déanaí in éifeacht an 1 Feabhra 2020 tar éis don Ríocht Aontaithe tarraingt siar ón Aontas Eorpach.

Bhí sciar an Bhainc Ceannais i gcaipiteal suibscríofa BCE gan athrú ag 1.3772% (2022: 1.3772%) (Nóta 1(c)(iii) Nóta 39).

Is ionann caipiteal suibscríofa BCE agus €10,825.0m a bhí gan athrú tar éis don Chróit an t-airgeadra aonair a ghlacadh.

Tháinig méadú ar chaipiteal láníochta BCE ó €8,879.6m in 2022 go €8,948.3m in 2023 mar thoradh ar ghlacadh an airgeadra aonair ag an gCróit. Bhí an scairchaipiteal láníochta d'Éirinn gan athrú in 2023.

Nóta 18: Éilimh atá Coibhéiseach le haistriú Cúlchistí Eachtracha

	2023 €000	2022 €000
Éilimh atá coibhéiseach le haistriú cúlchistí eachtracha	683,175	683,175
Iomlán	683,175	683,175

Seasann siad seo d'éilimh an Bhainc Ceannais arna n-eascairt as aistriú sócmhainní cúlchistí eachtracha chuig BCE nuair a chuaigh an Banc Ceannais isteach san Eurochóras. Is ionann éileamh an Bhainc Ceannais i leith na sócmhainní sin agus €683.2m (2022: €683.2m), atá socraithe i gcoibhneas lena scair scála caipitil san Eurochóras (Nóta 1(c)(ii), Nóta 1(c)(iii), Nóta(c)(vii), Nóta 35(ii)).

Mar thoradh ar ghlacadh an airgeadra aonair ag an gCróit, laghdaigh scála caipitil an Eurochórais ó 1.6934% to 1.6798% (Nóta 1(c)(iii)).

Déantar na héilimh a ainmniú in euro de réir luacha a shocraítear tráth a n-aistrithe. Tabharfar luach saothair ina leith de réir an ráta úis is déanaí atá ar fáil do na príomhoibríochtaí athmhaoinithe, arna choigeartú chun toradh nialasach ar an gcomhpháirt óir a léiriú (Nóta 2(viii)).

Nóta 19: Éilimh eile laistigh den Eurochóras (glan)

	2023 €000	2022 €000
Iarmhéid (glan) TARGET (i)	97,594,703	101,975,640
Glantoradh Chomhthiomsú Ioncaim Airgeadaíochta (ii)	(639,055)	(323,160)
Iomlán	96,955,648	101,652,480

- (i) Léiríonn an mhír seo glansócmhainn an Bhainc Ceannais ó BCE mar thoradh ar íocaíochtaí trasteorann arna ndéanamh trí chóras TARGET2 ag BCNanna uile atá rannpháirteach in CEBC, arb ionann í agus €97.6bn (2022: €102.0bn) (Nóta 1(c)(ii)). Freagraíonn an laghdú ar shócmhainn TARGET d'eis-sreabhadh glan euro amach as an Stát trí chuntas TARGET an Bhainc Ceannais thar an tréimhse. Rinneadh na heis-sreafaí a threorú trí chuntais taisce institiúidí creidmheasa (Nóta 1(b), Nóta 23).

Ag deireadh na bliana 2023, bhí ceithre thír neamh-rannpháirteacha (an Bhulgáir, an Danmhairg, an Pholainn agus an Rómáin) ina mbaill de TARGET agus, dá bhrí sin, áiríodh iad sa phróiseas iltaobhach glanluachála. Déantar an luach saothair i leith shuíomhanna TARGET, cé is moite d'iarmhéideanna arna n-eascairt as idirbhearta babhtála droim ar

ais, a ríomh go laethúil de réir an ráta úis imeallaigh is déanaí arna úsáid ag an Eurochóras ina chuid tairiscintí le haghaidh príomhoibríochtaí athmhaoinithe.

- (ii) Léiríonn sé seo an t-ioncam airgeadaíochta is iníoctha de chuid an Bhainc Ceannais (Nóta 1(b), Nóta 1(c)(iii), Nóta 1(c)(vi), Nóta 6).

Nóta 20: Sócmhainní Eile

	2023 €000	2022 €000
Ioncam Úis Fabhráithe (i)	1,094,868	959,362
Cothromas (ii)	449,292	351,841
Cistí BIS (iii)	423,270	421,064
Maoín, Gléasra, Trealamh agus Sócmhainní Doláimhsithe (Nóta 21)	337,917	462,431
- Inláimhsithe - Gléasra, Maoín, Trealamh (Nóta 21(i))	271,218	418,746
- Doláimhsithe - Bogearraí Ríomhaireachta (Nóta 21 (ii))	66,699	43,685
Eile (iv)	263,507	32,885
Tobhach Maoiniúcháin (v)	191,744	190,314
Maoín Infheistíochta (vi)	30,980	46,200
Scaireanna sa Bhanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta (vii)	23,199	22,583
Ioncam Fabhráithe Ceannaithe (viii)	10,672	16,118
Réamhíocaíochtaí	8,204	7,769
An Príomh-Chlár Creidmheasa (ix)	-	550
Iomlán	2,833,653	2,511,117

- (i) Folaíonn an mhír seo an t-ioncam fabhráithe arna thuilleamh ar phunann urrús an Bhainc Ceannais. Baineann an méadú go príomha le luach saothair i leith iarmhéideanna TARGET atá dlite ó BCNanna an limistéir euro agus le hús infhaightear shócmhainní infheistíochta.
- (ii) Déanann an Banc Ceannais infheistiú i gcothromais mar chuid dá straitéis infheistíochta. Bíonn Innéacs Cothromais Domhanda MSCI agus Innéacs Cothromais Domhanda MSCI PAB á rianú ag na cothromais. Baineann an ghluaiseacht le hinfheistíocht i gciste Innéacs Cothromais Domhanda MSCI PAB, arna fhritháireamh in aghaidh dhíol páirteach chiste Innéacs Cothromais Domhanda MSCI in 2023 toisc go bhfuil feabhsuithe ar mhéadracht charbóin a chuid infheistíochtaí á lorg ag an mBanc. Bíonn na cistí á mbainistiú ag cuideachta bainistíochta sócmhainní thar ceann an Bhainc Ceannais, fad a bhíonn na sócmhainní foluiteacha á sealbhú ag coimeádaí (Nóta 1(c)(xi),(j)(ii),(k), Nóta 3(iv), Nóta 33(iii), Nóta 36).
- (iii) Déanann an Banc Ceannais infheistíocht i gcistí bannaí mar chuid dá straitéis infheistíochta fhadtearmach. Bíonn na cistí seo á mbainistiú go seachtrach ag BIS thar ceann an Bhainc Ceannais, fad a bhíonn na sócmhainní foluiteacha á sealbhú ag coimeádaí (Nóta 1(c)(xi),(j)(ii), (k), Nóta 3(i)(v), Nóta 3(ii)(iii), Nóta 36).

- (iv) Áirítear in Eile suim €257.3m (2022: €14.3m) a bhaineann le féichiúnaithe. Baineann an méadú bliain ar bhliain go príomha le hinfhaighteachtaí méadaithe SRT arna bhfabhrú in 2023 (Nóta 30(i)).
- (v) Baineann glantobhach maoiniúcháin €191.7m (2022: €190.3m) le hioncam €194.5m atá dlite don Bhanc Ceannais ó eintitis rialáilte tionscail (2022: €192.4m) agus a thoibheofar in 2024, mar aon le soláthar i leith thobhaigh €2.7m atá fós gan íoc (2022: €2.1m) (Nóta 40(v)).
- (vi) I mí na Samhna 2015, fuair an Banc Ceannais Bloc R, Duga Spencer, inar cuimsíodh Sciathán Thiar agus Thoir. Díoladh an Sciathán Thiar ar an 30 Meán Fómhair 2022. Amhail ar an 31 Nollaig 2023, tá an Sciathán Thoir fós ar seilbh ag an mBanc Ceannais, ar réadmhaoín infheistíochta é arna luacháil ar €31.0m ar an dáta sin. Ba é luachálaí seachtrach, neamhspleách réadmhaoine a chinn luach cóir na réadmhaoine infheistíochta, agus bhí na cáilíochtaí aitheanta, gairmiúla aige/aici mar aon le taithí ar shuíomh agus aicme na réadmhaoine a bhí á luacháil. Déileálar le haon chaillteanas neamhréadaithe i ndáil leis an athluacháil seo i gcomhréir leis an Treoirlíne (Nóta 1(p), Nóta 33).

Tá léas i bhfeidhm le tríú páirtí le haghaidh cuid den Sciathán Thoir de Dhuga Spencer ó 2015 i leith. Tá téarma 12 bliana fágtha ar an léas seo agus tá clásáil scoir ann i gceann 4 bliana. Tá foráil d'athbhreithniú cíosa cúigbhliantúil sa léas seo i gcomhréir leis na dálaí margaidh a bheidh i réim. Comhaontaíodh an t-athbhreithniú cíosa is déanaí ar an 27 Iúil 2021. I mí Dheireadh Fómhair 2023, rinneadh léas le tríú páirtí eile le haghaidh cuid eile den Sciathán Thoir. Tá téarma 3 bliana fágtha ar an léas seo. Níl aon chlásáil scoir nó aon fhorálacha le haghaidh athbhreithnithe cíosa ach tá rogha ann chun an léas a shíneadh go gceann ceithre bliana eile má chomhaontaíonn páirtithe uile sa léas amhlaidh. Is iad seo a leanas na híocaíochtaí léasa íosta a éireoidh ó na léasanna seo amach anseo:

Íocaíochtaí Íosta Léasa Is Infhaighte Amach Anseo

	2023 €000	2022 €000
Tráth nach déanaí ná aon bhliain	2,931	2,636
Tar éis aon bhliain amháin ach tráth nach déanaí ná cúig bliana	11,256	10,546
Tar éis cúig bliana	16,765	19,401
Iomlán	30,952	32,583

- (vii) Sealbhaíonn an Banc Ceannais 8,564 scair (2022: 8,564 scair) sa Bhanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta, arb é €23.2m a gcoibhéis euro (2022: €22.6m) (Nóta 1(c)(xiii), Nóta 5(i), Nóta 35(i)).
- (viii) Tá laghdú tagtha ar ús fabhráithe ceannaithe go €10.7m (2022: €16.1m), rud atá á spreagadh go mór mór ag gníomhaíocht ceannaigh laghdaithe in urrúis beartais airgeadaíochta in 2023.

- (ix) B'ionann an t-iarmhéid i gcuntas sócmhainne CCR agus nialas (2022: €0.6m). Le linn 2023, rinneadh na costais uile CCR a fhorchúiteamh trí tháillí arna muirearú ar CIPanna. Déantar táillí arna mbailiú ó CIPanna de bhreis ar chostais a léiriú i gcuntais dliteanais CCR in 'Dlíteanais Eile' (Nóta 1(q), Nóta 7(ii), Nóta 30(viii)).

Nóta 21: Maoin, Gléasra, Trealamh agus Sócmhainní Doláimhsithe

(i) Maoin, Gléasra agus Trealamh Inláimhsithe (MGT)

	Áitribh		Gléasra & Innealra		Trealamh Ríomhaireachta		Trealamh Eile		Trosacán, Feistithe & Daingneáin		Sócmhainní á dTógáil		Sócmhainní Dochta Inláimhsithe Iomlána	
	2023 €000	2022 €000	2023 €000	2022 €000	2023 €000	2022 €000	2023 €000	2022 €000	2023 €000	2022 €000	2023 €000	2022 €000	2023 €000	2022 €000
Ar Costas – 1 Eanáir	100,130	163,789	43,159	44,414	20,581	19,281	7,176	7,133	17,090	16,799	320,685	289,441	508,821	540,857
Aistriú (a)	236,343	578	66,861	498	9,798	1,300	90	191	15,773	423	(328,865)	(2,990)	-	-
Éadálacha	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	27,737	34,233	27,737	34,233
Diúscairtí (b)	(4,841)	(64,237)	-	(1,753)	-	-	-	(148)	(42)	(132)	-	-	(4,883)	(66,270)
Ar Costas – 31 Nollaig	331,632	100,130	110,020	43,159	30,379	20,581	7,266	7,176	32,821	17,090	19,557	320,684	531,675	508,820
Dímheas Carntha amháil ar an 1 Eanáir	27,590	32,589	23,293	22,338	16,220	14,438	6,769	6,805	16,202	15,305	-	-	90,074	91,475
Dímheas don Bhliain (c)	4,616	3,448	6,341	2,708	2,101	1,782	124	112	2,670	1,029	-	-	15,852	9,079
Lagú Sócmhainní Inláimhsithe (d)	128,320	-	28,538	-	-	-	-	-	-	-	-	-	156,858	-
Diúscairtí	(2,284)	(8,447)	-	(1,753)	-	-	(1)	(148)	(42)	(132)	-	-	(2,327)	(10,480)
Dímheas Carntha agus Cailteanais Lagaithe ar an 31 Nollaig	158,242	27,590	58,172	23,293	18,321	16,220	6,892	6,769	18,830	16,202	-	-	260,457	90,074
Glanluach leabhar amháil ar an 31 Nollaig	173,390	72,540	51,848	19,866	12,058	4,361	374	407	13,991	888	19,557	320,684	271,218	418,746

- (a) In 2023, tugadh tógáil agus feistiú an áitribh ar Shráid an Mhéara chun críche ar chostas €323.2m, agus aistríodh an costas sin ó AUC chuig na haicmí sócmhainní ábhartha. Tá an t-áitreabh sin mar chuid de Champas na nDuganna.
- (b) Diúscairtí ó aicme sócmhainní áitribh, baineann sé le díscríobh luach tugtha anonn oibreacha arna ndéanamh roimhe seo de thoradh oibreacha uasghrádaithe arna ndéanamh in 2023.
- (c) As muirear iomlán dímheasa €15.9m (2022: €9.1m), rinneadh €0.1 milliún a mhuirearú ar an gCúlchiste Airgeadra i leith innealra Mionta (2022: €0.2m).
- (d) Baineann an muirear lagaithe leis an bhfoirgneamh ar Shráid an Mhéara. Fuarthas an foirgneamh seo roimh an bpaindéim mar chuid de straitéis fhadtéarmach an Bhainc maidir le spás oifige lenar cuireadh san áireamh riachtanais reatha agus riachtanais ionchasacha amach anseo. Áiríodh sa mhéid sin inscálaitheacht agus solúbthacht araon. Ó thráth na paindéime i leith, tá athrú suntasach tagtha ar mhargadh na réadmhaoine tráchtála, sa mhéid go bhfuil aistriú i dtreo samhlacha hibrídeacha oibre. Dá bhrí sin, tá a lorg oifige laghdaithe ag cuideachtaí, rud a fhágann go bhfuil rósholáthar spáis oifige i mBaile Átha Cliath. Mar thoradh air sin, tá margadh an fhoirgnimh ar Shráid an Mhéara níos lú ná an luach tugtha anonn. Agus an méid sin thuas á chur san áireamh agus ag féachaint do luach úsáid an fhoirgnimh, tá muirear lagaithe €157m bunaithe ag an mBanc (Nóta 1(e)(iii), Nóta 8(viii)).

- (e) Tá bailiúchán ealaíne ar seilbh ag an mBanc Ceannais ar margadhluach €2.1m bunaithe ar luacháil a rinneadh in 2022 (2022: €2.1m), agus nach n-aithnítear i gcuntais bhliantúla an Bhainc Ceannais ar bhonn ábharthachta sa bhliain reatha airgeadais nó sna blianta airgeadais roimhe seo (Nóta 1(e)).

(ii) Bogearraí Ríomhaireachta Doláimhsithe

	Trealamh Ríomhaireachta		Sócmhainní á
	2023 €000	2022 €000	2023 €000
Ar Costas – 1 Eanáir	55,399	51,121	27,979
Aistriú	541	4,303	(541)
Éadálacha	-	-	28,195
Diúscairtí	(928)	(25)	-
Ar Costas – 31 Nollaig	55,012	55,399	55,633
Dímheas Carntha amhail ar an 1 Eanáir	39,693	35,546	-
Dímheas don Bhliain	5,181	4,172	-
Diúscairtí	(928)	(25)	-
Dímheas Carntha amhail ar an 31 Nollaig	43,946	39,693	-
Leabharluach Glan amhail ar an 31 Nollaig	11,066	15,706	55,633

- (a) Baineann Sócmhainní á bhForbairt le caiteachas caipitil arna thabhtú ar shócmhainní nach raibh in úsáid go fóill faoi dheireadh na bliana (Nóta 1(e)(v)). Bhí aistriú €0.5m (2022: €4.3m) ó chuntas Sócmhainní á bhForbairt chuig aicme sócmhainne Trealamh Ríomhaireachta Doláimhsithe, bhain sé le hobair forbartha a rinneadh ar shócmhainní doláimhsithe éagsúla arna nginiúint go himheánach agus a tugadh chun críche le linn na bliana.

Nóta 22: Nótaí Bainc i gCúrsaíocht

	2023 €000	2022 €000
Líon iomlán nótaí bainc euro eisithe i gcúrsaíocht ag an mBanc Ceannais	48,634,587	46,710,441
Dlíteanas arna eascairt as scair BCE de nótaí bainc euro i gcúrsaíocht	(2,106,047)	(2,129,636)
Dlíteanas de réir ualú an Bhainc Ceannais i scála caipitil BCE	(22,307,047)	(20,088,531)
Iomlán	24,221,493	24,492,274

Folaíonn an mhír seo scair an Bhainc Ceannais de na nótaí bainc iomlána arna n-eisiúint ag an Eurochóras. Déantar luach iomlán na nótaí bainc euro i gcúrsaíocht a leithdháileadh ar gach BCN ar an lá deireanach oibre de gach mí de réir scála leithdháilte nótaí bainc.

Tháinig méadú 4.1% ar luach na nótaí bainc euro arna n-eisiúint iarbhir ag an mBanc Ceannais (2022: 5.5%) in 2023, ó €46.7bn go dtí €48.6bn. Tháinig laghdú 1.1% ar luach iomlán na nótaí

bainc i gcúrsaíocht san Eurochóras (2022: méadú 1.8%) ón 1 Eanáir 2023 go dtí deireadh mhí na Nollag 2023. I gcomhréir leis an scála leithdháilte, bhí nótaí bainc euro arbh ionann a luach agus €24.2bn i gcúrsaíocht ag an mBanc Ceannais ag deireadh na bliana 2023, i gcomparáid le €24.5bn ag deireadh na bliana 2022. Ó tharla gur mó na nótaí bainc arna n-eisiúint iarbhrí ag an mBanc Ceannais ná an méid leithdháilte, taispeántar an difríocht de €24.4bn (2022: €22.2bn) in “Dlíteanais a bhaineann le Leithdháileadh Nótaí Bainc euro laistigh den Eurochóras” (Nóta 1(b), Nóta 1(c)(iv), Nóta 29).

Nóta 23: Dlíteanais d'Institiúidí Creidmheasa an Limistéir Euro maidir le hOibríochtaí Beartais Airgeadaíochta in Euro

	2023 €000	2022 €000
Saoráid Taisce (i)	90,205,362	96,815,372
Cuntais Reatha (lena gclúdaítear córas na gcúlchistí íosta) (ii)	3,834,972	5,634,995
Iomlán	94,040,334	102,450,367

- (i) Tá an tsaoaráid taisce seo ar fáil do chontrapháirtithe chun cistí a chur leis an mBanc Ceannais thar oíche de réir ráta na saoráide taisce (DFR). Bhog rátaí DFR ó 2.0% go 2.5% an 8 Feabhra 2023, go 3.0% an 22 Márta 2023, go 3.25% an 10 Bealtaine 2023, go 3.5% an 21 Meitheamh 2023, go 3.75% an 2 Lúnasa 2023 agus go 4.0% an 20 Meán Fómhair 2023 (Nóta 2(xi)). Cé go bhfuil laghdú tagtha ar shealúchais dheireadh na bliana in 2023 i gcomparáid le 2022, ba bhí na méaduithe suntasacha a chonacthas ar mheán-sealúchais na saoráide taisce le linn 2023 i gcomparáid le 2022 inchurtha do thionchar na gcoigeartuithe dearfacha ar rátaí.
- (ii) I gcuntais reatha, tá na hiarmhéideanna creidmheasa ar chuntais idirbheart de chuid institiúidí creidmheasa sa limistéar euro a gceanglaítear orthu meántaiscí cúlchiste íosta, lena n-eisiatar cistí institiúidí creidmheasa nach bhfuil indiúscartha go héasca agus cuntais institiúidí creidmheasa atá díolmhaithe ó na ceanglais cúlchiste íosta, a shealbhú lena gcuid BCNanna faoi seach chun críocha bainistíocht leachtachta.

Ó mhí an Mheithimh 2014 i leith, déantar aon chúlchistí arna sealbhú de bhreis ar na ceanglais íosta a mhuirearú de réir 0% nó de réir DFR.

Thug an Chomhairle Rialaithe córas dhá leibhéal isteach, dar thús an 30 Deireadh Fómhair 2019, maidir le luach saothair cúlchistí, lenar eisiadh cuid de shealúchais róleachtachta institiúidí creidmheasa ó luach saothair diúltach de réir an ráta is infheidhme ar an tsaoaráid taisce. Tugadh luach saothair i leith na coda seo de réir an ráta bhliantúil de 0%. Rinneadh méid na sealúchas cúlchiste de bhreis ar na ceanglais cúlchiste íosta a bhí díolmhaithe ón ráta saoráide taisce ag deireadh na bliana - an leibhéal díolmhaithe - a chinneadh mar iolra de 6 ar cheanglais cúlchiste íosta de chuid institiúide⁶⁹. Leanadh de luach saothair a thabhairt i leith an leibhéil neamh-

⁶⁹ Féadfaidh an Chomhairle Rialaithe an t-iolraitheoir a choigeartú le himeacht ama de réir mar a athróidh leibhéil sealúchas róleachtachta.

dhíolmhaithe de shealúchais róleachtachta de réir 0% nó de réir DFR, cibé acu is ísle. Tar éis DFR a ardú os cionn 0% amhail ón 14 Meán Fómhair 2022⁷⁰, chinn an Chomhairle Rialaithe go gcuirfí an córas dhá leibhéal ar fionraí ó tharla nach raibh gá leis a thuilleadh.

Rinneadh luach saothair i leith na dtaiscí seo a íoc ag ráta PA suas go dtí an 20 Nollaig 2022. An 27 Deireadh Fómhair 2022, chinn an Chomhairle Rialaithe go ndéanfaí luach saothair a íoc i leith na dtaiscí seo de réir DFR an Eurochórais⁷¹.

An 27 Iúil 2023, chinn an Chomhairle Rialaithe go ndéanfaí luach saothair a íoc i leith na n-iarmhéideanna seo de réir 0% ón 20 Meán Fómhair ar aghaidh (Nóta 2(xi)).

Nóta 24: Dlíteanais eile in euro d'Institiúidí Creidmheasa de chuid an Limistéir Euro

	2023 €000	2022 €000
Comhaontuithe Athcheannaigh	751,848	934,174
Iomlán	751,848	934,174

Tá tréimhse aibíochta níos giorra ná aon bhliain amháin ag an mír seo.

Mar chuid de bhainistíocht a chuid sócmhainní infheistíochta, baineann an Banc Ceannais úsáid as idirbhearta athcheannaigh le contrapháirtithe formheasta faoi chomhaontuithe dlíthiúla GMRA. An laghdú ar chomhaontuithe athcheannaigh in euro le cónaitheoirí atá sa limistéar euro go €751.9m (2022: €934.2m), tá sé inchurtha do laghdú ginearálta ar ghníomhaíocht athcheannaigh in euro sa limistéar euro de bharr dinimic margaidh agus malartaigh níos fearr in áiteanna eile (Nóta 1(ii)).

Nóta 25: Dlíteanais do Chónaitheoirí eile atá sa Limistéar euro

	2023 €000	2022 €000
Taiscí Rialtais Ghinearálta (i)	22,553,511	25,991,118
Dlíteanais Eile	2,553	5,127
Cúlchiste Airgeadra a bhaineann le Glanfháltais Monaí (ii)	1,419	2,998
Iomlán	22,557,483	25,999,243

Tá tréimhse aibíochta níos giorra ná aon bhliain amháin ag na míreanna seo.

- (i) Folaíonn taiscí rialtais ghinearálta cuntais reatha agus taiscí is iníoctha ar éileamh atá á sealbhú ag an mBanc Ceannais (Nóta 2(xi), Nóta 38(i)). Suas go dtí an 14 Meán Fómhair 2022, bhí luach saothair i leith Taiscí Rialtais á íoc ag ráta ísle de €STR agus DFR ar a bhfuil teorainn 0%. Ón 14 Meán Fómhair 2022, bhí luach saothair i leith na dtaiscí seo á

⁷⁰ Cinntí na Comhairle Rialaithe an 8 Meán Fómhair 2022 <https://www.ecb.europa.eu/press/pr/date/2022/html/ecb.mp220908~c1b6839378.en.htm>.

⁷¹ Cinntí na Comhairle Rialaithe an 27 Deireadh Fómhair 2022

<https://www.ecb.europa.eu/press/pr/date/2022/html/ecb.mp221027~df1d778b84.en.htm>

íoc ag an ráta is ísle den €STR agus DFR agus teorainn 0% bainte (i gcomhréir le cinneadh na Comhairle Rialaithe an 8 Meán Fómhair 2022). I Meán Fómhair 2022, tháinig €STR chun bheith dearfach. Ó mhí Bealtaine 2023, rinneadh teorainn nua ar luach saothair i leith Taiscí Rialtais a shocrú ag €STR lúide 20 bonnphointe.

- (ii) Ceanglaítear go ndéanfar costais agus fáltais a bhaineann le heisiúint monaí a mhuirearú ar an gCúlchiste Airgeadra nó a chreidiúnú dó. Ní mór an t-iarmhéid ón ngníomhaíocht sin a íoc leis an Státchiste ar ordú ón Aire Airgeadais. I gcás ina mbeidh glanchostas ann don Bhanc Ceannais de thoradh glanfháltas ó eisiúint monaí mar aon le caiteachais, déanfaidh an tAire Airgeadais an difríocht a chúiteamh leis an mBanc Ceannais. Déantar an t-iarmhéid ar an gCúlchiste Airgeadra a bhaineann le heisiúint monaí a thuairisciú mar shócmhainn nó mar dhliteanas de chuid an Bhainc Ceannais (Nóta 1(g), Nóta 38(i)). Tá na caiteachais go léir i ndáil le táirgeadh monaí curtha in iúl i Nóta 8. Áirítear i Nóta 31 caiteachais a bhaineann le sochair scoir a nochtadh. Sa tábla thíos, áirítear sonraí maidir leis na glanfháltais don bhliain:

	2023 €000	2022 €000
Monaí arna n-eisiúint i gcúrsaíocht	7,054	18,547
Foirne Monaí Samplacha	570	1,244
Monaí Éireannacha tarraingthe siar	(122)	(110)
Lúide Costais Oibriúcháin (Nóta 8)*	(4,077)	(5,472)
Glanfháltais ó Eisiúintí Monaí	3,425	14,209
Ranníocaíocht Aoisliúntais Fostóra**	(351)	(402)
Aistriú chuig an Státchiste	(4,653)	(13,888)
Iarmhéid Tosaigh	2,998	3,079
Iarmhéid Deiridh	1,419	2,998

*Ar áireamh i gCostais Oibriúcháin 2023 €4.1m, tá €2.9m a bhaineann le forchostais atá inchurtha do sholáthar agus d'eisiúint monaí.

**Ar áireamh i Ranníocaíocht Aoisliúntais Fostóra €0.4m, tá €0.2m a bhaineann le caiteachais pinsin do chomhaltaí foirne a sholáthraíonn seirbhísí áitiúla forchostas.

Mar thoradh ar an *Acht Airgeadais* 2002, agus mar a d'ordaigh an tAire Airgeadais, ceanglaítear ar an mBanc Ceannais na glanfháltais ó eisiúint monaí a aistriú go díreach chuig an Státchiste nó na glanfháltais ó mhonaí a fháil ón Státchiste. Mar a léirítear sa tábla thuas, b'ionann agus €7.1m (2022: glaneisiúint €18.5m) glaneisiúint monaí ón mBanc Ceannais in 2023. Dá bhrí sin, ghin sé seo aistriú €4.7m a íocadh leis an Státchiste an 20 Nollaig 2023 (2022: Íocadh €13.9m leis an Státchiste).

Nóta 26: Dlíteanas in euro do Chónaitheoirí nach bhfuil sa Limistéar Euro

	2023 €000	2022 €000
Gníomhaireachtaí AE (i)	1,020,332	667,742
Institiúidí Airgeadais Idirnáisiúnta	10,567	10,546
Iomlán	1,030,899	678,288

Tá aibíocht níos lú ná aon bhliain amháin ag na hiarmhéideanna thuas.

- (i) An méadú ar 'Gníomhaireachtaí AE', baineann sé den chuid is mó leis ang cuntas airgid atá ag an mBord Réitigh Aonair leis an mBanc Ceannais. B'ionann an t-iarmhéid sa chuntas sin in 2023 agus €1,013.2m (2022: €661.6m).

Nóta 27: Dlíteanas in Airgeadra Eachtrach do Chónaitheoirí nach bhfuil sa Limistéar Euro

	2023 €000	2022 €000
Comhaontuithe Athcheannaigh	45,776	-
Iomlán	45,776	-

Tá tréimhse aibíochta níos giorra ná aon bhliain amháin ag an mír seo.

Mar chuid de bhainistíocht a chuid sócmhainní infheistíochta, baineann an Banc Ceannais úsáid as idirbhearta athcheannaigh le contrapháirtithe formheasta faoi chomhaontuithe dlíthiúla GMRA. An méadú ar chomhaontuithe athcheannaigh in airgeadra eachtrach le cónaitheoirí nach bhfuil sa limistéar euro, arb ionann é agus €45.8m (2022: €0.0m), baineann sé le méadú ginearálta ar dheiseanna athcheannaigh droim ar ais in airgeadra eachtrach lasmuigh den limistéar euro de bharr dinimic margaidh (Nóta 1(l), Nóta 11(ii)(b)).

Nóta 28: Contrapháirtí Ceart Speisialta Tarraingthe arna Leithdháileadh ag CAI

	2023 €000	2022 €000
Contrapháirtí CST arna leithdháileadh ag CAI	4,962,491	5,109,457
Iomlán	4,962,491	5,109,457

Is ionann é seo agus dlíteanas an Bhainc Ceannais do CAI i leith leithdháileadh Ceart Speisialta Tarraingthe (CSTanna) ar Éirinn. Féadfar go dtiocfaidh athrú ar shócmhainní CST an Bhainc Ceannais de thoradh oibríochtaí iasachtaithe CAI nó de thoradh mhalartuithe CST ar airgeadra eachtrach le CAI féin, le comhaltaí eile de CAI agus le sealbhóirí oifigiúla eile CST. Féadfar go dtiocfaidh athrú ar shealúchais CST freisin mar thoradh ar íocaíochtaí úis arna ndéanamh ag CAI ar Shuíomh Cúlchiste an Bhainc Ceannais in CAI agus ar shealúchais CST an Bhainc Ceannais glan ar leithdháileadh CST (Nóta 1(c)(x), Nóta 11(i)).

Nóta 29: Dliteanais a bhaineann le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras

	2023 €000	2022 €000
Dliteanas de réir ualú an Bhainc i scála caipitil BCE	22,307,047	20,088,531
Dliteanas arna eascairt as scair BCE de nótaí bainc euro i gcúrsaíocht	2,106,047	2,129,636
Iomlán	24,413,094	22,218,167

Cuimsíonn an mhír seo dliteanas an Bhainc Ceannais i leith an Eurochórais maidir le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras. Léiríonn sé an difríocht idir luach na nótaí bainc euro arna n-eisiúint go hiarbhair ag an mBanc Ceannais agus a scair scála caipitil d'eisiúint iomlán an Eurochórais (Nóta 1(c)(ii), (c)(iii) agus (c)(iv), Nóta 22). Déantar an luach saothair i leith an dliteanais sin a ríomh go laethúil de réir an ráta úis is déanaí arna úsáid ag an Eurochóras ina chuid tairiscintí le haghaidh príomhoibríochtaí athmhaoinithe (Nóta 2(xiii)).

Nóta 30: Dliteanais Eile

	2023 €000	2022 €000
Taisce Chiste Ranníocach SRT (i)	1,158,823	884,050
Fabhruithe Úis (ii)	490,865	206,060
Taisce an Chiste Réitigh Foras Creidmheasa (iii)	67,014	60,704
Taisce an Chiste Réitigh do Bhainc agus do Ghnólachtaí Infheistíochta (iv)	65,518	49,248
Dliteanais Eile (v)	56,110	32,393
Fabhruithe Eile (vi)	31,300	36,314
Taisce an Chiste Cúitimh Árachais (vii)	12,663	27,531
An Príomh-Chlár Creidmheasa (viii)	3,621	-
Leithghabháil Brabúis & Caillteanais (ix)	-	500,121
Iomlán	1,885,914	1,796,421

- (i) Faoi Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Scéimeanna Ráthaíochta Taiscí) 2015 (I.R. Uimh. 516 de 2015) (Rialacháin SRT), bhunaigh an Banc Ceannais Ciste Ranníocach SRT in 2016. Ní mór don Scéim Ráthaíochta Taiscí acmhainní airgeadais arb ionann iad agus 0.8% de thaiscí cumhdaithe a bhaint amach faoi 2024. Chun an spriocleibhéal seo a bhaint amach, ceanglaítear ar institiúidí creidmheasa ranníocaíocht bhliantúil a dhéanamh leis an gciste bunaithe ar a dtaiscí cumhdaithe agus ar a leibhéal riosca (Nóta 2(xiv), Nóta 20(iv)).

Faoi Rialachán 18(1) de Rialacháin SRT, bainisteoidh agus riarfaidh an t-údarás ainmnithe (an Banc Ceannais) Ciste Ranníocach SRT agus faoi Rialachán 18(2), infheisteoidh an t-údarás ainmnithe an Ciste ar mhodh atá sách éagsúlaithe agus lena ngabhann riosca íseal. Ullmhaíonn an Banc Ceannais ráitis leithleacha airgeadais neamhreachtúil don scéim.

Gluaiseacht ar Thaisce Chiste Ranníocach SRT	2023 €000	2022 €000
Iarmhéid Tosaigh leis an mBanc Ceannais	884,050	154,112
Ranníocaíochtaí (a)	247,237	167,560
Íocaíochtaí	(1)	(21)
Ús - Ioncam	27,537	1,399
Clár Nótaí Stáitchiste GBCN (b)	-	561,000
Iarmhéid Deiridh leis an mBanc Ceannais	1,158,823	884,050

- (a) Rinneadh ranníocaíochtaí 2023 a shonrasc i mí Eanáir 2024. Sna blianta roimhe seo, rinneadh na ranníocaíochtaí a shonrasc i Nollaig na bliana lenar bhain siad.
- (b) I mí na Samhna 2022, rinneadh cistí SRT a bhí á sealbhú roimhe seo i Nótaí Stáitchiste a thabhairt ar ais don Bhanc Ceannais.
- (ii) Baineann an figiúr seo go príomha leis an úschostas ar Thaiscí Rialtais, ar Thaiscí Institiúidí Creidmheasa agus luach saothair ar iarmhéideanna Nótaí Bainc de bharr

méaduithe ar phríomhrátaí úis an Eurochórais le linn 2023 (Nóta 1(c)(iv), Nóta 2(xi)(xiii)).

- (iii) Bunaíodh Ciste Réitigh Foras Creidmheasa in 2011 faoi *Acht an Bhainc Ceannais agus na bhForas Creidmheasa (Réiteach) 2011*. Seasann iarmhéid €67.0m (2022: €60.7m) do thaiscí atá leis an mBanc Ceannais thar ceann an Chiste. Seasann an méadú ar an iarmhéid do mhéadú ar fháltais CIRF 2023 agus d'ús arna thuilleamh ar an iarmhéid arna shealbhú leis an mBanc Ceannais. Tá an Banc Ceannais freagrach as an gCiste a bhainistiú agus a riaradh agus ullmhaíonn an Banc ráitis airgeadais ar leith don Chiste (Nóta 2(xv), Nóta 38(v)).
- (iv) Bunaíodh an Ciste Réitigh do Bhainc agus do Ghnólachtaí Infheistíochta in 2015 faoi Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Téarnamh agus Réiteach Banc) 2015. Seasann iarmhéid €65.5m (2022: €49.2m) do thaiscí atá leis an mBanc Ceannais thar ceann an Chiste. Seasann an méadú ar an iarmhéid do mhéadú ar fháltais BIFR 2023 agus d'ús arna thuilleamh ar an iarmhéid arna shealbhú leis an mBanc Ceannais. Tá an Banc Ceannais freagrach as an gCiste a bhainistiú agus a riaradh agus ullmhaíonn an Banc ráitis airgeadais ar leith don Chiste (Nóta 2(xvi)).
- (v) Baineann an ghluaiseacht ar dhliteanais eile go príomha le méadú €20.1m ar chuntas an Chiste Luacha Saothair, agus le CBL €10.4m arna haiséileamh ar an áitreabh ar Shráid an Mhéara faoi Scéim Earraí Caipitiúla de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim.
- (vi) I bhfabhruithe eile, áirítear fabhrú €11.1m (2022: €9.9m) i leith saoire bhliantúil nár glacadh (Nóta 8(i)), fabhruithe tionscadal caipitiúil €2.6m (2022: €11.9m) agus costais chomhroinnte a bhaineann le tionscadail de chuid an Eurochórais atá fós le sonrascadh €6.2m (2022: €6.3m).
- (vii) San Acht Árachais 1964, rinneadh socrú chun an Ciste Cúitimh Árachais a bhunú faoi chomhair dliteanas áirithe de chuid árachóirí dócmhainneacha, chun deontas agus iasachtaí a bheith le tabhairt don Chiste ag an Aire Airgeadais agus ranníocaíochtaí a bheith le tabhairt don Chiste ag árachóirí agus chun na gcríocha sin agus críocha eile do leasú agus do leathnú na nAchtanna Árachais 1909 go 1961 (Nóta 2(xii), Nóta 38(iv)).

I gcomhréir le halt 2(2) d'Acht 1964, déantar an Ciste a chothabháil agus a riaradh faoi urláimh Uachtarán na hArd-Chúirte ag gníomhú dó nó di tríd an gCuntasóir. San Acht Árachais (Leasú) 2018, rinneadh socrú maidir le riarachán an Chiste Cúitimh Árachais a aistriú chuig an mBanc Ceannais. Ghlac an Banc Ceannais freagracht as riarachán an Chiste Cúitimh Árachais an 25 Lúnasa 2018. Ullmhaíonn an Banc Ceannais tuarascáil ar leith don Chiste dá ngairtear Tuarascáil maidir le Riaradh agus Gluaiseacht an Chiste Cúitimh Árachais.

Áirítear iarmhéid €12.7m (2022: €27.5m) do thaiscí atá leis an mBanc Ceannais thar ceann an Chiste. Tá an laghdú ar an iarmhéid in 2023 inchurtha d'aisíoc iasacht an Aire.

- (viii) B'ionann an t-iarmhéid i gcuntas dliteanais CCR agus €3.6m (2022: €Nialas), rud a sheasann do tháillí arna mbailiú ó CIPanna de bhreis ar chostais arna dtabhú go dtí seo,

agus úsáidfear é chun íoc as costais CCR amach anseo (Nóta 1(q), Nóta 7(ii), Nóta 20(ix)).

- (ix) Léiríonn sé méid an Ioncaim Barrachais is iníoctha leis an Státhiste (Nóta 1(o), Nóta 9, Nóta 34(ii)). Ní raibh aon bhrabús indáilte in 2023.

Nóta 31: Sochair Scoir

Nochtann an Banc Ceannais an costas a bhaineann le soláthar sochar i gcomhréir le FRS 102. Rinne Lane Clark Peacock (LCP), achtúirí an Bhainc, tuarascáil achtúireach FRS 102 a thabhairt chun críche ar an 31 Nollaig 2023 chun ceanglais maidir le nochtadh faoi FRS 102 a chomhlíonadh.

Déantar luacháil iomlán achtúireach ar an Scéim ar bhonn tríbhliantúil. Rinneadh an luacháil achtúireach iomlán dheireanach ar an 31 Nollaig 2022 d'fhonn alt 56 d'Acht na bPinsean a chomhlíonadh. Tá an chéad luacháil achtúireach iomlán eile le tabhairt chun críche ar an 31 Nollaig 2025.

(i) Méid arna ghearradh ar an gCuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála

	Brabús agus Caillteanas 2023 €000	Brabús agus Caillteanas 2022 €000
Toradh Ionchasach ar Shócmhainní an Chiste Pinsin	32,200	9,500
Ús ar Dhlíteanais na Scéime Pinsin	(34,300)	(16,100)
Costas Seirbhíse Reatha (i)	(22,300)	(66,000)
Costas Iomlán Pinsin na Scéime Sochair Sainithe	(24,400)	(72,600)

- (i) B'ionann na costais Seirbhíse Reatha arna muirearú ar an gCuntas Brabúis, Caillteanais agus Leithghabhála in 2023 agus €22.3m (2022: €66.0m) agus tá sé bunaithe ar thoimhdí achtúireacha a shocraítear ag tús gach bliana (Nóta 1(f)). Bhí an laghdú ar an muirear i gcomparáid le 2022 inchurtha go príomha don mhéadú ar an ráta lascaine ó 1.00% ar an 31 Nollaig 2021 go dtí 3.60% ar an 31 Nollaig 2022 agus don mhéadú leanúnach ar líon na foirne atá ag obair sa Bhanc Ceannais ón 1 Eanáir 2013 ar aghaidh, ar comhaltaí de scéim CARE iad (Meántuilleamh Athluacháilte Gairme).

B'ionann an toradh ar an gciste in 2023 agus 8.7% (2022: -8.6%).

Amhail ar an 31 Nollaig 2023, ní raibh aon bharrachas gan aithint roimhe sin asbhainte ó shocraíochtaí nó ó chiorrúcháin ná ní raibh gnóchain nó caillteanais ar shocraíochtaí nó ar chiorrúcháin.

(ii) Gnóthachan/(Caillteanas) Achtúireach ar an Scéim Pinsin

An bhliain dar chríoch 31 Nollaig	2023 €000	2022 €000	2021 €000	2020 €000	2019 €000
-----------------------------------	--------------	--------------	--------------	--------------	--------------

Gnóthachan/(Caillteanas) achtúireach ar an dliteanas pinsin	(59,223)	734,014	178,361	(231,228)	(291,921)
Gnóthachan/(Caillteanas) achtúireach ar shócmhainní an phlean	45,388	(90,372)	83,490	15,094	68,211
Iomlán	(13,835)	643,642	261,851	(216,134)	(223,710)

(iii) Aithint sa Chlár Comhardaithe

An bhliain dar chríoch 31 Nollaig	2023 €000	2022 €000	2021 €000	2020 €000	2019 €000
Luach láithreach Oibleagáidí atá maoinithe go hiomlán nó go páirteach (iv)	(1,066,777)	(953,902)	(1,608,408)	(1,697,988)	(1,393,987)
Luach cóir shócmhainní an phlean (v)	1,002,859	893,740	945,093	829,418	783,815
Dlitéanas Glanphinsin	(63,918)	(60,162)	(663,315)	(868,570)	(610,172)

Déantar sócmhainní scéime pinsin a mheas ar luach cóir. Déantar dliteanas na scéime pinsin a thomhas ar bhonn achtúireach trí úsáid a bhaint as modh “an aonaid réamh-mheasta”.

Barrachas de dhliteanas na scéime thar shócmhainní na scéime, léirítear é ar an gClár Comhardaithe mar dhlitéanas.

Is ionann an glanchoigeartú ar chúlchistí an Bhainc Ceannais agus caillteanas €13.8m (2022: gnóthachan €643.6m), rud atá inchurtha go príomha don laghdú ar an ráta lascaire arna fhritháireamh go páirteach in aghaidh gnóthachain ar shócmhainní na Scéime.

(iv) Gluaiseacht in Oibleagáidí na Scéime

	2023 €000	2022 €000	2021 €000	2020 €000	2019 €000
Luach Láithreach Tosaigh Oibleagáidí na Scéime	(953,902)	(1,608,408)	(1,697,988)	(1,393,987)	(1,043,408)
Costas Seirbhíse Reatha Iarseirbhís (Cotas)	(22,300)	(66,000)	(75,100)	(59,500)	(37,900)
Pinsin Íoctha	-	-	(6,500)	-	-
Ranníocaíochtaí Fostaithe	19,601	17,943	17,273	15,442	14,691
Aistrithe Faighte	(16,134)	(14,991)	(13,930)	(13,062)	(13,843)
Ús ar Dhliteanas na Scéime	(519)	(360)	(324)	(353)	(706)
Pinsin	(34,300)	(16,100)	(10,200)	(15,300)	(20,900)
Gnóthachan/(Caillteanas) Achtúireach	(59,223)	734,014	178,361	(231,228)	(291,921)
Luach Láithreach Deiridh Oibleagáidí na Scéime	(1,066,777)	(953,902)	(1,608,408)	(1,697,988)	(1,393,987)

(v) Gluaiseacht i Luach Cóir Shócmhainní an Phlean

	2023 €000	2022 €000	2021 €000	2020 €000	2019 €000
--	---------------------	---------------------	---------------------	---------------------	---------------------

Luach Cóir Tosaigh Shócmhainní an Phlean (Luach Tairisceana)	893,740	945,093**	829,418	783,815	679,157
Toradh Ionchais	32,200	9,500	5,000	8,600	13,600
Gnóthachan/(Caillteanas)					
Achtúireach	45,388	(90,372)	83,490	15,094	68,211
Ranníocaíochtaí an Fhostóra	34,479	32,111	30,204	23,936	22,989
Ranníocaíochtaí Fostaithe	16,134	14,991	13,930	13,062	13,843
Pinsin Íoctha	(19,601)	(17,943)	(17,273)	(15,442)	(14,691)
Aistrithe Faighte	519	360	324	353	706
Luach Cóir Deiridh Shócmhainní an Phlean (Luach Tairisceana)*	1,002,859	893,740	945,093**	829,418	783,815

* Ar áireamh i luach cóir shócmhainní an phlean, cuimsítear dhá chuntas bainc - Cuntas Caipitil Aoisliúntais agus Cuntas Oibre Aoisliúntais atá á sealbhú leis an mBanc Ceannais. B'ionann agus €1.4m an t-iarmhéid ar an gCuntas Caipitil Aoisliúntais agus ar an gCuntas Oibre Aoisliúntais amhail ar an 31 Nollaig 2023 (2022: €0.1m) agus €26.2m (2022: €7.4m) faoi seach.

** Luach measta sócmhainne a úsáideadh an 31 Nollaig 2021. Luach sócmhainne iarbhír a úsáideadh sna blianta roimhe seo. Luach sócmhainne iarbhír a úsáideadh do 2023 agus do 2022.

(vi) Toimhdí Airgeadais

	2023 %	2022 %	2021 %	2020 %	2019 %
Ráta Lascaíne	3.30	3.60	1.00	0.60	1.10
Ráta an Mhéadaithe ar Thuarastail Inphinsin	Boilsciú +1.40%	Boilsciú +1.40%	3.40	3.30	3.30
Ráta an Mhéadaithe ar Phinsin	Boilsciú +1.40%	Boilsciú +1.40%	3.40	3.30	3.30
Ráta Boilscithe Praghsanna	2.00^	2.00^	2.00	1.90	1.90

^ D'fhonn freagairt d'ionchais maidir le boilsciú sa ghearrthéarma, cuirtear san áireamh boilsciú toimhdithe praghsanna 2.7% do 2024 agus 2.1% do 2025, agus ansin 2.0% in aghaidh na bliana ó 2026 ar aghaidh.

Ba é a bheadh mar iarmhairt ar mhéadú/laghdú 0.1% ar an ráta lascaíne, laghdú/méadú comhréireach de thuairim is 2.3%/2.4% (2022: 2.2%/2.2%) ar dhliteanais na scéime.

Toimhdí Déimeagrafacha agus Toimhdí Eile

Is éard atá in ILT17 (fireann) & ILT17 (baineann), táblaí básmhaireachta foilsithe arna n-ullmhú ag an bPríomh-Oifig Staidrimh in Éirinn. Ríomhtar na hionchais saoil trí úsáid a bhaint as na rátaí báis sna táblaí seo. Tá nuashonrú déanta ar na táblaí básmhaireachta a úsáideadh ar an 31 Nollaig 2023 chun go léireofar na hathruithe beartaithe ar thoimhdí básmhaireachta arna n-úsáid le haghaidh bonn íosluacha aistrithe mar atá leagtha amach i dtreoir reachtúil an Údaráis Pinsean.

	2023	2022
Básmhaireacht Réamhscoir	90% PNFL17 (fireann) 90% PNFL17 (baineann)	73% PNFL15 (fireann) 77% PNFL15 (baineann)
Básmhaireacht Iarscoir	90% PNFL17 (fireann) 90% PNFL17 (baineann)	58% PNFL15 (fireann) 62% PNFL15 (baineann)
Liúntas d'fheabhsúithe amach anseo ar bhásmhaireacht Scoir	Dearfach Idir 60 agus 65 bliain d'aois agus seirbhís 40 bliain curtha isteach (dóibh siúd a bhfuil an rogha acu dul ar scor ag 60 bliain d'aois)	Dearfach Idir 60 agus 65 bliain d'aois agus seirbhís 40 bliain curtha isteach (dóibh siúd a bhfuil an rogha acu dul ar scor ag 60 bliain d'aois)
Scor ar fhorais drochshláinte	(dóibh siúd a bhfuil rogha acu dul ar scor ag aois 60)	Curtha san áireamh
Luathscor	As an áireamh	As an áireamh
Tarraingthe Siar	As an áireamh	As an áireamh
Céatadán atá pósta	90%	90%
Difríocht aoise idir chéilí	Glactar leis go bhfuil fireannach 3 bliana níos sine ná a chéile	Glactar leis go bhfuil fireannach 3 bliana níos sine ná a chéile
Ionchas Saoil Ag aois 65	Fireannach: 87.3 Baineannach: 89.5	Fireannach: 87.1 Baineannach: 89.4

(vii) Sócmhainní Phlean na Scéime

Aicme	Dáileadh	
	Dáileadh	Dáileadh Fadtéarmach
	%	%
Cothromas	40.1	40.0
Bannaí	39.4	40.0
Cistí ilsócmhainne (MAF)	8.7	10.0
Maoín	8.6	10.0
Airgead Tirim	3.2	-
Iomlán	100	100

In 2014, d'fhormheas Coimisiún an Bhainc Ceannais cinneadh chun an cóimheas um dháileadh sócmhainní a athrú ó 50:50 bannaí/cothromas go dtí 40:40:10:10 bannaí/cothromas/réadmhaoín/MAF. In 2015, cuireadh tús leis an straitéis infheistíochta a bhain leis an gcomhdhéanamh nua agus tugadh chun críche í sa chéad leath de 2016. In 2020, d'athfhormheas an Coimisiún dáileadh fadtéarmach na sócmhainní agus d'fhormheas sé athdháileadh meántéarmach 5% ó chothromais go maoín. Rinneadh an t-athdháileadh seo tríd an gciste roghnaithe réadmhaoine a thabhairt chun críche in 2022. Ní dhéanann an ciste infheistíocht dhíreach i maoín atá a háitiú ag an mBanc Ceannais. I mí na Nollag 2023, d'fhormheas an Coimisiún an cinneadh chun an cóimheas um dháileadh sócmhainní a athrú ó 40:40:10:10 bannaí/cothromas/réadmhaoín/MAF go 50:40:10 bannaí/cothromas/réadmhaoín sula ndéanfar obair bhreise maidir le leithdháileadh sócmhainní in 2024.

Nóta 32: Soláthairtí

Foráladh do na méideanna seo a leanas an 31 Nollaig 2023:

	Iarmhéid Tosaigh 2023 €000	Cruthaithe €000	Úsáidte €000	Scaoilte chuig B&C €000	Iarmhéid Deiridh 2023 €000
Soláthar i leith rioscaí airgeadais (i)	3,000,000	-	(132,095)	-	2,867,905
Nótaí Neamhfhuascailte an Phuint Éireannaigh (ii)	3,503	-	(403)	-	3,100
Soláthar um Athstruchtúrú (iii)	291	161	(452)	-	-
Urrúis Eurochórais (iv)	-	721	-	-	721
Iomlán	3,003,794	882	(132,950)	-	2,871,726

- (i) Tá soláthar ag an mBanc Ceannais i leith rioscaí airgeadais (Nóta 36). Bunaíodh an soláthar tar éis measúnú cuimsitheach ar na rioscaí airgeadais ábhartha a bhfuil an Banc Ceannais neamhchosanta orthu agus a thagann faoi raon feidhme na Treoirlíne. Sa mheasúnú sin, aithníodh neamhréir ráta úis ar an gClár Comhardaithe, rud a chiallaíonn go bhfuil an Banc Ceannais neamhchosanta ar chás ina méadódh rátaí úis ar dhliteanais níos tapúla ná sócmhainní thar an meántearma, agus comhfhreagraíonn an soláthar do chás den sórt sin. Rinneadh an anailís bunaithe ar Chlár Comhardaithe an Bhainc Ceannais ag deireadh na bliana agus baineadh leas as samhail airgeadais chun raon figiúirí caillteanas féideartha a bhain leis an riosca seo a chainníochtú. I bhfianaise na móréiginnteachta a bhaineann le rioscaí ráta úis a thomhas thar an meántearma, baineadh úsáid as breithniúnas agus meastachán chun an riosca a mheasúnú agus chun soláthar iomchuí a chinneadh.

Áirítear soláthar €2,867.9m sa ráiteas cuntas don bhliain 2023, a bhfuil laghdú tagtha air i gcomparáid leis an soláthar i leith an riosca chéanna in 2022 (2022: €3,000.0m). Tá sé seo inchurtha d'úsáid €132.1m den soláthar chun go gclúdófar caillteanais airgeadais arna spreagadh ag neamhréir ráta úis ar an gClár Comhardaithe a tabhaíodh le linn 2023. Rioscaí a eascraíonn as neamhréir ráta úis ar Chlár Comhardaithe an Bhainc Ceannais, tá siad clúdaithe i gcónaí ag an soláthar seo (Nóta 1(m)(ii), Nóta 3(iii)).

- (ii) Scor nótaí an phuint Éireannaigh arna n-eisiúint ag an mBanc Ceannais roimhe seo de bheith ina nótaí dlíthairgthe le héifeacht ón 9 Feabhra 2002. Ó shin i leith, tá soláthar arna chothabháil ag an mBanc Ceannais i leith nótaí bainc IEP. Fuasclaíodh €0.4m as an soláthar sin in 2023, rud a fhágann gurbh é €3.1m an t-iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2023 (2022: €3.5m) (Nóta 35(iii)).
- (iii) Baineann an soláthar um athstruchtúrú le cur chun feidhme samhla oibriúcháin athbhreithnithe airgid sa Lárionad Airgeadra. Úsáideadh soláthar tosaigh €0.3m in 2023, ansin ina dhiaidh sin, cruthaíodh agus úsáideadh soláthar breise €0.2m sa bhliain chéanna (Nóta 1(m)(iii), Nóta 3(iii)).

- (iv) Mar thoradh ar an tástáil lagaithe arna déanamh ar a punann PEPP, mheas an Chomhairle Rialaithe gur chuí maolán a bhunú arbh ionann san iomlán é agus €42.9m in aghaidh rioscaí creidmheasa in oibríochtaí beartais airgeadaíochta, i ndáil le hurrús arna shealbhú ag an Eurochóras. I gcomhréir le hAirteagal 32.4 de Reachtaíocht ESCB, beidh an soláthar seo á maoiniú ag BCNanna uile na mBallstát rannpháirteach i gcomhréir lena scaireanna scála caipitil suibscríofa in BCE in 2023. Dá réir sin, chruthaigh an Banc Ceannais soláthar €0.7m, méid atá coibhéiseach lenár scair scála caipitil dem soláthar iomlán (Nóta 1(m)(iv), Nóta 6(ii), Nóta 16(i)).

Nóta 33: Cuntais Athluachála

	2023 €000	2022 €000	Glanghluaiseacht ar Ghnóthachain Neamhréadaithe €000
Ór (i)	363,210	300,675	62,535
Airgeadra Eachtrach (ii)	319,165	495,154	(175,989)
Cothromais (iii)	157,220	133,690	23,530
Cistí BIS (iv)	21,141	-	21,141
Urrúis (v)	15,666	963,053	(947,387)
Réadmhaoin Infheistíochta (Nóta 8(vii), Nóta 20(vi))	-	(3,009)	3,009
Amhail ar an 31 Nollaig	876,402	1,889,563	(1,013,161)

- (i) Tá an méadú ar an iarmhéid óir ag deireadh 2023 inchurtha don athrú ar mhargadhluach na sealúchais óir (Nóta 1 (j)(iv), Nóta 10).
- (ii) Tá an laghdú ar luach airgeadra eachtraigh ag deireadh na bliana 2023 inchurtha go príomha do rátaí malairte eachtraí níos airde ar airgeadraí USD, CNY, AUD agus SGD i gcomparáid le deireadh na bliana 2022 (Nóta (j)(i), Nóta 3(ii)(i), Nóta 11(ii)(a), Nóta 12(i), Nóta 20(iii), Nóta 36).
- (iii) Tá an méadú ar luach na gcothromas inchurtha do phraghsanna níos airde ag deireadh na bliana 2023 (Nóta 1(j)(ii), (k), Nóta 20(ii), Nóta 36).
- (iv) Tá an méadú ar luach chistí BIS inchurtha do phraghsanna cistí níos airde ag deireadh na bliana 2023 i gcomparáid le deireadh na bliana 2022 (Nóta 1(j)(ii), (k), Nóta 3(ii)(iii), Nóta 20(iii), Nóta 36).
- (v) Bhain an athluacháil urrús go príomha le gluaiseachtaí ar ghnóthachain caipitil neamhréadaithe a thig as luacháil dheireadh na bliana 2023 ar na hurrúis a fuarthas i ndiaidh leachtú IBRC. Tá an laghdú inchurtha do dhíolachán iomlán €2.5bn ainmniúil NRCanna in 2023, arna fhritháireamh go páirteach in aghaidh méaduithe ar phraghsanna margaidh ar fud phunann MÓM. (Nóta 1(j), Nóta 2(iii), Nóta 16(ii)(b)).

Is iad seo a leanas na rátaí malairte eachtraí a úsáidtear vis-à-vis an euro do luachálacha dheireadh na bliana 2023:

	2023 Ráta	2022 Ráta
Airgeadra		
Dollar na hAstráile	1.6263	1.5693

Dollar Cheanada	1.4642	1.4440
Renminbi na Síne	7.8509	7.3582
Krone na Danmhairge	7.4529	7.4365
Yen na Seapáine	156.3300	140.6600
Punt Steirling	0.8691	0.8869
CST	0.8226	0.7989
Dollar Shingeapór	1.4591	1.4300
Krona na Sualainne	11.0960	11.1218
Franc na hEilvéise	0.9260	0.9847
Dollar SA	1.1050	1.0666
Ba iad seo na praghsanna óir a úsáideadh: Euro in aghaidh an unsa fhíneáilte	1,867.828	1,706.075

Nóta 34: Caipiteal agus Cúlchistí

	Caipiteal (i) €000	Cúlchiste Ginearálta €000	Cúlchiste Airgeadra €000	Iomlán €000
Amhail ar an 31 Nollaig 2021	30	5,148,159	351,648	5,499,837
Brabús coinnithe don bhliain (ii)	-	74,885	-	74,885
Gnóthachan Achtúireach ar an Scéim Pinsin (ii)	-	643,642	-	643,642
Scaoileadh an Chúlchiste Sócmhainní Dochta	-	(31)	-	(31)
Amhail ar an 31 Nollaig 2022	30	5,866,655	351,648	6,218,333

	Caipiteal (i) €000	Cúlchiste Ginearálta €000	Cúlchiste Airgeadra €000	Iomlán €000
Amhail ar an 31 Nollaig 2022	30	5,866,655	351,648	6,218,333

Brabús coinnithe don bhliain (ii)	-	-	-	-
Caillteananas Achtúireach ar an Scéim Pinsin (ii)	-	(13,835)	-	(13,835)
Scaoileadh an Chúlchiste Sócmhainní Dochta	-	-	-	-
Amhail ar an 31 Nollaig 2023	30	5,852,820	351,648	6,204,498

- (i) Faoi Alt 9(1) d'Acht an Bhainc Cheannais 1942 (arna leasú), socraítear caipiteal údaraithe an Bhainc Ceannais mar €50,790. Is ionann agus €30,474 an caipiteal atá eisithe agus íoctha agus a bhfuil gach cuid de ar seilbh ag an Aire Airgeadais. Beidh an t-iarhméid iníoctha mar a aontóidh agus nuair a aontóidh an Coimisiún agus an tAire Airgeadais é.
- (ii) Faoi *Central Bank of Ireland (Surplus Income) Regulations, 1943*, níor fhorhmeas an Coimisiún aon aistriú ón gCuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála chuig an gcúlchiste ginearálta (Nóta 9, Nóta 30 (ix)). Bhí aistriú arbh ionann é agus €13.8m chuig an gCuntas Dlíteanais Pinsean, rud ba chionsiocair le laghdú €13.8m ar an gcúlchiste ginearálta ag deireadh na bliana (Nóta 31(ii)).

Nóta 35: Dlíteanais Theagmhasacha agus Ceangaltais

Dlíteanais Theagmhasacha

(i) *An Banc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta*

Sealbhaíonn an Banc Ceannais 8,564 scair sa Bhanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta, mar atá 2,564 díobh láníoctha. Tá dlíteanas teagmhasach ag an mBanc Ceannais i leith an iarhméid (Nóta 1(r), Nóta 5(i), Nóta 20(vii)).

(ii) *Sócmhainní Caipitil agus Cúl sócmhainní Eachtracha atá Geallta do BCE*

Faoi Reacht CEBC, féadfar go n-iarrrfar ar an mBanc Ceannais amach anseo, mar aon le BCNanna rannpháirteacha eile go léir, méideanna breise caipitil (Airteagal 28) agus cúl sócmhainní eachtracha (Airteagal 30) a aistriú chuig BCE (Nóta 1(r), Nóta 17, Nóta 18).

(iii) *Nótaí Puint Éireannacha*

Tá an Banc Ceannais faoi dhlíteanas teagmhasach i leith nótaí puint nach bhfuil ina nótaí dlíthairgthe a thuilleadh ach a bhféadfaí a thíolacadh dó amach anseo. Amhail ar an 31 Nollaig 2023, bhí nótaí an phuint Éireannaigh. arbh ionann a luach agus €222.8m, fós amuigh (2022: €232.8m), a bhfuil soláthar €3.1m ag an mBanc Ceannais ina leith (2022: €3.5m) (Nóta 1(r), Nóta 32(ii)).

(iv) *Dlíthíocht*

Tá ocht gcás dlí ar siúl faoi láthair ag an mBanc Ceannais (2022: trí chás) a bhféadfaidh dliteanas don Bhanc Ceannais a bheith mar thoradh orthu i gcás ina bhfuil éilimh á ndéanamh i gcoinne an Bhainc Ceannais. Tá na caingne seo á gcosaint ag an mBanc Ceannais faoi láthair. Tá sé róluath toradh na gcaingne a chinneadh agus ní féidir eis-sreabhadh féideartha acmhainní eacnamaíocha a mheas go cruinn, dá bhrí sin, ní aithnítear aon soláthairtí sna Ráitis Cuntas i leith na gcásanna sin (2022: Ceann ar bith) (Nóta 1(r)).

(v) *Socrúithe Nua Iasachta (SNI) de chuid CAI*

Tháinig Éire chun bheith ina rannpháirtí de SNI CAI, le héifeacht ón 21 Márta 2023. Is ionann Socrú Creidmheasa SNI na hÉireann agus CST Go dtí seo, ní raibh aon tarraingtí ar Shocrú Creidmheasa SNI na hÉireann (Nóta 11(i)(a)).

(vi) *Sárú Sonraí ag an bPríomh-Chlár Creidmheasa*

Chuir earráid chartlannaithe isteach ar fhaisnéis iasachtaithe a bhí á sealbhú ar an bPríomh-Chlár Creidmheasa sa chaoi gur coinníodh roinnt faisnéise ar feadh rófhada agus gur áiríodh i dtuarascálacha creidmheasa í. I gcomhréir lenár gcuid oibleagáidí faoin reachtaíocht um chosaint sonraí, chuir an Banc Ceannais an Coimisiún um Chosaint Sonraí (DPC) ar an eolas faoin teagmhas agus ghlac sé bearta láithreacha chun an tsaincheist a réiteach. Sheol DPC imscrúdú agus tá an t-imscrúdú sin fós ar siúl. Féadfaidh DPC cumhachtaí ceartaitheacha agus fíneálacha riaracháin a fhorchur tar éis imscrúdú a dhéanamh. €1m is ea an fhíneáil uasta a bhféadfaidh DPC a fhorchur ar an mBanc Ceannais mar chomhlacht poiblí.

Ceangaltais

(i) *Léasanna Oibriúcháin*

Ní dheachaigh an Banc Ceannais faoi aon léas oibriúcháin nua in 2023 (Nóta 1(r)).

Íocaíochtaí Íosta Léasa amach anseo	2023 €000	2022 €000
Tráth nach déanaí ná aon bhliain	93	93
Tar éis aon bhliain amháin ach tráth nach déanaí ná cúig bliana	374	374
Tar éis cúig bliana	421	514
Iomlán	888	981
Íocaíochtaí Léasa Iarbhír	93	102

Nóta 36: Bainistíocht Riosca Airgeadais

Tá Clár Comhardaithe an Bhainc Ceannais neamhchosanta ar rioscaí airgeadais a éiríonn as feidhmiú a ról reachtúil i dtéarmaí an méid seo a leanas (i) beartas airgeadaíochta a chur chun feidhme laistigh den earnáil airgeadais intíre, (ii) gníomhaíochtaí infheistíochta a bhaineann le bainistiú chúlchistí an Bhainc Ceannais, (iii) gníomhaíochtaí íocaíochta agus socraíochta a

oibriú agus (iv) páirt a ghlacadh mar bhanc ceannais de chuid an Eurochórais i dtionscnaimh níos leithne beartais airgeadaíochta amhail an APP agus an PEPP. I dtéarmaí an Chláir Chomhardaithe fhoriomláin, folaíonn na rioscaí seo go minic rioscaí a bhaineann le creidmheas, ráta úis, leachtacht agus ráta malairte eachtraí. Ní aicme nua riosca laistigh de phróiseas bainistíochta riosca iad rioscaí a bhaineann leis an aeráid, ach is gné mhéadaitheach iad d'aicmí reatha amhail rioscaí creidmheasa agus margaidh a bhainistítear mar chuid den chreat bainistíochta riosca airgeadais de chuid an Bhainc.

Féachann an Banc Ceannais leis na neamhchosaintí sin a rialú trí raon próiseas bainistíochta riosca a chothabháil chun rioscaí a shainaithint, a mheas, a bhainistiú agus chun faireachán a dhéanamh orthu, laistigh de bheartais shainithe inmheánacha bainistíochta riosca agus faoi threoir creataí agus nósanna imeachta bainistíochta riosca de chuid an Eurochórais i gcás inar iomchuí. Bíonn gníomhaíochtaí an Bhainc Ceannais um bainistíocht riosca airgeadais á bhformhaoirsiú ag Coiste Riosca an Choimisiúin, a mbíonn an Coiste Bainistíochta Riosca (RMC) ag tacú leis, agus ag an Meitheal um Riosca Airgeadais (FRWG), rud a chinntíonn go gcloítear le caighdeáin agus beartais fhormheasta. Tá an RMC faoi chathaoirleacht an Leas-Ghobharnóra (Cobhsaíocht Airgeadaíochta agus Airgeadais).

Bíonn ceithre phríomh-rannán sa Bhanc Ceannais i mbun rioscaí airgeadais an Bhainc Ceannais a bhainistiú ar bhonn gníomhach. Seolann an Rannán um Margaí Airgeadais (FMD) oibríochtaí beartais airgeadaíochta thar ceann BCE, déanann sé faireachán ar staid leachtachta na mbanc intíre agus cuireann sé gníomhaíochtaí infheistíochta i gcrích chun sócmhainní infheistíochta an Bhainc Ceannais agus scair leithdháilte an Bhainc Ceannais i bpunann infheistíochta BCE a bhainistiú. Tá an Rannán um Íocaíochtaí agus Socraíochtaí Urrús (PSSD) freagrach, *inter alia*, as an méid seo a leanas: socraíochtaí íocaíochta euro laistigh de chreat an Chórais Ollsocraíochtaí Fíor-ama (TARGET), forghníomhú gníomhaíochtaí cúloifige a bhaineann le hidirbhearta comhthaobhachta arna n-eascairt as cur chun feidhme beartais airgeadaíochta agus as socraíocht idirbheart a bhaineann le bainistiú phunann infheistíochta an Bhainc Ceannais féin agus bainistiú scair an Bhainc Ceannais i bpunann infheistíochta BCE. Cinntíonn an Rannán um Rialú Airgeadais (FCD) go bhfuil cuntasáíocht staid airgeadais agus tuairisciú airgeadais an Bhainc Ceannais cruinn.

Mar an dara líne cosantais é an Rannán um Riosca Eagraíochtúil (ORD) atá freagrach as, *inter alia*, na beartais bainistíochta riosca a shainiú mar aon le measúnú agus faireachán a dhéanamh ar rioscaí airgeadais i gcomhar leis na rannáin eile. Sainíonn an Banc Ceannais na creataí do theorainneacha infheistíochta, déanann sé dícheall cuí maidir le comhthaobhacht, déanann sé faireachán ar chomhlíonadh beartais airgeadaíochta agus beartais infheistíochta araon, agus déanann sé measúnú ar rioscaí reatha agus ar rioscaí atá ag teacht chun cinn ar Chlár Chomhardaithe an Bhainc Ceannais. Bíonn punanna infheistíochta an Bhainc Ceannais á mbainistiú i gcomhréir le paraiméadair bainistíochta riosca agus le creataí rialachais agus rialaithe arna bhformheas ag an gCoimisiún. Déantar comhlíonadh agus feidhmíocht i ndáil leis na beartais sin a fhíorú agus a thuairisciú don FRWG, don RMC, don ELC, agus do Choiste Riosca an Choimisiúin.

I gcomhréir le Téarmaí Tagartha Choiste Riosca an Choimisiúin, tá saor-rochtain rúnda ag Ceannasaí an Rannáin um Riosca Eagraíochtúil ar Chathaoirleach an Choiste, agus tá an t-údarás ag an gCoiste a áirithiú go bhfuil acmhainní leordhóthanacha agus rochtain leordhóthanach ag an Rannán ar fhaisnéis chun a fheidhm a chomhlíonadh go héifeachtach agus go neamhspleách.

Anseo thíos, cuirtear síos ar bheartais agus ar bhearta bainistíochta riosca a fheidhmítear maidir le gach ceann de phríomh-neamhchosaintí airgeadais an Bhainc Ceannais.

Riosca Creidmheasa

Is ionann riosca creidmheasa agus riosca caillteanais a eascraíonn as mainneachtain ar thaobh iasachtaí, eisitheora nó contrapháirtí a chuid oibleagáidí don Bhanc Ceannais a chomhlíonadh. Tá an Banc Ceannais neamhchosanta ar riosca creidmheasa a bhaineann le gníomhaíochtaí infheistíochta an Bhainc Ceannais trí bhíthin oibríochtaí beartais airgeadaíochta, lena n-áirítear bearta neamhchaighdeánacha amhail APP agus PEPP.

Déantar riosca creidmheasa i bpunanna infheistíochta an Bhainc Ceannais a rialú trí chóras de theorainneacha faofa atá bunaithe go príomha ar rátálacha seachtracha creidmheasa arna gcur ar fáil ag gníomhaireachtaí áirithe rátála. Déantar an neamhchosaint chreidmheasa ar shócmhainní infheistíochta an Bhainc Ceannais a mhaolú trí chreat formheasta beartais infheistíochta a chur chun feidhme agus a chothabháil. Déantar rioscaí creidmheasa a eascraíonn as cur chun feidhme bheartas airgeadaíochta an Eurochórais a rialú trí chritéir dhochta incháilitheachta do chontrapháirtithe a chur i bhfeidhm agus trí fhorálacha Airteagal 18.1 de Reach CEBC a chomhlíonadh, lena n-áirithítear go bhfuil gach ceann d'oibríochtaí creidmheasa an Eurochórais (i.e. oibríochtaí beartais airgeadaíochta chun leachtacht a sholáthar agus creidmheas ionlae) bunaithe ar chomhthaobhacht leordhóthanach. Chun an riosca seo a rialú tuilleadh, áirithítear le Creat Measúnaithe Creidmheasa an Eurochórais (ECAF) go gcomhlíonfar ceanglas an Eurochórais maidir le hardchaighdeán chreidmheasa i leith na sócmhainní comhthaobhachta incháilithe go léir. De bhreis air sin, cuirtear bearta leanúnacha um rialú riosca i bhfeidhm freisin lena n-áirítear ciorruithe luachála, éarlais tosaigh agus athrúcháin. Más infheidhme, déantar an riosca creidmheasa don Bhanc Ceannais a mhaolú tuilleadh le sásraí roinnte caillteanas an Eurochórais lena ndéantar aon chaillteanas arna n-eascairt as oibríochtaí beartais airgeadaíochta a leithdháileadh i gcomhréir le scála caipitil BCNanna. I gcás oibríochtaí beartais airgeadaíochta arna gcomhthaobhú le hÉilimh Bhreise Chreidmheasa (i gcás an Bhainc Ceannais, comhthiomsú iasachtaí morgáiste Éireannacha le haghaidh tithe cónaithe), is é an banc ceannais náisiúnta a ghlacann leis an gcomhthaobhacht ábhartha a iompróidh an riosca. Sa chás sin, déantar rioscaí a mhaolú tuilleadh trí mheasúnú bliantúil tiomnaithe díchill chuí a dhéanamh ar na hiasachtaí foluiteacha.

Riosca creidmheasa i ndáil le punanna a bhaineann le beartas neamhchaighdeánach airgeadaíochta an Eurochórais, déantar é a bhainistiú i gcomhréir le creataí ábhartha an Eurochórais. Is é an Banc Ceannais a iompróidh, ar bhonn scair scála caipitil, caillteanas ionchasacha ar urrúis arna sealbhú mar chomhiomlán ag an Eurochóras i CMU, i CSPP agus i CBPP3, i dteannta le cion áirithe de PSPP agus PEPP. Ar leithligh, tá sealúcháis an Bhainc

Ceannais in urrúis rialtas na hÉireann faoi PSPP agus PEPP ar seilbh ar bhonn riosca dílse. Tá soláthar €0.7m curtha ar leataobh ag an mBanc Ceannais ina chuntais bhliantúla do 2023 mar thoradh ar lagú ar phunann PEPP de chuid an Eurochórais (Nóta 32(iv)).

Riosca Ráta Úis

Tagraíonn riosca ráta úis do riosca caillteanais ó athruithe díobhálacha i rátaí úis.

Ceann de phríomhfhoinsí na neamhchosanta ar riosca ráta úis is ea íogaireacht luach shócmhainní airgeadais an Bhainc Ceannais i leith athruithe ar rátaí úis. Maolaíonn an Banc Ceannais an ghné seo den neamhchosaint ar riosca ráta úis ar chuid den phunann infheistíochta trí leithdháileadh chuig punann coinnithe go dtí aibíocht. Déantar sainroghanna bainistíochta riosca i ndáil leis an gcuid eile de na sócmhainní infheistíochta a shainiú trí thagarmharc arna thiomsú go seachtrach, agus déantar na punanna infheistíochta a mheas agus a bhainistiú ina choinne sin. Déantar riosca ráta úis ar phunanna marcáil ón margadh de chuid an Bhainc Ceannais a ríomh agus a bhainistiú trí úsáid a bhaint as marthanacht leasaithe lena meastar íogaireacht luach punainne infheistíochta i leith athruithe ar thorthaí bannaí. Úsáidtear Luach faoi Riosca (LfR) agus Easnamh Ionchasach mar thomhas forlíontach ar riosca margaidh i leith phunanna an Bhainc Ceannais.

Níl punanna atá á sealbhú ar chostas amúchta íogaireach do ghluaiseachtaí ráta úis, folaíonn sé seo neamhchosaintí an Bhainc Ceannais ar bheartas neamhchaighdeánach airgeadaíochta APP agus PEPP de chuid an Eurochórais.

Tagraíonn riosca ráta úis freisin do riosca reatha nó do riosca amach anseo do chaipitil agus do thuillimh an Bhainc Ceannais de thoradh gluaiseachtaí i rátaí úis a dhéanann difear do shuíomhanna a Chláir Chomhardaithe. Sa cháil seo, tá an Banc Ceannais neamhchosanta ar neamhréir rátaí úis mar gheall ar shealúchais sócmhainní ráta sheasta faoi APP agus faoi PEPP, fad atá a dhliteanais ghaolmhara nasctha le rátaí (athraitheacha) beartais airgeadaíochta. D'fhonn an riosca seo a mheasúnú, déanann an Banc Ceannais measúnú rialta ar shuíomhanna a Chláir Chomhardaithe i gcomhthéacs gluaiseachtaí féideartha ar rátaí úis sna blianta atá le teacht, agus ríomhann sé raon staidrimh um thomhas riosca ó thorthaí leithdháilte brabúis. Mar chuid de seo, baintear úsáid as Luach faoi Riosca agus Easnamh Ionchasach, i dteannta le breithiúnas saineolach, chun leibhéal an riosca ráta úis ar Chlár Comhardaithe an Bhainc Ceannais a thomhas. Mar chuid dá mheasúnú ar riosca ráta úis, agus chun neamhréir ionchasach rátaí úis a shainaithint, sealbhaíonn an Banc Ceannais soláthar i leith rioscaí airgeadais. I gcuntais bhliantúla 2023, baineadh úsáid as €132.1m den soláthar seo chun caillteanais airgeadais arna spreagadh ag neamhréir rátaí úis a chumhdach. Measann an Banc Ceannais gur críonna an mhaise dó an soláthar i leith rioscaí airgeadais a choinneáil ag €2,867.9m do 2023 (Nóta 32(i)).

Riosca Malairte Eachtraí

Tagraíonn riosca malairte eachtraí do riosca caillteanais de bharr athruithe ar rátaí malairte eachtraí. I gcomhthéacs a bhallraíochta sa limistéar euro agus an chur chuige dá réir sin maidir le hidirghabháil malairte eachtraí, tá formhór shócmhainní infheistíochta an Bhainc Ceannais ainmnithe in euro. Déantar leithdháileadh straitéiseach chuig sealúchais sócmhainní ioncaim

sheasta arna n-ainmniú in airgeadra eachtrach i gcomhthéacs phunann infheistíochta an Bhainc Ceannais. Bunaíodh leithdháileadh airgeadra na punainne infheistíochta trí úsáid a bhaint as modheolaíochtaí cainníochtúla, as LfR agus tástáil struis mar aon le tosca cáilíochtúla éagsúla eile. Ag deireadh na bliana 2023, bhí punanna an Bhainc Ceannais ainmnithe in euro don chuid is mó, i dteannta le neamhchosaint ar shócmhainní áirithe ioncaim sheasta in airgeadra eachtrach ar bhonn fálaithe, agus neamhchosaint ar shócmhainní ioncaim sheasta in airgeadra eachtrach ar bhonn neamhfhálaithe, agus sealúchais óir. Ina theannta sin, tá an Banc Ceannais neamhchosanta ar riosca airgeadra trí shuíomh glansócmhainne i CST CAI. Bhí an neamhchosaint seo á sealbhú ar bhonn páirt-fhálaithe in 2022 (Nóta 11, Nóta 12, Nóta 28).

Riosca Leachtachta

Is ionann riosca leachtachta agus an riosca a eascraíonn as easpa indíoltachta i dtaca le hinfheistíocht nach féidir a cheannach nó a dhíol sách sciobtha chun caillteanas a sheachaint nó a íoslaghdú i gcás athruithe díobhálacha ar phraghas. Maolaítear riosca leachtachta trí chuid de phunann infheistíochta an Bhainc Ceannais a leithdháileadh chuig punann leachtach marcáil ón margadh. D'fhonn comhchruinniú iomarcach a sheachaint, tá infheistíochtaí sa phunann marcáil ón margadh faoi réir teorainneacha eisiúna, rud a íoslaghdóidh neamhchosaint ar aon saincheist ar leith a d'fhéadfadh riosca géar leachtachta a chruthú i gcás inar gá an tsócmhainn a dhíol. Ina theannta sin, déantar teorainneacha eisiúna a chomhcheangal le rátálacha creidmheasa íosta chun go maolófar an dóchúlacht go dtarlóidh diúscairtí neamhsceidealta mar gheall ar an bhféidearthacht go ndéanfar eisiúint a íosghrádú faoi bhun thairseach fhormheasta an Bhainc Ceannais maidir le grád infheistíochta.

Cistí a Bhainistítear go Seachtrach

Ó 2018 i leith, tá cothromais á sealbhú ag an mBanc Ceannais atá faoi réir gluaiseachtaí ar phraghsanna cothromais (riosca praghais). In 2021, bhunaigh an Banc Ceannais sealúchais i gcistí bannaí a bhainistítear go seachtrach agus atá faoi réir riosca malairte eachtraí, riosca creidmheasa, agus riosca ráta úis. Déantar rioscaí a bhaineann le cistí seachtracha a bhainistiú trí éagsúlú, trí shainorduithe infheistíochta dea-shainithe agus teorainneacha riosca, agus déanann an Banc Ceannais agus na bainisteoirí infheistíochta faireachán ar na rioscaí go rialta (Nóta 20(ii),(iii)).

Nóta 37: Míreanna Lasmuigh den Chlár Comhardaithe

	31 Nollaig 2023			31 Nollaig 2022		
	EUR 000	JPY 000	CST 000	EUR 000	JPY 000	CST 000
Ceannacháin						
Neamhaibithe	100,836	-	-	900,823	3,611	-
Díolacháin						
Neamhaibithe	-	(15,000,000)	(5,000)	(25)	(104,662,970)	(136,627)

Ceannacháin agus Díolacháin Neamhaibithe	100,836	(15,000,000)	(5,000)	900,798	(104,659,359)	(136,627)
---	----------------	---------------------	----------------	----------------	----------------------	------------------

(i) Conarthaí Neamhaibithe in Airgeadra Eachtrach

Baineann na méideanna atá fós amuigh le conarthaí malairte eachtraí a úsáidtear chun neamhchosaintí malairte eachtraí a fhálú (Nóta 1(c)(viii), Nóta 2(xviii)).

Tháinig na conarthaí malairte eachtraí go léir in aibíocht ar an 20 Feabhra 2024.

(ii) Conarthaí Neamhaibithe i dTodhchaíochtaí

	2023 EUR 000	2023 USD 000	2022 EUR 000	2022 USD 000
Ceannacháin Neamhaibithe	730,000	168,000	775,000	-
Ceannacháin Neamhaibithe	730,000	168,000	775,000	-

Baintear úsáid as na conarthaí seo chun neamhchosaint ráta úis a fhálú agus chun infheistíochtaí a dhéanamh laistigh de theorainneacha formheasta (Nóta 1(c)(viii), Nóta 2(xvii)). Áirítear infheistíochtaí EUR agus USD sna hiarmhéideanna.

Tháinig na conarthaí go léir in aibíocht faoin 28 Márta 2024.

Nóta 38: Páirtithe Gaolmhara

I ndáil le nochtadh maidir le páirtithe gaolmhara a ullmhú, feidhmíonn an Banc Ceannais critéir FRS 102.

- (i) Cuireann an Banc Ceannais cuid mhór seirbhísí ar fáil don Aire Airgeadais, a scairshealbhóir aonair, agus do ranna agus do chomhlachtaí eile Rialtais.

Ba iad seo a leanas na príomhsheirbhísí a cuireadh ar fáil le linn na bliana anuas go dtí an 31 Nollaig 2023:

- Seirbhísí baincéireachta a sholáthar lena n-áirítear príomhchuntais an Rialtais a shealbhú (Nóta 25(ii))
- Monaí a sholáthar agus a eisiúint (Nóta 25(ii))
- An Clár d'urrúis Rialtas na hÉireann a choinneáil agus a chothabháil
- Oibríochtaí Eurochórais a riar chun iasachtaí a fháil agus a thabhairt lena n-áirítear fáil cistí faoi Chlár SURE, an ionstraim shealadach arna bunú ag an gCoimisiún Eorpach chun dul i ngleic le hiarmhairt COVID-19, trí iasachtaí a sholáthar do na Ballstáit a ndearnadh dífeall dóibh
- Gníomhú mar Thaisclann agus mar Ghníomhaire Fioscach i ndáil le comhaltas na hÉireann de CAI.

- Taisceadán na hÉireann, Clár Cuntas Banc agus Íocaíochtaí (ISBAR), agus Clár na hÚinéireachta Tairbhiúla (BOR) le haghaidh meáin airgeadais a oibriú agus a chothabháil, mar aon le hidirnascadh na gclár sin ar fud bhallstáit AE a chumasú amach anseo, de réir mar a cheanglaítear le reachtaíocht.
- (ii) Mar bhall rannpháirteach de CEBC, bíonn caidreamh leanúnach ag an mBanc Ceannais le BCNanna eile agus le BCE. Is iad seo a leanas na príomh-iarmhéideanna a bhaineann le BCNanna eile agus le BCE:
 - Ioncam úis agus úschostas ar mhíreanna a bhaineann le cur chun feidhme beartais airgeadaíochta (Nóta 2, Nóta 6, Nóta 14, Nóta 16, Nóta 23).
 - Scair de bhrabúis BCE (Nóta 5(ii))
 - Leas rannpháirteachais i gcaipiteal BCE (Nóta 17)
 - Éilimh atá coibhéiseach le haistriú cúlchistí eachtracha chuig BCE (Nóta 18)
 - Iarmhéid TARGET (Nóta 19)
 - Nótaí bainc i gcúrsaíocht (Nóta 22, Nóta 29)
 - Soláthairtí (Nóta 32)
- (iii) Tá an Banc Ceannais ar cheann de thrí scairshealbhóir sa “Chuideachta um Chúiteamh d’Infheisteoirí DAC” (ICCL) agus soláthraíonn sé seirbhísí riaracháin agus eile di, a ndéantar a gcostais a ghnóthú ón ICCL. Is é an Banc Ceannais an t-údarás maoirseachta chun críocha an Achta um Chúiteamh d’Infheisteoirí, 1998. Riarann an ICCL an scéim chúitimh d’infheisteoirí d’fhonn cliant de chuid gnólachtaí infheistíochta teipthe a chúiteamh go páirteach. Le linn 2023, ghnóthaigh an Banc costais €0.9m (2022: €0.8m). Amhail ar an 31 Nollaig 2023, bhí iarmhéid €205,707 dlite ó ICCL (2022: €73,381) (Nóta 20(iv)). Ullmhaíonn ICCL a Thuarascáil Bhliantúil agus a Ráitis Airgeadais iniúchta féin.
- (iv) Tá an Banc Ceannais freagrach as riaradh an Chiste Cúitimh Árachais de bhun an Achta Árachais (Leasú) 2018 a achtaíodh an 24 Iúil 2018. Bhí iarmhéid €12.7m (2022: €27.5m) á shealbhú leis an mBanc Ceannais thar ceann an Chiste amhail ar an 31 Nollaig 2023 (Nóta 30(vii)).
- (v) Tá an Banc freagrach as an gCiste Réitigh Foras Creidmheasa a bhainistiú agus a riaradh de bhun alt 11(1) d’Acht an Bhainc Ceannais agus na bhForas Creidmheasa (Réiteach) 2011. Bhí iarmhéid €67.0m (2022: €60.7m) á shealbhú leis an mBanc Ceannais thar ceann an Chiste amhail ar an 31 Nollaig 2023 (Nóta 30(iii)).
- (vi) An 1 Deireadh Fómhair 2008, bhunaigh an Banc Ceannais scéim mhaoinithe pinsin faoi Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann 2003. Is é an Banc Ceannais a bhainistíonn agus a riarann an scéim ar mhaithe le leas a chuid fostaíthe. I Nóta 31, leagtar amach sonraí maidir le ranníocaíochtaí an Bhainc Ceannais leis na cistí pinsin.
- (vii) Le linn dó réadmhaoin a cheannach i bhforbairt ilaonad, ceanglaíodh ar an mBanc Ceannais a bheith ina chomhalta de *Dublin Landings (Estate Management) Company*

Designated Activity Company, cuideachta a bhainistíonn na comhlimistéir thart ar áitreabh an Bhainc Ceannais ag Cé an Phoirt Thuaidh. Le linn 2018, mar chuid de na struchtúir dhlíthiúla arna gcomhaontú an tráth a fuarthas an foirgneamh ag Cé an Phoirt Thuaidh, bhí muirear ainmniúil arbh ionann é agus €100 i leith leas léasach i gcomhlimistéir atá tadhlach leis an bhfoirgneamh ag Cé an Phoirt Thuaidh á ghearradh ag an mBanc Ceannais ar *Dublin Landings (Estate Management) Company Designated Activity Company*. Tá an méid seo fós amuigh ag deireadh na bliana 2023.

- (viii) Le linn dó na foirgnimh ar a dtugtar *Dublin Landings 4* agus *Dublin Landings 5* (an t-áitreabh ar Shráid an Mhéara) agus atá lonnaithe i bhforbairt ilaonad a cheannach, ceanglaíodh ar an mBanc Ceannais a bheith ina chomhalta de *Dublin Landings (Estate Management) Company Designated Activity Company*, cuideachta a bhainistíonn na comhlimistéir thart ar áitreabh an Bhainc Ceannais ag Cé an Phoirt Thuaidh.

Nóta 39: Teagmhais i ndiaidh Dheireadh na Tréimhse Tuairiscithe

(i) Coigeartú cúigbhliantúil ar scála caipitil BCE

De bhun Airteagal 29 de Reacht CEBC, déantar na hualuithe a shanntar do BCNanna sa scála le haghaidh shuibscríobh chaipiteal BCE a choigeartú gach cúig bliana⁷². Rinneadh an naoú coigeartú tar éis bhunú BCE an 1 Eanáir 2024 mar a leanas:

	Scála caipitil ón 01 Eanáir 2024 %	Scála caipitil amhail ar an 31 Nollaig 2023 %
Banc Ceannais na hÉireann	1.7811	1.3772

An 1 Eanáir 2024, tháinig méadú ar scair an Bhainc Ceannais de chaipiteal suibscríofa BCE ó 1.3772% go 1.7811% agus tháinig méadú ina dhiaidh sin ar chaipiteal láníochta in BCE ó €43.7m go €192.8m.

De bhun Airteagal 30.2 de Reacht CEBC, déantar ranníocaíochtaí BCNanna le haistriú cúlsócmhainní eachtracha chuig BCE a shocrú i gcoibhneas lena sciar de chaipiteal suibscríofa BCE. I bhfianaise an mhéadaithe ar ualú an Bhainc i gcaipiteal suibscríofa BCE, rinneadh an t-éileamh a bhí coibhéiseach leis an aistriú seo a choigeartú dá réir. Dá thoradh sin, bhí méadú €200.4m i gceist an 1 Eanáir 2024 agus aisíocadh é sin le BCE.

⁷² Déantar na hualuithe sin a choigeartú freisin nuair a bhíonn athrú ar líon BCNanna a dhéanann ranníocaíochtaí i leith chaipiteal BCE. Is BCNanna de chuid Bhallstáit AE iad seo.

Nóta 40: Gníomhaíochtaí Rialála Airgeadais

			2023 €000	2022 €000
Gníomhaíochtaí Rialála Airgeadais a Mhaoiniú	Ioncam Tobhaigh	Tobhaigh na bliana reatha	194,971	191,418
		Barrachas na bliana roimhe sin	8,332	4,135
		Ioncam Tobhaigh larchurtha a Fhorchúiteamh (i)	-	(5,964)
		Ioncam Tobhaigh larchurtha (ii)	(983)	725
		Ioncam Tobhaigh (iii)	202,320	190,314
		Athraitheas na bliana roimhe sin ar bhonn fabhraithe (iv)	(1,875)	3,048
		Ioncam Tobhaigh Iomlán	A 200,445	193,362
	Soláthairtí	Soláthairtí Tosaigh do Thobhaigh Neamhíochta	2,137	2,819
		Tobhaigh Dhíscríofa	(390)	(517)
		Soláthairtí Deiridh do Thobhaigh Neamhíochta (v)	(2,708)	(2,137)
		Muirear don Bhliain	B (961)	165
	Glanmhaoiniú Tionscail don Rialáil Airgeadais (Nóta 7(ii))		C (A+B) 199,484	193,527
	Ioncam Eile	Táillí Margaidh Urrús	3,903	3,498
		Tobhach Breise Maoirseachta	1,606	2,071
		Ilghnéitheach	24	22
		Ioncam Eile (Nóta 7)	5,533	5,591
		Athraitheas na bliana roimhe sin ar bhonn fabhraithe (iv)	-	(215)
	Ioncam Iomlán	Ioncam Eile Iomlán	D 5,533	5,376
			E (C+D) 205,017	198,903
	Fóirdheontas	Gníomhaíochtaí um Maoirseacht ar Mhargai Urrús	8,595	8,185
		Costais Rialála Airgeadais eile nár gnóthaíodh	20,557	16,242
		Athraitheas na bliana roimhe sin ar bhonn fabhraithe (iv)	1,292	(3,393)
		Fóirdheontas ón mBanc Ceannais (vi)	F 30,444	21,034
	Maoiniú Iomlán Gníomhaíochtaí Rialála Airgeadais		G (E+F) 235,461	219,937
Costais Gníomhaíochtaí na Rialála Airgeadais	Caiteachais Dhíreacha	Tuarastail/Liúntais	92,136	85,652
		ÁSPC	9,508	8,891
		Soláthar Pinsin	17,641	16,537
		Caiteachais Foirne	H 119,285	111,080
		Oiliúint & Comhdhálacha	289	218
		Taisteal Gnó	798	284
		Táillí Gairmiúla	3,610	2,415
		Neamhphá eile	1,893	1,803
		Cumarsáid & TF	742	707
		Saoráidí, Cíos, Dímheas	1,050	1,219
		Caiteachais Oibríochtúla Neamhphá	I 8,382	6,646
	Caiteachais Dhíreacha Iomlána		J (H+I) 127,667	117,726
	Seirbhísí Tacaíochta	Áitribh & Saoráidí	18,693	16,164
		Seirbhísí Teicneolaíochta Faisnéise	45,324	41,603

	Acmhainní Daonna		8,506	7,297
	Seirbhísí eile		40,222	37,761
	Seirbhísí Tacaíochta Iomlána (vii)	K	112,745	102,825
	Muirear um Athstruchtúrú don Bhliain	L	5	16
Soláthairtí Ioncam Eile	Fáltais Ilghnéitheacha	M	(403)	(329)
Costais Eisiata	Gníomhaíochtaí Rialála Neamhairgeadais (viii)	N	(3,905)	-
Costais athdháilte	Costais tobhaigh NCID	O	(65)	(318)
	Athraitheas na bliana roimhe sin ar bhonn fabhráithe (iv)	P	(583)	17
Costais Iomlána Gníomhaíochtaí Rialála Airgeadais	Q (J+K+L+M+N+O+P)		235,461	219,937

Ioncam Tobhaigh Iarchurtha a Fhorchúiteamh

Rinne an Banc Ceannais costais pinsin a thobhach ó 2015 go 2018 ar mhodh leata d'fhonn iarmhairt luaineachta pinsin thar thréimhse rollach deich mbliana a laghdú, rud a d'fhág go raibh ioncam tobhaigh €17.9m iarchurtha. In 2019, d'athraigh an Banc Ceannais an modh inar toibhíodh costais pinsin ó chostas seirbhíse leata reatha chuig bonn ranníocaíochta airgid. Rinneadh an t-iarmhéid gan íoc d'ioncam tobhaigh iarchurtha, arbh ionann é agus €17.9m, a ghnóthú ón tionscal thar thimthriallacha tobhaigh 2020 go 2022 agus, ar an gcaoi sin, rinneadh difear do thobhaigh sna blianta féilire 2021 go 2023. Ar an mbonn sin, rinneadh €6.0m a ghnóthú ón Tionscal i dtimthriall tobhaigh 2022. Dá bhrí sin, rinneadh an t-ioncam tobhaigh pinsin iarchurtha a fhorchúiteamh ina iomláine.

(i) Ioncam Tobhaigh Iarchurtha

Bhí méaduithe suntasacha ar chostais rialála in earnáil na nGnólaíochtaí Creidmheasa Miondíola & Frithdhílse Teaghais (RCF/CSF) in 2021 agus 2022 mar gheall ar fhorghaoirsiú méadaithe rialála agus maoirseachta. Ghlac an Banc cinneadh chun cuid de thobhach RCF/CSF 2021 agus 2022 a iarchur, a bhain go príomha le hobair ar Fhiachas Anásta, agus chun na méideanna sin a bhailiú i dtráthchodanna cothroma sa dhá thimthriall tobhaigh ina dhiaidh sin. I gcás Thobhach 2022, rinneadh €0.9m d'ioncam tobhaigh 2022 a iarchur, agus beidh sé le forchúiteamh i dTobhach 2023 agus i dTobhach 2024. Dá bhrí sin, áiríodh iarchur ioncaim tobhaigh arbh ionann é san iomlán agus €0.4m (€0.9m-€0.5m (50% de 2021, iarchur €1.1m)), rud a laghdaíonn ioncam tobhaigh 2022. I gcás Thobhach 2023, ní dhéanfar aon chostais a iarchur chuig blianta tobhaigh amach anseo. Áiríodh iarchur ioncaim tobhaigh measta arbh ionann é agus €1.0m san iomlán (50% d'iarchur 2021 arbh ionann é agus €1.1m agus 50% d'iarchur 2022 arbh ionann é agus €0.9m),

(ii) Ioncam Tobhaigh

Seasann Ioncam Tobhaigh do mheastachán ar thobhaigh a bhilleálfar bunaithe ar chostais iarbhir na bliana reatha agus rátaí gnóthaithe formheasta. Déantar é seo a

choigeartú i leith ghnóthú an ioncaim tobhaigh (i) ioncam tobhaigh iarchurtha (ii) agus aon bharrachas/easnamh tugtha ar aghaidh. Sa tábla thíos, tá miondealú ar ioncam tobhaigh iarbhír 2022.

	Ioncam Tobhaigh Measta 2023	Ioncam Tobhaigh Iarbhír 2022 A (C+D-B) €000	Easnamh / (Barrachas) 2021 B €000	Méid a toibhíodh i leith Thobhaigh 2022 C €000	Easnamh / (Barrachas) 2022 D €000
Institiúidí Creidmheasa		72,180	(116)	72,137	(73)
Gnóthais Árachais		47,946	(332)	51,792	(4,178)
Idirghabhálaithe & Gnólachtaí Bainistithe Fiachais		7,374	(3,226)	7,280	(3,132)
Gnólachtaí Urrús agus Infheistíochta		38,299	(264)	38,760	(725)
Cistí Infheistíochta		12,697	(248)	12,712	(263)
Comhair Chreidmheasa		5,692	-	5,692	-
Soláthraithe Creidmheasa					
Ardchostais		372	-	376	(4)
Comhlachtaí Gairmiúla Ceadaithe		11	-	11	-
Bureaux de Change		18	-	18	-
Gnólachtaí Creidmheasa Miondíola, Seirbhísithe Creidmheasa & Frithdhílse Teaghais		4,046	44	4,060	30
Seirbhísí Íocaíochta & Institiúidí Ríomh-Airgid		5,380	7	5,374	13
Maoiniú Iomlán	203,303	194,015	(4,135)	198,212	(8,332)
Ioncam Tobhaigh Pinsin Iarchurtha a Fhorchúiteamh (i)	-	(5,964)			
Ioncam Tobhaigh Iarchurtha (ii)	(983)	388			
Ioncam Tobhaigh	202,320	188,439			

(iii) *Athraitheas na bliana roimhe sin ar bhonn fabhraithe*

Is ionann athraitheas na bliana roimhe sin ar bhonn fabhraithe agus an difríocht idir ioncam tobhaigh 2022 a fabhraíodh i gCuntais Bhliantúla 2022 agus an ceanglas maoiniúcháin deiridh chun costais 2022 a chumhdach. Baineann an chuid is mó den difríocht idir an ceanglas maoiniúcháin measta agus deiridh do 2022 le toimhdí athbhreithnithe maidir le samhail tobhaigh deiridh 2022.

2022
Deiridh

Athraitheas
Fabhraithe

2022

	€000	€000	€000
Tobhaigh na Bliana Reatha	189,880	191,418	(1,538)
Barrachas na Bliana Roimhe sin	4,135	4,135	-
Ceanglas Maoiniúcháin	194,015	195,553	(1,538)
Ioncam Tobhaigh Pinsin larchurtha a Fhorchúiteamh	(5,964)	(5,964)	-
Ioncam Tobhaigh larchurtha	388	725	(337)
Ioncam Tobhaigh 2022	188,439	190,314	(1,875)
Athraitheas na Bliana roimhe sin ar bhonn Fabhráithe	3,048	3,048	-
Ioncam Tobhaigh Iomlán	191,487	193,362	(1,875)
Muirear Soláthar	165	165	-
Ioncam Eile	5,376	5,376	-
Fóirdheontas ón mBanc Ceannais	22,326	21,034	1,292
Maoiniú Iomlán Gníomhaíochtaí Rialála Airgeadais	219,354	219,937	(583)
Costais Iomlána Gníomhaíochtaí Rialála Airgeadais	219,354	219,937	(583)

(iv) Soláthairtí Deiridh do Thobhaigh Neamhíochta

Coinníonn an Banc Ceannais soláthairtí i leith tobhach a bheidh fós gan íoc ag deireadh na bliana. Bíonn tobhaigh dlite laistigh de 28 lá tar éis na sonraisc a eisiúint agus tuairiscítear mar thobhaigh gan íoc iad ó lá 29 ar aghaidh. Is é is cuspóir don bheartas soláthar iomlán a dhéanamh i leith tobhach a bhaineann leis na blianta roimhe sin agus soláthar páirteach a dhéanamh i leith tobhach gan íoc a bhaineann leis an mbliain reatha. Téitear sa tóir ar thobhaigh gan íoc mar chuid den phróiseas leanúnach aisghabhála fiachais.

(v) Fóirdheontas ón mBanc Ceannais

Le comhaontú an Aire Airgeadais, tá an cion ábhartha de chostais iomlána gníomhaíochtaí rialála airgeadais á íoc ó 2007 i leith trí thobhaigh a ghearradh ar an tionscal. Soláthraíonn an Banc Ceannais iarmhéid na gcostas iomlán bliantúil i gcomhréir le hAlt 321 d'Acht an Bhainc Cheannais 1942 (mar atá arna leasú).

Ó 2007 i leith, thabhaigh an Banc Ceannais, le ceadú an Aire airgeadais, costais i leith gníomhaíochtaí áirithe maoirseachta ar mhargaí urrús (a bhaineann leis an Treoir Réamheolaire, an Treoir um Dhrochúsáid Margaidh, an Treoir Trédhearcachta agus an Treoir um Dhíol Folamh) a dhéantar san eagraíocht. Déantar costas iomlán na ngníomhaíochtaí sin don Bhanc Ceannais a laghdú le táillí Margaidh Urrús a áirítear faoi Ioncam Eile. Déantar na costais mheasta atá fágtha i dtaca le maoirseacht ar mhargaí urrús, arb ionann iad agus €8.6m (2022: €8.2m), a áireamh in Fóirdheontas.

(vi) Seirbhísí Tacaíochta

Faigheann na Stiúrthóireachtaí Rialála Airgeadais seirbhísí éagsúla lena n-áirítear áitreabh, riarachán acmhainní daonna, cuntasáíocht, iniúcháireacht inmheánach, seirbhísí staidrimh agus teicneolaíochta faisnéise ó stiúrthóireachtaí seirbhísí tacaíochta sa Bhanc Ceannais. Is ionann costas measta na seirbhísí sin sa bhliain reatha agus €112.7m (2022: €102.8m).

(vii) *Costais Rialála Neamhairgeadais*

Eisiatar ó chostas na gníomhaíochtaí rialála airgeadais méid measta €1.5m i leith costais dímhéasa a bhaineann le cuid d'fhoirgnimh an Bhainc Ceannais nach bhfuil á húsáid le haghaidh gníomhaíochtaí rialála airgeadais. Ar an gcaoi chéanna, rinneadh costais mheasta €2.4m, arna dtabhú i réimsí rialála agus maoirseachta an Bhainc Ceannais, agus a meastar nach mbaineann siad le gníomhaíochtaí rialála airgeadais, a fhágáil ar lár ó chostas na rialála airgeadais.

Nóta 41: Comparáidí

Rinneadh faisnéis chomparáideach áirithe a athaicmiú chun go mbeadh sí comhsheasmhach le nochtadh faisnéise na bliana reatha.

Nóta 42: Faomhadh na gCuntas

D'fhaomh an Coimisiún an Ráiteas Cuntas an 23 Aibreán 2024.



Guthán: +353 (0)1 224 5800

R-phost: publications@centralbank.ie

www.centralbank.ie